Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

# PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

## 2024
## 2029



Chun fanacht cothrom le dáta le gníomhú ar son na haeráide i mBaile Átha Cliath Theas, féach ar Shuíomh Gréasáin tiomnaithe Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas um Ghníomhú ar son na hAeráide ag **www.southdublinclimate.ie**

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

CARO

codema Dublin's Energy Agency

D'ullmhaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas an Plean seo i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Codema – Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (CARO).

Cuireann Codema raon leathan seirbhísí maolaithe fuinnimh agus aeráide ar fáil do na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath agus do pháirtithe leasmhara eile sa réigiún, ag tacú le gach údarás áitiúil an t-aistriú ísealcharbóin a threorú agus tionchar a imirt air. Is é misean Codema dlús a chur le haistriú ísealcharbóin Bhaile Átha Cliath i dtreo 2030 agus 2050 trí fhuinneamh nuálach, ar leibhéal áitiúil agus taighde an athrú aeráide, pleanáil, rannpháirtíocht agus seachadadh tionscadail, d'fhonn éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus saol saoránach a fheabhsú.

Bhunaigh an Rialtas na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna) in 2018 chun sainordú agus comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht ar fud leibhéil éagsúla rialtais agus chun tógáil ar thaithí agus ar shaineolas i leith ghníomhú ar son na haeráide. Spreagann na ceithre oifig réigiúnacha CARO gníomhú ar son na haeráide ag leibhéil réigiúnacha agus áitiúla araon, ag obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla ina gceantar féin.

# CLÁR ÁBHAIR


RÉAMHRÁ 3

ACHOIMRE FHEIDHMEACH 4

Forbhreathnú ar Bhaile Átha Cliath Theas 6

Ár bhFís 7

1. INTREOIR 8

2. PRÓISEAS AN PHLEAN GHNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE 22

3. GNÍOMHÚ FIANAISEBHUNAITHE AR SON NA HAERÁIDE 26

Próifíl Astaíochtaí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 27

Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 36

4. AG TABHAIRT AGHAIDH AR RIOSCAÍ - PLEANÁIL NA PRÁINNFHREAGARTHA 44

5. ÁR NGNÍOMHARTHA AERÁIDE – FREAGAIRT MHAOLAITHE AGUS OIRIÚNAITHE 49

Fuinneamh agus Foirgnimh 50

Iompar 62

Athléimneacht Tuilte 74

Réitigh Nádúrbhunaithe 86

Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní 96

Rannpháirtíocht an Phobail 104

6. CRIOS DÍCHARBÓNAITHE 112

7. CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ 138

8. AGUISÍNÍ 145

# RÉAMHRÁ



## TEACHTAIREACHT Ó ARDMHÉARA CHOMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS, AN COMHAIRLEOIR ALAN EDGE

De réir mar a dtagann éifeachtaí an athraithe aeráide chun cinn níos géire ar fud na cruinne, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas in iúl go soiléir go bhfuil sé beartaithe againn fíor-athrú sochaíoch a bhaint amach agus nuid ag dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Mar údarás áitiúil, tá an Chomhairle in ann ceannaireacht, nuálaíocht agus tiomantas a léiriú maidir le dul i ngleic le saincheisteanna agus tionchar an athraithe aeráide.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh fhoilsiú Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2024-2029. Sa phlean seo, léirítear an méid is féidir linn a dhéanamh go háitiúil chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh i bhfianaise neart comhaontuithe agus beartais dhomhanda, Eorpacha agus náisiúnta.

Leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide CCÁCT spriocanna uaillmhianacha agus 121 gníomh faoi shé Réimse Gníomhaithe a chuirfidh fíor-athrú buan i gcrích.

Léiríonn cuimsiú an séú réimse gníomhaithe nua, Rannpháirtíocht an Phobail, tiomantas an údaráis áitiúil do bheith ag obair le pobail i mBaile Átha Cliath Theas.

Beidh gá le nuálaíocht chun ár spriocanna a bhaint amach agus mar thoradh ar Chrios Dícharbónaithe i gCluain Dolcáin a bheith curtha san áireamh, beidh ar an údarás áitiúil oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ón bpobal chun réimse de bhearta maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta a bhaineann leis an aeráid a chur ar fáil a thabharfaidh aghaidh ar fhuinneamh ísealcharbóin áitiúil agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an SPC Comhshaoil, Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide agus leis an bhFoireann Aeráide as a gcuid oibre chun an plean seo a sheachadadh agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath, Codema agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (CARO) amach anseo.





## TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH COLM WARD

In 2019, bhí Comhairle Contae Átha Cliath Theas bródúil as a bheith ar cheann de na chéad údaráis áitiúla in Éirinn a d'fhorbair plean gníomhaithe ar son na haeráide a chuimsigh gníomhartha chun lenár n-ionchur don athrú aeráide a laghdú chomh maith le bearta breise chun cabhrú linn dul in oiriúint do na rioscaí agus na tionchair atá ag méadú i gcónaí. Ó shin i leith, tá ár n-aeráid atá ag athrú mar chuid lárnach de na dúshláin atá romhainn mar shochaí. Táimid tiomanta fós an cheannaireacht agus an uaillmhian riachtanach a léiriú, trí fheabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid agus trí bheith ag oibriú go dlúth lenár bpobail agus lenár bpríomhpháirtithe eile, chun athrú dearfach a chur i gcrích.

Ó socraíodh ár bplean bunaidh, tá dul chun cinn maith déanta agus ár gcuid oibre ag cur ar bhóthar ár leasa muid i dtreo an sprioclaghdú 51% ar ár n-astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2030. Tá tionscadail nuálacha ar nós Scéim Téimh Cheantair Thamhlachta curtha i gcrích agus tá tuilleadh coigiltis fuinnimh cinntithe ag iarfheistiú soilsithe agus foirgnimh phoiblí. Tá scéimeanna um thaisteal gníomhach ag dul chun cinn ar fud an chontae fad is atá scéimeanna éagsúla cosanta ar thuilte á seachadadh chun foirgnimh agus bonneagar a chosaint. Bunaíodh ciste tiomnaithe um nuálaíocht aeráide freisin chun cabhrú le gníomhú ar son na haeráide trí mheán an iliomaid tionscadal agus oibríochtaí a reáchtálaimid.

Tógfaidh ár bPlean Gníomhaithe nua ar son na hAeráide ar an móiminteam seo le huaillmhian mhéadaithe atá de réir spriocanna náisiúnta. Cuireann sé obair le pobail áitiúla ar ghníomhú ar son na haeráide ar bhonn foirmiúil freisin, le Limistéar Gníomhaithe nua um Rannpháirtíocht an Phobail tar éis a bheith curtha leis. Éascaíonn Crios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin, lena shainaithnítear ceantar spásúil chun imscrúdú a dhéanamh ar dhícharbónú áitiúil féideartha agus ar thionscnaimh eile um ghníomhú ar son na haeráide, nuálaíocht faoi stiúir an phobail mar chuid dár n-aistear go 2030.

Táimid ag tnúth lena gcuirfidh an plean ríthábhachtach seo le forbairt Chontae Átha Cliath Theas sna cúig bliana amach romhainn agus leanfar le tuarascálacha agus nuashonruithe ar dhul chun cinn maidir lena fhorfheidhmiú trínár struchtúir rialachais agus tuairiscithe aeráide atá seanbhunaithe anois.



# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Ag freagairt do na dúshláin leanúnacha a bhaineann leis an athrú aeráide, leagtar cur chuige Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) amach sa Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 thar shaolré cúig bliana an phlean, ós rud é go bhfuil na cúig bliana amach romhainn ríthábhachtach do ghníomhú fiúntach ar son na haeráide. Tá an fhreagairt áitiúil seo i gcomhréir le hiarrachtaí Idirnáisiúnta, Eorpacha agus Náisiúnta chun uaillmhian agus gníomhú aeráide a chur i gcrích, i gcomhthéacs straitéisí agus pleananna atá ag athrú go tapa ar gach leibhéal.

Tugtar aird chuí sa Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar na dúshláin roimh Bhaile Átha Cliath Theas atá ag méadú i gcónaí de bharr an athraithe aeráide agus ar an gceanglas go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag stiúradh laghdú ár n-astaíochtaí ceaptha teasa (GCT), fad is a phleanáiltear do rioscaí agus tionchar nua a bhainfidh leis an aeráid amach anseo. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo tógáil ar ár dtaithí ar Phlean Gníomhaithe roimhe seo ar Son na hAeráide (CCAP) 2019-2024 a chur i gcrích, plean a chruthaigh bunús láidir um ghníomhú ar son na haeráide i mBaile Átha Cliath Theas agus a chuireann ar ár gcumas gníomhartha eolasacha, uaillmhianacha a fhorbairt don phlean seo.

Tá an Dréachtphlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2024-2029 dírithe ar ghníomhartha a thugann aghaidh chomhchoiteann ar cheithre phríomhsprioc an phlean seo, atá leagtha amach de réir an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 agus an Phlean Náisiúnta Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2023:

- ***Feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030;***
- ***Laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na Comhairle faoi 2030;***
- ***Réigiún aeráidseasmhach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, trí thionchair imeachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide a laghdú amach anseo; agus***
- ***Teagmháil ghníomhach a dhéanamh lenár bpobail agus á gcur ar an eolas maidir le gníomhú ar son na haeráide.***

Glacann an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide cur chuige fianaisebhunaithe i leith ghníomhú ar son na haeráide, trí chomhthéacs níos leithne an bheartais um ghníomhú ar son na haeráide a chur san áireamh, agus próifíl astaíochtaí bonnlíne a fhorbairt don Chomhairle agus do cheantar níos leithne Bhaile Átha Cliath Theas. Áiríodh leis an gcur chuige láidir seo scrúdú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT oibríochtúla na Comhairle, ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh, agus próifíliú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT an chontae ar fad. Léiríonn na hastaíochtaí GCT go raibh an Chomhairle freagrach as 8,324 tona $CO_2$ ($tCO_2$) in 2021, agus gur gineadh na hastaíochtaí den chuid is mó ar fud soilsiú poiblí, foirgneamh agus saoráidí agus ár bhflít. Ar an iomlán, tá laghdú 31% tagtha ar astaíochtaí GCT na Comhairle ó bhonnlíne 2018; laghduithe ó fhoinsí leictreachais is cúis leis sin go príomha, ach tá laghdú 6% tagtha ar astaíochtaí nach mbaineann le leictreachas ó bunaíodh an bhonnlíne. Maidir le húsáid fuinnimh, b'ionann tomhaltas deiridh fuinnimh na Comhairle in 2021 agus 27.3 uair Gigeavata (GWh). Ar an iomlán, tá feabhas 42% ar éifeachtúlacht fuinnimh bainte amach ag an gComhairle ó 2009 go 2021.

Trí thabhairt faoi mheasúnú riosca cuimsitheach ar an athrú aeráide, cuirtear na rioscaí féideartha aeráide i láthair sa Dréachtphlean seo freisin, mar aon le pleanáil freagartha na Comhairle ar mhóréigeandálaí, amhail tionchar a bhaineann leis an aimsir. Deimhníonn an measúnú riosca ar athrú aeráide an aeráid athraitheach atá ag Baile Átha Cliath Theas. Sonraítear ann minicíocht



choibhneasta na gcontúirtí amhail stoirmeacha gaoithe, tuilte abhann, tuilte ó thitim bháistí (báistiúil), tonnta teasa, triomach, tréimhsí fuara, agus titim throm sneachta. Taispeánann sé freisin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide neamhsheiceáilte ar Bhaile Átha Cliath Theas a fhad le 2050.

Gineadh na gníomhartha sonracha aeráide do CCÁCT mar fhreagairt ar na spriocanna agus tá siad bunaithe ar an bpróifíl astaíochtaí bonnlíne agus ar mheasúnú riosca ar an athrú aeráide. Tá na gníomhartha leagtha amach i sé Réimse Gníomhaithe - Fuinneamh & Foirgnimh; Iompar; Athléimneacht Tuilte; Réitigh Nádúrbhunaithe; Geilleagar Ciorclach & Bainistíocht Acmhainní; agus Rannpháirtíocht an Phobail. Tá go leor buntáistí breise ag baint leis na gníomhartha, lena n-áirítear buntáistí sláinte agus folláine, buntáistí sóisialta, buntáistí comhshaoil, agus buntáistí eacnamaíocha, buntáistí a shainaithnítear ar fud an Phlean. Áirítear leis na Réimsí Gníomhaithe sraith gníomhartha leathana rialachais freisin a thugann aghaidh ar an ngá atá le gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú go leanúnach ar fud sheachadadh seirbhíse na Comhairle.

Chun na spriocanna maidir le hastaíochtaí GCT agus úsáid fuinnimh na Comhairle a bhaint amach, ní mór díriú ar roinnt réimsí riachtanacha – leanúint den chlár iarfheistithe um shoilsiú poiblí, dícharbónú ár bhfoirgneamh a bhfuil éileamh ard fuinnimh acu, agus dícharbónú 31% ar a laghad a dhéanamh ar ár bhflít. Baineann gníomhartha suntasacha eile le seachadadh leanúnach Chlár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas, le feidhmiú céimneach Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Réigiún Bhaile Átha Cliath, le soláthar tithe sóisialta na Comhairle a iarfheistiú go leanúnach, le forbairt an Tionscadail City Edge, agus le tógáil ar choimisiúnú rathúil Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta.

Is ar mhaithe linn féin a ullmhú do thionchar aeráide, agus le Baile Átha Cliath a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de, a chuirtear scéimeanna cosanta i gcás tuilte i bhfeidhm agus a théitear i ngleic le teas i gceantair uirbeacha, agus léiríonn Rannpháirtíocht an Phobail mar Réimse Gníomhaithe nua, an gá atá le gach saoránach agus pobal i mBaile Átha Cliath Theas a bheith rannpháirteach sa phlean chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide agus chun tacaíocht a fháil ó CCÁCT. Tá sé seo ríthábhachtach, ós rud é go meastar go bhfuil thart ar 99.3% de na hastaíochtaí i mBaile Átha Cliath Theas lasmuigh de smacht díreach CCÁCT.


Déanann an plean seo soláthar freisin don chéad Chrios Dícharbónaithe (DZ) i mBaile Átha Cliath Theas – a bhunófar i gceantar i gCluain Dolcáin. Tugann an DZ deis do CCÁCT agus don phobal áitiúil oibriú i gcomhar lena chéile chun an méid carbóin a tháirgtear sa cheantar a laghdú, trí raon de bhearta maolaithe agus oiriúnaithe, a d'fhéadfadh a bheith nuálach, a fhorfheidhmiú ar bhonn trialach, agus ag an am céanna ag iarraidh na mbuntáistí féideartha gaolmhara don cheantar a uasmhéadú.

Ag tógáil ar na struchtúir agus ar na meicníochtaí tuairiscithe a cruthaíodh i rith sheachadadh Phlean Gníomhaithe na Comhairle roimhe seo ar son na hAeráide, leanfaidh ár bhFoireann thiomnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn gach gníomh ar feadh shaolré an phlean agus oibreoidh sí leis na seacht bhFoireann Gníomhaithe, atá faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide. Leagfar béim sa tuairisciú náisiúnta ar a ndéanfaidh an Chomhairle i leith an chuspóra náisiúnta aeráide.

Leanfaimid orainn, tríd an bplean seo, ag obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath, le Codema – Gníomhaireacht bainistíochta fuinnimh Bhaile Átha Cliath, agus údaráis áitiúla eile in aice láimhe chun gníomhú ar son na haeráide i mBaile Átha Cliath Theas a leabú go leanúnach agus tosaíocht a dhéanamh dó.



# FORLÉARGAS AR ÁTHA CLIATH THEAS




Bonneagar Glas: **141.5km²**

Leabharlanna: **8**

Ionaid Phobail: **36**

Scoileanna: **149**

Páirceanna Réigiúnacha:: **4**

**301,075** DAONRA

**100,364** TEAGHLAIGH

**223 km²** COIS RIARACHÁIN



# ÁR BHFÍS

**Ag obair i gcomhar lena chéile lena áirithiú gur áit í Baile Átha Cliath Theas ina bhfuil béim láidir ar mhaireachtáil áitiúil, soghluaisteacht inbhuanaithe, agus caighdeán na beatha do chách, le ceannaireacht agus tionscnaíocht ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun Contae ísealcharbóin agus aeráidseasmhach a fhorbairt faoin mbliain 2050.**

# 1. INTREOIR



## LABHRAÍMIS FAOIN ATHRÚ AERÁIDE

Is ríléir de réir a chéile gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is tábhachtaí, is fadtéarmaí ár linne, agus tá a thionchar le brath ar fud an domhain agus sa bhaile araon. Tá fianaise dhoshéanta ann (amhail a leagtar amach sa Séú Tuarascáil Mheasúnaithe de chuid Mheitheal Oibre an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCCanna)[1]) go bhfuil athrú tagtha ar ár n-aeráid ón ré réamhthionsclaíoch (idir 1850-1900 nó mar sin) agus gurb é scaoileadh astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) trí ghníomhaíochtaí daonna príomhchúis leis an athrú sin. Is é toradh na ngníomhaíochtaí daonna ná gur shroich teochtaí dromchla domhanda 1.1°C os cionn mheán 1850-1900 sa tréimhse idir 2011 agus 2020.

Léiríonn aeráid na hÉireann an cás domhanda, agus teochtaí méadaithe comhchoiteann le sonrú inti. Déantar comparáid i bhFíor 1.1 thíos idir méadú teochta na hÉireann agus an t-ardú teochta domhanda ó 1900 i leith agus léirítear go dtagann cás na hÉireann leis an gcás domhanda. Mar thoradh air sin, tá teochtaí foircneacha agus titim fhoircneach bháistí ag tarlú inár n-aeráid féin.


Dheimhnigh Met Éireann gurbh é 2022 an bhliain is teo ó cuireadh tús le taifid. Bhí an teocht os cionn an mheáin fhadtéarmaigh lena rabhthas ag súil don 12ú bliain as a chéile agus taifeadadh an dara teocht is airde riamh de 33°C i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath le linn mhíonna an tsamhraidh[2].



### CÉN FÁTH A BHFUIL MÉADÚ 1.1 °C TÁBHACHTACH DÁR N-AERÁID?

Bíodh is gurb í an aimsir a thugaimid faoi deara thar thréimhse ghearr, mar shampla laethanta agus uaireanta a chloig, is ionann an aeráid agus an meánphatrún aimsire lena mbeifí ag súil i suíomh ar leith, agus ar a ndéantar monatóireacht ar feadh na mblianta fada. Is athrú suntasach é 1.1 toisc go bhfuil méid ollmhór téimh ag teastáil chun an patrún seo a athrú.

Is ionann 1.1 °C agus an meánmhéadú teochta ar fud na cruinne ar fad, leis an talamh á théamh níos tapa ná na haigéin, agus réigiúin áirithe á dtéamh níos tapa ná réigiúin eile. Agus mar atá feicthe againn, tá méadú 1.1 °C ag dul i bhfeidhm ar gach neach beo ar domhan.




*Fíor 1.1: Oileán na hÉireann 1900-2022 Aimhrialtachtaí Teochta (°C) (difríocht ó 1961-1990) (Foinse: Met Éireann [2])*

Tá ár n-aeráid athraitheach ag cur isteach ar thithim bháistí freisin agus bhí breathnuithe báistí 2022 faoi bhun an mheáin fhadtéarmaigh i bhformhór na stáisiún. Mar sin féin, braitheadh aimsir fhoircneach in 2022 i ngach ceann de na séasúir, rud a d'fhág go raibh samhradh agus earrach níos tirime ann, agus fómhar agus geimhreadh níos fliche ar an iomlán.

Tá aeráid ag éirí níos teo ina cúis le hardú ar leibhéal na farraige freisin, de bharr léa an mhuiroighir agus mhéadú ar mhéid an uisce mar gheall ar théamh (leathnú teirmeach), agus aigéan atá ag éirí níos teo mar chúis don dá rud. Tá meánleibhéal domhanda na farraige ag ardú go seasta ó 1901, le méadú 20cm idir 1901 agus 2018. Tá ardú den chineál céanna tagtha ar leibhéal na farraige in Éirinn go dtí seo le méadú 2-3mm ar an meán



Mar chuid den tionscadal Línte na Farraige, úsáideadh suiteálacha físiúla solais, cumhachtaithe ag grianphainéil agus pacáistí ceallraí in-athnuaite (leis na healaíontóirí Fionlannacha Timo Aho agus Pekka Niittyvirta) leis an ardú réamh-mheasta ar leibhéil farraige ó bhorrthaí stoirme sa todhchaí a léiriú. Taispeántar anseo an tsuiteáil i nDún Laoghaire.

## CÉN FÁTH A BHFUIL TÁBHACHT AG BAINT LEIS?


Mar a léiríodh, tá drochthionchair aeráide le sonrú in Éirinn cheana féin. Chuir imeachtaí adhaimsire le déanaí béim ar leochaileacht daoine aonair, gnólachtaí, pobal, bonneagair agus an chomhshaoil maidir le hathrú aeráide, ag léiriú go soiléir gá atá le gníomhú práinneach i ngach earnáil den tsochaí.
Is minic a dhéantar dúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil atá ann cheana níos measa fós mar gheall ar an athrú aeráide, rud a mhéadaíonn ár leochaileacht d'aeráid atá ag athrú agus do dhálaí foircneacha nua.

Bunaithe ar athruithe a breathnaíodh i leith na haeráide agus a tionchair, tá Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), agus eolaithe aeráide eile in ann réamh-mheastacháin láidre a dhéanamh maidir le patrúin aeráide a bheidh i dtreis in Éirinn amach anseo agus ar fud an domhain. Mar shampla, d'fhoilsigh an GCC, Foras na Mara, agus Met Éireann 'The Climate Status Report for Ireland 2020''[3] i mí Iúil 2021. Tugann a réamh-mheastacháin le fios go leanfaidh na treochtaí aeráide a breathnaíodh le céad bliain anuas sna blianta amach romhainn agus go rachaidh siad i ndéine. Is féidir achoimre a dhéanamh ar réamh-mheastacháin aeráide d'Éirinn amach anseo mar a thaispeántar san fhíor thíos. Le haghaidh réamh-mheastacháin níos mionsonraithe do Bhaile Átha Cliath Theas, féach ar an 'Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide' sa Phlean seo.




D'fhág stoirmeacha ar nós Arwen agus Barra in 2021, go háirithe, 59,000 teach agus gnólacht gan chumhacht.

*(Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023).* [10]




*Fíor 1.2: Réamh-mheastacháin Aeráide a d'Fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn sa Todhchaí*
*(Foinse :Bunaithe ar: © GIZ /Clár Domhanda ar Mheasúnú agus Bainistiú Riosca maidi le hOiriúnú don Athrú Aeráide (Caillteanas agus Damáiste))*

Is féidir staid aeráid na hÉireann sa lá atá inniu ann, agus an chuma a bheidh uirthi amach anseo, a thabhairt le chéile in aon chonclúid shimplí amháin. Tá athrú tagtha ar aeráid na hÉireann i gcoibhneas leis na 1900idí - tá sí gan amhras tar éis téamh de réir méaduithe teochta domhanda, rud a fhágann go bhfuil réimse tionchair ann a bhaineann le haeráid atá ag athrú agus le himeachtaí aimsire níos foircní.

## AG SAOTHRÚ TUISCEANA AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA (GCT)

Tógadh na córais lena n-idirghníomhaímid gach lá, ár dtithe agus ár bhfoirgnimh, an líonra leictreachais, ár modhanna iompair, ár gcórais bhia agus dramhaíola, agus na córais a tháirgeann na hearraí agus na seirbhísí a cheannaímid go léir, ar chleachtais a scaoileann astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) nuair a úsáidimid iad.

Is gáis dhofheicthe iad astaíochtaí gás ceaptha teasa - dé-ocsaíd charbóin, meatán, ocsaíd nítriúil, agus gáis fhluairínithe - agus, nuair a scaoiltear isteach san atmaisféar, ceapann siad teas atá ag éalú ón bpláinéad isteach sa spás, ag gníomhú mar a bheadh brat breise éadaí nó blaincéad ann. Tá sé seo tar éis ár bpláinéad a théamh 1.1°C ó 1850-1900.

## CONAS A BHAINTEAR GÁIS CEAPTHA TEASA ÓN ATMAISFÉAR?

Tá timthriallta nádúrtha ag na príomhgháis ceaptha teasa go léir, rud a chiallaíonn gur féidir iad a ionsú go nádúrtha gach bliain ag 'linnte' éagsúla amhail na haigéin, ithreacha, crainn, fásra, agus bogaigh/portaigh.

Mar sin féin, tá i bhfad níos mó gáis ceaptha teasa curtha isteach san atmaisféar ag gníomhaíochtaí daonna ná mar is féidir a ionsú go nádúrtha.




## CAD ATÁ Á DHÉANAMH AGAINN? PLEANÁIL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) agus údaráis áitiúla eile ar fud na hÉireann in áit mhaith cheana féin agus iad ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide. D'fhoilsigh CCÁCT Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CCAP) sa bhliain 2019, ina raibh idir bhearta maolaithe agus oiriúnaithe, agus tá sí ag obair ar na gníomhartha a comhaontaíodh faoin bplean 2019 go 2024 seo a sheachadadh.

Tógfaidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide do 2024 go 2029 ar an obair atá bainte amach ag an bplean roimhe seo agus léireoidh sé uaillmhian mhéadaithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ról suntasach a ghlacadh maidir le bearta oiriúnaithe agus maolaithe ag leibhéil áitiúla agus phobail (mar a mhínítear i bhFíor 1.3 thíos). Tá sé de chúram ar an gComhairle agus ar údaráis áitiúla eile bearta a chur i bhfeidhm a chabhraíonn leis an tír a spriocanna uaillmhianacha aeráide agus an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach, trí fheidhmeanna rialála agus straitéiseacha na n-údarás áitiúil.

Is príomhionstraim é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a neartaíonn na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a neartaíonn cur i gcrích gníomhú éifeachtach ar son na haeráide ag leibhéil áitiúla agus phobail, trí ghníomhú áitbhunaithe ar son na haeráide, mar a shonraítear sna míreanna seo a leanas.




### Maolú ar an Athrú Aeráide

Baineann sé leis an gcaoi a mairimid, a mbogaimid, a n-ithimid/n-ólaimid agus a mhonaraímid a athrú, ionas go laghdófar agus/nó go gcuirfear deireadh le táirgeadh gáis ceaptha teasa dhíobhálacha; áirítear ann freisin an chaoi is fearr lena bhféadfaimis ár dtalamh a úsáid.


### Oiriúnú don Athrú Aeráide

Baineann sé le déileáil le tionchar an athraithe aeráide agus baineann sé le bearta praiticiúla a dhéanamh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a neartú (e.g., ó thuilte, ardú ar leibhéal na farraige etc). *(Foinse: EPA.ie)*

*Fíor 1.3: Gníomhú ar son na hAeráide – Gníomhartha Maolaithe agus Oiriúnaithe (Foinse: Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide)*

## COMHTHÉACS BEARTAIS AERÁIDE

Is í an fhianaise eolaíoch ar thionchar daonna ar an athrú aeráide atá mar bhunchloch ghníomhú ar son na haeráide agus tugtar móiminteam di trí mheán an chonartha idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide, atá ina cheangal de réir dlí, agus ina leagtar síos an creat le haghaidh freagairtí beartais uaillmhianacha agus neartaithe - Comhaontú Pháras 2015. Dá bhrí sin, tá an Plean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide leagtha amach laistigh de chomhthéacs níos leithne de bheartas aeráide idirnáisiúnta, AE, náisiúnta agus earnála, mar a léirítear i bhFíor 1.4 agus mar a leagtar amach go mion thíos.




*Fíor 1.4: Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais don Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide (Foinse: Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide)*

## BEARTAS IDIRNÁISIÚNTA UM ATHRÚ AERÁIDE

Aithnítear go bhfuil comhoibriú agus uaillmhian ar leibhéal idirnáisiúnta ag teastáil le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide go rathúil. Ó bunaíodh **Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)[4]** sa bhliain 1994, d'fhéach tíortha le comhar idirnáisiúnta a thógáil chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú agus chun déileáil le tionchar an athraithe aeráide, a eascraíonn as na méaduithe teochta sin.

Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, síníodh **'Comhaontú Pháras 2015'[5]** ag Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21). Is conradh idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide atá ina cheangal de réir dlí é Comhaontú Pháras 2015, a shínigh gach ceann den 196 ballstát, Éire san áireamh, agus a tháinig i bhfeidhm ar an 4 Samhain 2016. Trí dhá sprioc a shainmhínítear go soiléir, féachtar i gComhaontú Pháras le gníomhú forásach agus uaillmhianach ar son na haeráide a chur i gcrích le himeacht ama chun athrú contúirteach aeráide a sheachaint trí:

i. Méaduithe ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go maith faoi bhun 2°C agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch; agus

ii. An acmhainn le dul in oiriúint do dhrochthionchar an athraithe aeráide a mhéadú agus athléimneacht aeráide a chothú.

Comhaontú Idirnáisiúnta eile a bhfuil dlúthbhaint aige le Comhaontú Pháras is ea **'I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe'[6]** lenar ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015. Ag croílár an Chláir Oibre tá **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)**. Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo "deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus feabhas a chur ar shaol agus ionchais gach duine, i ngach áit." Tá 169 sprioc sna 17 SDG atá le baint amach faoi 2030. In 2019, d'éiligh ceannairí an domhain 'deich mbliana gníomhaithe' ionas go bhféadfaí na Spriocanna a bhaint amach laistigh den achar ama seo. Leagtar amach sa phlean seo an t-ailíniú idir na Spriocanna agus na gníomhartha, mar a thagraítear dóibh sna hAguisíní a ghabhann leis an bplean seo.

Chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach mar chuid de ghealltanais Chomhaontú Pháras, d'fhógair an Coimisiún Eorpach an '**Comhaontú Glas don Eoraip[7]** i mí na Nollag 2019, agus é mar aidhm aige an chéad mhór-roinn neodrach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh den Eoraip. Féachtar leis an gComhaontú nach mbeidh aon ghlanmhéid astaíochtaí gáis ceaptha teasa ann faoin mbliain 2050, chun fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus gan aon duine a fhágáil ar deireadh. Thug an AE sraith tograí isteach chun beartais aeráide, chánachais, fuinnimh, agus iompair an AE a ailíniú chun tacú leis an aidhm sin a bhaint amach. De bharr an **Dlí Aeráide Eorpach[8]**, tá na spriocanna sin ina gceangal de réir an dlí, lena n-áirítear laghdú 55% ar a laghad ar ghlanmhéid astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030.



## BEARTAS NÁISIÚNTA UM ATHRÚ AERÁIDE IN ÉIRINN

Tá sé mar aidhm ag beartas um athrú aeráide in Éirinn uaillmhian an AE a léiriú, mar aon leis an uaillmhian a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide.

Leis an **Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021**[9] a cuireadh i bhfeidhm an 23 Iúil 2021, ceanglaítear ar an Stát an t-aistriú chuig geilleagar aeráidseasmhach, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Tugtar an Cuspóir Náisiúnta Aeráide air seo freisin.

> **Is ionann geilleagar aeráidneodrach (mar a luaitear san Acht) agus geilleagar agus sochaí inbhuanaithe ina ndéantar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chothromú nó a shárú trí gháis ceaptha teasa a bhaint.**

Chun an Cuspóir seo a bhaint amach, cuirfidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide buiséid charbóin, uasteorainneacha astaíochtaí earnála, Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, Straitéis Fhadtéarmach Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Creat Náisiúnta Oiriúnaithe, isteach go rialta lena gceadú ag an Rialtas.

Tá an chéad dá bhuiséad carbóin, atá molta ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC), leagtha síos d'fhonn laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi dheireadh na bliana2030, agus úsáid á baint as 2018 mar an mbliain bhonnlíne.

Trí na bearta náisiúnta seo, sraith straitéisí chun bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur chun cinn, agus socruithe láidre maoirseachta agus tuairiscithe, tá sé mar aidhm ag an mbeartas aeráide iarrachtaí a mhéadú ar fud na sochaí ar fad. Cuirfidh sé seo athrú mór i gcrích ar ghníomhú uaillmhianach agus bunathraitheach ar son na haeráide go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin go dtí 2050.

Tógann an **Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024**[10] ar Phleananna roimhe seo, trí na bearta agus na gníomhartha a theastaíonn chun na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála a chur i gcrích a bheachtú agus a thabhairt cothrom le dáta. Soláthraíonn an Plean treochlár chun gníomhú cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 agus neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar atá geallta san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021.

Aithníonn CAP24 go bhfuil ról lárnach le himirt ag an rialtas áitiúil maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta aeráide na hÉireann a bhaint amach agus chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus é a spreagadh, ar na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla. Méadóidh an ról seo de réir mar a fhorbrófar Pleananna Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráid (LACAP). Cuirfidh na Pleananna seo béim láidir ar chur chuige áitbhunaithe i leith ghníomhú ar son na haeráide, ag cur tuiscint phoiblí níos fearr ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus ag tabhairt aghaidh ar an gcomhthéacs a bhaineann go sonrach le coinníollacha ar leith.

Áirítear in CAP24 na gníomhartha aeráide seo a leanas a bhaineann go sonrach leis an rialtas áitiúil:

- LG/24/1 - Glacadh le Pleananna Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide
- LG/24/2 - Criosanna Dícharbónaithe a Fhorbairt
- LG/24/3 - Córas faireacháin agus tuairiscithe a fhorbairt do Phleananna Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide
- LG/24/4 - Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gCairt um Ghníomhú ar son na hAeráide
- LG/24/5 - Céim 2 den Chlár Luathaithe um Shoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm
- LG/24/6 - Tacú le Corcaigh agus le Baile Átha Cliath le Misean an AE maidir le Cathracha Aeráid-Neodracha Cliste

Beidh aird fós ag an gComhairle ar an bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide (agus athbhreithnithe air) maidir le Plean Gníomhaithe an údaráis áitiúil ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air.

Foilsíodh an chéad **Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe (NAF)**[11b] in Éirinn sa bhliain 2018. Leagann an creat sin an comhthéacs amach lena áirithiú gur féidir le príomhearnálacha agus údaráis áitiúla rioscaí agus leochaileachtaí an athraithe aeráide a mheas, gníomhartha aeráidseasmhacha a chur i bhfeidhm, agus go bhfuil breithnithe maidir le hoiriúnú don aeráid príomhshruthaithe i gceapadh beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Leagtar amach conairí táscacha i **Straitéis Fhadtéarmach reatha na hÉireann maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú**[12], tar éis 2030, i dtreo neodracht carbóin a bhaint amach in Éirinn faoin mbliain 2050. Tógann an Straitéis ar na conairí dícharbónaithe atá leagtha síos sna buiséid charbóin, sna huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus sa Phlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide, chun beartas aeráide comhleanúnach agus éifeachtach a áirithiú. Tá anailís ar roghanna aistrithe ar fud gach príomhearnáil den gheilleagar mar bhonn aici. Soláthraíonn sé nasc ríthábhachtach idir spriocanna aeráide 2030 na hÉireann agus an sprioc fhadtéarmach atá leagtha síos ag Cuspóir Náisiúnta Aeráide na hÉireann agus ag an Dlí Aeráide Eorpach.

Foilsíodh **Pleananna Earnála um Oiriúnú don Aeráid**[13] i ranna Rialtais éagsúla, mar fhreagra ar an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe. Tugtar aghaidh sna Pleananna ar na hearnálacha seo a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Líonraí Cumarsáide, Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte. Aithnítear sa Phlean do gach Earnáil na príomhrioscaí atá le sárú ar fud na hearnála agus an cur chuige atá á ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí seo agus athléimneacht aeráide a chothú don tréimhse amach romhainn. Forbraíodh iad trí phróiseas pleanála oiriúnaithe sé chéim a chur i bhfeidhm, a leagtar amach i dTreoirlínte Pleanála Earnála maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, agus arna bhfoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Shínigh gach údarás áitiúil **Cairt an Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide**[14] i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus léiríonn sí tiomantas ó gach údarás áitiúil iarrachtaí a mhéadú agus ról lárnach a ghlacadh go háitiúil agus go náisiúnta maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chur i gcrích. Cuireann sé de chúram ar údaráis áitiúla ceannaireacht láidir a chur ar fáil maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, ag cloí ag an am céanna le SDGanna na Náisiún Aontaithe (go háirithe Sprioc 13 um Ghníomhú ar son na hAeráide) agus ag laghdú astaíochtaí óna n-oibríochtaí féin. Chomh maith le comhoibriú nó dul i gcomhpháirtíocht le fiontar áitiúil, grúpaí pobail, saoránaigh mar aon le hearnálacha poiblí, príobháideacha, agus oideachais ar thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide.

Is é **Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Chur i gCrích 2030 (DECA 2030)**[15] an straitéis rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a foilsíodh i mí Aibreáin 2021. Léiríonn an straitéis tiomantas uileghabhálach earnála le cur chuige leanúnach maidir le gníomhú ar son na haeráide a áirithiú ar fud struchtúir riaracháin agus pholaitiúla na 31 údarás áitiúil go léir. Ar leibhéal earnála, cuireann an straitéis rún ginearálta in iúl trí ról ceannaireachta a shamhlú, chun líonra na n-údarás áitiúil a spreagadh chun ghníomhú éifeachtach ar son na haeráide. Laistigh den earnáil, léiríonn an straitéis fhoriomlán comhaontú ardleibhéil maidir leis an gcur chuige i leith ghníomhú ar son na haeráide agus tiomantas láidir don ról ceannaireachta forordaithe. Is treochlár sonraithe é an straitéis d'údaráis áitiúla chun na freagairtí riachtanacha dícharbónaithe agus oiriúnaithe ar an athrú aeráide a chur i gcrích.

D'ullmhaigh an Earnáil Rialtais Áitiúil an **Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach**[11] i gcomhréir lena cuid oibleagáidí faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola. Leagtar amach sa Phlean creat maidir le dramhaíl a bhainistiú don tréimhse 2024-2030 agus glacann sé leis an sprioc 0% d'Fhás Dramhaíola do gach duine aonair gach bliain ar feadh shaolré an phlean.

Leagtar amach sa Phlean spriocanna maidir le dramhaíl ó theaghlaigh, ó ghnólachtaí, agus ón earnáil tógála a laghdú agus áirítear leis spriocanna le haghaidh comhlíonadh feabhsaithe i leith dhramhaíl a dheighilt agus ábhair a athúsáid agus a dheisiú.

Baineann Príomhbheartas 2 den Phlean le Gníomhú ar son na hAeráide agus tacaíonn sé le cur i gcrích na mbeart agus na ngníomhartha a fhorordaítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun críocha na spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach.

Tá an Chiorclaíocht mar bhunchloch den Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach agus is tréith choiteann í ar fud na sé réimse fócais déag sa Phlean, le beartais spriocdhírithe ghaolmhara agus gníomhartha tosaíochta lena gcur i bhfeidhm.

Is é an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach an áit ina gceanglaítear an chiorclaíocht le gníomhú ar son na haeráide agus an áit a gcuirfidh buntáistí na gcleachtas feabhsaithe maidir le cosc agus bainistiú dramhaíola le spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach sna blianta amach romhainn.

Forbraíodh an Plean i gcomhar le príomhpháirtithe agus le príomhpháirtithe leasmhara agus tá réimse de phríomhghníomhartha insoláthartha ann lena áirithiú go leanfaidh an cur chuige comhoibritheach

ar aghaidh i rith chéim fhorfheidhme an Phlean. Trí na gníomhartha tosaíochta atá leagtha amach sa phlean a bhaint amach, cuirfear go mór le gníomhú ar son na haeráide agus cuireann comhúinéireacht na ngníomhartha béim ar an ionchur a chaithfidh na páirtithe leasmhara go léir a dhéanamh.

Áireofar i gcur i bhfeidhm an Phlean anailís leanúnach ar shreafaí ábhair agus ar shruthanna dramhaíola mar phríomhtháscairí chun uaillmhian agus spriocanna an Phlean a bhaint amach agus gealltar sa Phlean go ndéanfar meastóireacht bhliantúil ar thionchar an Phlean ar Chiorclaíocht agus ar an nGníomhú ar Son na hAeráide.

## BEARTAS RÉIGIÚNACH / ÁITIÚIL UM ATHRÚ AERÁIDE

Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú agus a chur le chéile faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Caithfear na bearta maolaithe agus oiriúnaithe atá le glacadh ag an údarás áitiúil a leagan amach sa Phlean seo ar feadh tréimhse 5 bliana. Éilíonn an tAcht go mbeidh an Plean i bhfeidhm laistigh de 12 mhí ó iarratas ón Aire; faoin 23 Feabhra 2023 i gcás an Phlean seo.

Ní mór Pleananna Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, a mhéid is atá indéanta, a bheith ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe náisiúnta ar son na hAeráide agus leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe is déanaí a ceadaíodh. Ní mór dóibh aird a thabhairt freisin ar an Straitéis Fhadtéarmach um Ghníomhú ar son na hAeráide, Pleananna Oiriúnaithe Earnála agus aon bheartais de chuid an Aire nó an Rialtais maidir le hAthrú Aeráide is déanaí a ceadaíodh.

Ceanglaítear ar údaráis áitiúla, maidir le hábhar agus le hullmhú Phlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide, cloí le Treoirlínte Aireachta, a eisíodh chuig an earnáil i mí an Mhárta 2023[16].



Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2022, eagraithe ag údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath.

Soláthraíonn an Plean meicníocht chun gníomhú agus torthaí dearfacha aeráide a chur chun cinn ar fud an údaráis áitiúil agus a limistéir riaracháin, laistigh de struchtúr sainithe. Cinntíonn sé ailíniú idir gníomhartha ar an talamh agus an fhís ardleibhéil a bhfuil sé mar aidhm ag an bplean tabhairt i gcrích, ag obair le pobail chun fís a thógáil do thodhchaí aeráidneodrach. Tá an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide mar chuid d'iarrachtaí níos fadtéarmaí a éileoidh freagairt leanúnach agus phleanáilte chun tacú le cur i gcrích an chuspóra aeráidneodrachta ag leibhéil áitiúla agus phobail.

## CAD É AN CHÉAD CHÉIM EILE DON GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS?


D'ullmhaigh CCÁCT an Plean Gníomhaithe ar Son na hAeráide (CAP) 2024-2029, chun Contae ísealcharbóin aeráidseasmhach a chruthú, trí ghníomhú dea-chleachtais ar son na haeráide a sheachadadh agus a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Mar a luadh roimhe seo, tá an Plean ailínithe le Cuspóir Náisiúnta Aeráide foriomlán an Rialtais chun aistriú chuig geilleagar aeráidseasmhach, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráidneodrach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.

**Sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leagtar síos conair shoiléir don Chomhairle chun:**

- Tosaíocht a thabhairt do bhearta fianaisebhunaithe agus dlús a chur fúthu le beartas náisiúnta aeráide a chur in oiriúint go gníomhach do chúinsí áitiúla.
- Cabhrú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a chur i gcrích ag leibhéil áitiúla agus phobail.
- Crios Dícharbónaithe (DZ) a shainaithint agus a chur i gcrích laistigh de limistéar an údaráis áitiúil chun feidhmiú mar limistéar píolótach nó mar thástáil do raon de bhearta aeráide maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta i limistéar atá sainithe go sonrach, trí thionscadail agus torthaí a chabhróidh le cur i gcrích an Chuspóra Náisiúnta Aeráide a shainaithint.

Tá tiomantas láidir fós ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas le gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú thar a hoibríochtaí agus a feidhmeanna féin, agus ag an am céanna ag iarraidh ról ceannaireachta a bheith aici i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide i mBaile Átha Cliath Theas. Leanfaidh an Chomhairle lena hiarrachtaí chun tionscadail uaillmhianacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm, ag tarraingt anuas na bhfoinsí maoinithe atá ar fáil, ag tabhairt faoi rannpháirtíocht leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara, agus iad go léir tacaithe ag creat beartais forásach. Príomhghné de seo ná seoladh an Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide i mBaile Átha Cliath Theas, clár náisiúnta maoinithe le tacú le pobail inbhuanaithe ísealcharbóin agus lena gcumhachtú. In aeráid atá ag athrú, is é an aidhm a bheith níos athléimní in aghaidh gach féidearthacht a bheidh ann amach anseo. Ligfidh sé seo do phobail áitiúla bláthú agus oibriú i dtreo fíor-réitigh atá fiúntach, ionchuimsitheach, cothrom, agus inrochtana do chách.

Oibríonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go dlúth leis na trí údarás áitiúla eile i mBaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin) ar ghníomhú ar son na haeráide agus tacaíonn Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath (CARO) agus Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, leis an gComhairle agus í ag cur an ghníomhaithe ar son na haeráide i gcrích. Comhordaíonn CARO rannpháirtíocht ar fud leibhéil éagsúla an rialtais agus cabhraíonn sé le tógáil ar thaithí agus ar shaineolas i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide. Cuireann Codema raon leathan seirbhísí maolaithe fuinnimh agus aeráide ar fáil do na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath agus do pháirtithe leasmhara eile sa réigiún, ag tacú le gach údarás áitiúil an t-aistriú ísealcharbóin a threorú agus tionchar a imirt air.




*Fíor 1.5: Spriocanna agus Réimsí Gníomhaithe an Phlean Ghníomhaithe seo ar son na hAeráide 2024-2029*

**Is iad seo a leanas spriocanna an Phlean seo:**

- Feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030;
- Laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030;
- Réigiún aeráidseasmhach a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, trí thionchair imeachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide a laghdú amach anseo; agus
- Teagmháil ghníomhach a dhéanamh lenár bpobail agus á gcur ar an eolas maidir le gníomhú ar son na haeráide.


Tá spriocanna an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide leagtha amach de réir an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 agus de réir an Phlean Náisiúnta Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2023. Cuimsítear réimse gníomhartha sa Phlean seo a bhfuil an Chomhairle 'Freagrach go hIomlán' astu. Dá réir sin, ar fud a cuid foirgneamh, oibríochtaí, seirbhísí agus feidhmeanna féin, tá sé mar aidhm ag an gComhairle laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, faoin mbliain 2030.

Tá an Plean dírithe amach freisin agus cuimsíonn sé raon gníomhartha ar féidir leis an gComhairle 'Tionchar a imirt' orthu, 'Comhordú agus Éascú a dhéanamh' orthu agus 'Abhcóideacht a dhéanamh' d'earnálacha eile, agus í ag comhlíonadh a spriocanna aeráide agus fuinnimh féin, rud a léiríonn an 'Cuspóir Náisiúnta Aeráide' agus laghdú uile-shochaí 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030. Cé go n-admhaítear nach bhfuil 'uasteorainn astaíochtaí earnála' ann d'earnáil na n-údarás áitiúil, tá sé mar aidhm ag an bPlean tacú le hearnálacha eile agus le pobail áitiúla chun athléimneacht i leith thionchar diúltach an athraithe aeráide agus chun dul i ngleic le cúiseanna an athraithe aeráide.Tá sé seo riachtanach lena áirithiú gur féidir na buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a d'fhéadfadh teacht le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach ina n-iomláine (Fíor 1.6).

Tá sé mar aidhm freisin trí fhorfheidhmiú an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide Aistriú Cóir a éascú ar fud an Chontae. Is ionann Aistriú Cóir agus a áirithiú go n-aistrítear chuig an gCuspóir Náisiúnta Aeráide ar bhealach nach bhfágann aon duine ar deireadh. Athdhearbhaítear é seo freisin sa Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 [10], ina luaitear:

> "Tá aistriú cóir a chur i gcrích bunaithe ar aitheantas a thabhairt don leibhéal claochlaithe athraithe a theastaíonn chun na spriocanna sin a bhaint amach agus don tuiscint chomhroinnte go bhfuil an t-aistriú cothrom, agus cóir, agus go roinntear na costais go cothrom. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag ár mbeartais aeráide, mar sin, na daoine is leochailí a chosaint."

## IS IAD CEITHRE PHRÍOMHSPRIOC AN PHLEAN SEO NÁ:



## BUNTÁISTÍ BREISE FÉIDEARTHA A BHAINEANN LE GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

### BUNTÁISTÍ EACNAMAÍOCHA

1. Trí oiriúnú don athrú aeráide anois, is féidir linn a áirithiú go mbeidh gach plean amach anseo aeráid-díonach agus go ndéanfar deiseanna gaolmhara a uasmhéadú.
2. Trí aistriú go geilleagar ísealcharbóin, cruthóimid deiseanna fostaíochta breise thar raon disciplíní.
3. Trí réitigh áitiúla a úsáid chun athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú dó, is féidir linn uasoiliúint a thabhairt dár n-oibrithe agus fostaíocht a chruthú.
4. Trí fheabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, cothóimid nuálaíocht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.
5. Trí fhoinsí dúchasacha, inbhuanaithe a úsáid dár riachtanais fuinnimh, is féidir linn ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise eachtracha a laghdú.
6. Trí aistriú go geilleagar ciorclach, is féidir linn nuálaíocht a spreagadh agus fostaíocht a chruthú san earnáil athúsáide agus deisiúcháin.
7. Trí bheith inár gceannairí aeráide, spreagaimid infheistíocht dhíreach eachtrach ó chuideachtaí a bhfuil clár oibre corparáideach glas acu.

### BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Is féidir le comhthairbhí sláinte tarlú ó phríomhghníomhartha athraithe aeráide amhail:

1. Trí rothaíocht agus siúl a spreagadh, is féidir linn sláinte ár saoránach a fheabhsú.
2. Trí réitigh nádúrbhunaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le rioscaí aeráide, is féidir linn ceantar níos sláintiúla a dhéanamh atá níos inmhianaithe do dhaoine cónaí agus oibriú ann.
3. Trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú, laghdóimid astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsóimid cáilíocht an aeir inár gceantar.
4. Trí bhearta maolaithe agus oiriúnaithe a bhfuil cuma dheas orthu a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le rioscaí aeráide, is féidir linn meabhairshláinte ár saoránach a fheabhsú.

### BUNTÁISTÍ SÓISIALTA

1. Trí éifeachtúlacht fuinnimh ár soláthair tithe sóisialta a fheabhsú, is féidir linn billí fóntais tionóntaithe a laghdú agus bochtaineacht breosla a laghdú.
2. Trí chosaint a thabhairt ar rioscaí aeráide, is féidir linn an tionchar ar shaoránaigh, ar a gcuid réadmhaoine agus ar ár seirbhísí a laghdú.
3. Trí eolas a chur ar fáil do shaoránaigh maidir le tionchar an athraithe aeráide agus réitigh fhéideartha ina gceantair féin, is féidir linn líonraí comharsanachtaí aeráidseasmhacha a chruthú.
4. Trí bhearta maolaithe agus oiriúnaithe a chur i bhfeidhm, is féidir linn deiseanna eile maidir le tairbhí pobail a chur ar fáil ar nós spásanna glasa, agus bealaí coisithe agus rothaíochta.
5. Trí líon na gcrann a mhéadú, is féidir scáthú agus príobháideacht bhreise a sholáthar.
6. Trí thacú le tionscnaimh phobail agus trí oibriú le chéile is féidir linn braistint comhtháithe sóisialta níos fearr a thógáil.

### BUNTÁISTÍ COMHSHAOIL

1. Trí réitigh nádúrbhunaithe a úsáid chun dul i ngleic le rioscaí aeráide, is féidir linn bonneagar glas an cheantair a mhéadú agus luach aeistéitiúil breise a sholáthar dár spásanna uirbeacha.
2. Trí fheabhas a chur ar ár líonraí iompair phoiblí agus rothaíochta, laghdaímid plódú agus truailliú agus feabhsaímid cáilíocht an aeir agus laghdaímid tionchar an torainn.
3. Trí athléimneacht a mhéadú, is féidir linn ár bhflóra agus ár bhfána dúchais a chosaint.
4. Trí ghníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe a chur i bhfeidhm anois, laghdaímid tionchar féideartha ar an gcomhshaol amach anseo.
5. Trí réitigh nádúrbhunaithe a úsáid le hinnealtóireacht chrua, nó in ionad innealtóireacht chrua, is féidir linn na costais ghaolmhara a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a laghdú, agus bithéagsúlacht a mhéadú ag an am céanna.
6. Trí líonraí conairí d'fhiadhúlra nádúrtha a chur ar fáil tríd an timpeallacht uirbeach, cabhróimid le speicis ainmhithe agus plandaí imirce a dhéanamh tríd an tírdhreach atá ag athrú.
7. Trí aistriú go geilleagar ciorclach, laghdóimid truailliú plaisteach agus úsáidfimid níos lú acmhainní nádúrtha.

*Fíor 1.6: Deiseanna agus buntáistí a d'fhéadfadh eascairt as Gníomhú ar son na hAeráide*

## STRUCHTÚR AN PHLEAN GHNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE


Forbraíodh an Plean Gníomhaithe seo ar son na hAeráide 2024-2029 de réir 'Threoirlínte Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide' [16] agus tá beartas agus reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta um athrú aeráide curtha san áireamh go hiomlán aige, chomh maith leis an eolas is déanaí ar leibhéil reatha an athraithe aeráide agus a thionchar agus réamh-mheastacháin don todhchaí. Agus toradh an phróisis seo á thaispeáint, tá an Plean seo leagtha amach ina cheithre phríomhchuid:

1. An bonn fianaise a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide laistigh de limistéar dlínse Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear an phróifíl astaíochtaí bonnlíne agus an measúnú riosca ar an athrú aeráide do Bhaile Átha Cliath Theas.
2. An creat do ghníomhú ar son na haeráide thar sé Réimse Gníomhaithe éagsúla – idir mhaolú agus oiriúnú, agus pleanáil phráinnfhreagartha na Comhairle.
3. Crios Dícharbónaithe na Comhairle (DZ), lena n-áirítear an Fhís don DZ, Réimse Tosaíochta Straitéiseach DZ agus Clár Deiseanna DZ.
4. Cur chuige na Comhairle maidir le gníomhartha a chur i bhfeidhm agus dul chun cinn a thomhas, chomh maith leis an gcaoi a dtuairisceoidh an Chomhairle ar ghníomhartha thar shaolré an Phlean.



Cur crann i bpáirc Ghleann na Dothra

# 2. PRÓISEAS AN PHLEAN GHNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE



## COMHTHÉACS REACHTÚIL AN PHLEAN

Leagtar amach in Alt 16 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 an ceanglas reachtúil atá ar gach údarás áitiúil plean gníomhaithe an údaráis áitiúil ar son na haeráide a ullmhú dá limistéar riaracháin féin, ina sonrófar "na bearta maolaithe agus oiriúnaithe atá le glacadh ag an údarás áitiúil" [9]. Beidh na pleananna ag teacht leis an bplean um ghníomhú ar son na haeráide agus leis an gcreat náisiúnta oiriúnaithe is déanaí a ceadaíodh agus nuair a ghlacfar iad, beidh gach plean bailí ar feadh cúig bliana.

Ceanglaítear ar údaráis áitiúla, maidir le hábhar agus ullmhú Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, cloí le Treoirlínte Aireachta - 'Treoirlínte le haghaidh Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide'[16], a forbraíodh mar fhreagairt ar Alt 16 den Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021[9] agus a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide, agus Cumarsáide chuig údaráis áitiúla i mí an Mhárta 2023. Is é aidhm na dTreoirlínte údaráis áitiúla a threorú maidir le hábhar agus ullmhú Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide chun cur chuige ciallmhar agus leanúnach a áirithiú i leith phleanáil do ghníomhú ar son na haeráide.

## ULLMHÚ PHLEAN GNÍOMHAITHE AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL AR SON NA HAERÁIDE


Ullmhaíodh Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2024 -2029 de réir an Achta agus na dtreoirlínte seo.  Agus an Plean á ullmhú, chuir an Chomhairle reachtaíocht agus beartas aeráide ábhartha san áireamh freisin, mar aon le measúnú riosca ar an athrú aeráide ar scála contae ar leith agus measúnú bonnlíne ar mhaolú aeráide, dha mheasúnú a chuimsítear mar chuid den Phlean seo. Tá sé mar aidhm ag raon pleananna eile, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, Plean Forbartha Contae na Comhairle, Plean Corparáideach, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, Plean Bithéagsúlachta, tacú leis an bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide.

De réir Threoirlínte Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, tá an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Uaillmhianach, Dírithe ar Bheart a dhéanamh, Fianaisebhunaithe, Rannpháirteach agus Trédhearcach. Feidhmíonn na treoirphrionsabail seo, mar a leagtar amach iad i bhFíor 2.1, mar thagarmharc d'údaráis áitiúla maidir le pleanáil do ghníomhú ar son na haeráide. Cuid lárnach den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide is ea raon feidhme fhreagracht an údaráis áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide agus raon feidhme a Phlean a shainaithint agus a thuiscint; léirítear é seo i bhFíor 2.2 thíos. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide díriú, ní hamháin ar laghdú díreach astaíochtaí CCÁCT, ach ar thionchar a imirt ar astaíochtaí na bpobal níos leithne i mBaile Átha Cliath Theas freisin. Leagtar amach sa Phlean an chaoi a mbeidh an Chomhairle freagrach as athléimneacht aeráide a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, thar a sócmhainní, seirbhísí agus bonneagar féin, a bhfuil sí 'freagrach go hiomlán' ina leith, agus ról níos leithne a léiriú freisin maidir le 'tionchar a imirt', 'comhordú agus éascú a dhéanamh' agus 'abhcóideacht a dhéanamh' d'earnálacha eile, chun a spriocanna agus a n-uaillmhianta aeráide féin a bhaint amach. Tá sé seo riachtanach lena áirithiú gur féidir na buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn as gníomhú ar son na haeráide, a bhaint amach ina n-iomláine.

| | |
|---|---|
| **Uaillmhianach** | Chun ról ceannaireachta an rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a léiriú agus chun cabhrú leis an ról ríthábhachtach atá ag an údarás áitiúil a bhaint amach maidir leis na bearta bunathraitheacha atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide a chumasú agus chun an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach, rud a léiríonn, dá bhrí sin, uaillmhian DECA 2030. |
| **Dírithe ar Bheart a Dhéanamh** | Gníomhartha sonracha agus insoláthartha a shainaithint chun bearta oiriúnaithe agus maolaithe a bhaint amach a léiríonn freagrachtaí an údaráis áitiúil ag leibhéil eagraíochtúla agus phobail. |
| **Fianaisebhunaithe** | Úsáid a bhaint as an bhfaisnéis eolaíoch is cothroime le dáta, sonraí maidir le hastaíochtaí, measúnuithe riosca agus leochaileachta a bhfuil bonn fúthu, eolas áitiúil agus fianaise eimpíreach eile chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht agus tabhairt faoi bhearta éifeachtacha maolaithe agus oiriúnaithe. |
| **Rannpháirteach** | Réimse páirtithe leasmhara a thabhairt isteach chun cur le forbairt an phlean ghníomhaithe ar son na haeráide agus le seachadadh praiticiúil na ngníomhartha. Eascraíonn gníomhú ionchuimsitheach, comhordaithe agus comhoibritheach ar son na haeráide as comhar raon éagsúil páirtithe leasmhara ón gcéim is luaithe agus is féidir. |
| **Trédhearcach** | Próiseas oscailte lena mbaineann rannpháirtíocht ionchuimsitheach agus comhoibritheach a thacaíonn le cinnteoireacht ar féidir í a thomhas agus tuairisc a thabhairt uirthi. |

*Fíor 2.1: Treoirphrionsabail an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide (Foinse: Treoirlínte Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, 2023)*

## Scóip Údarás Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide




*Fíor 2.2: Scóip an Údaráis Áitiúil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (Foinse: Treoirlínte Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide, 2023)*

Chun an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú, chuaigh Foireann Ghníomhaithe ar son na hAeráide CCÁCT i dteagmháil leis an bhfoireann Bhainistíochta Sinsearaí agus le gach Stiúrthóireacht, trí chruinnithe agus ceardlanna, chun gníomhartha uaillmhianacha a fhorbairt ar fud na sé Limistéar Gníomhaithe a sainaithníodh, bunaithe ar fhianaise an fhardail astaíochtaí bonnlíne (BEI) agus an measúnú riosca ar an athrú aeráide a cuireadh i gcrích don chontae. D'ullmhaigh Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, an BEI do Bhaile Átha Cliath Theas agus do Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin thar ceann CCÁCT. Fuarthas sainchomhairleoir, KPMG, chun an measúnú riosca ar athrú aeráide a fhorbairt i gcomhar le foireann CCÁCT.

Spreagadh rannpháirtíocht níos leithne leis an bhfoireann ar fad trí mheán suirbhé foirne ar líne, arna neartú ag deis labhartha leis an bhFoireann Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus ag deis rannpháirtíocht a ghlacadh i 'gCleachtadh Físe'.

Reáchtáladh ceardlanna luath-rannpháirtíochta le Baill Tofa agus le baill Choistí um Beartais Straitéiseacha (SPC) do Bhaile Átha Cliath Theas. Cuireadh nuashonruithe ar an bpróiseas ar fáil ag eatraimh éagsúla le linn chruinnithe na Comhairle, le linn chruinnithe SPC um Chomhshaol, an Réimse Poiblí agus Athrú Aeráide, agus i dTuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tugadh faoi chomhoibriú rialta leis na trí Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Codema agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (CARO), mar a d'éascaigh CARO chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chuige cuíchóirithe agus réigiúnach i leith fhorbairt na bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tugadh faoi rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla eile in aice láimhe chomh maith, arna éascú ag CARO.

### MEASÚNUITHE COMHSHAOIL

Ceanglaíodh go ndéanfaí measúnú ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 faoi reachtaíocht chomhshaoil ar leith. Cuirtear moltaí agus bearta maolaithe a dhéantar trí na próisis mheasúnaithe a leagtar amach thíos san áireamh sa Phlean seo agus tabharfar fúthu mar chuid d'fhorfheidhmiú an phlean ghlactha.

### MEASÚNACHT STRAITÉISEACH CHOMHSHAOIL

Is nós imeachta í measúnacht chomhshaoil a chinntíonn go ndéantar impleachtaí comhshaoil na gcinntí a mheas sula ndéantar cinntí den sórt sin. Is é Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil (MSC) an téarma a tugadh ar mheasúnú comhshaoil ar phleananna agus ar chláir, rud a chabhraíonn le nádúr agus suíomh na dtionscadal aonair a bhíonn ar siúl a chinneadh. Is próiseas córasach é SEA chun na héifeachtaí suntasacha dóchúla comhshaoil a bhaineann le plean nó clár beartaithe a fhorfheidhmiú a thuar agus a mheas, lena áirithiú go dtabharfar aghaidh chuí ar na héifeachtaí sin ag na céimeanna is luaithe den chinnteoireacht, i gcomhar le ceisteanna eacnamaíocha, sóisialta agus eile. Comhtháthaíodh an próiseas SEA in ullmhú Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá sé seo de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011). Tá Tuarascáil Chomhshaoil SEA le fáil mar dhoiciméad ar leith a ghabhann leis an bPlean Gníomhaithe ar sna hAeráide 2024-2029.

### MEASÚNACHT CHUÍ

I gcomhréir le ceanglais faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE), Treoir an AE maidir le

hÉin (Treoir 79/409/CEE), ní mór measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar láithreáin áirithe atá ainmnithe chun an dúlra a chosaint faoin reachtaíocht Eorpach, mar chuid d'ullmhú an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide. Tá an próiseas seo, ar a dtugtar Measúnacht Chuí, ann chun a chinneadh an bhféadfadh nó nach bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ag cur i bhfeidhm an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide ar na gnáthóga nó ar na speicis a bhfuil na láithreáin seo ainmnithe ina leith. Tugadh faoi Mheasúnacht Chuí mar chuid den phróiseas um phlean a dhearadh agus tá Tuarascáil Tionchair Natura le fáil mar dhoiciméad ar leith a ghabhann le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029.

## RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

Rinneadh Rannpháirtíocht Phoiblí, leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 ar taispeáint go poiblí ón 20 Meán Fómhair go dtí an 3 Samhain 2023. Ba iad Leabharlann Bhaile Uí Ruáin; Leabharlann Chaisleán Thigh Motháin, Halla an Chontae, Tamhlacht; Leabharlann an Chontae, Tamhlacht; Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin; Leabharlann Chluain Dolcáin; Leabharlann Leamhcáin agus Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh na láithreacha inar taispeánadh an Dréachtphlean go poiblí lena bhreathnú. Cuireadh an Mheasúnacht Straitéiseach Chomhshaoil (MSC) agus Tuarascáil Tionchair Natura (NIR) ar fáil freisin.

Fuarthas aighneachtaí ar an Dréachtphlean trí Thairseach Chomhairliúcháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus i bhfoirm chóip chrua. Forbraíodh rannán tiomnaithe den suíomh gréasáin www.southdublinclimate.ie chun rannpháirtíocht phoiblí a éascú.

Áiríodh sa phróiseas Comhairliúcháin Phoiblí imeachtaí comhairliúcháin phoiblí i dTamhlacht, i gCluain Dolcáin agus i Leamhcán, chomh maith le himeacht comhpháirteach le hÚdaráis Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath i dTeach an Ardmhéara. Reáchtáladh cúig thob-imeacht faisnéise i leabharlanna ar fud an Chontae, agus baineadh úsáid as na meáin chlóite, fógraí raidió, meáin shóisialta ar íocaíocht agus fógraíocht ghinearálta ar na meáin shóisialta. Cuireadh nuashonruithe leanúnacha ar fáil ag Cruinnithe SPCanna, CPGanna agus na Comhairle.

## AN PRÓISEAS FAOFA

Cuireadh an Dréachtphlean, na Tuarascálacha SEA agus NIR, mar aon le Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Aighneachtaí a Fuarthas, faoi bhráid na gComhaltaí Tofa ar an 8 Eanáir 2024. Ag Cruinniú iomlán na Comhairle, a tionóladh Dé Luain, 12 Feabhra 2024, chinn na Comhaltaí Tofa le rún, an Plean a cheadú, faoi réir roinnt mionathruithe. Bhí an próiseas seo de réir riachtanais an Achta Aeráide (Leasú) 2021. Laistigh den tréimhse ama reachtúil seo, tá ar na Baill Tofa cinneadh a dhéanamh le rún, cibé acu plean gníomhaithe an údaráis áitiúil ar son na haeráide a cheadú, nó a cheadú, faoi réir cibé leasuithe is cuí leo.

Ceanglaíodh ar gach údarás áitiúil a bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur le chéile agus a fhaomhadh, faoin 23 Feabhra 2024.

Cuireadh an Dréachtphlean, na Tuarascálacha SEA agus NIR, mar aon le Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Aighneachtaí a Fuarthas, faoi bhráid na gComhaltaí Tofa ar an 8 Eanáir 2024. Ag Cruinniú iomlán na Comhairle, a tionóladh Dé Luain, 12 Feabhra 2024, chinn na Comhaltaí Tofa le rún, an Plean a cheadú, faoi réir roinnt mionathruithe. Bhí an próiseas seo de réir riachtanais an Achta Aeráide (Leasú) 2021.




Comhairliúchán Poiblí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, Edge Café, Tamhlacht



# 3. GNÍOMHÚ FIANAISE-BHUNAITHE AR SON NA HAERÁIDE

- Próifíl astaíochtaí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

# Próifíl Astaíochtaí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Athdhearbhaíonn an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP 23 [10] conairí astaíochtaí d'Éirinn a bhí leagtha amach cheana féin san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 [9] - chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 agus neodracht charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050. Áirítear i measc na spriocanna ábhartha:

- Caithfidh údaráis áitiúla a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoin mbliain 2030, mar atá leagtha amach ar dtús i gCairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide [14], i gcomparáid le bonnlíne de 2009 (nó níos luaithe).
- Caithfidh údaráis áitiúla a n-astaíochtaí téimh agus iompair a laghdú 51% faoin mbliain 2030 freisin, i gcomparáid le bonnlíne 2018.
- Go náisiúnta, ní mór dúinn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% ar an iomlán faoin mbliain 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2018, agus neodracht aeráide a bhaint amach faoin mbliain 2050 - tá oibleagáid ar údaráis áitiúla faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 pleananna a chur le chéile atá i gcomhréir leis an sprioc seo.

Leagtar béim i dTábla 3.1 thíos ar na buaicbhlianta a úsáidtear san anailís seo:

| Príomhbhlianta | Tábhacht |
|---|---|
| 2009 | o Bliain bhonnlíne le haghaidh spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí |
| 2018 | o Bliain bhonnlíne le haghaidh spriocanna Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú<br>o Ríomhtar astaíochtaí a bhaineann le ceantar níos leithne CCÁCT don bhliain bhonnlíne seo freisin |
| 2021, 2022 | o Úsáidtear na sonraí is déanaí ó 2021 agus 2022 san anailís seo, nuair atá fáil orthu, chun béim a leagan ar stádas reatha CCÁCT agus ar a dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030. |
| 2030 | o Spriocbhliain le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí – laghdú 50%<br>o Spriocbhliain náisiúnta le aghaidh laghdú 51% ar astaíochtaí (i gcomparáid le bliain bhonnlíne 2018) |
| 2050 | o Spriocbhliain náisiúnta le haghaidh ghlanastaíochtaí nialasacha carbóin |


*Tábla 3.1: Buaicbhlianta a úsáidtear san anailís seo*



## ÚSÁID FUINNIMH AGUS ASTAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

### Úsáid Fuinnimh Reatha Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) freagrach as úsáid fuinnimh agus astaíochtaí a bhaineann lena foirgnimh agus saoráidí, lena soilsiú poiblí, lena flít feithiclí, agus go leor eile. Sa mhír seo, cuirtear béim ar úsáid fuinnimh CCÁCT agus ar an dul chun cinn atá déanta ag CCÁCT maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, ag tagairt do na sonraí is déanaí atá ar fáil. Léiríonn an fhaisnéis ó bhunachar sonraí Faireacháin agus Tuairiscithe (M&R) de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) go raibh tomhaltas deiridh fuinnimh nach mór 27.3 uair Gigeavata (GWh) san iomlán ag CCÁCT in 2021, arbh ionann é agus 44.3 GWh d'fhuinneamh príomhúil.  I bhFíor 3.1 thíos, mínítear an bhrí atá le 'fuinneamh príomhúil' agus léirítear na bealaí éagsúla chun fuinneamh a thomhas.





*Fíor 3.1: Na Ceithre Bhealach chun Fuinneamh a Thomhas* [17]



'Cuairt Láithreáin ar Fheirm Ghréine arna eagrú ag CARO d'údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath'. Foinse an ghrianghraif: CARO Chathair Bhaile Átha Cliath

**Tá feabhas 42% ar éifeachtúlacht fuinnimh bainte amach ag CCÁCT ó 2009 go 2021.**

Mar a léirítear i bhFíor 3.2, ba é soilsiú poiblí CCÁCT an tomhaltóir fuinnimh ab airde in 2021, arbh ionann é agus 51% (22.4GWh) de Riachtanas Iomlán Fuinnimh Phríomhúil (TPER), na Comhairle. Ba iad na saoráidí foirgneamh agus seirbhísí an dara tomhaltóir ab airde, arbh ionann iad agus thart ar 37% (16.42GWh) den ídiú fuinnimh iomlán, agus b'ionann an flít bardasach (a thaispeántar thíos mar Iompar) agus 9% (4.0GWh) den úsáid iomlán fuinnimh. Is as roinnt miontomhaltóirí fuinnimh a eascraíonn na foinsí ídithe fuinnimh eile, arb ionann iad agus 3% (1.48GWh).




*Fíor 3.2: Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh in CCÁCT TPER 2021 (%)*

## Astaíochtaí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Leagann an mhír seo béim ar astaíochtaí reatha CCÁCT, ag úsáid na sonraí is déanaí atá ar fáil. I measc astaíochtaí iomlána **8,324 tona $CO_2$** (tCO2) na Comhairle sa bhliain 2021, ba é soilsiú poiblí an t-astaíre ba mhó ag **49%**. Ina dhiaidh sin bhí foirgnimh agus saoráidí agus ansin an flít bardasach arbh ionann iad agus **40%** agus **11%** d'astaíochtaí na Comhairle, faoi seach (Tábla 3.2).

| Na hAstaírí is Mó | Soilsiú poiblí | Foirgnimh agus Saoráidí | Flít Bardasach |
|---|---|---|---|
| Cion na n-astaíochtaí de réir foinse fuinnimh | 49% | 40% | 11% |

*Tábla 3.2: Príomhfhoinsí astaíochtaí in CCÁCT sa bhliain 2021*

In 2021, tháinig **72%** d'astaíochtaí na Comhairle ó leictreachas; an méid mór a úsáideadh i soilsiú poiblí agus i bhfoirgnimh agus saoráidí na Comhairle ba chúis leis sin go príomha. Ba é úsáid an gháis nádúrtha an dara cúis is airde d'astaíochtaí ag **16%**. Úsáideadh an chuid is mó den ghás seo le haghaidh téamh spáis i bhfoirgnimh agus saoráidí na Comhairle. Chuir úsáid díosail, a chuimsigh formhór an fhuinnimh a d'úsáid flít feithiclí na Comhairle, 8% leis na hastaíochtaí iomlána (Tábla 3.3)

| | Leictreachas | Gás nádúrtha | Díosal (Flít Feithiclí) | Eile |
|---|---|---|---|---|
| Cion na n-astaíochtaí de réir foinse fuinnimh | 72% | 16% | 8% | 4% |

*Tábla 3.3: Cion na n-astaíochtaí do gach foinse in CCÁCT 2021*

GNÍOMHÚ FIANAISEBHUNAITHE AR SON NA HAERÁIDE

## BEARNA GO SPRIOC


Is samhail scarbhileoige í an tsamhail bearna go sprioc (samhail GTT) a úsáideann comhlachtaí poiblí chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-astaíochtaí GCT a bhaineann le fuinneamh le himeacht ama, de réir chreat faireacháin agus tuairiscithe fuinnimh na hearnála poiblí SEAI don tréimhse go dtí 2030.

Ar an iomlán, tá laghdú **31%** tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle ó bhonnlíne 2018 i leith; laghduithe ó fhoinsí leictreachais ba chúis leis seo go príomha. Tá laghdú **6%** tagtha ar astaíochtaí nach mbaineann le leictreachas ó bunaíodh an bhonnlíne.

Ceanglaítear ar CCÁCT a cuid astaíochtaí GCT a bhaineann le téamh agus le hiompar a laghdú 51% faoi 2030, i gcomparáid le bonnlíne 2018. Leagtar béim san anailís bearna go sprioc (Fíor 3.3) ar na laghduithe astaíochtaí nach mór do CCÁCT a chur i gcrích amach anseo san iompar agus sa téamh (a thaispeántar mar 'Theirmeach' i bhFíor 3.3). Léiríonn sé freisin na buntáistí astaíochta a thairgfidh eangach leictreachais ísealcharbóin do CCÁCT amach anseo (colúin ghorma).

Meastar gurb ionann bearna go sprioc 2022 maidir le hastaíochtaí téimh (teirmeacha) agus iompair agus **45%**. Ciallaíonn sin nach mór do CCÁCT na hastaíochtaí neamhleictreachais sin a laghdú 45% eile idir 2022 agus 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2018, chun a sprioc laghdaithe 51% ar astaíochtaí GCT a bhaineann le téamh agus iompar a bhaint amach. (Tabhair faoi deara gur measadh gurbh ionann astaíochtaí bliantúla Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus **12,022 $tCO_2$** do bhonnlíne astaíochtaí GCT 2018 ón gcóras M&R de chuid SEAI.)

Mar a fheictear i bhFíor 3.3 thíos, tá sé de chumas ag CCÁCT a spriocanna laghdaithe astaíochtaí do 2030 a bhaint amach, bunaithe ar na tionscadail dícharbónaithe a shainaithnítear i bpíblíne tionscadail CCÁCT a bheith curtha i gcrích go rathúil.




*Fíor 3.3: Uirlis Bearna go Sprioc - Spriocanna Astaíochta Iomlána CCÁCT do 2030 agus Astaíochtaí Reatha*

## Réimsí Tosaíochta chun Astaíochtaí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas féin a Laghdú a Thuilleadh

Is iad seo a leanas na príomhréimsí inar féidir le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas beart a dhéanamh chun a cuid astaíochtaí féin a laghdú:

- Iarfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar shaoráidí na Comhairle féin, lena n-áireofar fuinneamh in-athnuaite, agus córais téimh in-athnuaite, etc. chun na foirgnimh agus na saoráidí a dhícharbónú agus ídiú fuinnimh a laghdú.
- Flít na Comhairle a dhícharbónú.

Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú suntasach ar astaíochtaí leictreachais CCÁCT de bharr dhícharbónú an eangaigh leachtreachais. Dá bharr sin, is é a hastaíochtaí féin an príomhthosaíocht atá ag CCÁCT, lena n-áirítear astaíochtaí iompair agus téimh (teirmeach).

### Iarfheistiú agus Córais Teasa In-athnuaite i bhfoirgnimh agus saoráidí CCÁCT féin

Tá éifeachtacht costais níos fearr ag baint le huasghráduithe ar fhoirgnimh maidir le laghdú astaíochtaí (€/ tona $CO_2$) ná dícharbónú flít agus dá bhrí sin moltar iad tosaíocht a thabhairt dóibh. D'fhéadfadh uasghráduithe fuinnimh amháin ligean do CCÁCT a spriocanna a shárú.

Rinneadh foirgnimh a mheas agus tugadh tús áite dóibh le beart a dhéanamh ar raon critéar, lena n-áirítear acmhainneacht iomlán chun astaíochtaí a laghdú, agus éifeachtúlacht chostais an laghdaithe astaíochtaí (€/ tona $CO_2$).

Is iad seo a leanas na cineálacha gníomhartha atá beartaithe d'fhoirgnimh mar chuid de thionscadail phleanáilte na Comhairle:

- **Meastóireacht oiriúnachta ar fhoirgnimh le haghaidh uasghráduithe**
- **Measúnú ar Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF)**
- **Painéil Gréine**
- **Uasghráduithe soilsithe**
- **Teaschaidéil**
- **Uasghráduithe ar chreatlach foirgnimh**
- **Uasghráduithe ar chórais bainistíochta fuinnimh na bhfoirgneamh**

Déanfar an obair seo trí úsáid a bhaint as conarthaí bunaithe ar fheidhmíocht fuinnimh, nuair is féidir, a chinnteoidh coigilteas fuinnimh ráthaithe fadtéarmach agus a dhéanfaidh na tionscadail níos inmharthana ó thaobh airgeadais de do CCÁCT.

Is iad seo a leanas foirgnimh agus saoráidí CCÁCT ar tugadh ardtosaíocht dóibh don obair seo, bunaithe ar acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí:

- **Ionad Fóillíochta Chluain Dolcáin**
- **Ionad Fóillíochta Thamhlachta**
- **Amharclann Phobail**
- **Halla agus Leabharlann an Chontae, Tamhlacht**
- **Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin**

### Dícharbónú Fhlít Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Tá tús curtha ag CCÁCT le dícharbónú a flít feithiclí. Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an bhflít agus d'fhorbair sí Straitéis Dícharbónaithe thar thréimhse 5 bliana agus 10 mbliana araon. Bunaithe ar shamhaltú bearna go sprioc de chuid CCÁCT chun spriocanna 2030 maidir le laghduithe astaíochtaí a bhaint amach, ní mór ar a laghad 31% den fhlít a uasghrádú faoin mbliain 2030 chun an sprioc maidir le hastaíochtaí díreacha a bhaint amach. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfadh go mbeadh gá le huasghráduithe breise ar fhlít ag brath ar dhul chun cinn tionscadal dícharbónaithe a bhaineann le foirgnimh.

### Tionchar na dTionscadal

Leis na tionscadail dícharbónaithe foirgnimh agus flít a shainaithnítear thuas, mar aon le sraith tionscadail tógála níos lú atá beartaithe, beidh CCÁCT in ann sprioc 2030 maidir le hastaíochtaí díreacha a bhaint amach.

## ASTAÍOCHTAÍ IOMLÁNA DO LIMISTÉAR RIARACHÁIN CHOMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS


### Astaíochtaí ar fud Bhaile Átha Cliath Theas

Gheall Éire laghdú 51% ar a laghad a dhéanamh ar a hastaíochtaí faoin mbliain 2030. Freagraíonn sprioc 2030 do laghdú 51% ar fhigiúirí 2018, mar a shainmhínítear i gClár an Rialtais (2020) [18], ina luaitear go bhfuil Éire 'tiomanta meánlaghdú 7% in aghaidh na bliana a chur ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa (GCT) ó 2018 go 2030 (laghdú 51% thar na deich mbliana)'. Ciallaíonn tábhacht réigiún Bhaile Átha Cliath do gheilleagar na hÉireann go bhfuil sé ríthábhachtach coigilt fuinnimh agus laghduithe $CO_2$ a phleanáil agus gealltanas a thabhairt ina leith ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach, d'fhonn spriocanna ar an leibhéal náisiúnta a bhaint amach.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndíreoidh réigiúin uirbeacha ar laghdú astaíochtaí, toisc gurb iad gníomhaíochtaí i gceantair uirbeacha, amhail déantúsaíocht, iompar agus éileamh ar fhuinneamh, mar chúis le níos mó ná 70% d'astaíochtaí domhanda. Is iondúil go mbíonn linnte carbóin teoranta i gcathracha, mar gheall ar líon na limistéar foirgnithe, agus líon teoranta na n-éiceachóras nádúrtha a bhfuil sé de chumas acu $CO_2$ a ionsú.

Áiríodh astaíochtaí foriomlána cheantar Bhaile Átha Cliath Theas don bhliain bhonnlíne 2018. Úsáideann Fardal maidir le hAstaíochtaí Bonnlíne (BEI) sonraí ó dhaonáireamh 2016, chomh maith le sonraí breise a bailíodh mar chuid den tionscadal um Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath, chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí bonnlíne cheantar Bhaile Átha Cliath Theas sa bhliain 2018, mar léirítear i bhFíor 3.4 thíos. Meastar gurb ionann na hastaíochtaí iomlána agus **1,836,723 tona de choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin** ($tCO_2e$).

> **Cad í an choibhéis $CO_2$ ($CO_2e$)?**
>
> Tagraíonn $CO_2e$ do chainníochtú go leor GCTanna laistigh den mhéid céanna $CO_2$. Má tá líon na GCTanna seachas an $CO_2$ suntasach d'earnáil ar leith, tiontaítear ina $CO_2e$ iad. Mura bhfuil siad suntasach, ní chuirtear san áireamh ach an $CO_2$. I dtéarmaí matamaiticiúla, $CO_2 = CO_2e$




*Fíor 3.4: Iomlán na nAstaíochtaí GCT do Bhaile Átha Cliath Theas de réir Earnála 2018 (%)*

Léiríonn Fíor 3.4 gurbh iad na hearnálacha i mBaile Átha Cliath Theas a tháirg an méid is mó astaíochtaí ná iompar **34%**, an earnáil tráchtála **46%** (agus na hionaid sonraí i mBaile Átha Cliath Theas freagrach as 32% d'astaíochtaí an chontae) agus na hearnálacha chónaithe arbh iad ba chúis le **17%** de na hastaíochtaí uilig. Ní raibh i gceist le hastaíochtaí na Comhairle féin (astaíochtaí na cathrach) ach **0.7%** den méid iomlán seo. Leagann sé seo béim ar an ngá le comhoibriú agus gníomhú ó na páirtithe leasmhara uile chun dul i ngleic leis na hastaíochtaí ó fhoinsí san earnáil phoiblí agus phríobháideach i mBaile Átha Cliath Theas.

## Conairí Laghdaithe Astaíochtaí do Bhaile Átha Cliath Theas

### Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath

Is tionscadal samhaltaithe fuinnimh é Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath[23], atá maoinithe ag SEAI agus a bhfuil Codema ag tabhairt faoi, a chuireann conairí fianaisebhunaithe ar fáil do Réigiún Bhaile Átha Cliath chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin idir 2030 agus 2050 a bhaint amach. Den chéad uair in Éirinn, baintear úsáid as samhaltú fuinnimh a dhíríonn ar spás sa Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath chun teacht ar réitigh dhícharbónaithe is fearr costas a chuireann an tionchar socheacnamaíoch ar leibhéal áitiúil i mBaile Átha Cliath san áireamh, bunaithe ar "thréithe" nó ar phróifíl fuinnimh a bhaineann le ceantar ar leith.

Lena rá go simplí, is éard is brí leis seo ná gur breithníodh sa mháistirphlean ar 'an áit ar cheart do rudaí éagsúla a bheith' i mBaile Átha Cliath, bunaithe ar an gcineál ceantair agus ar na teicneolaíochtaí a oireann d'astaíochtaí fuinnimh a laghdú sa cheantar sin. Tugtar pleananna agus polasaithe náisiúnta an rialtais le chéile sa mháistirphlean chun an tionchar a bheidh acu ar Bhaile Átha Cliath a thaispeáint.

Chun na conairí do réigiún níos leithne Bhaile Átha Cliath a shainmhíniú le go mbainfear spriocanna 2030 agus 2050 amach, níor mhór tuiscint mhaith a fháil i dtosach sa tionscadal ar chúrsaí mar atá sa chontae faoi láthair; ina dhiaidh seo tuaradh an t-éileamh ar fhuinneamh agus na hastaíochtaí gnó mar is gnách don todhchaí (do na foirgnimh, don teas, don leictreachas agus do na hearnálacha taistil), agus ansin an acmhainn ísealcharbóin a shainaithint do na hearnálacha seo. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis seo uilig chun an conair neodrach a leagan amach do Bhaile Átha Cliath.


Oibreacha Uisce Bhóthar na Bruíne

**Tosaíochtaí Straitéiseacha**

Is iad seo a leanas tosaíochtaí straitéiseacha féideartha do cheantar níos leithne Bhaile Átha Cliath Theas bunaithe ar Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath[23]:

- **Dícharbónú teasa**
  - D'fhéadfadh téamh ceantair formhór d'éileamh teasa Bhaile Átha Cliath Theas a sholáthar.
  - D'fhéadfadh teaschaidéil an chuid eile den éileamh teasa a sholáthar i mBaile Átha Cliath Theas.

- **Foirgnimh**
  - Is é D1 an meán RFF i mBaile Átha Cliath Theas - tá gá le tacaíocht a thabhairt d'iarfheistithe fuinnimh na bhfoirgneamh.
  - Ba cheart tús áite a thabhairt do na ceantair is mó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh maidir le hiarfheistithe fuinnimh na bhfoirgneamh.
  - Is ionann an deis do ghriantéamh comhtháite san fhoirgneamh agus éileamh thart ar 65,000 teach ar leictreachas. Tá cuid shuntasach na deise seo ar fáil i mBaile Átha Cliath Theas.
  - Íoschaighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh do réadmhaoin ar cíos (i gcás na réadmhaoine ar cíos, níl smacht ag na tionóntaí ar an réadmhaoin agus is minic nach féidir leo feabhas a chur ar chórais inslithe agus teasa, agus seans nach bhfuil spreagadh ag na tiarnaí talún tabhairt faoi sin).
  - Tuilleadh nasc idir pleanáil spáis ar leibhéal áitiúil agus fuinneamh a fhorbairt - is féidir le pleanáil fuinnimh ag leibhéal áitiúil réitigh a shainaithint nach bhfuil feiceálach ag leibhéal náisiúnta.

- **Leictreachas in-athnuaite**
  - Tagann go leor d'fhuinneamh in-athnuaite Bhaile Átha Cliath ón ngaoth ón talamh. Cé nach bhfuil tionchar díreach aige seo ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, is dócha go mbeidh tionchar indíreach suntasach ann, toisc go mbeidh gá le feabhas suntasach a chur ar chórais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.
  - Ní mór tacú le forbairt an bhonneagair leictreachais chun cur le hacmhainn Bhaile Átha Cliath chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint.
  - Ba cheart do thomhaltóirí leictreachais shuntasacha, mar shampla ionaid sonraí agus suíomhanna tionsclaíocha móra eile, a oiread agus is féidir fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint ar an láthair agus a áirithiú go soláthraítear aon éileamh atá fágtha trí Chomhaontú Ceannaigh Cumhachta in-athnuaite (na cinn a oireann don éileamh in aghaidh na huaire ar an láthair, más féidir), a chuireann maoiniú ar fáil do thionscadail leictreachais in-athnuaite laistigh d'Éirinn nó a farraigí teorann.

- **Iompar**
  - Ba cheart tús áite a thabhairt do réitigh maidir le taisteal gníomhach agus leis an iompar poiblí, lena n-áirítear ath-leithroinnt an spáis bhóthair ar na modhanna taistil seo, agus rochtain, a mheas.
  - Is príomhthosaíocht é coincheap 'na gComharsanachtaí 15 Nóiméad' chun dul i ngleic le hastaíochtaí carbóin, plódú agus fadhbanna maidir le cáilíocht an aeir i mBaile Átha Cliath.
  - Tacaíocht do bhonneagar feithiclí leictreacha.



Glasbhealach na Dothra

# Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Beidh tionchar ag an athrú aeráide ar Bhaile Átha Cliath Theas ar go leor bealaí, idir dhamáiste a dhéanamh do bhonneagar na mbóithre agus thinte neamhshrianta go tionchar díobhálach ar an mbithéagsúlacht, shrianta ar sholáthar uisce, agus riosca níos airde tuilte. Tá impleachtaí suntasacha ag baint leo siúd do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Cuirtear measúnú ar fáil sa mhír seo ar rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide agus an tionchar ar Bhaile Átha Cliath Theas, agus na hiarmhairtí a bhaineann leo i leith sholáthar seirbhísí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT).

## CUSPÓIR AGUS MODHEOLAÍOCHT MHEASÚNÚ RIOSCA AR AN ATHRÚ AERÁIDE

Ní mór gníomhartha oiriúnaithe a dhéanamh mar fhreagairt ar thionchar féideartha chun rioscaí díobhálacha a bhaineann leis an athrú aeráide faoi láthair, mar aon le rioscaí réamh-mheasta, a laghdú. Aithníonn measúnuithe riosca ar an athrú aeráide an dóchúlacht go dtarlóidh contúirtí aeráide amach anseo agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar na contúirtí agus an tionchar seo chun eolas a dhéanamh do bheartú tosaíochta ghníomhú ar son na haeráide, agus d'infheistíocht ann.

Thug an KPMG faoi Mheasúnú Riosca cáilíochtúil ar an Athrú Aeráide (CCRA) thar ceann Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath (CCÁCT), i gcomhréir le hIarscríbhinn Theicniúil B Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide de chuid Threoirlínte Phlean Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide. [16] Cuirtear cur chuige céim ar chéim ar fáil in Iarscríbhinn Theicniúil B maidir le tabhairt faoi mheasúnú riosca ar an athrú aeráide:

1. Measúnú a dhéanamh ar bhonnlíne an tionchair aeráide, ag sainaithint, ag meas, agus ag sainmhíniú na dtionchar a bhaineann leis an aeráid agus leis an aimsir a bhfuil taithí ag an údarás orthu cheana féin, agus
2. Tionchar agus rioscaí aeráide féideartha a shainaithint agus a mheas.

> Forbraítear measúnú cáilíochtúil bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go forleathan agus déantar scagadh ann ar na contúirtí agus rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide. Cabhraíonn an cineál measúnaithe seo le:
>
> - Réimse iomlán na rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint.
> - Rioscaí a sainaithníodh a chur in iúl do pháirtithe leasmhara ábhartha.
> - Rioscaí a chur in ord tosaíochta chun anailís mhionsonraithe bhreise a dhéanamh orthu.
> - Tuiscint leathan a chur ar fáil ar a mbeadh gá le gníomhartha oiriúnaithe a chur i bhfeidhm.

Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca um athrú aeráide do Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, glacadh le creat measúnaithe riosca an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC). Sainaithnítear sa chreat seo trí phríomhghné den riosca aeráide: contúirt, neamhchosaint, agus leochaileacht.

- **Contúirt:** foinse fhéideartha an dochair a bhaineann leis an athrú aeráide, i.e. damáiste nó caillteanas réadmhaoine.
- **Neamhchosaint:** daoine, slite maireachtála, seirbhísí comhshaoil agus acmhainní, bonneagar, nó socmhainní eacnamaíocha agus sóisialta nó cultúrtha in áiteanna a bhféadfadh tionchar dochrach a bheith orthu.
- **Leochaileacht:** an claonadh tionchar dochrach a bheith ar rud.
- **Riosca:** dóchúlacht na n-iarmhairtí dochracha.

Agus an riosca i leith athrú aeráide á mheas, tógadh an fhaisnéis aeráide ó Nolan agus Flanagan (2020) [19] agus Climate Ireland [20] maidir le dhá chás aeráide, RCP4.5 agus RCP8.5.

- Léiríonn RCP4.5 cás 'astaíochtaí meánacha' le meánleibhéal théamh domhanda 1.4°C don tréimhse 2046-2065.
- Léiríonn RCP8.5 cás 'ardastaíochtaí' le meánleibhéal théamh domhanda 2°C don tréimhse 2046-2065.

Úsáideadh cás RCP8.5 toisc go léiríonn sé an cás 'is measa' a cheadaíonn cur chuige coimeádach i leith mheasúnú riosca. Dírítear sa tuarascáil ar na rioscaí díreacha a chruthaíonn athrú aeráide do Bhaile Átha Cliath Theas agus na himpleachtaí a eascraíonn astú do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tabhair faoi deara go gcruthóidh an t-athrú aeráide rioscaí indíreacha do Bhaile Átha Cliath Theas chomh maith mar gheall ar athruithe sna dálaí aeráide ar scála idirnáisiúnta agus ar scála domhanda araon. Áirítear leo seo, i measc rudaí eile, easáitiú éigeantach an phobail, méadú ar ghalair a thagann chun cinn de bharr veicteora, agus cur isteach ar shlabhraí soláthair.


## AN ÉIGINNTEACHT A BHAINEANN LE HATHRÚ AERÁIDE A THUAR

Agus rioscaí aeráide amach anseo á meas, tá leibhéil éiginnteachta ann, ní hamháin maidir le méid agus minicíocht na gcontúirtí, ach maidir le neamhchosaint agus leochaileacht i leith contúirtí éagsúla chomh maith.

Is féidir le hastaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus gás ceaptha teasa an-éagsúil a bheith ann amach anseo ag brath ar fhorbairtí sóisialta agus eacnamaíocha éagsúla, rud a fhágann go bhfuil éiginnteacht ann maidir leis an aeráid dhomhanda a bheidh ann amach anseo.

De bharr na héiginnteachta seo, tá réimse cásanna clúdaithe sna réamh-mheastacháin aeráide, le SSP5-8.5 (AR6) nó RCP8.5 (AR5) mar an gcás is mó astaíochtaí agus dá bharr sin mar an athrú is mó san aeráid amach anseo. Nuair a dhéantar measúnú ar rioscaí aeráide ag úsáid cur chuige cáilíochtúil, is é an dea-chleachtas é a bheith coimeádach nó an 'cás is measa' a shamhlú lena áirithiú go dtuigtear dáiríreacht an riosca agus nach ndéantar beag is fiú de. Ní mór rioscaí aeráide a shainaithnítear laistigh de mheasúnú riosca cáilíochtúil a mheas ina dhiaidh sin ag úsáid cuir chuige leathchainníochtúla nó chainníochtúla chun an riosca a mheas ar bhealach níos mionsonraithe.

Tá éiginnteacht ann chomh maith maidir leis an gcaoi a bhforbróidh Baile Átha Cliath Theas amach anseo. É sin ráite, sa ghearrthéarma tá tuiscint cuibhseach maith ann mar thoradh ar straitéisí, amhail Plean Forbartha Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028, ach tá forbairtí suas le 2050 níos éiginnte. Glacadh le cur chuige 'an cás is measa' anseo chomh maith, leis an tionchar féideartha amach anseo méadaithe de réir an treochta ghearrthéarmaigh tháscaigh agus na tuairime nach gcuirtear gníomhartha oiriúnaithe i bhfeidhm.





Athrú tuartha measúnaithe i meánteocht dhromchla an domhain do chúig chás aeráide amach anseo. Is féidir éagsúlacht a bheith ag baint le teochtaí domhanda na todhchaí ó faoi 1.5°C go breis is 4°C faoin mbliain 2100 ag brath ar líon na n-astaíochtaí a scaoilfear amach anseo. [76].

Úsáideadh réimse leathan d'fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an CCRA do Bhaile Átha Cliath Theas. Sainaithníodh agus rinneadh measúnú ar rioscaí aeráide reatha agus atá le teacht ag úsáid sonraí ó líonra Met Éireann de stáisiúin mheiteáreolaíochta agus chlíomeolaíochta. Chun clíomeolaíocht fhadtéarmach a bhunú, tá gá le tréimhse 30 bliain sonraí, baineadh úsáid as stáisiún aimsire fadtéarmach Aerfort Bhaile Átha Cliath do na háirimh bhonnlíne. Bhain an bhonnlíne seo úsáid as faisnéis a bhí sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a foilsíodh sa bhliain 2019 chomh maith, agus in anailís bhreise a chlúdaíonn an tréimhse 2018-2023.

Baineadh úsáid as Climate Ireland chun rochtain a fháil ar shonraí agus ar fhaisnéis faoi na hathruithe tuartha maidir le minicíocht agus láidreacht na gcontúirtí aeráide agus baineadh úsáid as an gCreat Náisiúnta Pleanála[50], Plean Forbartha Chontae Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028[36] agus an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta do Réigiún Thoir agus Lár na Tíre chun patrúin fhorbartha amach anseo a mheas. Lena chois sin, reáchtáladh dhá cheardlann do pháirtithe leasmhara chun tuilleadh léargais a bhailiú ó fhoireann Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas sna príomhranna uilig.

## AERÁID ATÁ AG ATHRÚ I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS


I gcomhréir le treochtaí domhanda, tá aeráid na hÉireann agus Bhaile Átha Cliath Theas ag athrú, tá teochtaí ag méadú, agus tá patrúin fhrásaíochta ag athrú.




*Fíor 3.5: Athrú Aeráide a tugadh faoi deara in Éirinn & i mBaile Átha Cliath Theas*


Mar aon le hathruithe a tugadh faoi deara in aeráid Bhaile Átha Cliath Theas, bhí tionchar ag réimse eachtraí a bhain leis an aeráid agus leis an aimsir ar Bhaile Átha Cliath Theas thar an tréimhse 1982-2023. Tugtar breac-chuntas sa phróifíl contúirte i bhFíor 3.6 thíos ar eachtraí a bhain leis an aeráid agus leis an aimsir le deireanaí agus a mhinice is a bhí tionchar acu ar Bhaile Átha Cliath Theas le deireanaí.

Bunaithe ar an mbonnlíne contúirte aeráide, bhí tionchar ag drochstoirmeacha gaoithe ar Bhaile Átha Cliath Theas go han-mhinic thar an tréimhse 1982-2023, agus tionchar ag tuilte báistiúla agus abhann ar Bhaile Átha Cliath Theas go minic chomh maith. Bhí tionchar ag tonn teasa, triomach, tréimhse fhuar agus titim throm sneachta ar Bhaile Átha Cliath Theas freisin, ach ní chomh minic céanna.




*Fíor 3.6: Forléargas ar na heachtraí contúirteacha a raibh tionchar acu ar Bhaile Átha Cliath Theas 1982 - 2023.*

Baineadh úsáid as faisnéis bhonnlíne chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar ag leibhéal na seirbhíse ar sholáthar seirbhísí na Comhairle (ar fáil sa tuarascáil iomlán CCRA) agus forbraíodh an mhaitrís riosca aeráide reatha ansin bunaithe ar mhinicíocht na contúirte agus an leibhéal bainteach tionchair a bhí le feiceáil i mBaile Átha Cliath Theas cheana féin (féach Fíor 3.7 thíos). Shainaithin an measúnú gurbh iad drochstoirmeacha gaoithe, tuilte abhann agus báistiúla na rioscaí is mó do Bhaile Átha Cliath Theas sa tréimhse reatha. Mar a fheictear sa bhonnlíne, bhí tionchar ag tonn teasa, triomach, tréimhse fhuar agus titim throm sneachta ar Bhaile Átha Cliath Theas, ach ní chomh minic céanna agus dá bharr sin go mbaineann riosca níos lú leo. Tugadh faoi deara gur tharla tuile screamhuisce go hannamh le beag tionchair aige ar Bhaile Átha Cliath Theas.




*Fíor 3.7: Maitrís Riosca Reatha do na contúirtí a sainaithníodh laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas.*

## ATHRUITHE AERÁIDE TUARTHA DO BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Tugann na tuartha reatha le fios go méadófar leibhéal an riosca a bhaineann le roinnt contúirtí aeráide, go n-ísleofar roinnt eile, agus go bhfanfaidh leibhéal an riosca a bhaineann le roinnt eile mar an gcéanna.

Tar éis an réimse contúirtí aeráide agus tionchar a tharla i mBaile Átha Cliath Theas cheana féin a shainaithint agus a mheas, rinneadh measúnú ar na hathruithe tuartha i leith mhinicíocht agus láidreacht na gcontúirtí seo chun tuiscint a fháil ar an athrú a d'fhéadfadh teacht ar thionchar agus rioscaí aeráide reatha i mBaile Átha Cliath Theas amach anseo. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na réamh-mheastacháin aeráide do gach contúirt (bunaithe ar 'Nolan agus Flanagan (2020)' [19]).

| Contúirt | Athrú Tuartha | Minicíocht sa Todhchaí |
|---|---|---|
| Tonnta Teasa | Tugtar le fios sna réamh-mheastacháin **go dtiocfaidh ardú ar an meánteocht trí chéile** idir 1.2 agus 1.6°C i mBaile Átha Cliath Theas le hais na tréimhse 1981-2000. I gcás astaíochtaí arda, tugann réamh-mheastacháin le fios go mbeidh **tonnta teasa ann níos minice** faoi lár an chéid seo. **Ceaptar go dtiocfaidh laghdú ar an mbáisteach i rith an tsamhraidh** amach anseo i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne ó 1981 go 2000, i gcás meánastaíochtaí agus i gcás ard-astaíochtaí araon, ag cur le dálaí féideartha triomaigh. | **Ar Bhonn Rialta** |
| Triomaigh | | **Coitianta** |
| Tréimhse fhuar | Mar thoradh ar an ardú teochta, **ceaptar go mbeidh laghdú ar líon na laethanta seaca agus oighir** sa tréimhse 2041-2060 nuair a chuirtear i gcomparáid í leis an tréimhse bhonnlíne 1981 go 2000, don chás RCP4.5 agus RCP8.5 araon. Ceaptar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an méid sneachta a thiteann go bliantúil faoi lár an chéid seo i gcás meánastaíochtaí agus i gcás ard-astaíochtaí araon. | **Anois is Arís** |
| Titim Throm Sneachta | | **Annamh** |
| Drochstoirmeacha Gaoithe | **Tá ardleibhéal éiginnteachta ag baint le réamh-mheastacháin stoirmeacha.** Faoi lár an chéid, tugann réamh-mheastacháin le fios nach dtiocfaidh mórán athruithe ar an meánluas gaoithe. Níl mórán fianaise ann go bhféadfadh minicíocht stoirmeacha níos déine, nach dtarlaíonn go minic i láthair na huaire, a mheadú. É sin ráite, tá gá le tuilleadh taighde chun an méadú seo a dhearbhú. | **An-mhinic** |
| Tuile Bháistiúil | Tugann réamh-mheastacháin le fios go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht na laethanta ina dtiteann báisteach throm (laethanta ar a bhfuil frásaíocht >30mm) do Bhaile Átha Cliath Theas agus ceaptar go mbeidh méadú suas le 16.5% ann i roinnt ceantar. Is dócha go mbeidh méadú ar mhinicíocht na tuile srutha (abhann) agus na tuile báistiúla dá bharr seo. | **An-mhinic** |
| Tuile Abhann | | **An-mhinic** |
| Tuile Screamhuisce | Níl réamh-mheastacháin maidir le hathruithe na tuile screamhuisce ar fáil faoi láthair, mar sin tá éiginnteacht ann maidir le hathrú ar mhinicíocht na tuile screamhuisce atá ag teacht. | **Annamh** |

*Fíor 3.8: Achoimre ar na réamh-mheastacháin aeráide do Bhaile Átha Cliath Theas.*

## RIOSCAÍ AGUS TIONCHAR AERÁIDE NA TODHCHAÍ

Cuimhníodh ar na hathruithe féideartha in aeráid Bhaile Átha Cliath Theas suas le 2050 agus ar a dtionchar ar mhinicíocht na guaise, chomh maith le hathruithe an daonra amach anseo agus forbairt sa réigiún. Tagann na hathruithe tuartha maidir le leibhéil ghuaise, neamhchosanta agus leochaileacht acmhainní le chéile chun measúnú a chruthú de rioscaí aeráide amach anseo do Bhaile Átha Cliath Theas.

Chun an t-athrú riosca féideartha a thuar, glacadh leis an méid seo a leanas maidir leis na ceantair a mbeadh tionchar orthu.

**Sócmhainní:**

- Meastar go dtiocfaidh méadú ar dhaonra Bhaile Átha Cliath Theas; leis sin go mbeidh **méadú ar na teaghlaigh bhainteacha agus an bonneagar a bheidh gan aon chosaint ar eachtraí guaise.**
- Ceaptar go mbeidh tonnta teasa ann níos minice agus dá bharr sin, **beidh acmhainní bóthair gan aon chosaint ar theochtaí míchuibheasacha** agus **dálaí triomaigh** a d'fhéadfadh tuilleadh damáiste a dhéanamh do bhóithre.
- Beidh tuilte báistiúla agus abhann míchuibheasacha ar ceapadh tráth gur tarlú adhaimsire iad, ag tarlú níos minice. **Déanfar níos mó dochair do na ceantair atá gan aon chosaint ar na guaiseacha seo** agus beidh tuilleadh ceantar gan chosaint ann agus acmhainní nár cuireadh isteach orthu roimhe sin dá bharr.

**Sláinte agus Folláine:**

- Ceaptar go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine aosta a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath Theas agus dá bharr sin **beidh tuilleadh daoine leochaileacha ann atá níos íogaire i leith guaiseacha**, go háirithe tonnta teasa.

**Sóisialta:**

- Ceaptar go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine aosta a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath Theas agus dá bharr sin **tiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a mbeidh tionchar ag an aonrú sóisialta orthu le linn roinnt eachtraí guaise**.
- Mar fhreagairt ar thonnta teasa, bainfidh an pobal níos mó úsáide as spásanna gorma/glasa, **a chuirfidh tuilleadh brú ar shaoráidí na háite** e.g. ag caitheamh bruscair, fadhbanna tráchta.

**Oidhreacht Chultúrtha:**

- Beidh tuilte báistiúla agus abhann a measadh mar tharluithe adhaimsire tráth, ag tarlú níos minice. Mar gheall air sin, beidh **acmhainní oidhreachta cultúrtha gan chosaint ar ghuaiseacha tuile níos minice**, agus ciallaíonn leibhéil tuile níos airde go bhféadfaí acmhainní oidhreachta cultúrtha nach raibh tionchar ag tuilte orthu roimhe seo a bheith gan chosaint orthu agus damáiste ghearrthéarmach agus fhadtéarmach déanta ag na guaiseacha seo do na hacmhainní oidhreachta cultúrtha dá bharr.
- Toisc go bhfuil seans ann go mbeidh tonnta teasa agus triomaigh ann níos minice, **tá seans ann go dtiocfaidh méadú ar na rátaí díghrádúcháin agus go mbeidh tionchar níos mó ar na hacmhainní oidhreachta cultúrtha dá bharr sin**.

**Airgeadas:**

- Mar gheall ar an méadú féideartha ar mhinicíocht na n-eachtraí guaise agus neamhchosanta ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, **beidh méadú ar líon na gcéimeanna bainteacha a ghlacann an t-údarás áitiúil roimh, i rith, agus tar éis eachtra**.
- Dá bharr sin,**beidh méadú ar na costais a ghabhann le dul i ngleic leis na heachtraí**.

**Cáil**

- Mar gheall ar an méadú féideartha ar mhinicíocht na n-eachtraí guaise agus neamhchosanta ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, **beidh méadú ar an éileamh/ar an mbrú ar sheirbhísí/acmhainní** a d'fhéadfadh leibhéal an tsoláthair seirbhísí a laghdú agus dochar a dhéanamh do cháil an údaráis áitiúil.

**Timpeallacht:**

- Mar gheall ar an méadú féideartha ar mhinicíocht na neamhchosanta ar ghuaiseacha i mBaile Átha Cliath Theas, **d'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ann ar acmhainní timpeallachtaí**, de réir mar a laghdaítear an t-am/cumas téarnaimh don ghnáthóg/timpeallacht.
- **Beidh acmhainní timpeallachta agus oidhreachta cultúrtha gan chosaint ar ghuaiseacha tuile níos minice**, agus ciallaíonn leibhéil tuile níos airde go bhféadfaí acmhainní oidhreachta cultúrtha nach raibh tionchar ag tuilte orthu roimhe seo a bheith gan chosaint orthu agus damáiste ghearrthéarmach agus fhadtéarmach déanta ag na guaiseacha seo do na hacmhainní oidhreachta cultúrtha dá bharr.
- Is é an toradh a bheidh ar thonnta teasa agus ar dhálaí triomaigh féideartha laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas **go mbeidh teochtaí ag ardú sna dobharlaigh agus sna leibhéil uisce níos ísle** a d'fhéadfadh caighdeán an uisce a laghdú a mbeadh tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach aige seo ar an timpeallacht agus ar an mbithéagsúlacht. Agus na teochtaí ag ardú, **tá seans ann go mbeidh tuilleadh falscaithe ann** a mbeidh drochthionchar acu ar ghnáthóga agus ar speicis chosanta.

Léiríonn an mhaitrís riosca i bhFíor 3.9 thíos an t-athrú riosca amach anseo. Léiríonn an marcóir toll an riosca atá ann faoi láthair agus léiríonn an marcóir dlúth an riosca don todhchaí. Léiríonn an líne poncanna an t-athrú idir an riosca atá ann faoi láthair agus riosca na todhchaí.


Ceaptar go dtiocfaidh méadú amach anseo ar an riosca a bhaineann leis na guaiseacha atá ann anois amhail tuilte abhann agus báistiúla mar gheall go mbeidh tuilleadh ceantar, acmhainní agus daonraí gan aon chosaint ar na guaiseacha seo.

Cé gur tharlaigh tonnta teasa agus triomaigh i mBaile Átha Cliath Theas cheana, meastar go dtarlóidh siad níos minice agus go mbeidh tionchar níos láidre acu ar Bhaile Átha Cliath Theas. Beidh tionchar níos measa ann ní hamháin mar gheall ar na hathruithe tuartha ar mhinicíocht na dtonnta teasa, ach mar thoradh ar mhéadú tuartha an daonra agus sciar an daonra a mheastar a bheith leochaileach chomh maith (iad siúd atá 65 bliain nó níos sine). Dá bharr sin is féidir na contúirtí seo a mheas mar rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réigiún.

Cé go gceaptar nach dtiocfaidh athrú ar mhinicíocht ná ar thionchar na stoirmeacha gaoithe troma amach anseo, beidh na heachtraí seo fós na riosca do Bhaile Átha Cliath Theas.

Tá tionchar leanúnach fós ag sneachta trom agus tréimhsí fuara ar Bhaile Átha Cliath Theas. É sin ráite mar gheall ar laghduithe tuartha ar mhinicíocht na nguaiseacha, is dócha go laghdóidh riosca na nguaiseacha amach anseo, a mbeidh leibhéal laghdaithe riosca mar thoradh air.

Beidh tionchar leanúnach ag tuilte screamhuisce, le beag tionchar ar Bhaile Átha Cliath Theas.




*Fíor 3.9: Maitrís Riosca ag léiriú na n-athruithe riosca amach anseo i leith contúirtí a sainaithníodh laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas. Do gach guais tá marcóir dlúth, a aithníonn an riosca don todhchaí, agus tá marcóir toll ann a léiríonn an riosca atá ann faoi láthair.*

## TIONCHAR NA HATHRÚ AERÁIDE AR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS.

Beidh iarmhairtí díreacha agus indíreacha ag tionchar na nguaiseacha athrú aeráide i mBaile Átha Cliath Theas ar sholáthar seirbhísí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas roimh, i rith, agus tar éis eachtraí aeráide agus eachtraí aimsire.

Ar bhonn an eolais thuairiscithe, agus i gcomhar le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, rinneadh measúnú ar thionchar na nguaiseacha athrú aeráide a aithníodh agus an tionchar ar sholáthar seirbhísí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath i gcomhréir leis na critéir a leagadh amach trí Iarscríbhinn Theicniúil B: Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide [16], lena shanntar catagóir tionchair do gach ceantar um sholáthar seirbhísí, suarach, beag, measartha, suntasach, nó tubaisteach.

- Bhí réimse leathan tionchair ag tuilte báistiúla agus abhann ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas cheana féin. Baineann tionchar le costais ghlanta agus dheisiúcháin den chuid is mó, fadhbanna chaighdeán an uisce de bharr truailleáin thar tír ag dul isteach i sruthchúrsaí, damáiste do cheantair atá íogair ó thaobh na timpeallachta de, tuilleadh brú ar sheirbhísí freagartha éigeandála agus ar phobail thacaíochta i rith agus i ndiaidh eachtraí tuile.
- Baineann príomhthionchar na stoirmeacha gaoithe troma le cur isteach ar sheirbhísí agus ar bhonneagar de bharr chaillteanas an tsoláthair leictreachais agus an chórais iompair, damáiste d'acmhainní an údaráis áitiúil agus an bhonneagair, tuilleadh brú ar an bpráinnfhreagairt agus ath-imlonnú foirne chun tacú leis an nglanadh suas i ndiaidh drochstoirme gaoithe.
- Meastar go mbíonn an méid is mó tionchair ag tréimhsí fuara agus ag titim throm sneachta ar sholáthar seirbhísí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Baineann tionchar go príomha le damáiste d'acmhainní agus do bhonneagar, dúnadh oifigí agus sheirbhísí na n-údarás áitiúil agus méadú ar éileamh ar an bpráinnfhreagairt.
- Bíonn réimse leathan tionchair ag tonnta teasa agus ag triomaigh ar sholáthar seirbhísí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Baineann an príomhthionchar le méadú ar an ngá le cothabháil agus deisiúchán a dhéanamh ar dhromchlaí na mbóithre. Lena chois sin, is féidir le míchompord na foirne agus an phobail a bheith mar thoradh ar theochtaí arda agus bheadh gá le fuarú meicniúil agus fuarú éighníomhach. Cuirtear tuilleadh brú ar bhonneagar an phobail mar shampla páirceanna de bharr tonnta teasa agus triomach.




Sruthán an Teampaill Ghil, Páirc Naomh Éanna

# 4. AG TABHAIRT AGHAIDH AR RIOSCAÍ - PLEANÁIL NA PRÁINNFHREAGARTHA



Tugadh achoimre ar na rioscaí a d'fhéadfadh aeráid atá ag athrú a chruthú do shaoránaigh, do bhonneagar, do ghnólachtaí agus do sholáthar seirbhísí sa Mheasúnú Riosca ar an Athrú Aeráide do Bhaile Átha Cliath Theas. Leagtar béim ar an ngá le plean freagartha a ullmhú do mhóréigeandálaí, lena n-áirítear móréigeandálaí a bhaineann leis na heachtraí adhaimsire seo.

Glacadh le Creat do Bhainistíocht Móréigeandála (MEM) trí chinneadh an rialtais in 2006 [27]. Tá sé mar chuspóir aige socruithe agus struchtúir choiteanna a leagan amach do bhainistíocht móréigeandála sheirbhísí duine le duine na hearnála poiblí in Éirinn. Tá an Creat seo bunaithe ar an gcur chuige córais aitheanta go hidirnáisiúnta a mholann timthriall atriallach na gníomhaíochta leanúnaí trí chúig chéim na bainistíochta móréigeandála: Aithint na Guaise; Maolú; Ullmhacht; Freagairt; agus Téarnamh.




*Fíor 4.1: An cur chuige i leith na Bainistíochta Móréigeandála*

## LE CREAT BAINISTÍOCHTA MÓRÉIGEANDÁLA SAINMHÍNÍTEAR MÓRÉIGEANDÁIL MAR SEO A LEANAS:


'Aon eachtra is cúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le, gan mhórán nó gan aon rabhadh, bás nó gortú, cur isteach dáiríre ar sheirbhísí riachtanacha nó damáiste do réadmhaoin, don timpeallacht nó do bhonneagar thar ghnáthchumas na bpríomhghníomhaireachta éigeandála sa cheantar ina tharlaíonn an eachtra, agus a mbíonn gá le gnásanna breise ar leith a chur i bhfeidhm agus teacht le chéile acmhainní breise dá barr, chun freagairt éifeachtach, chomhordaithe a chinntiú.'

Faoin gCreat, tá an Chomhairle ar cheann de na trí Phríomhghníomhaireacht Freagartha (PRAanna) agus oibríonn sí go dlúth le dhá Phríomhghníomhaireacht Freagartha eile - An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Le chéile, téann na PGFanna i ngleic le gach gné den bhainistíocht éigeandála agus de mhóréigeandálaí, lena n-áirítear freagairt chomheagraithe ar eachtraí adhaimsire.

## PRÁINNFHREAGAIRT AG LEIBHÉAL RÉIGIÚNACH AGUS ÁITIÚIL

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) mar chuid de Réigiún Thoir na Móréigeandála, a bhfuil contae Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Fine Gall), Cill Dara agus Cill Mhantáin i gceist leis.

MAJOR EMERGENCY MANAGEMENT
EAST REGION




*Fíor 4.2: Bainistíocht Móréigeandála Réigiún an Oirthir*

Tá Plean Móréigeandála ag CCÁCT, dréachtaíodh faoi threoir na gcáipéisí creata ábhartha, chun an fhreagairt ar, agus téarnamh ó, mhóréigeandálaí a éascú, agus chun comheagar a chinntiú le dhá Phríomhghníomhaireacht Freagartha ainmnithe eile.

Tá fo-phleananna i gceist leis an bPlean Móréigeandála, mar shampla Pleananna i gCás Tuilte Éigeandála agus Pleananna Adhaimsire. Tugtar achoimre sna pleananna seo ar ghnásanna slógaidh agus prótacail chomheagair réigiúnacha chun dul i ngleic le dúshláin dhifriúla a chruthaíonn eachtraí adhaimsire. Déantar athbhreithniú ar na pleananna go rialta chun a chinntiú go gcoinnítear cothrom le dáta iad.

Bunaíodh Foireann Bainistíochta Móréigeandála (MEM) faoin gComhairle chun a dualgas a chomhlíonadh mar Údarás Áitiúil faoin gCreat do Bhainistíocht Móréigeandála [27]. Is rannpháirtithe gníomhacha iad baill na Foirne MEM i gcoistí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a théann i ngleic le gnéithe éagsúla na móréigeandálaí, a eagraíonn agus a chuireann traenáil agus gníomhaíochtaí ar fáil ar bhonn idirghníomhaireachta agus a ghlacann páirt i dtraenáil áitiúil.

Tá an Fhoireann freagrach as freagairt a chomheagrú ón CCÁCT, lena n-áirítear Foireann Bainistithe Géarchéime CCÁCT (CMT) a chur i ngníomh. Is foireann bainistíochta ag leibhéal straitéise í CMT laistigh na Comhairle agus tá sí freagrach go díreach don Phríomhfheidhmeannach. Tugtar an fhoireann seo le chéile má fhógraítear móréigeandáil, ach is féidir úsáid a bhaint astu d’aon eachtra dháiríre a éilíonn freagairt ilghníomhaireachta.

Comhordaíonn Foireann MEM an Foireann Mheasúnaithe Drochaimsire de chuid CCÁCT (SWAT), a bhfuil baill na foirne sinsearaí ón gComhairle uile mar chuid de agus a dhéanann monatóireacht ar na córais foláireamh aimsire atá ann chun comhairle a chur ar an gComhairle maidir le heachtraí adhaimsire tuartha. Buaileann SWAT le chéile roimh aon eachtra aimsire a rangaíonn Met Éireann mar stádas oráiste nó níos measa. Is é cuspóir an chruinnithe seo é measúnú a dhéanamh ar ullmhacht na Comhairle dul i ngleic le heachtra adhaimsire atá ag teacht agus bearta coisctheacha a dhéanamh de réir mar is gá, lena n-áirítear an pobal a chur ar an eolas faoi via na meáin shóisialta agus ardáin eile.

I gcás móréigeandála, tabharfaidh an Chomhairle aghaidh ar an eachtra i gcomhar leis An Garda Síochána agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chomh maith le gníomhaireachtaí stáit eile agus comhlachtaí na hearnála príobháidí de réir mar is gá.

Tabharfaidh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath aghaidh ar éigeandálaí i dtosach thar cheantar Bhaile Átha Cliath uilig, ag feidhmiú mar Phríomhsheirbhísí Éigeandála CCÁCT (PES). Tá Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath á reáchtáil ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas thar ceann Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Tacaíonn an CCÁCT leis an bhfreagairt seo trí na feidhmeanna seo a leanas, chomh maith le cinn eile, a dhéanamh:

- Soláthar seirbhísí a chomhordú ó rannóga uilig na Comhairle.
- Foirgnimh a dhéanamh a aithnítear sa ‘Rest Centre and Evacuation Plan atá ar fáil do dhaoine a díláithríodh de bharr na héigeandála.
- Eagraíocht Cosanta Sibhialta deonaí a chur ar fáil.
- Oibríochtaí glantacháin a chomhordú agus a stiúradh i ndiaidh eachtraí adhaimsire nó truaillithe.
- Cruinnithe ilghníomhaireachtaí a chomhordú agus a stiúradh chun téarnamh an phobail a phleanáil.

Is annamh a tharlaíonn móréigeandálaí, ach is féidir céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go n-airíonn tú chomh sábháilte agus is féidir. Chun tuilleadh eolais agus comhairle phraiticiúil a fháil maidir le déileáil le héigeandáil, téigh chuig suíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar:

https://www.gov.ie/en/collection/ca182-a-framework-for-major-emergency-management/

nó chuig suíomh gréasáin Met Éireann ar: **https://www.met.ie/met-eireann-warning-system-explained**

## STRUCHTÚIR NÁISIÚNTA FHORFHEIDHME [27]

Leagtar amach sa Chreat do Bhainistíocht Móréigeandála (2006)[27] an struchtúr do bhainistíocht móréigeandála sheirbhísí duine le duine na hearnála poiblí in Éirinn, ag leibhéil Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla.

Ag oibriú faoi na struchtúir seo, tá ionadaithe ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i nGrúpa Stiúrtha Réigiún an Oirthir agus i nGrúpaí Oibre Réigiún an Oirthir. Tá na grúpaí seo freagrach do, agus glacann siad le treoir ó, na Grúpaí Stiúrtha agus Oibre Náisiúnta, a threoraítear ag leibhéal rialtais ag Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDE).

### Náisiúnta

Ag leibhéal Náisiúnta, faoi chinneadh an rialtais, bunaíodh Grúpa Stiúrtha Náisiúnta (NSG). Tugann an Rialtas údarás don NSG chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chreata, ag feidhmiú mar bhord bainistíochta go bunúsach do Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha MEM (ó thaobh struchtúr rialachais de). Tá ionadaithe ó chúig rannóg rialtais sa ghrúpa seo (Tithíocht, Sláinte, Ceart, Cosaint agus Iompar) agus na trí Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na hÚdaráis Áitiúla (via Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach). Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta feabhas leanúnacha a spreagadh, taighde agus forbairt a éascú agus tacú le heolas a roinnt agus a fhoghlaim san MEM.


Bhunaigh an NSG Grúpa Oibre Náisiúnta (NWG), a bhfuil ionadaithe ó na trí Phríomhghníomhaireacht Freagartha ann chun tabhairt faoi thascanna a bhaineann leis an gclár.

### Réigiúnach

Ag teacht ó fhorálacha an Chreata, i ngach ceann de na hocht réigiún Bainistíochta Móréigeandála, bunaíodh Grúpa Stiúrtha Réigiúnach (RSG) ar Bhainistíocht Móréigeandála, a raibh foireann shinsearach ó na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha ón réigiún sin mar chuid de. Mar gheall ar an gCreat b'éigean na Grúpaí Oibre Réigiúnacha (RWGs) a bhunú chun tacú leis na Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha chun tabhairt faoi fheidhmeanna a leagadh orthu ag leibhéal réigiúnach.

### Áitiúil/Gníomhaireacht

Ag leibhéal Áitiúil/Gníomhaireachta tá gach príomhghníomhaireacht freagartha freagrach as tabhairt faoi na riachtanais atá leagtha amach sa Chreat.



# 5. ÁR NGNÍOMHARTHA AERÁIDE - FREAGAIRT MHAOLAITHE AGUS OIRIÚNAITHE

FUINNEAMH & FOIRGNIMH

IOMPAR

ATHLÉIMNEACHT TUILTE

RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE

GEILLEAGAR CIORCLACH & BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH




*Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas - Halla an Chontae, Tamhlacht.*

Leag Éire spriocanna uaillmhianacha amach d'fheabhas 50% san éifeachtúlacht fuinnimh (le hais leibhéal na bliana 2009) agus laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) (le hais leibhéal na bliana 2018) faoin mbliain 2030, le hastaíochtaí neodracha ó thaobh fuinnimh de tráth nach déanaí ná 2050.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) ceannaireacht a léiriú in oibriú chun spriocanna 2030 a bhaint amach agus a shárú. Faoin Iarphlean Gníomhaithe CCÁCT ar son na hAeráide 2019-2024, d'éirigh linn feabhas 33% a bhaint amach san éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2020, a bhí mar sprioc do na comhlachtaí poiblí. Ag breathnú ar aghaidh chuig 2030, agus ag baint amach sprioc nua 50% éifeachtúlachta fuinnimh, **tá CCÁCT ar an mbóthar ceart chun an sprioc a bhaint amach, ós rud é gur éirigh linn feabhas 42% san éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi dheireadh 2021**.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, ní mór laghduithe uaillmhianacha ar astaíochtaí GCT agus feabhas éifeachtúlachta fuinnimh sna foirgnimh tráchtála, chónaithe agus phoiblí a chur i gcrích. Ní mór aghaidh a thabhairt ar conas a shoilsítear ceantair phoiblí chomh maith, mar aon le feabhas a chur ar sheasmhacht na timpeallachta tógtha i leith tionchar athrú aeráide.

## PRÍOMHRÉIMSÍ GNÍOMHAITHE CCÁCT D'FHUINNEAMH AGUS D'FHOIRGNIMH




*Fíor 5.1: Príomhréimsí Gníomhaithe CCÁCT d'Fhuinneamh agus d'Fhoirgnimh*

### MÁISTIRPHLEAN FUINNIMH RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH

Is é an Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath (DREM) [23], arna ullmhú ag Codema (Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath) faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019-2024 de chuid CCÁCT, an chéad mháistirphlean fuinnimh réigiúnach in Éirinn. Cuirtear conairí réalaíocha, costáilte ar fáil sa mháistirphlean do Réigiún Bhaile Átha Cliath chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin idir 2030 agus 2050 a bhaint amach. Bunaíodh na conairí seo ar shamhaltú fuinnimh a dhíríonn ar spás ag leibhéal áitiúil agus aithnítear teicneolaíochtaí ísealcharbóin iontu a bhaineann go sainiúil le tréithe fuinnimh cheantair ar leith ag leibhéal áitiúil.

Téitear i ngleic le gach earnáil fuinnimh an leictreachais, an teasa agus an iompair sa mháistirphlean, agus cuireadh le chéile é ó pheirspictíocht spásúil, ó pheirspictíocht teicneolaíochta agus ó pheirspictíocht shocheacnamaíoch chomh maith. Aithnítear agus tacaítear sa tionscadal seo le húsáid na bhfoinsí ísealcharbóin dúchasach de chuid Bhaile Átha Cliath, forbraítear agus baintear leas as cleachtais pholasaí fuinnimh nua ag leibhéal áitiúil, agus neartaítear cumais shamhaltaithe na gcóras fuinnimh comhtháite in Éirinn.

Rinneadh measúnú sa mháistirphlean ar na conairí ísealcharbóin féideartha ag leibhéal áitiúil chun na spriocanna astaíochtaí náisiúnta seo a bhaint amach. Bunaíodh cumas ísealcharbóin Bhaile Átha Cliath ar na tréithe spásúla fuinnimh ar leith atá ann, a ndéantar dearmad orthu go minic nuair a dhéantar conairí ísealcharbóin ag leibhéal náisiúnta a scrúdú. Is é seo an chéad tionscadal dá leithéid in Éirinn agus ailíníonn sé leis na cuspóirí atá leagtha amach sa pholasaí fuinnimh agus athrú aeráide ag leibhéal náisiúnta.

Déanfaidh an máistirphlean eolas do straitéisí agus do phleananna Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath i gcónaí.

### BAINISTÍOCHT FUINNIMH EAGRAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHT

Bhunaigh an CCÁCT Coiste Bainistíochta Fuinnimh idir-rannach, le hionadaithe ó gach ceann d'Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEUs) agus de ranna an CCÁCT, chun ár gcur chuige dírithe i leith na bainistíochta fuinnimh inár n-eagraíocht a chur chun cinn. Oibríonn an fhoireann ildisciplíneach seo le Codema chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh in CCÁCT agus í a rianú. Leis an eolas seo, is féidir leis an bhfoireann feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí $CO_2$ a shainaithint agus a sholáthar thar oibríochtaí uile na Comhairle (le béim ar leith ar ghníomhaíochtaí na n-úsáideoirí suntasacha fuinnimh), chun ár n-uirlis 'Bearna go Sprioc' a bhainistiú agus dul chun cinn a dhéanamh chun sprioc fuinnimh 2030 na Comhairle a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag CCÁCT córas bainistíochta fuinnimh a fhorbairt a bhfuil gá leis chun an caighdeán Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chomhlíonadh.

#### CAD IS BRÍ LE 'BEARNA GO SPRIOC'?

Is meastachán é an Bearna go Sprioc, bunaithe ar na sonraí bonnlíne, de choigiltis fuinnimh bhreise agus den laghdú astaíochtaí GCT a bhfuil gá leo faoin mbliain 2030 chun na spriocanna a bhaint amach. D'fhorbair SEAI Uirlis Bearna go Sprioc a thugann achoimre ar spriocanna astaíochtaí gach Údaráis Áitiúil agus an bearna samhaltaithe chun na spriocanna a bhaint amach. Is féidir linn é seo a úsáid chun eolas a dhéanamh dár dtionscadail agus dár bpleananna.

Tá tuilleadh eolais maidir le hÚsáideoirí Suntasacha Fuinnimh CCÁCT ar fáil sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide sa mhír 'Gníomhú Fianaisebhunaithe ar son na hAeráide' faoi 'phróifíl astaíochtaí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas'.

### SOILSIÚ POIBLÍ

Is é soilsiú poiblí an tomhaltóir fuinnimh is mó atá ag an CCÁCT, agus is é sin atá freagrach as breis is leath de phríomhídiú fuinnimh na Comhairle ar an iomlán ag 51%. Toisc go bhfuil gá le huasghrádú an tsoilsithe phoiblí go mbainfidh CCÁCT a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh amach, tá CCÁCT tiomanta do tuilleadh laghduithe fuinnimh a bhaint amach sa réimse seo. Is príomhdhúshlán é go gcuirtear le líon na soilse de réir mar a mhéadaíonn an réigiún chun tacú le ardú an daonra. Dá bharr sin, is é fócas CCÁCT é a chinntiú go ndéantar an soilsiú poiblí atá ann faoi láthair níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, le clár chun lampaí Dé-óid Astaithe Solais (LED) atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, a chur in áit lampaí Gaile Sóidiam Íseal (SOX) agus lampaí Gás Díluchtaithe Ard (SON).

Tá Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Phoiblí CCÁCT ar siúl ón mbliain 2014 agus rinneadh 20,500 laindéar a uasghrádú go dtí seo ón stoc iomlán 32,000. Laistigh den stoc seo de shoilsiú poiblí, tá níos lú ná 7,800 lampa SOX agus níos lú ná 3,550 lampa SON fágtha le hathrú anois. Beidh an clár seo ar siúl ag CCÁCT sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chomh maith.

Faoi Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019–2024 de chuid CCÁCT, bhí 5,388 iarfheistiú le lampaí LED nua mar thoradh ar an gclár éifeachtúlachta fuinnimh. B'ionann seo agus laghdú fuinnimh 12% de thomhaltas fuinnimh iomlán an tsoilsithe phoiblí agus laghdú astaíochtaí GCT 256 tona $CO_2$ go dtí deireadh na bliana 2021, leis na sonraí is déanaí do 2022, lena n-áirítear 2,350 iarfheistiú sa bhreis, á meas faoi láthair agus á dtabhairt chun críche ag córas Monatóireachta & Tuairiscithe (M&R) an SEAI.



Scéim Tithíochta Sóisialta i gCill an Ardáin le grianphainéil suiteáilte.

### FEABHAS A CHUR AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN A LAGHDÚ I BHFOIRGNIMH CCÁCT.

Gintear ídiú fuinnimh suntasach agus astaíochtaí GCT a bhaineann leis i bhfoirgnimh Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath gach bliain. Ba iad na foirgnimh agus na háiseanna a d'ídigh an méid is mó d'fhuinnimh iomlán CCÁCT i ndiaidh an tsoilsithe phoiblí, thart ar 37%. Dá bharr sin, ní mór do CCÁCT feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh dhíreach sna foirgnimh faoin mbliain 2030 chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí 2030 a bhaint amach agus a bheith neodrach ó thaobh fuinnimh de faoin mbliain 2050.

Tá Straitéis Dhícharbónaithe Foirgnimh ag CCÁCT atá le cur i bhfeidhm faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo. Leagtar plean amach sa straitéis de thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a bheadh oiriúnach d'fhoirgnimh CCÁCT, bunaithe ar spriocanna 2030 a bhaint amach. Is iad na foirgnimh is tábhachtaí, a ídíonn an méid is mó fuinnimh, a aithníodh i bplean na straitéise ná Halla an Chontae, Leabharlann an Chontae, Amharclann an Phobail, Oifigí na Cathrach Chluain Dolcáin, Ionad Fóillíochta Thamhlachta agus Ionad Fóillíochta Chluain Dolcáin.

Is Straitéis atriallach é, agus coinneofar ag forbairt plean tionscadal ag brath ar stádas reatha na bhfoirgneamh agus an 'Bearna go Sprioc'. Déanfar na tionscadail seo tríd an tionscadal DeliveREE, le cabhair ó aonad cur i bhfeidhm tionscadail a bhunaigh Codema faoi DeliveREE.

Meastar sa Straitéis go mbeidh coigiltis astaíochtaí iomlána ó thionscadail bheartaithe uile CCÁCT de 1,037 tona $CO_2$ in aghaidh na bliana i gceist (ag baint úsáid as fachtóirí astaíochtaí 2030) nó 1,578 tona $CO_2$ in aghaidh na bliana (ag baint úsáid as fachtóirí astaíochtaí 2023). Ó thaobh na bearna go sprioc, meastar go gcuirfidh na tionscadail leis an réigiún 79% i dtreo sprioc astaíochtaí GCT díreacha 2030 de chuid CCÁCT.

### DELIVEREE

Tacóidh an tionscadal EU Horizon 2020 DeliveREE le leathadh amach na dtionscadal fuinnimh i mBaile Átha Cliath a bhfuil luach breis is €20M ag baint leo, i gcomhar le CCÁCT agus trí Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath eile. Tacóidh tionscadal DeliveREE le hiarfheistiú réimse áiseanna na comhairle mar shampla ionaid fhóillíochta, amharclanna, leabharlanna, oifigí, foirgnimh an phobail agus láithreáin chóireála líonta talún. Cuirfear an plean tionscadal seo, a thabharfaidh tús áite d'úsáideoirí suntasacha fuinnimh, i gcrích thar na ceithre bliana amach romhainn agus táthar ag súil le hastaíochtaí carbóin i mBaile Átha Cliath a laghdú beagnach 4,000 tona gach bliain.

Trí chur chuige struchtúrtha a chruthú, tá sé mar aidhm ag DeliveREE borradh a chur faoi bhunú na dtionscadal mórscála tríd an bpróiseas forbartha tionscadal a chaighdeánú, ag ligean do thionscadail de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla a bheith bailithe le chéile chun scála a chruthú. Ceadaíonn sé seo úsáid na feidhmíochta fuinnimh agus na gconarthaí soláthair fuinnimh a chinntíonn feidhmíocht. Tá na conarthaí seo riachtanach chun luach ar airgead a bhaint amach, ag cur córas ar fáil do bhaint an chaipitil phríobháidigh agus srian a chur ar neamhchosaint an údaráis áitiúil ar róchaiteachas.

Tá Codema ag obair leis na húdaráis áitiúla agus le SEAI faoi láthair chun maoiniú Pathfinder a fháil do na tionscadail bheartaithe atá le déanamh mar chuid de DeliveREE. Cuirfear tacaíocht chaipitiúil ar fáil tríd an Pathfinder Scheme forbartha ag SEAI do chomhlachtaí poiblí agus tabharfar tús áite do chuir chuige iomlána i leith iarfheistithe foirgnimh chuig caighdeán RFF 'B' ar a laghad, ag baint úsáid as córais teasa in-athnuaite.

## IARFHEISTITHE TITHÍOCHTA SÓISIALTA

Tógtar na tithe sóisialta nua go léir chuig Caighdeán Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, agus tá uasghrádú á dhéanamh ar stoc tithíochta sóisialta atá ann anois i mBaile Átha Cliath Theas chuig Caighdeán RFF B2. Sheol an Rialtas Clár Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta athbhreithnithe d'uasghrádaithe tithíochta sóisialta sa bhliain 2021. Tá sprioc iomlán ag an gclár de 36,500 teach sóisialta a uasghrádú chuig rátáil RFF B2. Cuirtear méadú suntasach ar na leibhéil mhaoinithe atá ar fail de réir an Chláir do Thiomantas an Rialtais ar fáil sa chlár athbhreithnithe. Leagtar béim ar a chinntiú go bhfeabhsaítear creatlach an tí, agus go soláthraítear córas teasa atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Ceadaíonn sé seo d'údaráis áitiúla bogadh chuig clár 'iarfheistithe níos doimhne', a mbeidh coigiltis fuinnimh agus chostais shuntasacha agus leibhéil chompoird fheabhsaithe do chónaitheoirí mar thoradh air.

Níor dearbhaíodh aon sprioc 2030 ar leith do gach Údarás Áitiúil aonair, é sin ráite, toisc go bhfuil tuairim is 7% an stoic náisiúnta de thithíocht shóisialta ag CCÁCT, meastar go mbeidh íos-sprioc 2,500 Uasghrádaithe Iarfheistithe Fuinnimh le déanamh ar réadmhaoin faoin mbliain 2030.

Bhain CCÁCT leas as an uasmhéid maoinithe faoin gclár, laistigh shrianta leithdháilte mhaoinithe bhliantúla an Rialtais a chuirtear ar fáil do CCÁCT d'iarfheistithe tithíochta sóisialta. Cuirtear na húdaráis áitiúla ar an eolas faoin maoiniú a leithdháileadh gach bliain. Meastar go méadóidh na leibhéil mhaoinithe faoin gclár seo go bliantúil chun iomlán de 36,500 teach sóisialta a sholáthar go náisiúnta, iarfheistithe chuig RFF B2 nó caighdeán comhionann, faoin mbliain 2030.

Go dtí seo chuir CCÁCT oibreacha i gcrích in 67 réadmhaoin faoin gclár oibreacha 2022, le 184 réadmhaoin eile sceidealaithe le cur i gcrích sa bhliain 2023. Rinneadh suirbhéireacht ar 190 réadmhaoin eile le hoibreacha deartha críochnaithe chun ligean d'oibreacha tosú in 2023 agus iad a chur i gcrích in 2024. Tá Rannóg Tithíochta CCÁCT ag ullmhú aontaithe creata chun 500 réadmhaoin a chríochnú gach bliain, i ndúil go méadófar líon na spriocanna a baintear amach, ag brath ar an maoiniú a chuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil.

## FOINSÍ FUINNIMH MALARTACHA; CUR LE HACMHAINNEACHT GINIÚNA FUINNIMH IN-ATHNUAITE CCÁCT

Táthar ag brath an iomarca ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte go náisiúnta. Aithníodh leictriú teasa agus iompair mar phríomhchonair straitéiseach chun an cuspóir aeráide náisiúnta a bhaint amach, agus tá gealltanas i gceist sa CAP23 Náisiúnta go dtiocfaidh 80% dár riachtanas leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2030 [10]. Tá cumas suntasach ann chun leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite d'úsáid an CCÁCT, mar shampla fótavoltachas na gréine (PV) agus scéimeanna teasa an cheantair, ar féidir leo ár spleáchas ar eangaigh leictreachais a laghdú.

### Fótavoltachas na Gréine (PV)

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag tionscadail chun fótavoltachas gréine (PV) a shuiteáil ar dhíonta na bhfoirgneamh CCÁCT oiriúnach (ionaid phobail agus leabharlanna mar shampla), chun leictreachas a ghiniúint don fhoirgneamh, an t-ídiú leictreachais a laghdú, astaíochtaí GCT agus costais oibriúcháin.

Aithníodh láithreán líonadh talún Bhaile Artúir, arna bhainistiú ag CCÁCT, mar shuíomh molta do dhá scéim fhéideartha PV:

- Tionscadal PV Gréine 200kw tosaigh chun cur le hídiú fuinnimh ionad cóireála láisteáite, a bhfuil gá leis chun an láithreán líonadh talún a bhainistiú.
- Feirm tráchtála PV níos mó, chun fuinneamh in-athnuaite a easpórtáil chuig an eangach.

Tá CCÁCT ag déanamh dul chun cinn ar fhorbairt na scéimeanna seo.
Déanfar feidhmeanna breise an ghrianfhuinnimh fhótavoltaigh i mBaile Átha Cliath Theas a mheas.

### Téamh Ceantair

Tá spriocanna i gceist sa CAP23 Náisiúnta chun suas le 2.5 uair an chloig teireavata (TWh) de theas ceantair a chur ar fáil go náisiúnta chun téamh cónaithe a dhícharbónú [10]. Is éard atá i gceist le scéim teasa ceantair ná líonra píopaí inslithe, ag ceadú do theas a ghintear ó fhoinse amháin nó ó roinnt foinsí láraithe atá níos mó, teas a sholáthar chuig níos mó ná foirgneamh amháin. Thug Máistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath (DREM) faoi deara go bhféadfadh téamh ceantair freastal ar 87% d'éileamh teasa Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2050 [23]. D'éirigh le CCÁCT, ag obair le Codema, céim 1 de Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta a chur i gcrích (féach an cás staidéar thíos le haghaidh tuilleadh eolais), agus tá tuilleadh forbartha á déanamh ar phleananna forbartha. Mhol DREM gur féidir le Caisleán na Gráinsí agus ceantair Chluain Buiríosa Beag tuilleadh deiseanna a léiriú ó thaobh teasa ceantair de agus déanfar an indéantacht a fhiosrú.

Éascóidh CCÁCT feabhsú bhonneagar na n-eangach tarchuir, nuair is féidir, chun dícharbónú na n-earnálacha leictreachais, teasa agus iompair a cheadú.

## ÚSÁIDEOIRÍ SUNTASACHA FUINNIMH

Cuirfidh CCÁCT teorainn agus srian, a oiread agus is féidir, ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh amhail lárionaid sonraí maidir le bonneagar breise a thógáil do bhreosla iontaise amhail gléasraí atá á gcumhachtú ag gás nádúrtha.

Tá an cuspóir seo a leanas maidir le beartas pleanála sa Phlean Forbartha Contae a ghlac an Chomhairle (2022 – 2028). Féachann an cuspóir le húsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus cinntíonn sé go bhféachann an Chomhairle le teorainn a chur, a oiread agus is féidir, le húsáid fuinnimh neamh-inathnuaite. Ailíníonn an cur

chuige seo leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach a thacaíonn le forbairt na lárionad sonraí ar bhealach inbhuanaithe.

**FEF7 Cuspóir 2:**
Chun a cheangal go léiríonn fiontar a bhfuil spás fairsing i gceist leis an méid seo a leanas:

- Oiriúnacht an tsuímh don úsáid bheartaithe ag féachaint do FEF7

**Cuspóir 1;**

- Bearta láidre um éifeachtúlacht fuinnimh lena lorg carbóin a laghdú chun tacú le spriocanna náisiúnta i dtreo geilleagar carbóin glan-nialasach, lena n-áirítear giniúint an fhuinnimh in-athnuaite;
- Giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair a uasmhéadú lena áirithiú a oiread agus is féidir go bhfuil 100% den láthair á chumhachtú ag fuinneamh in-athnuaite, i gcás nach féidir freastal ar éileamh ar an láthair ar an mbealach seo, fianaise a sholáthar ar rannpháirtíocht le comhaontuithe ceannaigh cumhachta in Éirinn (PPA);
- A cmhainn dhóthanach laistigh den líonra ábhartha uisce, fuíolluisce agus leictreachais chun freastal ar an úsáid atá beartaithe;
- Bearta chun tacú leis an aistriú cóir chuig geilleagar ciorclach;
- Bearta chun líonraí téimh ceantair nó líonraí teasa a éascú nuair a tháirgtear teas breise;
- Cur chuige deartha ar ardchaighdeán i leith foirgneamh a laghdaíonn an tionchar mórdhlúthaithe agus amhairc;
- Tuiscint chuimsitheach ar fhostaíocht a luaithe a bheidh sé ag feidhmiú;
- Tuiscint chuimsitheach ar leibhéil tráchta chuig an suíomh agus uaidh ag céim na tógála agus an fheidhmithe;
- Fianaise a sholáthar ar chlárú don Chomhaontú Lárionad Sonraí Aeráidneodrach.

CÁS-STAIDÉAR



**Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta**
Bhunaigh CCÁCT an chéad chomhlacht fuinnimh seachbhrabúsach faoi úinéireacht phoiblí in Éirinn. Ag trádáil mar Heatworks, tá sé ag cur teas ísealcharbóin ar fáil d'fhoirgnimh phoiblí i gceantar Thamhlachta ó mhí Aibreáin 2023. Bhí an CCÁCT i gceannas ar fhorbairt an tionscnaimh nuálaigh, ísealcharbóin seo le cúnamh ón ngníomhaireacht fuinnimh, Codema.

Chuir idir chlár Interreg NEW Heatnet an Aontais Eorpaigh, Project Ireland 2040 Climate Action Fund (san ord €4.47 milliún), SEAI agus an CCÁCT airgead ar fáil do Líonra Teasa Ceantair Thamhlachta.

Cuirfidh an líonra teasa ceantair teas ar fáil do 32,800$m^2$ d'fhoirgneamh poiblí i dtosach, lena n-áirítear Halla an Chontae, Leabharlann an Chontae, Tamhlachta, CCÁCT Innovation Centre- Work IQ, agus 133 árasán ar phraghas réasúnta (cuireadh tús leis an tógáil i mí Aibreáin 2023, agus nascfar go luath in 2025 iad). Áirítear an méid seo a leanas le foirgnimh na hollscoile; Main Building, Sports-Science, Health and Recreation Building, agus ina dhiaidh sin Catering College (CAET) nua, le cur i gcrích in 2024.

Úsáideann an líonra fuílleach teasa ó ionad sonraí Amazon Web Services (AWS) chun teas ísealcharbóin a chur ar fáil do chustaiméirí an líonra, is iad sin CCÁCT agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TU Bhaile Átha Cliath). Tá córais bhailithe teasa ag AWS sa tsaoráid nua a sholáthraíonn teas athchúrsáilte gan aon chostas breise mar chuid dá ngealltanas inbhuanaitheachta níos leithne. Cabhróidh HeatWorks le hÉirinn a spriocanna náisiúnta teasa agus laghdaithe carbóin AE 2030 a bhaint amach. Meastar go laghdófar na hastaíochtaí carbóin breis is 1,500 tona in aghaidh na bliana i gceantar Thamhlachta sa chéad chéim den soláthar seo.

I rith na tréimhse tosaigh ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2023 bhí laghdú 21.4% in úsáid gháis i Halla an Chontae. Táthar ag súil le go dtiocfaidh tuilleadh laghduithe ar thomhaltas iomlán fuinnimh chomh luath is a bhíonn sonraí breise ar fáil.



### TIONSCADAL CITY EDGE - PRÍOMHCHEANTAR UIRBEACH NUA AR IMEALL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Is tionscnamh comhpháirteach é Tionscadal City Edge idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath (CCÁC) chun Bóthar an Náis, Baile an Mhóta agus ceantair na Páirce Thiar i mBaile Átha Cliath a athshamhlú mar Cheantar Uirbeach nua ag soláthar suas le 40,000 teach agus 75,000 post. Ag 700 Heicteár, ciallaíonn scála an tionscnaimh gur tionscnamh ar leith in Éirinn atá ann agus tá sé ar cheann de na deiseanna athfhorbartha is mó san Eoraip.

Tá tailte athfhorbraíochta ar imeall thiar Chathair Bhaile Átha Cliath, laistigh den M50 agus 15 nóiméad ó Lár na Cathrach, ag cruthú deise uathúla d'fhás inbhuanaithe néata. Tá an cumas sa cheantar mar a shamhlaítear anois é cur go mór le soláthar tithe agus post nua a bhfuil géarghá leo, agus buntáistí suntasacha aeráide, sóisialta agus eacnamaíocha don tír a ghiniúint ag an am céanna.

Bronnadh maoiniú URDF ar an tionscnamh (An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach) d'ullmhú an Chreata Straitéisigh neamhreachtúil a foilsíodh i mí Lúnasa 2022, a leagan fís ardleibhéal amach d'athnuachan an cheantair chuig 2070.


Tá réimse Cuspóirí uaillmhianacha Straitéiseacha ag an tionscadal City Edge le hathléimneacht aeráide ina gcroílár lena n-áirítear:

- **Lean dlúthfhás agus prionsabail chathrach 15 nóiméad**
  - Cruthaigh timpeallacht uirbeach néata le béim ar thaisteal gníomhach, a thacaíonn le sláinte agus folláine na gcónaitheoirí, trí rochtain ar dheiseanna, ar sheirbhísí, ar acmhainní agus ar áiseanna glasa agus nádúrtha.
- **Sprioc 50% de chlúdach glas**
  - Bíodh 50% de chlúdach glas mar sprioc ann chun freastal ar riachtanais dhaonra na todhchaí agus athbhunú bithéagsúlachta á chur chun cinn agus dul i ngleic le tionchar athrú aeráide amhail baol i gcás tuilte ag an am céanna.
- **Dírigh an fhorbairt ar sholáthar taistil ghníomhaigh agus iompar poiblí**
  - Cinntigh Forbairt Dírithe ar Thaisteal trí fhorbairt uirbeach ilchineálach néata nua a dhíriú ar thaisteal gníomhach feabhsaithe agus ar chonairí iompar poiblí.
- **Tabhair tús áite don neodracht charbóin agus don díothú dramhaíola**
  - Tabhair tús áite don neodracht charbóin agus don díothú dramhaíola chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus pobail inbhuanaithe a chur chun cinn trí phrionsabal chathair 15-nóiméad.

Is fís ardleibhéal é an Creat Straitéiseach do thodhchaí Imeall na Cathrach suas le 2070. Baineann pleanáil do thodhchaí ghearrthéarmach an cheantair leis na chéad chéimeanna eile den tionscadal a chur i bhfeidhm:
- Déanfar Athruithe Molta do Phleananna Forbartha CCÁCT agus DCC a thabharfaidh bonn reachtúil don tionscadal Imeall na Cathrach agus a bheachtóidh na pleananna don cheantar. Is éard atá i gceist le hanailís chúlra chun eolas a dhéanamh don phleanáil ná staidéar indéantachta ar sholáthar fuinnimh agus bainistíochta, agus staidéar a thugann aghaidh ar dhearadh uirbeach, ar ghluaiseacht agus ar bhonneagar glas. De réir chuspóirí straitéiseacha an tionscadail, beidh bearta gníomhaithe ar son na haeráide i gcroílár na bpleananna don todhchaí. Beidh an méid seo a leanas i gceist leo; forbairt atá dírithe ar chóras iompair, fás néata, prionsabail chathair 15 nóiméad, bonneagar glas ilfheidhmeach agus córais draenála inbhuanaithe.

Chun eolas níos mionsonraithe a fháil téigh chuig https://cityedge.ie/ nó féach ar:
https://cityedge.ie/strategic-framework-summary-booklet/
https://cityedge.ie/wp-content/uploads/2022/08/City-Edge-Strategic-Framework-August-2022-Final.pdf





## BUNTÁISTÍ BREISE A BHAINEANN LE LAGHDÚ ASTAÍOCHTAÍ FUINNIMH AGUS FOIRGNIMH

Is féidir le buntáistí eile a bheith ann do Bhaile Átha Cliath Theas agus d'Éirinn mar thoradh ar na bearta chun astaíochtaí GCT a laghdú agus feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí fuinnimh, lena n-áirítear agus tuilleadh:

- Neamhspleáchas fuinnimh agus slándáil fuinnimh feabhsaithe (agus coinneáil mhaoine) trí éifeachtúlachtaí fuinnimh feabhsaithe agus forbairt na bhfuinneamh in-athnuaite mórscála in Éirinn.
- Dlúthpháirtíocht le páirtithe Eorpacha maidir leis an gclár gnó Aeráide agus ceannaireacht Náisiúnta a léiriú sa réimse.
- Feabhas ar éifeachtúlachtaí fuinnimh na bhfoirgneamh cónaithe agus conas a théimid ár dtithe, a bhfuil tithe ar chaighdeán níos fearr, níos sláintiúla agus níos compordaí, mar aon le húsáid éifeachtúil acmhainní mar thoradh air.
- Beidh ról ag feabhas ar stoc na bhfoirgneamh cónaithe náisiúnta agus réitigh a dhéanamh níos inrochtana sa Just Transition for all.
- Feabhas ar éifeachtúlachtaí fuinnimh na bhfoirgneamh cónaithe agus tráchtála, a bhfuil forbairt post agus traenála san earnáil tógála mar thoradh air.
- Cothóidh an feabhas ar éifeachtúlachtaí fuinnimh na bhfoirgneamh agus fuinneamh in-athnuaite nuálaíocht sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bainistíocht Fuinnimh Eagraíochta agus Nuálaíocht** | | | | | | | |
| **F1** | Córas bainistíochta foirgneamh/ fuinnimh eagraíochtúil a neadú in CCÁCT, ag cinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin, dualgais agus riachtanais thuairiscithe ábhartha, d'fhonn ISO50,001 a bhaint amach. | Líon Chruinnithe an Choiste Fuinnimh a reáchtáladh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029 | Maolú | Freagracht Iomlán | Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) | Ranna Uilig CCÁCT; Codema. |
| **F2** | Mar chuid de Bhainistíocht Fuinnimh CCÁCT, oibriú leis na hÚsáideoirí Suntasacha Fuinnimh agus gach Rannóg, chun CCÁCT a dhéanamh chomh héifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus is féidir. | Ídiú fuinnimh do gach Úsáideoir Suntasach Fuinnimh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029 | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC | Ranna Uilig CCÁCT; Bainistíocht na nIonad Fóillíochta; Codema |
| **F3** | Críochnaigh an Clár Uasghrádú ar Shoilsiú Poiblí SOX, chun soilse LED tíosach ar fhuinneamh a chur in ionad gach SOX (lampaí sóidiam ísealbhrú). (Féach Nóta A thíos) | Líon na soilse SOX a uasghrádaíodh; % na soilse LED sa stoc iomlán | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029 | Maolú | Freagracht Iomlán | Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar (LUPT) - Soilsiú Poiblí | |
| **F4** | Clár Soilsiú Poiblí a Uasghrádú go SON a dhéanamh, chun LEDanna atá tíosach ar fhuinneamh a chur in áit gach SON (lampaí gás díluchtaithe ard). (Féach Nóta B thíos) | Líon na soilse SON a uasghrádaíodh; % na soilse LED atá sa stoc iomlán | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029 | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT - Soilsiú Poiblí | |
| **F5** | Modh, próiseas, nó uirlis a fhorbairt, a d'fhéadfadh CCÁCT a úsáid chun Anailís Shaolré iomlán (LCA) foirgneamh agus bonneagair a mheas le tuiscint a shaothrú ar an tionchar iomlán le linn a saolré. | Feidhmiú céimneach na huirlise; Líon na dtionscadal atá ag úsáid na huirlise | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2025. | Maolú | Freagracht Iomlán | Seirbhísí Ailtireachta | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F6** | Uirlis a fhorbairt, nó a fháil, lena húsáid i gcomhair mheasúnuithe ardleibhéil ar charbón corpraithe i dtionscadail CCÁCT ag céim an deartha agus chun togra beartais a dhearadh go dtógfar gach foirgneamh nua atá maoinithe ag an gComhairle de réir caighdeáin atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de | Feidhmiú céimneach na huirlise; Líon na dtionscadal atá ag úsáid na huirlise | Tosach Beartaithe: 2025. Tréimhse: go dtí 2025. | Maolú | Freagracht Iomlán | Seirbhísí Ailtireachta | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F7** | Dícharbónaigh, nuair is féidir, gléasra agus uirlisí láimhe. | % nó líon gléasra a dícharbónaíodh; Tonaí astaíochtaí $CO_2$ a laghdaíodh. | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide, Seirbhísí Meicniúla |
| **Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú i bhFoirgnimh CCÁCT.** | | | | | | | |
| **F8** | Conarthaí Dhul Chun Cinn Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar d'fhoirgnimh CCÁCT le húsáid shuntasach fuinnimh, lena n-áirítear na hIonaid Fhóillíochta, Halla agus Leabharlann an Chontae agus Oifigí na Cathrach, Cluain Dolcáin. | EPC a bronnadh; Tomhas agus fíorú coigiltis | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide, Fuinneamh | CODEMA, Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail (HSCD); Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe (CPCM); Bainistíocht na nIonad Fóillíochta |
| **F9** | Oibreacha dul chun cinn éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear iarfheistithe, i bhfoirgnimh de chuid na Comhairle a bhfuil an Chomhairle ina mbun, mar shampla Leabharlanna agus Ionaid Phobail, nach mbaineann le conradh EPC féideartha | Líon na dtionscadal iarfheistithe / feabhsaithe | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Seirbhísí Ailtireachta | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **F10** | Iarfheistiú stoc tithíochta na Comhairle, ag tabhairt tosaíochta d'uasgráduithe éifeachtúlachta fuinnimh i gceantair arna sainaithint mar cheantair atá bocht ó thaobh fuinneamh de sa Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath. (Féach Nóta C thíos) | % stoc iomlán tithíochta a uasghrádaíodh; Líon na n-aonad tithíochta a uasghrádaíodh chuig RFF B2 ar a laghad; Líon na dteaschaidéal a suiteáladh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | HSCD | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) |
| **F11** | Bosca uirlisí fheasacht an tionónta a fhorbairt chun feasacht aeráide / fuinnimh a chur ar fáil agus traenáil chun na córais fuinnimh nua a suiteáladh a oibriú. | Sraith straitéisí a forbraíodh; Líon na dtionóntaí dár tugadh leideanna maidir le coigilt fuinnimh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | HSCD | |
| **F12** | Iarfheistiú íogair na struchtúr stairiúil /cosanta thar Bhaile Átha Cliath Theas a fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus seasmhacht aeráide foirgnimh. (Féach Nóta D thíos) | Líon na láithreacha a iarfheistíodh mar chuid d'aon uasghráduithe ar Dhéanmhais Chosanta faoi úinéireacht na Comhairle | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT; Seirbhísí Ailtireachta | |
| **F13** | Aithin agus cuir deiseanna chun cinn chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú i Staid Thamhlachta agus ar thailte spóirt CCÁCT le tuilsoilse taobh amuigh. (Féach Nóta E thíos) | Laghdú ar thomhaltas fuinnimh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Fiontar Eacnamaíochta agus Forbairt Turasóireachta (EETD); EWCC - An Réimse Poiblí | |
| **F14** | Gníomh: Deiseanna chun leas a bhaint as foinsí maoinithe a uasmhéadú, chun tacú le raon tionscadal um ghníomhú ar son na haeráide ar fud an Chontae, lena n-áirítear sruthanna maoinithe an Aontais Eorpaigh (AE) | Méid an mhaoinithe a fuarthas | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Maolú / Oiriúnú: Maolú / Oiriúnú | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Foinsí Fuinnimh Malartacha; Cur le hacmhainneacht giniúna fuinnimh in-athnuaite CCÁCT** | | | | | | | |
| **F15** | Suiteáil Grianfhuinneamh Fótavoltach ar fhoirgnimh oiriúnacha faoi úinéireacht CCÁCT, ag díriú ar Ionaid Phobail agus ar Leabharlanna, agus scrúdaigh an acmhainneacht atá ann lena shuiteáil ar shócmhainní eile. (Féach Nóta F thíos). | Líon na bhfoirgneamh ar bhfuil grianfhuinneamh fótavoltach suiteáilte; kWh leictreachais a gineadh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2028. | Maolú | Freagracht Iomlán | HSCD, EETD | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Codema |
| **F16** | Fiosraigh deiseanna chun grianphainéil a shuiteáil i stórais (díonta / carrfoirt ghréine srl), d'fhonn fuinneamh in-athnuaite a sholáthar chun an méadú ar thomhaltas atá tuartha mar gheall ar an dícharbónú ar an bhflít atá beartaithe agus an luchtú EV abhaineann leis sin a chúiteamh. (Féach Nóta G thíos) | Líon na bhfoirgneamh ar bhfuil Grianfhuinneamh Fótavoltach suiteáilte; kWh leictreachais a gineadh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC | Seirbhísí Ailtireachta |
| **F17** | Cothaigh oibríocht agus monatóireacht Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta, agus cuir tuilleadh forbartha Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta chun cinn. (Féach Nóta H thíos) | Tonaí $CO_2$ sábháilte; Fuinneamh teirmeach easpórtáilte ón Scéim Teasa Ceantair | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC | Codema |

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **F18** | Moltaí a fhorbairt le haghaidh tuilleadh scéimeanna teasa ceantair, lena n-áirítear Cluain Buiríosa agus Caisleán na Gráinsí. (Féach Nóta I thíos) | Moltaí forbartha; Plean forfheidhme forbartha | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | | Seirbhísí Ailtireachta | |
| **F19** | Cuir Tionscadal PV Gréine Láithreán Líonadh Talún Bhaile Artúir i gcrích chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint le húsáid ar an láthair. (Féach Nóta J thíos) | Soláthar an Tionscadail; Laghdú ar astaíochtaí carbóin % den fhuinneamh iomlán a ídíodh ó fhuinneamh in-athnuaite | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2024 / 2025. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Bainistiú Dramhaíola | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Codema |
| **F20** | Imscrúdú a dhéanamh ar an indéantacht planda PV Gréine ar scála tráchtála a fhorbairt ar Láithreán Líonadh Talún Bhaile Artúir agus déan iarracht aon mholtaí indéanta a chur chun cinn. (Féach Nóta K thíos) | Soláthar an Staidéir; Moltaí a cuireadh chun cinn | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2024/2025. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Bainistiú Dramhaíola | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Codema |
| **F21** | Suíomhanna nó deiseanna a shainaithint chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a thriail, lena n-áirítear stóráil gréine, stóráil gaoithe, hidreastóráil agus stóráil phumpáilte ach gan a bheith teoranta dóibh. (Féach Nóta L thíos.) | An chéad staidéar indéantachta curtha ar fáil agus iarstaidéar curtha ar fáil gach dhá bhliain ina dhiaidh sin | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2024 / 2025. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Réitigh aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | | | | | |
| **RIALTAS1** | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. | Líon na gcruinnithe faisnéise/na n-imeachtaí a bhaineann leis an aeráid a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |
| **RIALTAS2** | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar aeráide agus comhshaoil laghdaithe a fháil, le tús áite tugtha d'earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar neodrach aeráide agus comhshaoil acu. Cuir oiliúint SGP ábhartha ar fáil don fhoireann | % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG; % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG mar chritéar scóráilte; Líon na mball foirne a chuir an oiliúint i gcrích. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Feidhmiú céimneach oiliúna faoi Ráithe 4 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM - Soláthar | Ranna Uilig CCÁCT |
| **RIALTAS3** | Cinntigh go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhaíochtaí agus beartais aeráide a chur san áireamh ann, ag díriú ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) atá nádúrbhunaithe, Bonneagar Glas (GI) a fheabhsú agus a choimeád, an bhithéagsúlacht, iompar inbhuanaithe agus aistriú córa iompair, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus na comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na haeráide; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | LUPT; EWCC |

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **RIALTAS4** | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RIALTAS5** | Modh, próiseas nó uirlis a fhorbairt le gur féidir an carbón corpraithe laistigh d'fhoirgnimh nua atá beartaithe a chur san áireamh, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt ar fud an Chontae | Modh, Próiseas nó Uirlis an Fheidhmithe Chéimnigh; Líon na dtionscadal a úsáideann Modh, Próiseas nó Uirlis | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Seirbhísí Ailtireachta | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Codema |
| **RIALTAS6** | Uirlis a fhorbairt, nó a fháil, lena húsáid chun astaíochtaí Raon Feidhme 3 a ríomh i ngníomhaíochtaí uile CCÁCT. | Feidhmiú Céimneach na hUirlise; Líon na dtionscadal a úsáideann an Uirlis | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Codema | Ranna Uilig CCÁCT |

## CEISTEANNA COMHSHAOIL COMHTHÁITE

**Gníomhartha F3 F4 F13 - Nóta A:** A chinntiú go bhfuil leibhéil lúmain agus réimse speictreach ag na gnéithe soilse méadaithe a thagann leis na cinn atá ann anois nó le cinn laghdaithe/rialaithe chun tionchar ar an mbithéagsúlacht a sheachaint.

**Gníomh F10 - Nóta C:** Meas cuí a léiriú ar íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus an bhithéagsúlacht, agus an gá le déanmhais chosanta a chosaint agus a chaomhnú i gceart.

**Gníomh F12 - Nóta D:** Meas cuí a léiriú ar an ngá le déanmhais chosanta a chosaint agus a chaomhnú i gceart i gcomhréir le rialacháin ábhartha um dhéanmhais chosanta, agus an gá gan dul i bhfeidhm go diúltach ar aon speiceas cosanta.

**Gníomh F15 F16 - Nóta F:** Nuair a dhearbhaítear trí mheasúnú drithle agus dallta nach mbeidh aon tionchar drithle agus dallta ag forbairt ghréine mar sin ar aon ghabhdóirí leochaileacha, ná eile, nuair a dhearbhaítear gurb ionann forbairt ghréine dá leithéid agus forbairt atá dhíolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála agus Forbartha de bharr a méid nó i gcás go bhfuil sí lonnaithe lasmuigh de Chrios Cosanta Gréine.

**Gníomh F17 F18 - Nóta H:** Meas cuí a léiriú ar an ngá le gnéithe leochaileacha na timpeallachta glactha, mar shampla dobharlaigh, an bhithéagsúlacht, flóra agus fána, suíomhanna Eorpacha agus an daonra áitiúil, a chosaint ó thionchar diúltach féideartha na forbartha, lena n-áirítear an fhorbairt líneach a bhaineann leis an tionscadal.

**Gníomh F19 - Nóta J:** Nuair a dhearbhaítear trí mheasúnú drithle agus dallta nach mbeidh aon tionchar drithle agus dallta ag forbairt ghréine mar sin ar aon ghabhdóirí leochaileacha, ná eile, nuair a dhearbhaítear gurb ionann forbairt ghréine dá leithéid agus forbairt atá dhíolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála agus Forbartha de bharr a méid nó i gcás go bhfuil sí lonnaithe lasmuigh de Chrios Cosanta Gréine; agus meas cuí a léiriú ar an ngá le gnéithe leochaileacha na timpeallachta glactha a chosaint mar shampla ithreacha, dobharlaigh, an bhithéagsúlacht agus an daonra áitiúil, ó thionchar diúltach féideartha na n-oibreacha agus na forbartha a bhaineann leis an tionscadal.

**Gníomh F20 E21 - Nóta K:** Meas cuí a léiriú ar na critéir pleanála agus chosaint an chomhshaoil.

# IOMPAR




Oibreacha feabhsúcháin ar Iompar Poiblí agus ar Thaisteal Gníomhach i Sráidbhaile Theach Mealóg.

Tá ról ríthábhachtach le comhlíonadh ag an iompar inár gcur chuige i leith an athraithe aeráide, toisc go gcuireann sé le méid suntasach astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT). I mBaile Átha Cliath Theas, is í an earnáil iompair is cúis leis an méid is mó astaíochtaí GCT, tá sí freagrach as tuairim is 42.5% dár n-astaíochtaí iomlána. Tá tionchar mór ag an gcaoi a roghnaímid taisteal chuig an obair, chuig an oideachas, le dul ag siopadóireacht nó le linn ár gcuid ama shaoir, ar astaíochtaí GCT na hÉireann agus Bhaile Átha Cliath Theas, agus dá bharr sin tá go leor deiseanna ann athrú dearfach a dhéanamh.

Ag leibhéal náisiúnta, leagann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP23) [10] sprioc uaillmhianach síos don earnáil iompair a cuid astaíochtaí a laghdú 50% faoin mbliain 2030. Tugtar achoimre in CAP23 ar na céimeanna a cheadóidh athrú radacach cothrom ar conas a thaistealaímid thar na chéad seacht mbliana eile chun bogadh i dtreo an laghdaithe 50% ar astaíochtaí carbóin faoi 2030, agus earnáil iompair atá dícharbónaithe go hiomlán faoi 2050.

Is sprioc dhúshlánach í seo - ní féidir a shéanadh go mbíonn Éire ag brath ar charranna príobháideacha, i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe araon agus le haghaidh cuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha araon. Tugtar le fios i nDaonáireamh 2022 [28] gur tháinig méadú 4% ar líon na ndaoine a thiomáin chuig an obair ó 1.2 milliún idir 2016 agus 2022 agus gurbh é an carr an modh iompair is coitianta fós do pháistí scoile ag dul ar scoil, le 55% na bpáistí bunscoile agus 42% na bpáistí meánscoile á dtiomáint ar scoil nó ag tiomáint iad féin ar scoil.

Tá áisiúlacht na gcarranna agus tionchar dearfach na soghluaisteachta á maolú ag síorfhadhbanna plódú tráchta, sábháilteacht ar bhóithre, scaradh bailte, sráidbhailte agus pobal agus gurb iad carranna is cúis le go leor den truailliú aeir agus truailliú ó thorann araon inár mbailte, inár sráidbhailte agus inár gcathracha.

Tá sprioc ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) laghdú 50% a dhéanamh ar astaíochtaí GCT na Comhairle faoi 2030 agus tá príomhaidhmeanna leagtha amach againn chun aghaidh a thabhairt ar an sprioc seo céim ar chéim. Tá sé i gceist ag aidhmeanna CCÁCT ár gcuid oibre a dhíriú ar phríomhréimsí an iompair phoiblí, an taistil ghníomhaigh agus an aistrithe modha, flít CCÁCT agus luchtú na bhfeithiclí leictreacha, le céimeanna ar leith ag díriú ar gach ceann de na réimsí seo. Cuirtear oiriúnú ár líonra iompair go tionchar athrú aeráide san áireamh leis na céimeanna atá leagtha amach faoin sprioc 'Tógáil Bóithre, Cothabháil agus Bonneagar'.




*Foinse an Ghrianghraif: Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas*

### COMHAD FÍRICÍ UM FHEITHICLÍ 2023

- Táirgeann gnáthghluaisteán peitril thart ar 157g d'astaíochtaí $CO_2$ gach km.
- Táirgeann gnáthghluaisteán díosail thart ar 149g d'astaíochtaí $CO_2$ gach km.
- Táirgeann gnáthfheithicil leictreach (EV) thart ar 50g d'astaíochtaí $CO_2$ gach km (bunaithe ar sholáthar reatha an eangaigh leictreachais in Éirinn).
- Táirgeann gnáthfheithicil leictreach (EV) thart ar 18g d'astaíochtaí $CO_2$ gach km (bunaithe ar sholáthar tuartha an eangaigh leictreachais in Éirinn sa bhliain 2030).

**Treoir ghinearálta** - dá mhó an gluaisteán, is ea is mó na hastaíochtaí! Úsáideann SUVanna 20% níos mó breosla de ghnáth ná gluaisteáin thraidisiúnta atá chomh mór céanna leo - is fíor seo don inneall dócháin inmheánaigh (ICE) agus do SUVanna leictreacha araon.

Ag breathnú ar shaolré iomlán EVanna, tá forbairt thapa ag teacht ar theicneolaíocht chadhnraí agus tá laghdú ag teacht ar na hacmhainní agus ar an bhfuinneamh a theastaíonn chun iad a tháirgeadh. Thar shaolré iomlán na feithicle, gineann EVanna i bhfad níos lú astaíochtaí $CO_2$ ná feithiclí ICE.

*(Is ó Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath na figiúirí dá ndéantar tagairt)* [23]

## PRÍOMHRÉIMSÍ GNÍOMHAITHE CCÁCT CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR ASTAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE HIOMPAR




*Fíor 5.2: Príomhréimsí Gníomhaithe CCÁCT chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí a bhaineann le hiompar.*

## OIBRÍOCHTAÍ CCÁCT

Tá tuairim is 250 feithicil i bhflít Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, ar feithiclí le hinneall dócháin inmheánaigh (ICE) iad den chuid is mó, agus arbh iad ba chúis le 11% d'astaíochtaí iomlána na Comhairle in 2021. Tugtar deis anseo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith riachtanas flít reatha CCÁCT agus chun ár n-astaíochtaí GCT a laghdú.

Mar chuid dár n-obair ghníomhaithe ar son na haeráide leanúnaí, d'fhorbair CCÁCT Straitéis Athraithe Flít, a bhfuil spriocanna cúig-bliana agus deich-mbliana mar chuid di chun an flít a dhícharbónú agus a chinntiú go mbaintear spriocanna astaíochtaí 2030 amach, tríd an gcur chuige Seachain-Athlonnaigh-Feabhsaigh, mar a léirítear i bhFíor 5.3.




*Fíor 5.3: Cur chuige Seachain-Athraigh-Feabhsaigh i leith bhainistiú ár bhflít*




### ROTHAIR LEICTREACHA

Thug CCÁCT rothair leictreacha isteach do na maor páirce i bPáirc Thigh Motháin agus i bPáirc Chorcaí, chun athrú chuig taisteal gníomhach ó mhodhanna traidisiúnta iompair. Laghdaíonn na rothair leictreacha astaíochtaí GCT agus cuirtear rochtain agus radharc níos fearr ar an bpáirc ar fáil do na maoir. Ceadófar cumarsáid níos éasca le hÚsáideoirí na Páirce dá bharr sin, gan cur isteach orthu mar a d'fhéadfadh feithiclí níos mó a dhéanamh.

## TAISTEAL GNÍOMHACH I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Is éard is brí leis an Taisteal Gníomhach ná turas a dhéanamh trí Shiúl, Rothaíocht nó modhanna inbhuanaithe cosúil leo (amhail clár scátála, scátaí rollála, scútar gan inneall).

Tá CCÁCT ag obair ar dhul chun cinn a dhéanamh i ndeiseanna chun cuma níos tarraingtí a chur ar an rothaíocht agus ar an siúl agus díriú ar chúiseanna coitianta nach roghnaíonn daoine rothaíocht; d'fhonn go mbeadh Baile Átha Cliath Theas ar cheann de na contaetha is fearr ó thaobh na rothaíochta de in Éirinn.

Tá sé ríthábhachtach líonra rothaíochta áisiúil, dea-dheartha, sábháilte le páirceáil do rothair a chur ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta, ar gach leibhéal cumais, a thugann rogha inchreidte do dhaoine in ionad an carr a úsáid. Coinneofar le feabhsúcháin do choisithe a chur i bhfeidhm. Spreagfaidh na céimeanna seo, i gcomhar le bearta eile a bhaineann leis an iompar, aistriú modha thar ár bpobail. Chomh maith leis sin, tá ról le himirt ag tograí, feachtais feasachta agus oideachais, mar shampla traenáil rothaíochta bunscoile, Cycling Without Age etc.

Is clár uaillmhianach é Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas (CySD) [32] a chuimsíonn obair leanúnach, arna thacú ag an NTA agus an Rialtas Láir, agus a léiríonn go bhfuil níos mó tábhachta ag baint leis an rothaíocht a dhéanamh ina cuid réalaíoch lárnach den chaoi a mbogann daoine thart ar an gContae. Moltar sraith 45 bealach ann a sholáthródh tuairim is 260km rotharbhealaigh nua feabhsaithe ó seo go ceann deich mbliana.

**Léiríodh i nDaonáireamh 2022 go bhfuil roinnt treochtaí dearfacha ann maidir leis an taisteal gníomhach go náisiúnta, le 88% níos mó páistí bunscoile ag comaitéireacht ar rothar in 2022 le hais 2016, agus mhéadaigh líon na ndaltaí idir 13 agus 18 mbliana d'aois a bhí ag rothaíocht ar scoil 79%.**

CÁS-STAIDÉAR

## Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas (CySD) - Dul Chun Cinn

Cuireadh tús leis an gclár Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas sa bhliain 2021. Ó shin i leith, rinneadh dul chun cinn suntasach thar bhreis is 30 tionscadal le hinfheistíocht de thart ar €26.4M idir 2021 agus 2022. Cuireadh roinnt mhaith príomhthionscadal i gcrích go nuige seo:

- Glasbhealach na Dothra (Droichid Ghlasbhealach na Dothra agus naisc Ghlasbhealaigh)
- Sráidbhaile Thamhlachta go Gleann na Dothra
- Bóthar na nGlaschnoc go Gleann na Dothra
- Raon rothaíochta agus siúil Acomhal Ráth Miontáin N81
- Bóthar na Gráinsí
- Bóthar Ceangail Thuaidh Belgard
- Bóthar Ceangail Chill Droichid
- Scéim Scartha Soilsithe Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn
- Bóthar Abhainn Bheag
- Bóthar na Mainistreach

Aithnítear agus leagtar amach na tosaíochtaí rothaíochtaí i mBaile Átha Cliath theas faoi na catagóir seo a leanas sa chlár CySD:

- NA CINN ATÁ ANN ANOIS (cur le sábháilteacht rothaíochta agus uasghrádaithe cothabhála ar shráideanna agus lánaí rothaíochta atá ann anois)
- ANOIS (tionscadail a chuirfear chun cinn laistigh den chéad
dá bhliain eile),
- GO LUATH (tionscadail a chuirfear chun cinn laistigh den chéad chúig bliana eile),
- NÍOS DEIREANAÍ (tionscadail a chuirfear chun cinn laistigh den chéad ocht mbliana eile), agus
- Soláthróidh Bus Connects réimse d'fheabhsúchán rothaíochta a chuirfidh an NTA i bhfeidhm.

Is féidir sonraí na dtionscadal a leagtar amach i ngach catagóir, agus nuashonruithe maidir le dul chun cinn tionscadal, a fháil ar Suíomh Gréasáin CCÁCT um Thaisteal Gníomhach, ag an nasc seo a leanas: **https://www.ccáct.ie/en/active-travel/**

Tá léarscáileanna idirghníomhacha CFG a léiríonn gach bealach do thaisteal gníomhach ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin.







## IOMPAR POIBLÍ

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042, a d'fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), *córas iompair inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtach a chur ar fáil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chomhlíonann riachtanais athrú aeráide an réigiúin, a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpobal uirbeach agus tuaithe, agus a thacaíonn leis an eacnamaíocht réigiúnach.* [29]

Coinneoidh CCÁCT ag obair leis na comhlachtaí iompair ábhartha (lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Bonneagar Iompair Éireann (TII), Bus Átha Cliath, Luas, Iarnród Éireann, Bus Éireann, agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)) chun feabhsúcháin mhóra a éascú agus tacú lena gcur ar fáil don chóras iompar poiblí, chomh maith le céimeanna chun aistriú modha a bhaint amach. Áirítear i measc na bpríomhthionscadal, Bus Connects, DART+, toilleadh Luas, moil iompair, agus stáisiúin iarnróid nua agus feabhsaithe.

**Ó fhormheas an Rialtais an tsean-straitéis iompair in 2016, d'oibrigh an NTA, in éineacht leis na Comhairlí, gníomhaireachtaí soláthair iompair eile agus oibritheoirí iompair go dian chun tionscadail agus moltaí na straitéise sin a thógáil agus a fhorbairt. I measc na bhforbairtí is mó a rinneadh le ceithre bliana anuas, áirítear na staitisticí seo a leanas:**

- Tháinig méadú ar líon na ndaoine ag taisteal go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath trí mhodhanna inbhuanaithe le linn buaicthréimhse na maidine ó 66% in 2015 go 72% in 2019.
- Thit líon na ngluaisteán ag teacht isteach go lár na cathrach idir 7am agus 10am ó 65,000 in 2015 go 58,000 in 2019, agus tháinig méadú ar líon na ndaoine ag déanamh an turais sin ó níos lú ná 200,000 go 217,000 le linn na tréimhse céanna.
- Tháinig méadú ar líon iomlán na bpaisinéirí a d'úsáid seirbhísí Iarnród Éireann i réigiún Bhaile Átha Cliath ó 28 milliún in 2015 go breis is 35 milliún in 2019, agus mhéadaigh líon na bpaisinéirí a d'úsáid a sheirbhísí le linn na buaicthréimhse chomh maith.
- Tháinig méadú ar líon iomlán na bpaisinéirí a d'úsáid seirbhísí bus Uirbeacha i mBaile Átha Cliath ó 120 milliún in 2015 go 153 milliún in 2019.
- Tháinig méadú ar líon iomlán na bpaisinéirí a d'úsáid an Luas ó 35 milliún in 2015 go 48 milliún in 2019.
- Léiríodh sa Suirbhé ar Shástacht Custaiméirí 2019 a rinneadh thar ceann an NTA go raibh 87% d'úsáideoirí an iompair phoiblí sásta leis na seirbhísí iompar poiblí.

*Foinse: An tÚdarás Náisiúnta Iompair (2022). "Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042". www.nationaltransport.ie*

## FEITHICLÍ LEICTREACHA (EVanna)

Sa chás nach féidir aistriú chuig iompar poiblí nó chuig modhanna an taistil ghníomhaigh inbhuanaithe, is féidir le Feithiclí Leictreacha (EVanna) cabhrú le hastaíochtaí carbóin a bhaineann le feithiclí inneall dócháin inmheánaigh (ICE) a laghdú. De réir mar a éiríonn EVanna ina gcarranna coitianta, tá níos mó agus níos mó éilimh ar bhealaí chun iad a luchtú sa bhaile chomh maith le líonra luchtaithe phoiblí réidh.

Chun an tuiscint seo a léiriú, bunaíodh Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann (ZEVI) in 2022 chun tacú le líonra luchtaithe náisiúnta EV a sholáthar mar chuid de Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022 – 2025 de chuid an Rialtais [30], agus chun tuilleadh cabhrach a thabhairt do shaoránaigh, don earnáil phoiblí agus do ghnólachtaí chun coinneáil orthu ag aistriú go feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Meastar sa sprioc Náisiúnta go mbeidh 30% dár bhflít carranna príobháideacha aistrithe go carranna leictreacha faoi 2030, i gcomhar le sprioc na hÉireann chun soláthar mórscála fuinnimh in-athnuaite a éascú chun earnáil fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú le laghdú 75% in astaíochtaí faoin dáta seo.

Tá tuairim is 25% d'fhlít carranna na hÉireann i réigiún Bhaile Átha Cliath agus mar sin tá ról suntasach le himirt ag Baile Átha Cliath i ndícharbónú chóras iompair na tíre. D'fhorbair CCÁCT, i gcomhar leis na trí Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath, an Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath (2022-2030) [31] chun tacú leis an aistriú go feithiclí leictreacha. Leagtar amach ról na nÚdarás Áitiúil maidir le cur chuige comhordaithe a éascú i leith soláthar bhonneagair luchtaithe EV. Cuireadh tús leis an obair, i gcomhar le ZEVI, maidir leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus coinneofar leis an obair seo faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.



### FEITHICLÍ ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA ÉIREANN

Comhordaíonn Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) bearta chun tacú le glacadh na bhfeithiclí astaíochta nialasacha agus
le leathadh amach an bhonneagair phointe luchtaithe chun borradh a chur faoin dul chun cinn i dtreo spriocanna uaillmhianacha na hÉireann maidir le feithiclí leictreacha a bhfuiltear tiomanta dóibh i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021.

Tá guth oibiachtúil aige maidir le feithiclí astaíochta nialasacha, ag cur comhairle ar earnálacha poiblí agus príobháideacha araon agus ag tabhairt faoi rannpháirteachas páirtithe leasmhara suntasach. Oibríonn an Oifig thar an rialtas, an tionscal agus an tsochaí chun tacú le haistriú go feithiclí astaíochta nialasacha.

I measc oibríochtaí na hOifige, áirítear:

- Tacú le glacadh na bhfeithiclí astaíochta nialasacha.
- bonneagar a sholáthar trí mhaoiniú agus treoir bheartais.
- Mar cheannasaí straitéise agus beartais, lena n-áirítear cánachas agus rialachán.
- Taighde agus nuálaíocht.
- Cumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara.

## BUNTÁISTÍ BREISE A BHAINEANN LE LAGHDÚ AR ASTAÍOCHTAÍ IOMPAIR

D'fhéadfaí buntáistí eile a bheith ann do Bhaile Átha Cliath Theas mar thoradh ar na céimeanna chun astaíochtaí GCT a thagann ón iompar a laghdú, lena n-áirítear agus tuilleadh:

- **Buntáistí aistriú córa iompair:** Bíonn aer níos glaine mar thoradh ar truailliú aeir a laghdú agus mar thoradh ar thruailliú ó thorann na bhfeithiclí a laghdú inár gceantair uirbeacha. Cuirtear feabhas ar chaighdeán an aeir nuair a shiúltar agus rothaítear go Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath agus sábháiltear 630,000 Kg NOx agus 25,000kg cáithnínigh (PM10 agus PM2.5).
- **Buntáistí Comhshaoil na Rothaíochta** Is féidir leis an rothaíocht cabhrú le plódú tráchta. Déantar 48,000 turas fillte rothaíochta gach lá i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath (ceantar le daonra measta 1,408,000) agus d'fhéadfadh carr a bheith úsáidte ag na daoine seo. Dá mbeadh na carranna seo uilig i dtranglam tráchta bheadh 229km de scuaine tráchta ann.
- **Buntáistí an Taistil Ghníomhaigh:** Sainaithníodh i staidéar sláinte fadtéarmaí maidir le buntáistí sláinte a rinneadh i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath go gcoisceann an siúl 2,731 breoiteacht dháiríre fhadtéarmach gach bliain, agus gur choisc buntáistí fisiciúla an tsiúil 547 gach bliain.
- **Buntáistí Sláinte na Rothaíochta:** Coisctear 476 breoiteacht dháiríre fhadtéarmach i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath gach bliain trí rothaíocht a dhéanamh. Coisctear 42 bás luath gach bliain i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath de bharr bhuntáistí sláinte na rothaíochta.
- **Buntáistí Eacnamaíocha do Choisithe:** I Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath, is ionann an glansochar eacnamaíoch bliantúil do dhaoine aonair agus don tsochaí ó thurais siúil agus rothaíochta agus €796 Milliún. As an iomlán seo, is iad daoine a bhfuil carr acu a bheartaíonn siúl mar mhodh iompair is cúis le €169.8 milliún in aghaidh na bliana.
- **Buntáistí Eacnamaíocha na Rothaíochta:** I Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath, is ionann an glansochar eacnamaíoch bliantúil do dhaoine aonair agus don tsochaí ó na turais rothaíochta uilig agus €311.4 Milliún. As an iomlán seo, is iad daoine a bhfuil carr acu a roghnaíonn an rothaíocht mar mhodh iompair is cúis le €162.1 milliún in aghaidh na bliana.

*(Tagairt: An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA). 'Dublin Metropolitan Area Walking and Cycling Index 2021'.)* [33]



Muintir na háite ag baint sult as Glasbhealach na Dothra

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iompar Poiblí i mBaile Átha Cliath Theas** | | | | | | | |
| I1 | Éascaigh gníomhaireachtaí náisiúnta, tacaigh leo agus déan iad a threorú maidir le feabhsúcháin mhóra a chur i gcrích ar an líonra iompair poiblí, go háirithe Bus Connects, DART+, toilleadh Luas agus stáisiúin iarnróid nua fheabhsaithe. (Féach Nóta A thíos) | Líon scéimeanna ar glacadh páirt iontu | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Comhoibriú & éascú | Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar (LUPT) | Bonneagar Iompair Éireann (TII); Iarnród Éireann; an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) |
| I2 | Comhoibrigh le NTI agus TII chun eolas maidir le hathruithe sa chion módach a ghiniúint le béim ar an aistriú córa iompair chuig iompar poiblí agus taisteal gníomhach, agus cuir an t-eolas seo in iúl don phobal go héifeachtúil. | Céatadán an chion mhódaigh d'Iompar Poiblí: Taisteal Gníomhach: Turais mhótariompair a gineadh inár gContae | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Comhoibriú & éascú | LUPT | TII; NTA |
| I3 | Soláthar na n-áiseanna Páirceála agus Taistil a éascú i láithreacha oiriúnacha ag nóid iompair agus feadh conairí iompair straitéiseacha de réir Straitéis NTA, agus forfheidhmiú pointí luchtaithe EV agus páirceála rothair a spreagadh. (Féach Nóta B thíos) | Líon scéimeanna ar glacadh páirt iontu | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Comhoibriú & éascú | LUPT | LUPT - Pleanáil |
| **Taisteal Gníomhach a Chur Chun Cinn i mBaile Átha Cliath Theas** | | | | | | | |
| I4 | Líonra sábháilte um thaisteal gníomhach a chur ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta, agus ar gach leibhéal cumais, trí chur i bhfeidhm an chláir Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear bealaí ar bhóthar, easbhóthair agus glasbhealaí. (Féach Nóta C thíos) | Líon na méadar líneach a cuireadh leis | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | NTA |
| I5 | An taisteal gníomhach a chur chun cinn i gcónaí, do réimse leathan aoiseanna, cumas agus cineálacha turais, ag úsáid suíomh gréasáin CCÁCT um thaisteal gníomhach, na meán sóisialta agus ócáidí amhail ríomh-Ardán promóisin don taisteal gníomhach. | Líon na n-uasghráduithe rialta a dhéantar ar ár suíomh gréasáin um thaisteal gníomhach trí mheáin shóisialta CCÁCT. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| I6 | Coinnigh ardchaighdeán bealaí don taisteal gníomhach trína áirithiú go nglantar go rialta iad agus go ndéantar cothabháil orthu go bliantúil chun úsáid leanúnach na mbealach a spreagadh. (Féach Nóta D thíos) | Líon na méadar a glanadh;<br>Líon na méadar a ndearnadh cothabháil orthu | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| I7 | Ag obair leis na ceithre Údarás i mBaile Átha Cliath, sainaithin deiseanna d'fhorfheidhmiú comharscéimeanna poiblí rothar, agus modh iompair cumhachtaithe phearsanta, le hoibritheoirí tacaíochta príobháideacha i mBaile Átha Cliath Theas. | Líon na rothar poiblí a suiteáladh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Comhoibriú & éascú | LUPT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Oibritheoirí Rothar Poiblí. |
| I8 | Soláthair líonra páirceála sábháilte do rothair phoiblí agus do mhodhanna iompair cumhachtaithe pearsanta, chun freastal ar chineálacha éagsúla rothar ar fud an Chontae, lena n-áirítear ag scoileanna, i bpáirceanna, in áiteanna súgartha, i mbailte agus, i sráidbhailte. | Líon na láithreacha páirceála nua a suiteáladh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| I9 | Cuir forbairt feabhsúcháin do choisithe chun cinn go leanúnach, á n-ailíniú le haon Phleananna Feabhsúcháin do Choisithe a forbraítear do Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. (Féach Nóta E thíos) | Líon na bhfeabhsúchán a cuireadh i bhfeidhm | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC); An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH); An Roinn Iompair; NTA; TII |

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An tAistriú Córa Iompair a Leabú inár bPobail, agus an tSábháilteacht & Inrochtaineacht** | | | | | | | |
| **I10** | Sainaithin bóithre agus sráideanna a bheadh oiriúnach d'ath-leithroinnt spáis bóithre agus cuir scéimeanna oiriúnacha chun cinn. (Féach Nóta F thíos) | Líon na n-ath-leithroinnte spáis bóithre a sainaithníodh; Líon na n-ath-leithroinnte spáis bóithre a cuireadh i gcrích; | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT - Taisteal Gníomhach | DoT; NTA |
| **I11** | Chomh maith leis na comhairliúcháin reachtúla agus neamhreachtúla, nuair a sheolfar scéim nua um thaisteal gníomhach atá beartaithe, nuair is cuí agus de réir mar is gá, tionólfar cruinnithe poiblí agus dáilfear bileoga eolais sna ceantair ina gcuirfear gach cónaitheoir ar an eolas faoi shonraí agus faoi thairbhí na scéimeanna sin. | Líon na gcónaitheoirí / dteaghlach lena ndearnadh teagmháil. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT - Taisteal Gníomhach | DoT; NTA |
| **I12** | Cuir an Clár um Bhealaí Sábháilte chun na Scoile i bhfeidhm agus cuir an Tionscnamh Sráideanna Scoile i bhfeidhm agus lena áirithiú go ndéantar pleananna cumarsáide aonair a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do gach tionscadal um Bhealaí Sábháilte chun na Scoile. D'fhéadfadh cumarsáid le cónaitheoirí áitiúla agus le pobal na scoile a bheith san áireamh sna pleananna seo, i gcomhairle leis an Taisce agus de réir mar is cuí agus mar is gá, sula seachadfar iad, le linn an tseachadta agus tar éis an tseachadta. (Féach Nóta G thíos). | Líon na mBealaí Sábháilte chun na Scoile / na gcriosanna scoile; Líon na scoileanna atá rannpháirteach sa Tionscnamh Sráideanna Scoile | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Comhoibriú & éascú | LUPT - Taisteal Gníomhach | An Taisce; NTA |
| **I13** | Cuir an clár oiliúna bunscoile um rothaíocht i gcrích. | Líon na scoileanna atá rannpháirteach; Líon na bpáistí atá rannpháirteach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| **I14** | Cinntigh go ndéanann scéimeanna agus tionscnaimh an taistil ghníomhaigh an siúl agus an rothaíocht níos inrochtana do gach úsáideoir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, iad siúd a bhfuil míchumas orthu agus daoine aosta, chun deiseanna a chur chun cinn d'aistriú córa iompair níos inbhuanaithe a mhéadú. Mar shampla Cycling Without Age. | Líon na scéimeanna ar a ndearnadh measúnú riosca; Líon na dtionscnamh; Líon na n-áirithintí Cycling Without Age / Líon na bpaisinéirí ar tugadh anonn is anall iad / Líon km a taistealaíodh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán agus Comhoibriú & éascú | LUPT - Taisteal Gníomhach, Comhpháirtíocht Spóirt | |
| **I15** | Dul i dteagmháil le hoibritheoirí scéimeanna roinnte gluaisteán chun líon na bhfeithiclí roinnte atá ar fáil sa Chontae a mhéadú, le béim ar sholáthar feithiclí leictreacha. | Líon na láithreacha | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Comhoibriú & éascú | LUPT - Iompar, Pleanáil | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I16** | Trialacha a dhéanamh ar ghluaiseacht tráchta lena n-áirítear dúnadh sráideanna, córais aontreo, atreoruithe agus comharsanachtaí ísealtráchta chun an ghluaiseacht tráchta a laghdú i gceantair ar leith. (Féach Nóta H thíos) | Líon na dtrialacha a moladh; Líon na dtrialacha a cuireadh chun cinn | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán agus Tionchar | LUPT | LUPT - Pleanáil; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; gach páirtí leasmhar |

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Flít CCÁCT agus Soghluaisteacht Foirne chuig an obair, ón obair, agus le linn na hoibre** | | | | | | | |
| **I17** | Cuir Straitéis Aistrithe Flít na Comhairle i bhfeidhm chun éifeachtúlachtaí a shainaithint agus chun an gá le feithiclí CCÁCT a chuíchóiriú, agus chun feithiclí CCÁCT a dhícharbónú - arna threorú ag an gcur chuige Seachain-Athraigh-Feabhsaigh. | Líon na bhfeithiclí faoi thiomáint ag inneall dóchháin inmheánaigh (ICE) ar cuireadh feithiclí leictreacha ina n-ionad le taobh an laghdú ar $CO_2$e a bhaineann leis. | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC | |
| **I18** | Fiosraigh an acmhainneacht chun breoslaí malartacha a úsáid i bhfeithiclí níos mó, roimh bhliain 5 den Straitéis Aistrithe Flít, ag léiriú meas cuí ar thionchar saolré agus ar inbhuanaitheacht na roghanna malartacha breosla. | Tuairisc ar na roghanna | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2027. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC | |
| **I19** | Cuir clár oideachais leanúnach do thiománaí ar fáil don fhoireann chun iompraíochtaí tiomána éifeachtúla a chur chun cinn. | % na foirne ábhartha a bhfuil an oiliúint curtha i gcrích acu | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2028. | Maolú | Freagracht Iomlán | Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe (CPCM) - Traenáil | Seirbhísí Meicniúla EWCC |
| **I20** | Iarracht a dhéanamh na ciliméadair a thaistealaíonn feithiclí príobháideacha ICE laistigh d'uaireanta oibre a laghdú agus modhanna cosúil leis an rothaíocht, feithiclí leictreacha a spreagadh. | Líon na gciliméadar a laghdaíodh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM | |
| **I21** | Mol Soghluaisteachta CCÁCT a bhunú don fhoireann ag a bhfuil roghanna feithiclí dícharbónaithe chun úsáid feithiclí ICE a laghdú. | Mol soghluaisteachta bunaithe | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; EWCC Seirbhísí Meicniúla |
| **I22** | Measúnú a dhéanamh ar phátrúin chomaitéireachta foirne agus deiseanna chun taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a chur chun cinn chuig an, agus ón, obair. | Suirbhé foirne déanta agus clár deiseanna forbartha | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2024. | Maolú | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Smart Dublin; LUPT - Taisteal Gníomhach; Ranna agus Foireann Uilig CCÁCT |
| **Luchtú na bhFeithiclí Leictreacha (EVanna)** | | | | | | | |
| **I23** | An Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm, (á hailíniú leis an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025). (Féach Nóta I thíos) | Líon na bpointí luchtaithe poiblí a suiteáladh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath; Codema; Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI); DoT; LUPT; Seirbhísí Ailtireachta |
| **I24** | Do phointí luchtaithe EV atá faoi úinéireacht phríobháideach, cruthaigh Treoir maidir le Polasaí & Caighdeáin CCÁCT do shuiteáil na bpointí luchtaithe feithiclí leictreacha sa réimse poiblí. (Féach Nóta J thíos) | Treoir a cuireadh ar fáil; Líon na n-iarratas ar a ndearnadh measúnú | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Tógáil Bóithre, Cothabháil, & Bonneagar** | | | | | | | |
| **I25** | I dtionscadail tógála bóithre, íoslaghdaigh úsáid na n-óghábhar agus cuir úsáid na pábhála asfailt athshlánaithe (RAP), nó roghanna malartacha ísealcharbóin, chun cinn. (Féach Nóta K thíos) | Tonaí óghábhair ar cuireadh ábhair eile ina n-ionad; % ábhair ar cuireadh ábhair eile ina n-ionad | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| **I26** | Athbhreithnigh an Próiseas Cothabhála Bóithre agus na hábhair do thionchar féideartha an laghdaithe ar charbón. | Nuashonrú bliantúil | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **I27** | Uasmhéadaigh úsáid an fhuinnimh in-athnuaite do bhonneagar bóithre lena n-áirítear soilse, comharthaí agus troscán sráide.Cinntigh go n-úsáidtear an méid is mó fuinnimh in-athnuaite agus is féidir do bhonneagar bóithre lena n-áirítear soilse, comharthaí agus troscán sráide. | Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| **I28** | Cuir úsáid na gcóras malartach chun cinn do chóireáil na mbóithre le linn na haimsire fuaire. | Tonaí carbóin | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| **I29** | Tabhair isteach éifeachtúlachtaí/ solúbthacht próisis i gcóireáil na mbóithre le linn na haimsire fuaire chun líon na nglaoch amach a bhfuil gá leo a laghdú. | Laghdú ar líon na gciliméadar a taistealaíodh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2025. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| **I30** | Agus suirbhéireacht á déanamh ar an mbonneagar bóithre atá ann cheana, cuimhnigh ar leochaileacht aeráide a shainaithint, amhail tuilte agus iarmhairt teasoileáin uirbigh. | Líon na gceisteanna a sainaithníodh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | LUPT | |
| **Réitigh aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | | | | | |
| **RIALTAS1** | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. | Líon na gcruinnithe faisnéise / na n-ócáidí a bhaineann leis anaeráid a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |
| **RIALTAS2** | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar aeráide agus comhshaoil laghdaithe a fháil, le tús áite tugtha d'earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar neodrach aeráide agus comhshaoil acu. Cuir oiliúint SGP ábhartha ar fáil don fhoireann | % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG; % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG mar chritéar scóráilte; Líon na mball foirne a chuir an oiliúint i gcrích | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Feidhmiú céimneach oiliúna faoi Ráithe 4 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM - Soláthar | Ranna Uilig CCÁCT |
| **RIALTAS3** | Cinntigh go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhaíochtaí agus beartais aeráide a chur san áireamh ann, ag díriú ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, SuDS nádúrbhunaithe, Bonneagar Glas a fheabhsú agus a choimeád, iompar inbhuanaithe agus aistriú córa iompair, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus na comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na haeráide; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | LUPT; EWCC |
| **RIALTAS4** | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

# IOMPAR



## CEISTEANNA COMHSHAOIL COMHTHÁITE

**Gníomh I1 I4 - Nóta A:** Agus tionchar á mholadh agus á imirt chun a chinntiú go gcuirtear comhbhuntáistí athrú aeráide chun cinn i dtionscadail dá leithéid agus nach sáraítear critéir ábhartha a bhaineann le cosaint na timpeallachta agus chun a chinntiú nach n-imrítear tionchar suntasach diúltach ar an timpeallacht.

**Gníomh I4 I10 I23 I24 - Nóta C:** Meas cuí a léiriú ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht glactha uisce, cáilíocht aer na háite, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, an oidhreacht chultúrtha etc.

**Gníomh I6 I9 - Nóta D:** Meas cuí a léiriú ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus an bhithéagsúlacht.

**Gníomh I12 - Nóta G:** Meas cuí a léiriú ar íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí daonna áitiúla, an Bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht uisce agus an hidreolaíocht, agus an luach taitneamhachta etc.

**Gníomh I16 - Nóta H:** Ní mór trialacha uile dá leithéid a dhéanamh i gcomhréir leis na treoirlínte bainistíochta tráchta ábhartha agus plean bainistíochta tráchta atá oiriúnach ionas nach mbeidh aon tionchar dochrach tráchta ná iompair ann.

**Gníomh I25 - Nóta K:** Cinntigh go gcomhlíonann aon athúsáid dramhaíola C&D/ ábhair leis an reachtaíocht Bainistíochta Dramhaíola (e.g. riachtanais Ailt 27 nó 28) agus nach n-imrítear tionchar diúltach neamhbheartaithe ar an timpeallacht.


# ATHLÉIMNEACHT TUILTE



*Foinse an Ghrianghraif: Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Sruthán an Teampaill Ghil, Baile Átha Cliath Theas.*

Is é ceann d'éifeachtaí athrú aeráide ar féidir a thuar, agus príomhcheist oiriúnaithe an athraithe aeráide, ná bainistíocht na báistí rith chun srutha de réir mar a ardaíonn an teocht dhomhanda agus mar a athraíonn na pátrúin báistí. Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag eachtraí adhaimsire agus ardú ar leibhéal na mara ar thuilte agus ar an mbaol tuilte do phobail agus do bhonneagar in Éirinn.

Cé nach bhfuil Baile Átha Cliath Theas neamhchosanta go hiomlán i leith an riosca de thuilte cois cósta agus den chreimeadh, méadaíonn an t-athrú aeráide minicíocht agus fad na n-eachtraí báistí troime agus na maidhmeanna stoirme, a chruthaíonn baol níos mó de thuilte báistiúla agus abhann i gceantair leochaileacha an chontae. Is féidir le tarluithe báistí troime agus adhaimsire tuilleadh brú a chur ar an líonra draenála uirbí, agus d'fhéadfadh tuilte tarlú dá bharr sin.




IS IAD SEO A LEANAS NA PRÍOMHAIBHNEACHA I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS:

- An Dothra
- Abhainn an Ghrífín
- An Poitéal
- An Life
- An Chamóg
- An Dothra Bheag
- Sruthán an Teampaill Ghil

### CAD IS TUILE ANN?

Is feiniméan nádúrtha iad tuilte a shainmhínítear mar chlúdach sealadach uisce ar thalamh nach mbíonn clúdaithe le huisce de ghnáth, agus is próiseas nádúrtha é a d'fhéadfadh tarlú ag am ar bith in áiteanna éagsúla.

D'fhéadfadh réimse foinsí a bheith ina gcúis do thuile i mBaile Átha Cliath Theas, ar bhonn aonair nó in éineacht, lena n-áirítear:

- Tuile abhann (ó aibhneacha nó ó shrutháin)
- Tuile bháistiúil (ó thréimhsí báistí troime agus ó shreabhadh de dhroim talún)
- Tuile screamhuisce
- Foinsí eile, ó lintéir bhlocáilte mar shampla




*Foinse an Ghrianghraif: CCÁCT*

Mheas Met Éireann go bhféadfadh fómhair agus geimhrí in Éirinn éirí níos fliche, le hardú féideartha de thuairim is 20% ar eachtraí báistí troime, agus go bhféadfadh samhraí éirí níos tirime. Mar sin féin, tá an t-athrú ar phátrúin báistí na hÉireann, go háirithe ag leibhéal áitiúil agus d'achair níos gairide (fo-shéasúrach), neamhchinnte, agus is ábhar taighde leanúnaigh é.


Ní léirítear an t-athrú aeráide ó thaobh na meánteochta, báistí etc. de amháin, ach i minicíocht agus i láidreacht na ndálaí adhaimsire chomh maith. Aontaítear i measc na gcur chuige samhaltaithe difriúla gur dócha go mbeidh báisteach throm ann níos minice le linn an fhómhair agus an gheimhridh.

Mar thír oileánda, d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag líon na stoirmeacha móra thar an Atlantach Thuaidh ar mhaidhmeanna stoirme, cé go bhfuil éiginnteacht ann fós maidir le tionchar na maidhmeanna stoirme. D'fhéadfadh creimeadh cósta cur leis an mbaol tuilte, agus ardóidh na rátaí creimthe amach anseo de réir mar a ardaíonn leibhéal na mara.




*Fíor 5.4: Rioscaí reatha a bhaineann le hathruithe tuilte agus iad siúd a bheidh ann sa todhchaí*[13]

## PRÍOMHRÉIMSÍ GNÍOMHAITHE CCÁCT CHUN DÍRIÚ AR ATHLÉIMNEACHT TUILTE




*Fíor 5.5: Príomhchuspóirí CCÁCT chun aghaidh a thabhairt ar Athléimneacht Tuilte*

### AG OIRIÚNÚ D’EACHTRAÍ MÉADAITHE TUILTE (COSAINT AR THUILTE, MONATÓIREACHT, FREAGAIRT AR THUILTE)

Aithníonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) go bhfuil baol tuilte níos mó ann agus a dtionchar ar ár gcontae agus táthar ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus na hÚdaráis Áitiúla máguaird chun tionscadail agus cláir a chur i bhfeidhm a thagann le Treoir Tuilte an AE [34] agus Treoir Réime maidir le hUisce an AE (WFD) [35]. Sna Treoir seo, iarrtar ar bhallstáit tabhairt faoi mheasúnuithe straitéiseacha riosca i gcás tuilte agus úsáid a bhaint as Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS), le béim ar réitigh bunaithe ar nádúr le húsáid i bhfreagairt oiriúnaithe agus laghdaithe chun an tseasmhacht a bhaint amach.

Roinnt de na hoibreacha is suntasaí atá ar bun ag CCÁCT faoi láthair maidir leis seo ná trí scéim um maolú tuilte a bhfuil CCÁCT ina mbun faoi láthair - Scéim Laghdaithe Tuilte Shruthán an Teampaill Ghil; Scéim Laghdaithe Tuilte na Dothra; agus Scéim Laghdaithe Tuilte na Camóige. Dírítear sna scéimeanna seo ar thógáil na gcosaintí fisiciúla in aghaidh tuilte a nascadh le réitigh bunaithe ar nádúr. Mar shampla, bogach tógtha comhtháite, athbhunú na dtuilemhánna nádúrtha, athailíniú na stráicí abhann chun toilleadh nádúrtha a chur ar fáil, agus cur i bhfeidhm na mbeart hidreamorfacha. Ní cosaint in aghaidh tuilte an t-aon bhuntáiste atá ag na bearta seo, cuirtear feabhas ar an mbithéagsúlacht, cuirtear le líon na ngnáthóg agus cuirtear spásanna nua ar fáil don áineas dá mbarr. Chomh luath is a bheidh siad curtha le chéile, cosnóidh na trí scéim seo le chéile tuairim is 1,200 réadmhaoin chónaithe agus tráchtála i mBaile Átha Cliath Theas.

Chomh maith leis na scéimeanna cosanta tuilte mórscála, tá clár ag CCÁCT de scéimeanna mionoibreacha chun bealaí a fhiosrú le fadhbanna tuilte i gceantair ar leith a réiteach.

CÁS-STAIDÉAR

**Scéim um Maolú Tuilte (FAS) Shruthán an Teampaill Ghil**

Tá CCÁCT, i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), ag tabhairt faoi thionscadal chun tuilte a bhainistiú ó Shruthán an Teampaill Ghil i Ráth Fearnáin. Sainaithníodh i dtionscadal Dothra CFRAM go raibh Sruthán an Teampaill Ghil i mbaol tuilte le linn eachtraí tuilte a tharlaíonn uair amháin i gcéad bliain (tarlú tuile1% AEP). Tarlaíonn sé seo mar gheall ar bhruacha ísle go príomha, mar aon le sárú na gcosaintí reatha nó toilleadh tuilemhá easnamhaí, agus toilleadh easnamhach ag roinnt droichead agus lintéar. Bíonn an t-uisce tachta dá bharr sin agus cuirtear leis an leibhéal uisce thuas an abhainn chomh maith.

Cuirfidh an infheistíocht €2M sa scéim seo 275méadar de chosaintí in aghaidh tuilte ar fáil chun breis is 170 réadmhaoin a chosaint, lena n-áirítear 150 teach agus suas le 20 gnó.

Bronnadh cead pleanála i Samhain 2022. Cuireadh tús le tógáil na scéime i mí Bhealtaine 2023 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích í go luath in 2025.


Foinse an Ghrianghraif: CCÁCT

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.whitechurchfas.ie.


Foinse an Ghrianghraif: CCÁCT

Cuirtear an riosca tuilte san áireamh ag gach céim den phróiseas pleanála talamhúsáide. Déantar é seo a bhainistiú ar bhealach atá íogair ó thaobh na timpeallachta de trí pholasaithe tuilte ar leith i bPlean Forbartha an Chontae (CDP)2022-2028 [36], d'fhonn contae atá níos seasmhaí in aghaidh tuilte a fhorbairt.

> Tugtar achoimre ar an tiomantas don bhainistíocht riosca i gcás tuilte i bPlean Forbartha Contae CCÁCT 2022-2028, le polasaí IE4 a dhíríonn ar 'A chinntiú go gcuirtear an Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte san áireamh i gcónaí i bpleanáil spásúil an Chontae, chun riachtanais Threoir Tuilte an AE agus An Treoir Réime maidir le hUisce an AE a chomhlíonadh agus Contae atá aeráidseasmhach a chur chun cinn.'

Cuirtear príomhpholasaí chun cinn i bPlean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun freastal ar thuilte, chomh fada agus is féidir, le linn tarluithe tuilte míchuibheasacha agus feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus ar an taitneamhacht trí shonrú na gconairí bruachánacha agus srianta cuí a chur i bhfeidhm ar an bhforbairt laistigh de na conairí seo. Spreagtar cuimsiú na réiteach nádúrbunaithe agus na Draenála Inbhuanaithe i ngach forbairt nua trí bheartas breise, Straitéis an Bhonneagair Ghlais den chuid is mó agus 'Fachtóir an Spáis Ghlais' a chur i bhfeidhm. Is féidir na sonraí a bhaineann leo a léamh i gCaibidil 4 de Phlean Forbartha Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028 [36].

Cuireann na polasaithe seo ceannaireacht shuntasach agus tionchar ar fáil ar fhoirm na bhforbairtí nua agus déantar bainistíocht riosca i gcás tuilte níos fearr dá mbarr. Oibríonn Ranna na Comhairle i gcomhar lena chéile faoi na beartais seo agus baintear úsáid as Measúnuithe Straitéiseacha Riosca i gcás Tuilte (SFRAanna) agus as mapáil lena áirithiú go ndéantar measúnú agus bainistíocht ar an riosca i gcás tuilte, fad is a fheabhsaítear luachanna nádúrtha, luach na bithéagsúlachta agus luach na n-áiseanna sa cheantar.

Nuair a bhíonn tuile mhór ann, tá Pleananna Práinnfhreagartha ag Baile Átha Cliath Theas chun tionchar na tuile a laghdú agus leanúnachas gnó a choinneáil ar fud an chontae.

## CUR I BHFEIDHM NA DRAENÁLA INBHUANAITHE (SUDS) AGUS BHAINISTÍOCHT UISCE DROMCHLA I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS

*Is bealach iad Córais Draenála Inbhuanaithe nó SuDS chun an bháisteach a bhainistiú a* ***íoslaghdaíonn an tionchar diúltach*** *ar an méid agus ar chaighdeán an reatha báistí agus* ***a uasmhéadaíonn buntáistí na taitneamhachta agus na bithéagsúlachta*** *do dhaoine agus don timpeallacht.* Construction Industry Research and Information Association (CIRIA).

Cuireadh tuilleadh brú ar ár gcórais dhraenála le blianta beaga anuas mar gheall ar an athrú aeráide, ardú daonra, agus tírdhreachú deacair breise ceangailte leis an líonra. Meastar go bhféadfadh 46,500 duine breise a bheith ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas faoi 2028. Ní mór forbairt agus oiriúnú a dhéanamh ar an mbealach ina ngabhtar i ngleic le huisce dromchla de bharr an éilimh bhreise seo toisc go bhfuil toilleadh teoranta ag na líonraí draenála atá ann anois. Ní mór aghaidh a thabhairt ar thionchar athrú aeráide ag an am céanna agus oibriú chun feabhas a chur ar an gcaighdeán uisce i líonraí abhann Bhaile Átha Cliath Theas.

Is bealach iontach iad SuDS, nuair a dheartar go maith iad, chun an bháisteach a bhainistiú, agus rith an uisce dhromchla a bhaineann leis, ar bhealach níos inbhuanaithe ná na teicnící traidisiúnta. Cabhraítear lenár gceantair uirbeacha dul i dtaithí ar thuilleadh báistí agus ar thionchar athrú aeráide, ag laghdú na sreabhrátaí agus na toirte, agus ag cur cóireála ar chaighdeán an uisce ar fáil. D'fhéadfaidís ár gceantair uirbithe a dhéanamh níos taitneamhaí agus ina dtimpeallacht níos sláintiúla le cónaí inti.

Is iad seo a leanas gnéithe coitianta SuDS; claiseanna reatha; claiseanna crann; linnte tirime; bogaigh; pollta súite; bailiú báistí; dromchlaí scagacha; díonta glasa/gorma; draenacha scagtha; agus gairdíní báistí bithchoinneála. Cuimsíonn dearaí rathúla SuDS gnéithe éagsúla a úsáidtear i gcomhar lena chéile.


### TREOIR MHÍNITHE, DHEARAIDH AGUS MHEASÚNAITHE SUDS BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS


Is bealach iad Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) chun bainistíocht a dhéanamh ar an mbáisteach agus ar uisce dromchla a dhéanann aithris ar na próisis dhraenála atá le feiceáil sa nádúr. Baineann réitigh chrua 'liatha' a bhfuil innealtóireacht déanta orthu leis an mbainistíocht uisce dromchla traidisiúnta, amhail píopaí agus umair mhaolúcháin chun an bháisteach a bhailiú agus a iompar chuig an líonra séarachais go sciobtha, agus chuig an líonra abhann ar deireadh. Cuireann sé seo le tuilte agus le truailliú uisce. Trí SuDS a úsáid, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo.

Seolta i mí Feabhra 2022, is uirlis í 'Treoir Mhínithe, Dhearaidh agus Mheasúnaithe SuDS' de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath chun cur chuige seasmhach a chinntiú maidir le dearadh na gcóras bainistíochta uisce dromchla thar na forbairtí nua uilig. Tá sé éigeantach anois an treoir seo a chur i bhfeidhm ar gach fhorbairt nua agus tagann sí lenár straitéis Bhonneagair Ghlais (GI) don Chontae. Dírítear sa treoir ar spásanna ilfheidhmeacha a cruthú a bhainistíonn an méid uisce, caighdeán an uisce, a chabhraíonn leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chuireann taitneamhacht níos fearr ar fáil do chách.

Forbraíodh "Treoir SuDS do Shealbhóirí Tí" mar threoir phraiticiúil 'éasca le húsáid' chomh maith do chur i bhfeidhm SuDS ar scála níos lú baile.

Is féidir an 'Treoir Mhínithe, Dhearaidh agus Mheasúnaithe um Dhraenáil Inbhuanaithe 2022' [37] agus 'Treoir SuDS do Shealbhóirí Tí' [38] a íoslódáil anois ar www.southdublinclimate.ie.



## COTHABHÁIL FEABHSAITHE AN UISCE STOIRME, AN UISCE DHROMCHLA AGUS NA LÍONRAÍ SILTEÁN BÓITHRE.

Tá CCÁCT freagrach as cothabháil a dhéanamh ar na córais dhraenála a bhainistíonn an t-uisce stoirme agus an rith an uisce dhromchla de réir mar is gá. É sin ráite, i bhfianaise na dóchúlachta de tharluithe báistí troime / tuilte agus an brú méadaithe a chuirfidh sé seo ar an líonra reatha, tá géarghá ann le cinntiú go mbíonn na córais dhraenála ag feidhmiú mar is gá i gcónaí. Déanfar athbhreithniú ar phleananna cothabhála draenála reatha agus cuirfear feabhas orthu chun a chinntiú go bhfuil plean iomlánaíoch i bhfeidhm don líonra, lena n-áirítear silteáin agus acmhainní SuDS. Díreofar sa phlean ar úsáid aon réiteach teicniúla atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

## BUNTÁISTÍ BREISE A BHAINEANN LE HOIRIÚNÚ D'ATHLÉIMNEACHT TUILTE

D'fhéadfadh buntáistí eile a bheith ann do Bhaile Átha Cliath Theas mar thoradh ar na céimeanna chun dul in oiriúint don athrú aeráide agus chun cur lenár nAthéimneacht Tuilte, lena n-áirítear agus tuilleadh:

- **Buntáistí SuDs i leith cháilíocht uisce:** Is féidir le SuDs a dearadh go maith feabhas a chur ar an gcaighdeán uisce trí thruailliú a chosc agus a chóireáil le cinntiú go scaoiltear uisce glan go líonraí, sruthchúrsaí, nó screamhuisce.
- **Buntáistí Comhshaoil agus Sóisialta SuDs:** Is féidir le SuDs a dearadh go maith buntáistí bithéagsúlachta agus taitneamhachta a chur ar fáil; agus an cumas na bplandaí agus an fhiadhúlra a uasmhéadú chun spásanna ilfheidhmeacha taitneamhachta a chur ar fáil chun feabhas a chur ar chaighdeán saoil na ndaoine. Ar an mbealach céanna, is féidir le Linnte Maolúcháin agus Toilleadh Tuilte a bheith mar chroílár na spásanna oscailte, agus gnáthóg bhreise, feidhmeanna fóillíochta agus aeistéitice a chur ar fáil ag an am céanna.
- **Buntáistí comhshaoil na mBogach:** Is minic go mbíonn fásra imeallach i gceist le bogaigh a chuireann gnáthóg nádúrtha ar fáil i gceantair uirbeacha. Nuair a bhíonn sé ann, cuireann an fásra imeallach seo tuilleadh foscaidh nádúrtha ar fáil agus scagann sé dríodar agus truailleáin ó rith an uisce dhromchla, go díreach ó cheantair phábháilte agus ó sceitheadh áitiúla chuig draenacha uisce dromhchla.
- **Buntáistí Comhshaoil agus Sóisialta an bhonneagair ghlais:** Cuireann Scéimeanna Plandála a leathnaítear amach trí fhorbairtí scáth, príobháideachas agus dromchlaí scagacha ar fáil chun ráta agus toirt an reatha uisce dhromchla a laghdú. Scagtar truailleáin uirbeacha agus dríodar agus cuirtear deiseanna ar fáil chun cur leis an mbithéagsúlacht.


SuDs: Claiseanna crann i mBaile Adaim

# LÉIMNEACHT TUILTE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oiriúnú d'Eachtraí Méadaithe Tuilte (Cosaint ar Thuilte, Monatóireacht, Freagairt ar Thuilte)** | | | | | | | |
| **AT1** | Athbhreithnigh agus uasdátaigh Pleananna Bainistíochta Móréigeandála, beartais CCÁCT nó Nósanna ábhartha Imeachta Oibríochta (SOPs), i gcomhréir le Reachtaíocht náisiúnta agus rialacháin maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus bainistíocht tuilte, de réir mar is gá / go bliantúil. | Pleananna suas chun dáta | Go Bliantúil / de réir mar is Gá | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) - Bainistíocht Móréigeandála | An Rialtas; Ranna Uilig CCÁCT |
| **AT2** | Cinntigh go dtaifeadfar eachtraí tuilte (abhann agus báistiúla) agus móreachtraí aeráide, ag baint úsáid as córas atá bunaithe ar CFG, chun suíomhanna, tionchair, acmhainní freagartha, costais etc., a ghabháil, ar mhaithe le forbairt bhearta athraithe aeráide a éascú. | Feidhmiú céimneach iomlán den AIP WIRE ar Innealtóirí agus Cigirí CCÁCT agus ar bhaill foirne eile a bhfuil suim acu inti;<br>Líon na n-úsáideoirí;<br>Líon na dTuarascálacha | Tosach Beartaithe: Leanúnach<br>Tréimhse: go dtí 2029 | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | Ranna Uilig CCÁCT |
| **AT3** | Cinntigh go n-uasdátófar go bliantúil na rioscaí sonracha do sholáthar seirbhísí i ngach rannóg CCÁCT a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag Athrú Aeráide orthu, ag cur le Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide a forbraíodh do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. | Athbhreithniú riosca bliantúil | Tosach Beartaithe: Leanúnach.<br>Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - Bainistíocht Móréigeandála | Ranna Uilig CCÁCT |
| **AT4** | Téigh i dteagmháil go rialta le hÚdaráis Áitiúla in aice láimhe agus le heagraíochtaí ábhartha eile, maidir le saincheisteanna bainistíochta tuilte réigiúnacha, chun tacú le cur chun feidhme leanúnach de chórais réamhaisnéise tuilte. | Líon na gCruinnithe Ábhartha | Tosach Beartaithe: Leanúnach.<br>Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | Údaráis Áitiúla Thadhlacha; Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW); Uisce Éireann; BSL; Met Éireann |
| **AT5** | Cuir Scéimeanna um Maolú Tuilte<br>(FAS) chun cinn i gcomhar leis an OPW - lena n-áirítear FAS an Phoitéil, FAS na Camóige agus FAS Shruthán an Teampaill Ghil. (Féach Nóta A thíos) | Líon na réadmhaoine atá cosanta;<br>Dul chun cinn / críochnú an chláir | Tosach Beartaithe: Leanúnach.<br>Tréimhse: Dátaí críochnaithe na scéime | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | OPW |
| **AT6** | Scéimeanna mionoibreacha a shainaithint agus a chur chun cinn chun fadhbanna tuilte a tharlaíonn arís agus arís eile a réiteach, nuair is féidir, ag áirithiú go gcuimsítear Córais Draenála Inbhuanaithe (SUDS) / réitigh nádúrbhunaithe / cosaint na bithéagsúlachta agus seachaint an scoiltte gnáthóige i ndearadh na scéimeanna agus ina gcur i bhfeidhm. | Líon na scéimeanna a cuireadh chun cinn | Tosach Beartaithe: Leanúnach.<br>Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | |

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AT7** | Conairí bruachánacha a fhorbairt, a chosaint agus a chothabháil, de réir Phlean Forbartha an Chontae agus Staidéar Draenála Straitéisí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDSDS) (Greater Dublin Strategic Drainage Study), ag cur le ceangal na gconairí bruachánacha nuair is féidir, agus mar a chéile do thuilemhánna thart ar aibhneacha agus sruthchúrsaí ina dtarlaíonn tuilte. | Líon na n-iarratas pleanála a ceadaíodh i gcrios tuilte A agus i gcrios tuilte B; Líon na n-iarratas pleanála a ceadaíodh sna bruach-chonairí; Méadair líneacha bruach-chonairí a feabhsaíodh le plandaí dúchasacha; Líon na bhforbraíochtaí a ceadaíodh dóibh teacht thar an gcrios maolánach 15m atá ceadaithe i GDSDS | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán / Tionchar | Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar (LUPT) - Pleanáil | EWCC |
| **Cur i bhFeidhm Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) / Bhainistíocht Uisce Dromchla i mBaile Átha Cliath Theas** | | | | | | | |
| **AT8** | Cur i bhfeidhm SuDS i dtionscadail mhóra CCÁCT a spreagadh, lena n-áirítear forbraíocht nua, iarfheistithe etc, agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an chur i bhfeidhm. (Féach Nóta B thíos) | Líon na dtionscadal; méadair chearnacha de phábháil thréscaoilteach; % d'achar dhromchlaí crua ar a ndearnadh iarfheistiú | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | Ranna Uilig CCÁCT |
| **AT9** | Rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn agus a spreagadh in iarfheistiú SuDS nó i bhforbairt na mbeart bainistíochta tuilte nádúrtha, i bhforbairtí tithíochta atá ann anois/ i gceantair áitiúla. | Líon na n-ócáidí rannpháirtíochta (postálacha ar na meáin shóisialta, ailt, ócáidí) ina aghaidh na bliana | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Abhcóideacht | EWCC | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F10** | Sainaithin 4 Suíomhanna Taispeántais nó scéimeanna Píolóta chun monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail SuDS difriúla, ag léiriú conas córais SuDS/ laghdaithe tuilte a nascadh leis an talamhúsáid atá ann anois. | Láithreacha aitheanta agus monatóireacht déanta orthu ar feadh bliain amháin ar a laghad | Tosach Beartaithe: 2024/2025. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | Ranna Uilig CCÁCT |
| **AT11** | Cur i bhfeidhm SuDS a chur chun cinn agus a spreagadh go Forbróirí seachtracha - cur i bhfeidhm SuDS a chinntiú in iarratais pleanála de réir Threoir SuDS CCÁCT. (Féach Nóta C thíos) | Líon ghníomhartha Fhachtóirí an Spáis Ghlais a cuireadh i bhfeidhm a raibh SuDs mar chuid díobh, mar % | Tosach Beartaithe : 2024 / 2025. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Tionchar | EWCC | LUPT - Pleanáil; EWCC - An Réimse Poiblí, Páirceanna |
| **Cothabháil Fheabhsaithe SuDS agus Cothabháil Fheabhsaithe na Líonraí Uisce Stoirme, Uisce Dromchla, agus Silteán Bóthair** | | | | | | | |
| **AT12** | An plean cothabhála ginearálta don líonra uisce stoirme agus uisce dhromchla a fheabhsú, d'fhonn nascadh leis na réamhaisnéis eachtraí tuilte agus sonraí a ionchorprú ann le suíomhanna na bhfadhbanna atá ar eolas againn. | Fad an líonra a ghlantar/as an mbaintear Siolta in aghaidh na bliana; Líon na síothlán a ghlantar in aghaidh na bliana | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | |

# ATHLÉIMNEACHT TUILTE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AT13** | Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna agus oibríochtaí cothabhála silteáin, ag cuimhneamh ar cheantair ina mbíonn fadhbanna iontu arís is arís eile, agus ar dheiseanna don teicneolaíocht chliste. | Líon na silteán a ghlantar in aghaidh na bliana | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | EWCC - Uisce agus Draenáil |
| **AT14** | Plean cothabhála níos fearr a fhorbairt do shócmhainní SuDS a nglacann CCÁCT ceannas orthu, ag áirithiú a n-oibríochta leanúnaí. | Plean forbartha | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | EWCC - An Réimse Poiblí, Páirceanna; LUPT |
| **AT15** | Lochanna agus bogaigh a chothabháil chun acmhainn stórála a mhéadú le linn eachtraí adhaimsire, de réir mar is gá. (Féach Nóta D thíos) | Méid ábhair a baineadh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | EWCC - Uisce agus Draenáil |
| **Gníomhartha aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | | | | | |
| **RIALTAS1** | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. | Líon na gcruinnithe faisnéise / na n-ócáidí a bhaineann leis anaeráid a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |
| **RIALTAS2** | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar aeráide agus comhshaoil laghdaithe a fháil, le tús áite tugtha d'earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar neodrach aeráide agus comhshaoil acu. Cuir oiliúint SGP ábhartha ar fáil don fhoireann. | % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG; % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG mar chritéar scóráilte; Líon na mball foirne a chuir an oiliúint i gcrích | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Feidhmiú céimneach oiliúna faoi Ráithe 4 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe (CPCM) - Soláthar | Ranna Uilig CCÁCT |
| **RIALTAS3** | Cinntigh go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhaíochtaí agus beartais aeráide a chur san áireamh ann, ag díriú ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, SuDS nádúrbhunaithe, Bonneagar Glas a fheabhsú agus a choimeád, iompar inbhuanaithe agus aistriú córa iompair, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus na comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na haeráide; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | LUPT; EWCC |
| **RIALTAS4** | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

# ATHLÉIMNEACHT TUILTE



## CEISTEANNA COMHSHAOIL COMHTHÁITE

**Gníomh AT5 - Nóta A:** Scéimeanna um Maolú Tuilte a chur chun cinn sa chontae i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW); le meas cuí á léiriú ar an ngá chun réitigh bunaithe ar nádúr a chur chun cinn agus na Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS), agus leochaileachtaí timpeallacha ag na suíomhanna seo, lena n-áirítear caighdeán an uisce, an bhithéagsúlacht, suíomhanna Eorpacha, conairí bruachánacha agus an éiceolaíocht uisce, an taitneamhacht radhairc agus luach na fóillíochta agus na taitneamhachta etc.

**Gníomh AT8 - Nóta B:** A chinntiú go bhfuil aon obair thógála a bhfuil baint aici le SuDS deartha agus curtha i bhfeidhm ar bhealach nach n-imríonn tionchar dochrach suntasach ar an gcomhshaol.

**Gníomh AT11 - Nóta C:** Fad is atáthar ag áirithiú, laistigh de chúraimí na Comhairle, go bhfuil aon obair tógála a bhfuil baint aici le SuDS deartha agus curtha i bhfeidhm ar bhealach nach n-imríonn tionchar dochrach suntasach ar an gcomhshaol.

**Gníomh AT15 - Nóta D:** Meas cuí a léiriú ar an ngá le gnáthóga, speicis agus suíomhanna Eorpacha tábhachtacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú mar is ceart, agus tacú le cothabháil agus feabhsú an chaighdeáin uisce de réir aidhmeanna na Treorach Réime maidir le hUisce

# RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE



Siúlóid an Hellfire Club, Baile Átha Cliath Theas


Sainmhínítear réitigh nádúrbhunaithe san Aontas Eorpach mar seo a leanas: *'Réitigh atá faoi spreagadh an nádúir agus a dtacaíonn an nádúr leo, atá éifeachtúil ó thaobh costais de, agus a chuireann buntáistí comhshaoil, sóisialta, eacnamaíocha ar fáil ag an am céanna, agus a chabhraíonn le hathléimneacht a thógáil. Tugtar tuilleadh gnéithe agus próiseas éagsúil, nádúir agus nádúrtha trí réitigh dá leithéid isteach sna cathracha, sna tírdhreacha agus sna muirdhreacha, trí idirghabhálacha a cuireadh in oiriúint go háitiúil, atá éifeachtúil ó thaobh acmhainne de agus córasach.* [39]

Bíonn réitigh bunaithe ar nádúr ag obair leis an nádúr, seachas ina choinne, chun réitigh inbhuanaithe, chost-éifeachtúla ar dhúshláin na sochaí a chur ar fáil. Bíonn ról tábhachtach á imirt ag na réitigh seo i laghdú an athraithe aeráide agus chun cabhrú linn dul in oiriúint do thionchar an athraithe aeráide, ar go leor bealaí:

- Leithlisiú carbóin (ag feidhmiú mar linnte carbóin)
- Gnáthóga, an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a sholáthar agus a fheabhsú
- Tuilte a chosc nó a laghdú trí uisce a ionsú agus trí chabhrú le smacht a choinneáil ar rith uisce dromchla
- Truailleáin a scagadh, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus an uisce
- Rialú teochta

Is féidir le húsáid na réiteach nádúrbhunaithe inár bpobail tionchar dearfach a imirt ar chaighdeán ár mbeatha i mBaile Átha Cliath Theas - dearfach don aeráid, dearfach do cháilíocht ár n-aeir agus ár n-uisce, dearfach don bhithéagsúlacht agus do ghnáthóga, agus dearfach do shláinte agus d'fholláine na ndaoine.

## PRÍOMHRÉIMSÍ GNÍOMHAITHE CCÁCT MAIDIR LE RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE AR GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE




*Fíor 5.6: Príomhréimsí Gníomhaithe CCÁCT maidir le Réitigh Nádúrbhunaithe ar Ghníomhú ar son na hAeráide*

## AG TACÚ LE BONNEAGAR GLAS


Mar réiteach bunaithe ar nádúr, feidhmíonn Bonneagar Glas (GI) mar líonra de spás glas ilfheidhmeach agus gnéithe glasa eile, a dheartar agus a bhainistítear chun aithris a dhéanamh ar thimpeallacht neamhfhorbartha nádúrtha. Baineann níos mó ná plandú amháin le bonneagar glas. Baineann sé le tuiscint a fháil ar ról an nádúir i dtacú le beatha agus bail a chur ar áiteanna sa dóigh go bhféadfaí cónaí iontu. Tá gnéithe an bhonneagair ghlais solúbtha agus is féidir iad a fhí isteach inár bpobail agus inár gceantair taitneamhachta ar go leor scálaí, ó chórais draenála inbhuanaithe (SuDs) mar shampla gairdíní báistí nó claiseanna crann ar shráid, go díonta glasa ar fhoirgnimh, coillearnacha beaga uirbeacha 'Miyawaki' (ar féidir leo suas le 40 oiread carbóin a stóráil ná fáschoill ina gcónaíonn speiceas amháin) nó bogaigh thógtha chomhtháite inár bpáirceana.

Aithnítear tábhacht an bhonneagair ghlais sa Phlean Forbartha an Chontae 2022-2028, ina dtugtar achoimre ar an bhfís chun forbairt líonra chomhtháite GI a chur chun cinn do Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ag obair le, agus ag feabhsú, na bithéagsúlachta agus na hoidhreachta nádúrtha atá ann anois, ag feabhsú ár seasmhachta i leith an athraithe aeráide agus ag ceadú do ról GI pobail inbhuanaithe a chur a sholáthar chun buntáistí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta a chur ar fáil. [36].

Chun an fhís seo a léiriú, tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) ag obair chun socmhainní reatha um bonneagar glas a fheabhsú agus líonra de bhonneagar glas feabhsaithe a fhorbairt. Tacaítear leis an obair seo sna Pleananna CCÁCT uilig ar fud na heagraíochta lena n-áirítear:

- Straitéis an Bhonneagair Ghlais CCÁCT, a leagtar amach i bPlean Forbartha an Chontae, agus forfheidhmiú 'Fhachtóir an Spáis Ghlais' agus measúnú á dhéanamh ar an bhforbairt i mBaile Átha Cliath Theas.
- Plean Gníomhaithe Bithéagsúlachta CCÁCT 2020-2026, 'Connecting with Nature' [40], ina leagtar amach cuspóirí agus gníomhartha a thugann faoi chosaint agus feabhsú bhithéagsúlacht an Chontae.
- 'Living with Trees', Beartas Bainistíochta Crann Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath 2021-2026 [41].

CÁS-STAIDÉAR




**Straitéis um Bhonneagar Glas (GI) Chomhairle Contae Átha Cliath Theas**

Dírítear i straitéis an Bhonneagair Ghlais de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (Caibidil 4 i bPlean Forbartha Contae CCÁCT 2022-2028) ar a chinntiú go gcuireann gach forbairt nua leis an líonra bonneagair ghlais ghinearálta sa Chontae.

Cuirfear feabhas ar chainníocht agus ar chaighdeán an bhonneagair ghlais a chuirtear ar fáil san fhorbairt nua trí chur i bhfeidhm an Fachtóir an Spáis Ghlais (GSF) i mBaile Átha Cliath Theas. Is tomhas é GSF a dhéanann cur síos ar chainníocht agus ar chaighdeán an tírdhreachaithe agus an bhonneagair ghlais thar cheantar spásúil ar leith. Baineann cóimheas leis an tomhas seo a dhéanann comparáid idir mhéid an spáis ghlais leis an méid spáis neamhscagaigh 'liath' atá ar an suíomh atá á mheas. Mar uirlis phleanála, úsáidtear an cóimheas seo chun measúnú a dhéanamh ar an gclúdach glas reatha laistigh de shuíomh agus ar thionchar na forbartha nua, bunaithe ar chainníocht agus ar chaighdeán an spáis ghlais nua a cuireadh ar fáil. Baineann scóir íosta le criosú talamhúsáide éagsúla, le treoir chuimsitheach ar fáil ar 'Green Space Factor Guidance Note' CCÁCT ar www.ccáct.ie.

## AG CUR THÁBHACHT NA GCRANN CHUN CINN


Tá crainn an-thábhachtach agus cuireann siad go mór le carachtar, cuma agus folláine Bhaile Átha Cliath Theas. Feidhmíonn crainn, fálta sceacha agus plandaí mar linnte carbóin trí charbóin a stóráil go sealadach agus iad ag fás. Laghdaítear an t-uisce a ritheann chun srutha i dtarluithe báistí troime, ag laghdú an bhrú ar an líonra draenála uirbí. Feabhsaíonn siad an mhicrea-aeráid uirbeach agus díríonn siad ar thionchar teochtaí ardaithe agus laghdaíonn siad an 'Iarmhairt Teasoileáin Uirbigh' trí fhoscadh agus scáth a chur ar fáil.


### IARMHAIRT TEASOILEÁIN UIRBIGH

Bíonn Baile Átha Cliath agus ionaid uirbeacha agus cathracha eile níos teo de ghnáth ná na ceantair thuaithe máguaird mar gheall ar an rud ar a dtugtar iarmhairt teasoileáin uirbigh.
Tá an iarmhairt teasoileáin uirbigh seo ann mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear aerú laghdaithe agus teasghaiste mar gheall ar neasghaireacht foirgneamh ard, teas arna ghiniúint go díreach ó ghníomhaíochtaí daonna, tréithe ionsúite teasa coincréite agus ábhair thógála uirbeacha eile, agus an méid teoranta fásra [42].

Comhdhlúthaíonn cathracha príomh-bhonneagar agus daonraí móra, a bhféadfaidh mórán ina measc a bheith aosta, bocht nó ag fulaingt díothacht eacnamaíoch agus shóisialta agus atá dá réir sin níos leochailí i dtaca le hiarmhairtí díobhálacha teasa fhoircnigh.

De réir staidéar le Paranunzio, et al. (2021) [43] a rinne measúnú ar an iarmhairt teasoileáin uirbigh i mBaile Átha Cliath idir na 2020í agus na 2050í, táthar ag dréim leis go bhfuil ceantair uirbeacha a mheastar a bheith faoi riosca méadú faoi thimpeall 70% agus 96% faoi na cásanna samhaltaithe RCP 4.5 agus 8.5 faoi seach. Do na 2050í, tá leibhéil ardaithe riosca teasa faoi chás RCP 8.5 le feiceáil go háirithe i gcroílár na cathrach agus sna bruachbhailte thuaidh agus thiar.




Innéacs Contúirte (H) bunaithe ar Innéacs Teirmeach Uilíoch um an Aeráid (UTCI) faoi RCP 4.5 agus 8.5 do na 2020idí agus na 2050idí i mí Iúil. San obair seo, i dtéarmaí UTCI, dírítear ar an gcatagóir 'strus teirmeach foircneach' amháin. Rinneadh an táscaire guaise deiridh a rangú ó ghuais an-íseal go dtí guais an-ard.

Tá CCÁCT ag obair chun crainn a chur chun cinn mar shócmhainní beo agus gnéithe riachtanacha den timpeallacht uirbeach agus dár mbonneagar glas, ag tabhairt stádas agus cosaint chomhchosúil dóibh is a thugtar do bhonneagar uirbeach eile.

Tacaíonn Beartas Bainistíochta Crann CCÁCT 2021-2026, 'Living with Trees' [41], leis na gníomhartha sa phlean gníomhaithe aeráide seo. Tugann seo breac-chuntas níos mine ar an gcaoi a gcosnaímid crainn agus coillearnacha atá ann cheana agus a mbainistímid iad seo chun a chinntiú go mbeidh an rath is fearr agus is féidir orthu. Ag an am céanna, oibrímid go gníomhach chun plandáil crann, agus mar sin clúdach ceannbhrait, a mhéadú (rud a mhéadaíonn ar a sheal an fhéidearthacht a bhaineann le ceapadh carbóin sa chontae) i mBaile Átha Cliath Theas.

Bronnadh ar Pháirc Thigh Motháin an gradam mór le rá **Gradam Pailneora 2022/23** ar son **na Páirce Baile is Fearr in Éirinn** mar chuid de scéim na Brataí Glaise. Tá an Gradam Pailneora á chomhreáchtail ag Oideachas Comhshaoil An Taisce agus an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Meastar leis an ngradam bainistíocht páirceanna maidir le tacaíocht do phailneoirí de réir mholtaí an Phlean Uile-Éireann do Phailneoirí.

## AG DUL I NGLEIC LE CAILLIÚINT NA BITHÉAGSÚLACHTA

Tá éiceachórais fholláine níos seasmhaí i leith an athraithe aeráide, agus trí ghnáthóga nádúrtha nó éiceachórais a chosaint agus a athbhunú i mBaile Átha Cliath Theas is féidir linn cabhrú iarmhairtí an athraithe aeráide a laghdú. Is féidir leis na gnáthóga seo carbón a leithlisiú, uisce tuile a ionsú, agus cáilíocht uisce a fheabhsú freisin. Tá corradh is 1,750 heicteár páirceanna agus spásanna oscailte i mBaile Átha Cliath Theas ina bhfuil raon de speicis thearca, laistigh agus lasmuigh de láithreacha cosanta ainmnithe.

San áireamh i bPlean Gníomhaithe Bithéagsúlachta 2020-2026 CCÁCT, 'Connecting with Nature' [40] tá gníomhartha a thugann faoi chosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta agus oiriúnú agus/nó maolú don athrú aeráide ar bhealach comhtháite.




Tagraíonn Bithéagsúlacht don éagsúlacht beatha plandúla agus ainmhí ar an domhan. Cuireann sé síos freisin ar an éagsúlacht leathan áiteanna mar a bhfuil siad seo thuas ag maireachtáil agus ag idirghníomhú lena chéile, agus i mBaile Átha Cliath Theas ciallaíonn sé sin féarthailte, coillearnacha, fálta sceach, gruaimhíní ar thaobh an bhóthair, sruthanna, bóithre, móinteach ardtalaimh agus fraochmhá, páirceanna poiblí, agus gairdíní príobháideacha. Tá an bhithéagsúlacht riachtanach le go mairfimid mar dhaoine. Mar sin féin, ar fud an domhain agus anseo in Éirinn, tá an ghéarchéim bhithéagsúlachta ag taispeáint dúinn an dochair a dhéantar don dúlra trí ghníomhaíochtaí daonna.

Táirgeadh Físeáin Eolais Bhithéagsúlachta, le ceann d'Fhoireann CCÁCT agus ceann do Phobail i mBaile Átha Cliath Theas. Is é cuspóir na bhfíseán aird a tharraingt ar an méid atá i gceist againn le bithéagsúlacht, cé hiad ár bpailneoirí, céard a dhéanann siad, agus céard is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú iad a chosaint agus a spreagadh; mar chuid d'obair laethúil CCÁCT, agus mar Phobail i mBaile Átha Cliath Theas.

## BUNTÁISTÍ BREISE A BHAINEANN LE RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE

Cuireann líonra folláin dea-nasctha de bhonneagar glas raon de bhuntáistí éiceolaíocha/comhshaoil, sóisialta, aeistéitiúla, agus eacnamaíocha ar fáil do Bhaile Átha Cliath Theas:

**Buntáistí a bhaineann le Sláinte agus Folláine / Buntáistí Sóisialta:**

- Cuireann réitigh nádúrbhunaithe, agus crainn, luach aeistéitiúil lenár dtírdhreachú uirbeach, ag feabhsú ár gcaighdeáin beatha san áit ina mairimid agus ina n-oibrímid. Is féidir leo spásanna glasa áille a chur ar fáil le haghaidh úsáid áineasa.
- **Buntáistí fisiciúla:** tá tionchar dearfach ag crainn ar shláinte de bharr go gcuireann siad scáth, áis um chaitheamh aimsire amuigh faoin spéir agus aer glan ar fáil.
- **Buntáistí meabhracha:** léiríonn an taighde go laghdaíonn crainn strus agus go gcuireann siad le caighdeán beatha níos fearr.
- Cruthaíonn crainn tírdhreach sainiúil, ag cruthú díola suntais tábhachtacha agus ag cothú tuiscint uathúil ar áit agus ar shuíomh.

**Buntáistí comhshaoil:**

- Cuireann bonneagar glas, amhail crainn agus a n-éiceachórais, gnáthóga luachmhara ar fáil don fhiadhúlra, ar nós éin ag neadú, pailneoirí agus feithidí eile.
- Is féidir le bonneagar glas, amhail mionchoillearnacha, foinsí bia a chur ar fáil don fhiadhúlra.
- Trí líonraí de chonairí nádúrtha fiadhúlra a chur ar fáil tríd an timpeallacht uirbeach, cabhraítear le speicis ainmhithe agus plandaí imirce a dhéanamh tríd an tírdhreach atá ag athrú.
- Is féidir le crainn cáilíocht an aeir a fheabhsú agus iad ag ionsú dé-ocsaíd charbóin agus gáis eile ón aer, ag táirgeadh ocsaigine sa phróiseas fótaisintéise. Gach bliain táirgeann crann aibí go leor ocsaigin do dheichniúr. Ceapann crainn cáithníní deannaigh freisin, rud a fheabhsaíonn cáilíocht an aeir.
- Is féidir le crainn agus fálta sceach torann a laghdú trí fheidhmiú mar fhuaimbhac. Tá seo tábhachtach go háirithe maidir le torann tráchta a ionsú i limistéir fhoirgnithe.

**Buntáistí Eacnamaíocha:**

- **Luachanna réadmhaoine:** léiríonn an taighde gur féidir, mar gheall ar chrainn a bheith ann, luach réadmhaoine cónaithe agus tráchtála a mhéadú idir 5% agus 18%.
- **Limistéir sráidbhaile agus mhiondíola:** bíonn tionchar dearfach ag crainn i limistéir miondíola ar iompar daoine toisc go meallann siad tomhaltóirí chuig limistéar.
- **Tionchair ar fhoirgnimh a théamh / a fhuarú:** cuireann crainn scáth, foscadh ar fáil sa ghaoth agus rialú ar theocht an aeir áitiúil. Laghdaíonn seo costais fuinnimh agus teasa.



Plandáil mionchoillearnach Pháirc na nGlaschnoc

CÁS-STAIDÉAR

**Tionscadal Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliatha LIFE (DURL)**

Is comhoibriú é tionscadal DURL idir Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Clár EU LIFE.

Féachann an clár le cáilíocht uisce a fheabhsú i gContae Bhaile Átha Cliath agus feabhsú cáilíochta uisce a chur chun cinn i limistéir uirbeacha trí chigireachtaí ar mhícheangal tí a dhéanamh ag úsáid cur chuige bunaithe ar GIS. Is é is cúis le mícheangail tí ná innill níocháin agus niteoirí soithí a bheith feistithe go mícheart, agus a sceitheann isteach sa líonra draenála uisce stoirme, ag sreabhadh díreach isteach san abhainn, seachas isteach sa líonra séarach bréan, a mbíonn de thoradh air truailliú uisce agus laghdú i luach gnáthóige á n-aibhneacha agus ár sruthán. Imríonn sé tionchar ar ár gcumas riachtanais na Treorach Réime maidir le hUisce (WFD) [35] agus an Phlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 [44] d'Éirinn a chomhlíonadh.

Le dhá bhliain anuas tá measúnú déanta ag an tionscadal ar cháilíocht uisce in abhantrach Abhainn an Ghrifín, tugadh cuairt ar chorradh is 4,000 teach agus aimsíodh timpeall 420 fearas mícheangailte - ar dheisigh úinéirí tí a mbunús acu, le líon beag acu ag fanacht le deisiú.  Bhí rochtain ar thithe thar cionn, le 98.5% de na húinéirí tí ar cuireadh forrán orthu ag glacadh páirte, agus ráta deisiúcháin an-ard, rud a léiríonn fíorthoilteanacht ag úinéirí tí cur le comhshaol níos fearr.

Thóg tionscadal DURL trí bhogach thógtha chomhtháite (ICW) i nDeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath in 2023, ag úsáid na réiteach dúlrabhunaithe seo chun uisce stoirme a chóireáil. Feabhsaíonn na bearta coinneála uisce nadúrtha seo cáilíocht uisce stoirme roimh sceitheadh isteach in aibhneacha áitiúla agus cabhraíonn siad an bhithéagsúlacht a fheabhsú, athléimneacht tuilte a mhéadú, agus cur le bonneagar glas i bpáirceanna poiblí. Bhí pobail áitiúla páirteach i bplandáil na mbogach le linn a dtógála.

Mar gheall ar an tionscadal bhí laghdú suntasach i leibhéil an truaillithe stoirme uisce ag sreabhadh isteach in Abhainn an Ghrifín. Thaifead foireann an tionscadail laghdú fiúntach i ngnáth-tháscairí truaillithe in 2023 – le ráta laghdaithe 75% de leibhéil fosfáite agus ráta laghdaithe 85% de leibhéil amóinia (ar cúis iad le fás iomarcach algach agus a thachtann ár n-uiscebhealaí) i gcomparáid le 2021. Tá feabhsú suntasach i gcáilíocht uisce bainte amach, agus is féidir le cáilíocht sceitheadh uisce stoirme anois Caighdeáin Cháilíochta Chomhshaoil náisiúnta a bhaint amach anois.

Bronnadh gradam ESRI-Éire ar son Rath Bliantúil Feiceálach in 2022 sa chatagóir Bainistíocht agus Bailiú Sonraí dá nIarratas TC um Measúnú ar Mhicheangal Tí.



# RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag Leithlisiú Carbóin** | | | | | | | |
| **RN1** | Ár sonraí mapála crann agus a chinntiú go bhfuil cothabháil ár gcórais bainistíochta crann chun sonraí maidir le leithlisiú carbóin a bhaineann le crainn i mBaile Átha Cliath Theas a mheasúnú, agus deiseanna breise a fhiosrú maidir le leithlisiú carbóin indéanta. | Meastachán ar fhéidearthacht leithlisithe carbóin a mheas bunaithe ar shonraí mapála crann. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán | Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) - An Réimse Poiblí: Bainistíocht Crann | Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar (LUPT) - Pleanáil; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide; Údaráis Áitiúla Thadhlacha |
| **Ag Tacú le Bonneagar Glas** | | | | | | | |
| **RN2** | Féach le móinéir nádúrtha a chothabháil agus a mhéadú, más cuí, ar fud an chontae. | Líon na heicteár a cuireadh mar mhóinéar nádúrtha leis an mbonnlíne;<br>Tomhas a dhéanamh ar cineálacha éagsúla ghnáthóga móinéir | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí: Bainistíocht Crann | LUPT - Pleanáil |
| **RN3** | Plandáil crann dúchasach a mhéadú ar fud an chontae. Coinnigh na crainn dhúchasacha atá ann cheana féin i mBaile Átha Cliath Theas, a mhéid is féidir. (Féach Nóta A thíos) | Líon crann méadaithe thar bhonnlíne bliantúil / sprioc bhliantúil a shocrú;<br>% méadú ar cheannbhrat crann an Chontae;<br>Líon na gcrann in aghaidh an chiliméadair bhóthair i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (50 ar a laghad in aghaidh an chiliméadair) | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí: Bainistíocht Crann | LUPT - Pleanáil, Bóithre; Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail (HSCD) |
| **RN4** | Méadaigh agus déan cothabháil ar fhálta sceach dúchasacha ar fud an chontae. | An líon méadar líneach d’fhálta sceach nua | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | LUPT - Pleanáil, Bóithre; HSCD; EWCC - Comhshaol |
| **RN5** | Tacaigh le / forbair mion-thailte coille dúchasacha uirbeacha beaga ‘Miyawaki’. | Líon na mionchoillearnach nua, 100sqm ar a laghad | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Tionchar | EWCC - An Réimse Poiblí | LUPT - Pleanáil; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RN6** | Forbair Straitéis Bainistíochta Coillearnaí agus Fálta Sceach Uirbí agus cuir chun feidhme pleananna don Chontae chun cur leis na coillearnacha atá ann cheana féin agus chun iad a chothabháil agus a fheabhsú ar fud ár bpáirceanna. | Straitéis bainistíochta um choillearnach uirbeach agus plean gníomhaithe curtha i gcrích;<br>Tomhas ar thionchar carbóin chrainn an Chontae;<br>Líon na bpleananna bainistíochta um choillearnach uirbeach atá i bhfeidhm agus ag feidhmiú | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | LUPT - Pleanáil; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide, an Réimse Poiblí |
| **RN7** | Clár feabhsaithe agus leathnaithe lochán agus gnáthóg bogaidh a chur i bhfeidhm, chun limistéir stórála uisce a leathnú agus ceapadh a mhéadú. (Féach Nóta B thíos) | Líon na mbogach / lochán nua; Líon feabhsaithe | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán/ Abhcóideacht | LUPT - Pleanáil; EWCC - Uisce, Réimse Poiblí | EWCC - Uisce agus Draenáil, Gníomhú ar son na hAeráide |

# RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **RN8** | Leanúint ar aghaidh ag cur chun chur chun feidhme Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath le Coillte Nádúr agus Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath ag fiosrú deiseanna do thionscadail plandála crann chun rith chun srutha uisce dromchla ó limistéir shléibhe a bhainistiú síos an abhainn. (Féach Nóta C thíos) | Méadair chearnacha plandaithe / de chrainn a plandáladh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán / Tionchar | EWCC - An Réimse Poiblí | Coillte; EWCC - Uisce, Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RN9** | An bonn fianaise do Léarscáil Gnáthóg an Chontae a leathnú agus a bheachtú chun príomhghnáthóga nó príomhshuíomhanna a shainaithint do réitigh dhúlrabhunaithe, agus na sonraí a úsáid chun pleananna bainistíochta agus maolaithe a fhorbairt do na tionscadail oiriúnaithe dhúlrabhunaithe amach anseo. | Líon na suirbhéanna gnáthóige agus speicis ar tugadh fúthu; Líon na bpríomhláithreacha tionscadail a sainaithníodh; Líon na bpleananna bainistíochta maidir le gnáthóga / speiceas a ullmhaíodh | Tosach Beartaithe: 2025. Tréimhse: go dtí 2026. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT - Pleanáil | |
| **RN10** | Dearadh ionchuimsitheach bithéagsúlachta a phíolótú agus a chomhdhearadh d'eastát tithíochta sóisialta. | Tionscadal píolótach deartha agus curtha i gcrích le torthaí foilsithe | Tosach Beartaithe: 2025. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú / Oiriúnú | Freagracht Iomlán | HSCD; Seirbhísí Ailtireachta | LUPT - Pleanáil; Oidhreacht; forbróirí príobháideacha; EWCC - An Réimse Poiblí |
| **RN11** | Cuibhrinn do tháirgeadh bia áitiúil a chothabháil agus a fhorbairt ar fud an Chontae, de réir Bheartas Cuibhreann CCÁCT. | Líon na gcuibhreann nua. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán / Comhoibriú agus Éascú | Páirtí (Páirtithe) EWCC a Sainaithníodh: Ranna Uilig CCÁCT | |
| **RN12** | Tacú le soláthar Gairdíní Pobail i gcomhair tháirgeadh bia áitiúil ar fud an Chontae, i gcomhpháirtíocht le hIonaid Phobail, Scoileanna agus grúpaí áitiúla eile | Líon na nGairdíní Pobail. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán / Comhoibriú agus Éascú | EWCC | Ranna Uilig CCÁCT |
| **RN13** | Straitéis a fhorbairt chun deireadh a chur le táirgí díobhálacha ar nós gliofosáite agus péint aicrileach de réir a chéile. | Straitéis curtha i bhfeidhm. Laghdú ar an méid lítear a ceannaíodh. | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC, LUPT | Ranna Uilig CCÁCT |
| **Ag Dul i nGleic le Cailliúint na Bithéagsúlachta** | | | | | | | |
| **RN14** | Tacú leis an bPlean Gníomhaithe Bithéagsúlachta 2020-2026. | Líon na ngníomhartha a cuireadh i gcrích | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2026. | Maolú | Freagracht Iomlán | LUPT - Pleanáil | Baill den Ghrúpa Gníomhaíochta Bithéagsúlachta |
| **RN15** | Cuir laghdú ar úsáid ceimiceán i bhfeidhm ar fud an Chontae, amhail Gliofosáit, thar rannóga uilig na Comhairle. | Laghdú ar an mhéid lítear a ceannaíodh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2026. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí; LUPT | Na Roinn Uilig |
| **RN16** | Sainaithin deiseanna chun lintéir a bhaint amach agus sruthchúrsaí uirbeacha a thabhairt ar ais. (Féach Nóta D thíos) | Méadair de lintéir a baineadh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC | LUPT - Bóithre, Pleanáil; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide, an Réimse Poiblí |
| **Teochtaí Méadaithe agus Iarmhairt Teasoileáin Uirbigh** | | | | | | | |
| **RN17** | Sainaithin ceantair i mBaile Átha Cliath Theas atá leochaileach do thionchair ó éifeachtaí teasa méadaithe de bharr athrú aeráide. | Staidéar curtha i gcrích | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2024. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |

# RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RN18 | Bearta a chur i bhfeidhm chun an Iarmhairt Teasoileáin Uirbigh a mhaolú i limistéir shainaitheanta, lena n-áirítear bainistiú crann sráide atá ann cheana féin agus plandáil amach anseo chun tionchair a laghdú. | Líon na scéimeanna a cuireadh i gcrích | Tosach Beartaithe: 2025. Tréimhse: go dtí 2029. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | |
| RN19 | An fhéidearthacht a fhiosrú maidir le réitigh nádúrbhunaithe chun tabhairt faoi riosca na bainistíochta falscaí, ag comhordú le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. | Plean curtha ar fáil | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2024. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán / Comhoibriú agus Éascú | EWCC - Bainistíocht Móréigeandála | |
| RN20 | Bailiú sonraí a mhéadú ar iarmhairtí an athraithe aeráide ar cháilíocht uisce nadúrtha sa chontae. | Líon na láithreacha monatóireachta agus na luachanna paraiméadracha a bailíodh | Tosach Beartaithe: 2026. Tréimhse: go dtí 2027. | Oiriúnú | Freagracht Iomlán | EWCC - Truailliú Uisce | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC); Teagasc |
| **Réitigh aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | | | | | |
| RIALTAS1 | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. | Líon na dtionscnamh a bhaineann leis an aeráid a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |
| RIALTAS2 | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar aeráide agus comhshaoil laghdaithe a fháil, le tús áite tugtha d'earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar neodrach aeráide agus comhshaoil acu. Cuir oiliúint SGP ábhartha ar fáil don fhoireann. | % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG; % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG mar chritéar scóráilte; Líon na mball foirne a chuir an oiliúint i gcrích | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Feidhmiú céimneach oiliúna faoi Ráithe 4 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe (CPCM) - Soláthar | Ranna Uilig CCÁCT |
| RIALTAS3 | Áirithiú go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhaíochtaí agus beartais aeráide a ionchorprú ann, le fócas ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, córas draenála uirbí inbhuanaithe (SuDS) atá nádúr-bhunaithe, Bonneagar Glas (GI) a fheabhsú agus a choimeád, iompar inbhuanaithe agus aistriú modha, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus na comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na haeráide; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | LUPT; EWCC |
| RIALTAS4 | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

## CEISTEANNA COMHSHAOIL COMHTHÁITE

**Gníomh RN3 RN8 - Nóta A:** Meas cuí a léiriú ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus an bhithéagsúlacht.

**Gníomh RN7 - Nóta B:** Meas cuí a léiriú ar an ngá le gnáthóga, speicis agus suíomhanna Eorpacha tábhachtacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú mar is ceart, agus tacú le cothabháil agus feabhsú an chaighdeáin uisce de réir aidhmeanna na Treorach Réime maidir le hUisce

**Gníomh RN15 - Nóta D:** A chinntiú go bhfuil oibreacha uile mar sin deartha agus curtha i bhfeidhm ar bhealach nach cúis é le tionchair dhiúltacha shuntasach ar an gcomhshaol.

# GEILLEAGAR CIORCLACH & BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ





Stáisiún Uisce Óil i gCaisleán Ráth Fearnáin

## CAD É AN GEILLEAGAR CIORCLACH?

*"Is é an aidhm atá ag an ngeilleagar ciorclach dramhaíl a laghdú ag gach céim den timthriall eacnamaíoch agus a chinntiú go n-úsáidtear ábhair ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir. Tugann an cosc dramhaíola, coincheap lárnach den gheilleagar ciorclach, dúshlán dúinn dearadh, táirgeadh, dáileadh agus tomhaltas táirgí mar atá faoi láthair a athbhreithniú. Bogfaidh seo sinn ón múnla líneach reatha, Tóg, Déan, Úsáid, Diúscair, go dtí geilleagar níos éifeachtaí agus níos ísle maidir le carbóin.'*
– An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Mar gheall ar an ngeilleagar ciorclach glacfaidh Éire le córas eacnamaíoch níos inbhuanaithe mar a n-úsáidfimid níos lú amhábhair, táirgí deartha le coinneáil in úsáid ar feadh tréimhse níos faide, agus iad a athúsáid agus a dheisiú.

Tá an dúshlán suntasach le 100 milliún tonna d'ábhar úsáidte i ngeilleagar na hÉireann gach bliain. Mar sin féin tá deiseanna ann i mórán earnálacha amhail an tógáil, an talmhaíocht agus an táirgeadh bia.




Má táimid chun bogadh go rathúil ónár gcóras líneach neamh-inbhuanaithe (tóg, déan, úsáid, dramhaíl) go dtí ceann níos ciorclaí (dear agus déan, úsáid, athúsáid agus deisigh, athchúrsáil), ní mór dúinn ní hamháin cé mhéad dramhaíola a ghinimid a athrú, ach freisin conas a dhéanaimid dramhaíl a chóireáil.


Ag leibhéal náisiúnta, réitigh an Plean Gníomhaithe um Dhramhaíl le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2020–2025 [45] an bealach dár n-aistriú ó dhiúscairt dramhaíola go hacmhainní a chaomhnú i ngeilleagar ciorclach. Neartaítear beartas a thuilleadh mar gheall ar an gcéad straitéis de chuid na hÉireann um gheilleagar ciorclach, 'Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2020-2023' [46], agus 'Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2023-2029' atá ar an mbealach.

Tá na straitéisí agus pleananna seo, le tacaíocht ón reachtaíocht, ríthábhachtach chun úsáid fuinnimh agus tomhaltas acmhainní a laghdú agus laghdú a bhaint amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa (CHG) ar an iomlán faoi 2030 agus chun astaíochtaí neodracha a bhaint amach faoi thráth nach déanaí ná 2050. Ní féidir leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise agus le bearta éifeachtúlachta fuinnimh ach tabhairt faoi roinnt dár n-astaíochtaí, chun tabhairt faoinár spriocanna comhshaoil teastaíonn claochlú freisin sa bhealach a dtairgimid agus a n-úsáidimid táirgí.

De réir mar a bhogann an fócas ó dhramhaíl a bhainistiú mar acmhainn le hathúsáid agus le deisiú, tógfaidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) ar an dul chun cinn atá déanta ó bhí an plean um Bainistiú Dramhaíola deireanach ann chun an geilleagar ciorclach a leabú a thuilleadh, de réir na straitéisí agus na bpleananna náisiúnta. Cuireann CCÁCT chun cinn tionscnaimh chiorcláin chun cinn trí fheachtais agus tionscnaimh éagsúla a sheachadadh amhail Faisean Athghrá, Caiféanna Deisiúcháin, í athúsáidte, etc.

Mar sin féin, tá bealach fada le dul go fóill. Dar leis na tuarascálacha is deireanaí de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le giniúint bhliantúil dramhaíola, tá an méid dramhaíola a ghinimid fós ag méadú. Is léir go n-éilíonn an t-aistriú go dtí geilleagar ciorclach freagairt náisiúnta i ngach earnáil den gheilleagar trí shaolré táirgí agus ábhar.

# PRÍOMHRÉIMSÍ GNÍOMHAITHE CCÁCT CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR AN NGEILLEAGAR CIORCLACH & AR BHAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ




Fíor 5.7: Príomhréimsí Gníomhaithe CCÁCT maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní le haghaidh Ghníomhú ar son na hAeráide

## AG BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA IN CCÁCT

Tá CCÁCT fós ag scrúdú conas a ghintear agus a bhainistítear dramhaíl i ngach maoin agus oibríocht den Chomhairle. Tá sé ríthábhachtach deighilt dramhaíola níos fearr a chur chun cinn má táimid chun Rátaí Athchúrsála AE a bhaint amach, e.g. 55% de dhramhaíl bhardasach faoi 2025, ag ardú go 60% faoi 2030 agus ní mór 65% de dhramhaíl phacáistíochta a bheith ullmhaithe le hathúsáid nó le hathchúrsáil. Is féidir tuilleadh sonraí ar na spriocanna sonracha a aimsiú ar www.ec.europa.eu.

Is é aidhm an Údaráis Áitiúil deiseanna a shainaithint chun acmhainní a laghdú ar fud gach roinne. Mar shampla, a bheith ag obair le conraitheoirí i gceaintíní foirne chun dramhaíl agus uisce a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ina n-oibríochtaí, ag fiosrú deiseanna chun dramhaíl tógála agus scartála (C&D) a laghdú inár dtionscadail agus scotháin féir a bhainistiú go hinbhuanaithe.

Tá ceanglas ar Éirinn agus Ballstáit AE eile faisnéis a thuairisciú ar ghiniúint agus cóireáil dramhaíola agus leibhéil ghéilliúlachta le spriocanna téarnaimh agus athchúrsála - faoi raon treoracha agus rialachán dramhaíola Eorpacha lena n-áirítear an Chreat-Treoir Dramhaíola, an Treoir maidir le Líonadh Talún agus na Treoracha um Fhreagracht Táirgeoirí.

## AG GLACADH GEILLEAGAR CIORCLACH

Is iad an fás daonra, gníomhaíocht eacnamaíoch agus ár gcur chuige tomhaltóra a spreagann giniúint dramhaíola. Dúshlán amach anseo is ea an treocht seo a dhíchúpláil, ar dúshlán é a bhfuil sé d'aidhm ag an bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2023-2029 freagairt air. Oibreoidh CCÁCT chun tacú le spriocanna an Phlean Nua do Gheilleagar Ciorclach agus iad a chur chun feidhme.

Agus í ag cur chun cinn tomhaltas inbhuanaithe chun dramhaíl a chosc, leanfaidh CCÁCT ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil rochtain ann ar áiseanna athchúrsála ar fud an Chontae agus laghdóidh sí an méid ábhar in-athchúrsáilte a dhéantar a dhiúscairt. Thairis sin, oibreoimid chun deiseanna a sheachadadh chun aird a tharraingt ar dheisiú agus athúsáid ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.




15 Suiteáladh fuaráin phoiblí uisce óil i mBaile Átha Cliath Theas go dáta, mar bheart chun méid na bPlaisteach Aon Úsáide ag dul amú, agus tacú le taisteal gníomhach. Rianaítear sonraí úsáide ar thairseach gréasáin. Go dáta cuireadh corradh is 280,000 buidéal plaisteach (arb ionann iad agus 6,200 kg) ar atreo ó chúrsaíocht. Breithneofar suiteáil fhuaráin bhreise uisce faoi CAP 2024-2029.



Ag obair le húdaráis eile i mBaile Átha Cliath, CARA agus Réigiún Dramhaíola an Oirthir & Lár Tíre (EMWR), sheachaid CCÁCT clár faisnéise 30-40 nóiméad agus paca acmhainní ag athbhreithniú Thionscal Faisin na hÉireann agus a thionchar ar an timpeallacht - ag díriú go príomha ar an bhfaisean tapa, dramhaíl teicstíle, cosc dramhaíola, micreashnáithíní agus timpeallacht mhuirí, an chaoi a dtugaimid aire dár n-éadaí agus glaoch chun gnímh.

## AN TIMPEALLACHT ÁITIÚIL A CHOSAINT

Tá beartas agus reachtaíocht láidir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chuimsíonn bearta um ghéilliúlacht agus forfheidhmiú bainistíochta dramhaíola, ann cheana féin. Tá monatóireacht agus forfheidhmiú na reachtaíochta ar siúl go leanúnach, agus úsáidtear plean cigireachta bliantúil lena áirithiú go gcuirtear spriocanna i gcrích go héifeachtúil.

## BUNTÁISTÍ BREISE

Is féidir buntáistí eile a bheith ann do Bhaile Átha Cliath Theas mar thoradh ar na gníomhartha chun geilleagar ciorclach a ghlacadh agus dramhaíl a bhainistiú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh:

- **Buntáistí Comhshaoil:** Trí aistriú go geilleagar ciorclach, ba cheart dúinn a bheith ag súil le laghdú sa truailliú plaisteach. Beidh tionchar níos leithne idirnáisiúnta ag geilleagar ciorclach maidir le brú ar an gcomhshaol a laghdú, trí úsáid acmhainní nádúrtha, agus cur isteach ar nó caillteanas gnáthóg agus bithéagsúlacht a mhoilliú. Mar gheall ar amhábhair a athchúrsáil laghdaítear ár spleáchas ar sholáthar teoranta amhábhar.
- **Buntáistí Eacnamaíocha:** Tá féidearthacht ag baint leis an aistriú go geilleagar ciorclach nuálaíocht a spreagadh agus fostaíocht a chruthú san earnáil athúsáide agus deisiúcháin. Is féidir go mbeidh de thoradh air táirgí tomhaltóra ar chaighdeán níos fearr agus a mhaireann níos faide, rud ar cheart go hidéalach go mbeadh coigilteas airgid ann dá thoradh sin dúinn uile mar thomhaltóirí.
- **Sláinte & Folláine:** Tá timpeallacht fholláin, ghlac agus chosanta ríthábhachtach le haghaidh shláinte agus fholláine shaoránaigh na hÉireann.

# GEILLEAGAR CIORCLACH & BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag Bainistiú Dramhaíola in CCÁCT** | | | | | | | |
| **BA1** | Monatóireacht a dhéanamh ar córais inmheánacha bhainistíochta um dhramhaíl agus uisce i ngach foirgneamh de chuid CCÁCT. | % laghdú ar shruthanna aonair dramhaíola ar fud CCÁCT; Fás 0% ar dhramhaíl a gineadh le linn shaolré an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach; Méadair chiúbacha uisce a sábháladh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Feidhmíocht Chorparáideach & Bainistíocht Athruithe (CPCM); Seirbhísí Ailtireachta; Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) | |
| **BA2** | Oibriú le seirbhísí corparáideacha agus le conraitheoirí chun dramhaíl a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i gceaintín CCÁCT. | Tonnáiste bliantúil dramhbhia; Fuinneamh a úsáidtear; Gabhdáin in-athúsáidte a thabhairt isteach | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM | EWCC - Athrú Aeráide; oibritheoir ceaintín |
| **BA3** | Deiseanna a shainaithint chun an dramhaíl Tógála agus Scartála (C&D) a gineann CCÁCT a laghdú, agus teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí ábhartha go comhoibríoch. (Féach Nóta A thíos) | Tonnáiste bliantúil de dhramhaíl Tógála & Scartála (C&D) a cuireadh ar aghaidh lena hathúsáid | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Bainisteoirí Iosta CCÁCT | Seirbhísí Ailtireachta; EWCC - An Réimse Poiblí, Bainistiú Dramhaíola; Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar (LUPT) |
| **BA4** | Fiosraigh réitigh inbhuanaithe maidir le scotháin féir a bhainistiú Réitigh chuí a aithnítear a sheachadadh. | An Chéad Staidéar Féidearthachta curtha i gcrích agus iarchúram curtha i gcrích gach 2 bliain | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | EWCC - Athrú Aeráide |
| **BA5** | Úsáid ábhar inbhuanaithe/ nádúrtha a chur chun cinn i spásanna súgartha nua agus uasghrádaithe, spásanna do dhéagóirí agus inlíonadh páirceanna imeartha féir shintéisigh. | m2 de dhromchla rubair a úsáidtear i spásanna spraoi; Líon páirceanna imeartha féir shintéisigh le hinlíonadh rubair seachas inlíonadh nádúrtha | Pleanáilte Tosach: 2024 Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí; Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail (HSCD) - Pobal, Tithíocht | |
| **BA6** | Páipéar athchúrsáilte nó éiceabhách a thabhairt isteach le húsáid i ngach printéir de chuid CCÁCT. | Athchúrsáilte / éiceabhách tugtha isteach | Tús i: 2024 | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM | |
| **BA7** | Teagmháil a dhéanamh le pobail agus le cónaitheoirí ar fud an Chontae, trí thob-imeachtaí áitiúla ardaithe feasachta a reáchtáil, maidir le huasghráduithe fuinnimh sa bhaile, maoiniú agus tacaíochtaí eile atá ar fáil. | Líon na n-ócáidí | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Codema - Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, An Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide |

# GEILLEAGAR CIORCLACH & BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ag Glacadh Geilleagar Ciorclach** | | | | | | | |
| **BA8** | Tacú le cur chun feidhme spriocanna an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2023-2029 agus iad a chur chun cinn. | 0% fás dramhaíola thar shaolré an phlean; bonnlíne a bhunú agus dramhail bhia a laghdú de leath faoi 2030; deiseanna a shainaithint chun dramhail a dhíbirt agus úsáid acmhainní mar a leagtar amach sa phlean a uasmhéadú | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán / Tionchar | EWCC - Bainistiú Dramhaíola | EWCC - Feasacht Chomhshaoil |
| **BA9** | Soláthar a dhéanamh do líonra d'ionaid fág anseo, agus é a chothabháil sa Chontae chun athchúrsáil ábhar a éascú. (Féach Nóta B thíos) | Tonaí gloine a bailíodh; Tonaí teicstílí a bailíodh ag ionaid fág anseo; Líon na láithreacha ina bhfuil ionaid fág anseo ar fud an chontae | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Bainistiú Dramhaíola | Conraitheoirí ag feidhmiú na n-áiseanna athchúrsála |
| **BA10** | Deiseanna a chur ar fáil le haghaidh athúsáid ábhar a thugtar isteach le diúscairt chuig Saoráid Chonláiste Chathartha CCÁCT. | Líon na scéimeanna athúsáide a bunaíodh; Tomhas ábhair a cuireadh ar atreo le hathúsáid, de réir mar is cuí | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Bainistíocht Dramhaíola, Feasacht Chomhshaoil | Conraitheoirí ag feidhmiú an tSuímh Conláiste Chathartha |
| **BA11** | Treoirlínte agus téarmaí agus coinníollacha inbhuanaitheachta a fhorbairt d'aon imeachtaí lena dtacaíonn CCÁCT, arna n-éascú nó arna n-eagrú ag CCÁCT. | Treoirlínte forbartha | Tosach Beartaithe: 2026. Tréimhse: go dtí 2026. | Maolú | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Fiontar Eacnamaíochta agus Forbairt Turasóireachta (EETD); Ranna Uilig CCÁCT |
| **BA12** | Láithreacha amuigh faoin aer a shainaithint le haghaidh suíomh(anna) trialach do bhoscaí athchúrsála. (Féach Nóta C thíos) | Tionscadal píolótach seachadta; Tonnáiste tuairiscithe | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Bainistiú Dramhaíola | |
| **BA13** | Limistéir eile a shainaithint chun fuaráin uisce óil a shuiteáil. | Líon na láithreacha; Méid lítear uisce úsáidte i gcomparáid leis na mbuidéil phlaisteacha atá sábhailte | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: 2024 | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - An Réimse Poiblí | Uisce Éireann |
| **An Comhshaol a Chosaint** | | | | | | | |
| **BA14** | Monatóireacht a dhéanamh ar rialú dramhaíola i mBaile Átha Cliath Theas agus é a fhorfheidhmiú. | Measúnú Feidhmíochta Comhshaoil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Forfheidhmiú Dramhaíola | GCC; Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) |

# GEILLEAGAR CIORCLACH & BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Oiriúnú / Maolú | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réitigh aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | | | | | |
| **RIALTAS1** | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. | Líon na dtionscnamh a bhaineann leis an aeráid a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |
| **RIALTAS2** | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha le tionchar aeráide agus timpeallachta laghdaithe a fháil.<br>Cuir oiliúint GPP ábhartha ar fáil don fhoireann. | % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG;<br>% na dTairiscintí lena n-áirítear SPG mar chritéar scóráilte;<br>Líon na mball foirne a chuir an oiliúint i gcrích | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Feidhmiú céimneach oiliúna faoi Ráithe 4 2024. | Maolú | Freagracht Iomlán | CPCM - Soláthar | Ranna Uilig CCÁCT |
| **RIALTAS3** | Áirithiú go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhartha agus beartais aeráide a ionchorprú, le fócas ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, córas draenála uirbí inbhuanaithe (SuDS) atá dúlrabhunaithe, Bonneagar Glas (GI) a fheabhsú agus a choimeád, bithéagsúlacht, iompar inbhuanaithe agus aistriú modha, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na aeráide;<br>Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI;<br>Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | LUPT; EWCC |
| **RIALTAS4** | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Maolú | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

## CEISTEANNA COMHSHAOIL COMHTHÁITE

**Gníomh BA3 - Nóta A:** A chinntiú go gcomhlíonann gach athúsáid dramhaíola C&D/ ábhair leis an reachtaíocht Bainistíochta Dramhaíola (e.g. riachtanais Ailt 27 nó 28) agus nach n-imrítear tionchar diúltach neamhbheartaithe ar an timpeallacht.

**Gníomh BA9 - Nóta B:** Agus a chinntiú go suitear, go ndeartar agus go mbainistítear na suíomhanna seo go cuí ionas nach mbeidh siad ina gcúis le tionchair shuntasacha dhochracha ar an gcomhshaol.

**Gníomh BA12 - Nóta C:** Meas cuí a léiriú ar íogaireachtaí comhshaoil amhail láithreáin Eorpacha agus an bhithéagsúlacht.

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL





Féile um Ghníomhú ar son na hAeráide, Páirc Thigh Motháin, 2022

Tá na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráid forleathan ar fud na sochaí agus éilíonn siad freagairtí iomlánaíocha i gcomhar. Go simplí, imreoidh an t-athrú aeráide, agus ár ngníomhartha chun a iarmhairtí a mhaolú agus oiriúnú dóibh, tionchar orainn uile - mar sin mar dhaoine aonair agus pobail ba cheart dúinn gníomhú ar son na haeráide a phlé agus tionchar a imirt air i mBaile Átha Cliath Theas. Cuireann an plean seo luach ar rannpháirtíocht an phobail agus lorgaíonn sé deiseanna chun bheith ag obair le saoránaigh agus páirtithe leasmhara chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh atá éifeachtach agus a bhfuil bonn eolais faoi.

Tá taithí shuntasach ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) maidir le dul i dteagmháil le saoránaigh agus páirtithe leasmhara trína bhfeidhmeanna atá ann cheana, mar shampla, pleanáil úsáide talún, tithíocht, fostaíocht, iompar, feasacht chomhshaoil, comhpháirtíochtaí spóirt, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN) agus raon de chláir agus tionscnaimh eile. Tá sé ríthábhachtach go mbainfimid lántairbhe as an taithí seo mar chuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide CCÁCT, agus deiseanna nua agus nuálacha rannpháirteachais a lorg ag an am céanna ar fud pobail i mBaile Átha Cliath Theas. Ba cheart go gcabhródh deiseanna rannpháirtíochta leis an bpobal linn go léir, agus go gcumasódh siad muid, ár gcion féin a dhéanamh in aistriú Bhaile Átha Cliath Theas go réigiún ísealcharbóin agus aeráidseasmhach.

## PRÍOMHRÉIMSÍ GNÍOMHAITHE CCÁCT CHUN DUL I DTEAGMHÁIL LE POBAIL MAIDIR LEIS AN NGNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE




Fíor 5.8: Príomhréimsí Gníomhaithe CCÁCT chun dul i dteagmháil le Pobail maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide

## AG TÓGÁIL FEASACHT AERÁIDE

Tá cuntas teiste bunaithe ag CCÁCT maidir le cláir feasachta a sheachadadh ar shaincheisteanna éagsúla aeráide. Ó thionscnaimh fhadbhunaithe amhail Scoileanna Glasa agus Seachtain na hÉiceolaíochta, go cinn níos nuaí amhail Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (DCAW), tá sé mar aidhm againn eolas a thabhairt do phobail ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, iad a chumasú agus tacú leo chun gníomhú ar son na haeráide.


DUBLIN CLIMATE ACTION WEEK

In 2021 agus 2022 reáchtáil na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath, i gcomhpháirt le Codema (Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath) agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (CARO), Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath. Eagraíodh sceideal iomlán imeachtaí rannpháirteachais phoiblí ar ghníomhú aeráide ar fud Bhaile Átha Cliath, ag cuimsiú réimsí téamacha na bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 – 2024.
www.dublinclimateactionweek.ie

## AG CUR AN ATHRAITHE AERÁIDE IN IÚL

Mar údarás áitiúil, soláthraíonn CCÁCT raon tionscadal agus gníomhartha a bhaineann leis an aeráid a bhfuil tionchar acu ar shaol saoránach ar fud an chontae. Úsáideann an Chomhairle raon uirlisí cumarsáide, amhail ár Nuachtlitir um Athrú Aeráide agus ár Suíomh Gréasáin um Athrú Aeráide
(www.southdublinclimate.ie) chun eolas agus oideachas a chur ar fáil maidir lenar féidir linn go léir a dhéanamh chun ár dtionchar a laghdú.

## PACÁISTÍ UM CHOIGILTE FUINNIMH BAILE



Tá Pacáistí um Choigilte Fuinnimh Baile ar fáil ar iasacht ó Leabharlanna roghnaithe i mBaile Átha Cliath Theas.

Cabhraíonn an pacáiste le húinéirí tí mioniniúchadh fuinnimh a dhéanamh ina dteach. I ngach pacáiste tá sé uirlis phraiticiúla a chabhraíonn le húinéirí tí tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáideann a dteach fuinneamh agus ar na bealaí chun coigilteas féideartha a aimsiú.

## TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE PRÍOMHPHÁIRTITHE SEACHTRACHA CHUN CLÁIR AGUS FEACHTAIS A SHOLÁTHAR AR MHAITHE LE HEOLAS AR SHAINCHEISTEANNA AERÁIDE A MHÉADÚ

Éileoidh athrú claochlaitheach cur chuige uile-shochaí. Oibríonn CCÁCT le páirtithe seachtracha éagsúla chun cláir agus feachtais a sholathar ar mhaithe le heolas ar shaincheisteanna aeráide a mhéadú

Clár leanúnach amháin is ea Clár Chlubanna Glasa CLG, ina n-oibríonn údaráis áitiúla le clubanna áitiúla trí chomhairle agus treoir a thairiscint maidir le cabhrú le clubanna tionscadail inbhuanaitheachta agus gníomhaithe aeráide a chur i gcrích faoin gClár.

Tá tionscadail agus cláir mar a n-oibríonn CCÁCT leis na pobail ghnó, na pobail talmhaíochta agus eagraíochtaí eile i mBaile Átha Cliath Theas tábhachtach má táimid chun sochaí aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050.

## AG TACÚ LE POBAIL FUINNIMH INBHUANAITHE SEAI I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Tá gníomhú pobail ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Bealach iontach le bheith rannpáirteach is ea an clár um Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SEC). Tá lúcháir ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, i gcomhar le SEAI, leanúint ar aghaidh lena cuid oibre le Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) sa chontae. Cuirtear meantóir fuinnimh ar fáil do gach grúpa lena threorú tríd an bpróiseas trí chéim a bhaineann le 'Foghlaim-Pleanáil-Déan'. Díríonn an cur chuige pleanáilte seo ar chabhrú le grúpaí áitiúla i mBaile Átha Cliath Theas a bheith níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de, fuinneamh in-athnuaite a fhiosrú agus smaoineamh ar réitigh teicneolaíochta cliste ina gceantar.
Déan teagmháil le **climatechange@sdublincoco.ie** chun tuilleadh eolais a fháil maidir le SEC a chur ar bun.

## AG LEABÚ AN GHNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh gach cuid de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag obair i dtreo á spriocanna a bhaint amach. Tá oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide, arna forbairt i gcomhpháirtíocht leis na CAROanna agus Grúpa Oiliúna Náisiúnta Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASTNG) fós á fhorfheidhmiú don earnáil iomlán údarás áitiúil lena n-áirítear baill tofa, chun baill foirne a chumasú agus a uasoiliúint chun gníomhú mar cheannairí maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. Ar bhonn laethúil, oibríonn foireann Ghníomhaithe CCÁCT ar son na hAeráide le ranna eile de chuid CCÁCT chun tacú le cur i gcrích gníomhartha ar son na haeráide. Leanfar ar aghaidh ag fiosrú deiseanna nua, go háirithe le teicneolaíocht nua a úsáid ar son seachadadh níos cliste.

## AG TACÚ LE POBAIL I MBAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Chun athrú claochlaitheach a bhaint amach, tá éileamh ar ghníomhú aeráide arna thiomáint ag saoránaigh ríthábhachtach. Tá sé mar aidhm ag CCÁCT ár saoránaigh a chumasú chun na deiseanna a chuireann aistriú go sochaí charbón-neodrach ar fáil a thapú.

Trí thacú le tionscnaimh phobail, amhail Comórtas na mBailte Slachtmhara, tá sé mar aidhm ag CCÁCT tacú le grúpaí áitiúla atá ag déanamh gníomhú dearfach ar son na haeráide agus cúiteamh leo. Mar gheall ar an gCiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a thabhairt isteach, mar a leagtar amach anseo, cuirtear cabhrú airgeadais suntasach ar fáil do ghrúpaí áitiúla maidir le pobail ísealcharbóin inbhuanaithe a thógáil.

## CISTE POBAIL UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Thaispeáin Comhráite Aeráide 2022 go bhfuil pobail ar fud na hÉireann ag iarraidh níos mó gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh go bhfuil an tacaíocht le sin a dhéanamh ag teastáil uathu. Mar fhreagairt, sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an **Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide**. Leithdháileann Snáithe 1 den chlár €1.07 milliún thar thrí bliana chun tacú le grúpaí pobail i mBaile Átha Cliath Theas agus iad a chumasú pobail ísealcharbóin inbhuanaithe a mhúnlú agus a thógáil ar bhealach comhleanúnach ionas go gcuirfidh siad le spriocanna foriomlána aeráide agus fuinnimh na hÉireann. Tá an ciste ríthábhachtach maidir le cabhrú aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa i mBaile Átha Cliath nach bhfuil faoi smacht na Comhairle.

Tá Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide ceaptha ag CCÁCT, a thabharfaidh treoir agus tacaíocht do phobail chun tionscadail agus tionscnaimh áitiúla a fhorbairt.

Le bheith rannpháirteach, nó le tuilleadh eolais agus treoracha a fháil, déan teagmháil le CCÁCT ag **climatechange@sdublincoco.ie**



Scoláirí Idirbhliana ó Choláiste Pobail Theach na Giúise ag seoladh Sheachtain na hÉiceolaíochta i Márta 2023.

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmháil a dhéanamh le saoránaigh maidir leis an athrú aeráide: Clár feasachta ionchuimsitheach a sheachadadh chun saoránaigh, gnólachtaí agus eagraíochtaí Bhaile Átha Cliath Theas a chumhachtú chun gníomhú dearfach ar son na haeráide** | | | | | | |
| **RP1** | Clár oideachais aeráide a sheachadadh do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, lena n-áirítear seachadadh leanúnach chlár na Scoileanna Glasa agus Sheachtain na hÉiceolaíochta. | Líon na scoileanna atá rannpháirteach;<br>Líon na mbratach a bhronntar in aghaidh na bliana;<br>líon na n-imeachtaí a tionóladh;<br>Líon na leanaí scoile ar ar freastalaíodh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) - Feasacht Chomhshaoil; Fiontar Eacnamaíochta agus Forbairt Turasóireachta (EETD) - Seirbhísí Leabharlainne | EETD - Seirbhísí Leabharlainne; An Taisce; éascaitheoirí oideachais seachtracha |
| **RP2** | Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath a reáchtáil gach bliain. | Líon imeachtaí;<br>Líon lucht freastail | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Údaráis Áitiúla Eile i mBaile Átha Cliath; Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) Chathair Bhaile Átha Cliath; Codema |
| **RP3** | Teagmháil a dhéanamh le pobail agus le gnólachtaí ar fud Bhaile Átha Cliath Theas trí cheardlanna / chuir i láthair, chun tuiscint ar an athrú aeráide a mhéadú. | Líon na n-ócáidí | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide;<br>EETD - Seirbhísí Leabharlainne | Ranna Uilig CCÁCT |
| **RP4** | Feachtais dhírithe a úsáid chun eolas ar shaincheisteanna comhshaoil a mhéadú, mar shampla, Mí na hAthúsáide, an tSeachtain Náisiúnta um Athchúrsáil Dhramhaíl Bhia, Lá Domhanda an Uisce, etc. | Líon na bhfeachtas a chuirtear i gcrích gach bliain | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide, Feasacht Chomhshaoil | EETD - Seirbhísí Leabharlainne; Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe (CPCM) - Aonad Cumarsáide |
| **RP5** | Monatóireacht a dhéanamh ar scéim na bPacáistí um Choigilte Fuinnimh Baile i leabharlanna CCÁCT agus í a fhorbairt, lena n-áirítear leagan atá éasca le húsáid don aos óg, le feidhmiú céimneach féideartha i scoileanna. | Líon na bpacáistí i leabharlanna CCÁCT;<br>Rátaí iasachta;<br>Pacáiste scoile forbartha agus an Líon díobh atá ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Codema; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RP6** | Ag sainaithint deiseanna chun leabharlanna i mBaile Átha Cliath Theas a úsáid mar mhoil aeráide. | Líon na dtionscnamh aeráide a soláthraíodh i leabharlanna / trí leabharlanna | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EETD - Seirbhísí Leabharlainne | Codema; EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **(Leanúint ar aghaidh) ag seachadadh raon uirlisí chun an pobal a chur ar an eolas faoi na saincheisteanna a bhaineann leis an athrú aeráide / Saincheisteanna maidir leis an athrú aeráide a chur in iúl trí úsáid a bhaint as uirlisí cumarsáide éagsúla** | | | | | | |
| **RP7** | Nuachtlitir CCÁCT um Athrú Aeráide a fhoilsiú - trí nuachtlitir sa bhliain. | Líon na nuachtlitreacha a fhoilsítear gach bliain;<br>Líon uaireanta a rinne léitheoirí rochtain ar an nuachtlitir;<br>Líon na síntiúsóirí | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RP8** | Suíomh Gréasáin CCÁCT um Ghníomhú ar son na hAeráide a chothabháil agus a fhorbairt. | Líon na n-amharc leathanaigh | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) |
| **RP9** | Ardáin Meán Sóisialta CCÁCT a úsáid chun teachtaireachtaí aeráide a scaipeadh. | Líon idirghníomhaíochtaí | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe (CPCM) - Aonad Cumarsáide |
| **Teagmháil a dhéanamh le príomhpháirtithe seachtracha chun cláir agus feachtais a sholáthar ar mhaithe le heolas ar shaincheisteanna aeráide a mhéadú** | | | | | | |
| **RP10** | Tacú le Clár um Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) i mBaile Átha Cliath Theas ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) trí bheith ag obair leis an Meantóir Áitiúil. Sa chás nach mbeidh iarmhairtí neamhbheartaithe diúltacha comhshaoil do phobal áitiúil de bharr tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite lena dtacaítear. | Líon SECanna atá rannpháirteach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI); Codema |
| **RP11** | Oibriú le clubanna áitiúla chun Clár CLG na gClubanna Glasa a chur i bhfeidhm. | Líon na gclubanna atá rannpháirteach; Ceannasaí CCÁCT i bhfeidhm | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar / abhcóideacht | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | CLG; CARO; Oifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola |
| **RP12** | Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Tionscnamh Zero Together trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara chun áirithiú go ndéantar Plean Gníomhaithe Aeráide CCÁCT agus Treochlár Zero Together go 2030 a ailíniú agus a chur i bhfeidhm. | Líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh / líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm sa treochlár maidir le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | Codema |
| **RP13** | Glac páirt ar Fhoireann Chultúir agus Cruthaitheachta na Comhairle chun deiseanna le bheith ag obair le heagraíochtaí oideachais agus ealaíona a shainaithint le gníomhú ar son na haeráide a mheas mar chuid dá gcláir. | Rannpháirtíocht leanúnach i bhFoireann Chultúir & Chruthaitheachta | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar, Abhcóideacht | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | EETD - Oifig Ealaíon |
| **RP14** | Líonraí atá ann cheana a neartú agus naisc nua maidir le hathrú aeráide a chruthú le gnólachtaí a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide. | Líon na n-ócáidí | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EETD; EWCC | Comhlachas Tráchtála; Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) |

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RP15** | Dul i gcomhar le heagraíochtaí seachtracha chun deiseanna nó tionscnaimh nuálacha a fhiosrú a d'fhéadfaí a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath Theas. | Líon na n-ócáidí nó na ndeiseanna | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EWCC - Seirbhísí Uisce | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RP16** | Dul i gcomhar le lucht na talmhaíochta chun tuiscint a fháil ar an gcaoi gur féidir le CCÁCT tacú le hiarrachtaí athléimneachta agus le cleachtais inbhuanaithe feirmeoireachta. | Líon na n-idirghníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha leis an earnáil feirmeoireachta a thaifeadadh | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2029. | Tionchar | EWCC - Seirbhísí Uisce | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Gníomhú ar son na hAeráide a Leabú i ngach rannóg de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas** | | | | | | |
| **RP17** | Oiliúint ar Fheasacht Aeráide a chur ar fáil do gach ball foirne agus gach ball tofa, agus deiseanna a shainaithint chun feasacht aeráide a leabú i ngach rannóg. | Líon na mball foirne a bhfuil oiliúint faighte acu;<br>Líon na gcomhairleoirí a bhfuil oiliúint faighte acu | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | CPCM - Acmhainní daonna | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RP18** | Pacáiste ionduchtaithe CCÁCT maidir le gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt do gach ball foirne nua. | Pacáiste forbartha agus curtha i bhfeidhm | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: 2024. | Freagracht Iomlán | CPCM - Acmhainní daonna | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RP19** | Oibriú leis an rannóg TF chun deiseanna a shainaithint lena bhféadfaí teicneolaíocht a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aeráide, deiseanna a threiseodh tionchar an chláir Smart Dublin ag an am céanna chomh maith. | Tionscadail sainaitheanta | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | TFC | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Tacú le pobail i mBaile Átha Cliath Theas chun tionscadail aeráide a chur i gcrích** | | | | | | |
| **RP20** | Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a sholáthar | % den deontas a caitheadh ar thionscadail áitiúla um athrú aeráide | Tosach Beartaithe: 2024. Tréimhse: go dtí 2026. | Comhoibriú agus Éascú / Abhcóideacht | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | An Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide (DECC); grúpaí pobail; Grúpaí na mBailte Slachtmhara |
| **RP21** | Tacú le tionscnaimh na mBailte Slachtmhara a chuireann bearta maolaithe nó oiriúnaithe aeráide chun cinn. | Líon na dtionscnamh lenar tacaíodh gach bliain | Leanúnach | Tionchar | EWCC - Feasacht Chomhshaoil | Grúpaí na mBailte Slachtmhara; grúpaí áitiúla |
| **RP22** | Rannóg an Phobail le príomhdheiseanna a shainaithint chun dul i dteagmháil le pobail ar fud an chontae, i gcomhoibriú le Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Líon na gcruinnithe a tionóladh;<br>Líon na ndeiseanna a sainaithníodh | Leanúnach | Freagracht Iomlán | Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail (HSCD) - Pobal | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

# RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Achar Ama | Ról CCÁCT | Príomhroinn (Príomhranna) | Páirtí (Páirtithe) a Sainaithníodh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RP23** | Oibriú i gcomhar le healaíontóirí agus i gcomhpháirtíocht le Foireann Ghníomhaithe CCÁCT ar son na hAeráide chun tionscnaimh maidir le healaíona cruthaitheacha a fhorbairt sa chaoi go mbeidh daonra an chontae rannpháirteach i gcomhráite faoi ghníomhú ar son na haeráide. | Líon na dtionscnamh ar tacaíodh leo | Leanúnach | Freagracht Iomlán | EETD | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Réitigh aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | | | | |
| RIALTAS1 | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. | Líon na dtionscnamh a bhaineann leis an aeráid a cuireadh ar fáil | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide | |
| RIALTAS2 | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar aeráide agus comhshaoil laghdaithe a fháil, le tús áite tugtha d'earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar neodrach aeráide agus comhshaoil acu. Cuir oiliúint SGP ábhartha ar fáil don fhoireann. | % na dTairiscintí lena n-áirítear SPG;<br>% na dTairiscintí lena n-áirítear SPG mar chritéar scóráilte;<br>Líon na mball foirne a chuir an oiliúint i gcrích | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. Feidhmiú céimneach oiliúna faoi Ráithe 4 2024. | Freagracht Iomlán | CPCM - Soláthar | Ranna Uilig CCÁCT |
| RIALTAS3 | Áirithiú go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhartha agus beartais aeráide a ionchorprú, le fócas ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, córas draenála uirbí inbhuanaithe (SuDS) atá dúlrabhunaithe, Bonneagar Glas (GI) a fheabhsú agus a choimeád, bithéagsúlacht, iompar inbhuanaithe agus aistriú modha, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na haeráide;<br>Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI;<br>Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | LUPT; EWCC |
| RIALTAS4 | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | Tosach Beartaithe: Leanúnach. Tréimhse: go dtí 2029. | Freagracht Iomlán | Ranna Uilig CCÁCT | EWCC - Gníomhú ar son na hAeráide |

# 6. CRIOS DÍCHARBÓNAITHE



Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath Theas

## CAD IS CRIOS DÍCHARBÓNAITHE ANN?

Is éard atá i gCrios Dícharbónaithe (DZ) limistéar roghnaithe ina n-oibríonn údaráis agus pobail le chéile chun an méid carbóin a tháirgtear le linn an tsaoil laethúil a laghdú. Trí bheith ag lorg slite le bheith ag maireachtáil agus ag obair ar bhealach níos inbhuanaithe sa phobal, is féidir leis na criosanna seo réitigh áitiúla a aimsiú ar fhadhbanna domhanda, rud a théann chun tairbhe don phobal áitiúil freisin, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú, fuinneamh a chaomhnú agus dramhaíl a laghdú.

Is é príomhchuspóir Creasa Dícharbónaithe bealaí nuálacha ach indéanta a aimsiú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% ón limistéar faoin bliain 2030, bunaithe ar leibhéil 2018. Bunófar plean gach limistéir ar shainghnéithe an limistéir, cad atá chun tairbhe don phobal, agus conas a d'fhéadfadh na gnéithe seo a bheith ag obair le chéile chun carbón agus gáis ceaptha teasa eile a laghdú nó a bhaint ón bpróiseas.

Trí na criosanna seo a chruthú, is féidir cineálacha cur chuige agus tionscadal a thástáil agus a chomhlánú, rud a ligfidh do phobail eile na smaointe seo a chur i bhfeidhm bunaithe ar a riachtanais féin.

## CÉN FÁTH A BHFUIL TIONSCADAL AN 'CHREASA DÍCHARBÓNAITHE' AG TARLÚ?

Mar chuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide in Éirinn 2019, ní mór do gach údarás áitiúil sa tír plean maidir le Crios Dícharbónaithe a dhéanamh. In 2023, mar chuid de Treoirlínte le haghaidh Plean Gnímh Údaráis Áitiúil don Aeráid [16] foilsithe ag An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), ní mór Criosanna Dícharbónaithe a bheith san áireamh i ngach Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an údaráis áitiúil.

## CÉN FÁTH AR ROGHNAÍODH CLUAIN DOLCÁIN AR SON BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS?

Roghnaigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCÁCT) limistéar Chluain Dolcáin mar áit ina mbunófar crios dícharbónaithe.

Chun cáiliú mar Chriosanna Dícharbónaithe, is gá do na limistéir roghnaithe saintréithe áirithe a léiriú a bhfuil sé d'acmhainn acu gníomhú ar son na haeráide thar earnálacha éagsúla. Roghnaíodh Cluain Dolcáin mar Chrios Dícharbónaithe de bharr gur measadh 1) go raibh Cluain Dolcáin réidh chun tacú le gníomhú ar son na haeráide, 2) go raibh muintearas láidir i measc an phobail, 3) go raibh an líon daonra ceart ann (5,000 duine ar a laghad do chriosanna dícharbónaithe uirbeacha).

Mar Chrios Dícharbónaithe, tá an-acmhainneacht i gCluain Dolcáin i leith tionscadail aeráide nua agus tionscadail aeráide atá ann cheana a fhorbairt, agus tá deiseanna ann le dul i ngleic le neart saincheisteanna. Mar shampla, d'fhéadfaí cáilíocht an aeir a fheabhsú trí fhéachaint ar úsáid mhéadaithe a bhaint as iompar poiblí, taisteal gníomhach agus moil soghluaisteachta. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fuinnimh le bonneagar fuinnimh nua, amhail gréasáin leictreachais a uasghrádú agus téamh ceantair, agus trí éifeachtúlacht agus theas inathnuaite a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe, phoiblí agus thráchtála. Tá deiseanna ann do thionscadail ghlasa a thacaíonn le bithéagsúlacht i limistéir talún phoiblí agus i limistéir thalún atá i seilbh phríobháideach araon.

Ina theannta sin, tá Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) Chluain Dolcáin á fhorbairt faoi láthair ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá poitéinseal ann an Plean Ceantair Áitiúil agus an Crios Dícharbónaithe a fhorbairt le cheile, agus sa chaoi sin tionchar, agus buntáistí, gach plean a mhéadú.

## FÍS DON CHRIOS DÍCHARBÓNAITHE

Tá dréacht-fhís forbartha ag an gComhairle do Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin. Déanfar an fhís seo a fhorbairt agus a chíoradh a thuilleadh trí rannpháirtíocht agus comhchomhairle an phobail le linn na gcéad chéimeanna eile mar a leagtar amach iad ag deireadh na caibidle seo.

> **Le Crios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin cuirfear deiseanna maidir le dícharbónú agus maireachtáil inbhuanaithe inár gContae i láthair.**

## 'CRIOS DÍCHARBÓNAITHE CHLUAIN DOLCÁIN' INNIU


Chun an sprioc maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030, ní mór dúinn a bheith ar an eolas faoi astaíochtaí atá sa chrios dícharbónaithe faoi láthair, suíomh ina bhfuil na hastaíochtaí, na gníomhaíochtaí atá á dtairgeadh agus cuspóir na ngníomhaíochtaí seo.

Is gá freisin gach ní a mheas ó mhiondealú an daonra agus patrúin taistil go cineálacha foirgneamh agus cineálacha córas téimh sa limistéar. Leis seo, tabharfar forléargas mionsonraithe dúinn maidir le bheith ar an eolas faoi iompraíochtaí, gníomhaíochtaí agus bonneagar atá ann cheana féin, sa chaoi go bhféadfaí breith a thabhairt ar an tslí is fearr chun réitigh a fhorbairt atá saincheaptha do Chluain Dolcáin agus do na daoine atá ina gcónaí agus atá ag obair anseo. Léirítear i bhFíor 6.1 thíos suíomh an Chreasa Dhícharbónaithe (DZ) atá beartaithe.


### Méid, Criosú agus Bonneagar

Baile agus bruachbhaile is ea Cluain Dolcáin, atá suite ar an taobh thiar de chathair Bhaile Átha Cliath, díreach lasmuigh den M50. Léirítear crios dícharbónaithe (DZ) Chluain Dolcáin i bhFíor 6.1 agus i bhFíor 6.2 thíos. Úsáidtear an crios chun críocha cónaithe go príomha, é ag clúdach 52.6% den limistéar iomlán. Spás oscailte (páirceanna, srl) le 22.8%, limistéir a bhaineann le fiontar agus fostaíocht le 11.2%, limistéir a chuirfidh forbairt straitéiseach ar fáil le 6.7%, lár bailte le 3.8%, forbairt ar lárionaid áitiúla le 1.6% agus forbairt ar lár sráidbhailte le 1.3%.

Tá 8.11 km2 in achar iomlán Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin, lena n-áirítear 10,935 teaghlach agus 413 foirgneamh tráchtála agus thionscail.




*Fíor 6.1: Suíomh DZ Chluain Dolcáin*





*Fíor 6.2: Criosú úsáid talún in DZ Chluain Dolcáin*

## Daonra

Tuairim is 33,000 atá i ndaonra Chluain Dolcáin (tá 15.0% den daonra níos sine ná 60 bliain d'aois, 29.3% níos óige ná 20 bliain d'aois agus tá an 55.7% eile idir 20 agus 60 bliain d'aois).

## Bonneagar Poiblí

I dteanna le lár an bhaile, limistéir chónaithe agus spásanna oscailte, tá bonneagar poiblí tábhachtach ag Cluain Dolcáin, mar a léirítear i bhFíor 6.3.




*Fíor 6.3: Áiseanna agus áiteanna poiblí i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin*

## Naisc iompair

Is é stáisiún traenach Chluain Dolcáin-Chnoc an Fhuaráin an príomhstáisiún laistigh de chrios dícharbónaithe Chluain Dolcáin agus ceanglaíonn sé Cluain Dolcáin le cathair Bhaile Átha Cliath. I measc nasc iompair ríthábhachtach atá ag roinnt teorann leis an gcrios, tá an M50 taobh thoir den chrios agus tá an N7 le hais theorann an chreasa ó dheas. Freastalaíonn bealaí bus Bhaile Átha Cliath 13, 51d, 68, 68a agus 69 chomh maith le seirbhís Nitelink 69n ar an limistéar freisin.

Tá mol Loctha agus Marcaíochta na Bó Deirge suite go díreach lasmuigh pointe soir ó dheas den chrios, rud a thugann fáil nach beag don ghréasán Luas agus anuas air sin do sheirbhísí bus, lena n-áirítear busanna poiblí, busanna príobháideacha agus luasbhus a chuireann seirbhísí ar fáil do lár na cathrach agus do rogha bealaí faoin tuath agus bealaí idirchathracha.

## TEAGMHÁLAITHE AGUS PÁIRTITHE LEASMHARA TÁBHACHTACHA ATÁ ANN CHEANA

Tá rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara riachtanach chun pleananna an Chreasa Dhícharbónaithe (DZ) a fhorbairt. Mar shampla, aolann Treoirlínte Náisiúnta maidir le Pleananna Gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara atá luath agus leanúnach ar feadh an tionscadail. Ina theannta sin, leis na treoirlínte seo, léirítear nach bhfuil ag an údarás áitiúil 'the control or power to directly influence all of the energy and emission reductions within the boundaries of the DZ area'. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dul i gcomhar le réimse leathan earnálacha agus páirtithe leasmhara go luath i bpróiseas an chreasa dhícharbónaithe chun gníomhartha a shainaithint agus chun an plean a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. [16]

Chun próiseas cóir agus cothrom a áirithiú le haghaidh dul chun cinn agus cur chun feidhme Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin, tá sé i gceist ag CCÁCT páirtithe leasmhara ón gceantar áitiúil a tharraingt isteach, amhail grúpaí pobail, áiseanna oideachais, lárionaid sláinte, grúpaí óige, cumainn chreidmheacha agus na healaíona cruthaitheachta, i measc grúpaí eile. Beidh rannpháirtíocht níos leithne leis an bpobal agus le cónaithigh agus muintir Chluain Dolcáin tábhachtach freisin, i gcomhréir forbairt Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin.

Beidh sé ríthábhachtach príomh-idirghabhálaí ag a bhfuil lucht leanúna agus tionchar go forleathan sa phobal a shainaithint agus a bheith páirteach. Féadfaidh na grúpaí agus na daoine iontaofa seo feidhmiú mar 'nascóirí' idir an pobal agus an Chomhairle, chun tionscadail leanúnacha a ghiaráil, feasacht maidir le pleananna do Chrios Dícharbónaithe a mhúscailt agus pobal níos leithne a tharraingt isteach.

Sampla amháin de ghrúpa príomh-idirghabhálaí a ba chóir a bheith páirteach sa phróiseas maidir leis an gCrios Dícharbónaithe is ea Pobail Fuinnimh Inmharthana (SECs). Is éard atá i bpobal fuinnimh inmharthana dream a tháinig le chéile chun feabhas a chur ar bhealaí a úsáidtear fuinneamh agus chun córas fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe lena bpobal. Is minic a fhéachann pobail fuinnimh ar thionscadail i dteaghlaigh, iompar agus gnóthaí áitiúla. Tá sé mar aidhm acu:

- a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de
- fuinneamh in-athnuaite a úsáid
- réitigh chliste fuinnimh a mheas


D'fhéadfadh réimse úsáideoirí fuinnimh éagsúla sa phobal amhail tithe, clubanna spóirt, ionaid phobail, eaglaisí agus gnóthaí a bheith san áireamh i SEC. Ar an mbealach seo, cruthaíonn SEC nasc idir fuinneamh inbhuanaithe, forbairt eacnamaíoch áitiúil agus folláine phoiblí. Tá Pobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) amháin de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) laistigh de DZ Chluain Dolcáin - 'SEC Grúpa Fuinnimh Chluain Dolcáin'.

## ASTAÍOCHTAÍ LAISTIGH DE CHRIOS DÍCHARBÓNAITHE CHLUAIN DOLCÁIN

Is bealach é Fardal maidir le hAstaíochtaí Bonnlíne (BEI) chun léargas a fháil ar an méid gás ceaptha teasa (GCTanna) atá á scaoileadh faoi láthair i limistéar sonrach amháin é. Leis sin, féachtar foinsí astaíochtaí amhail teaghlaigh, gluaisteáin, gníomhaíochtaí tráchtála agus earnáil na tionsclaíochta, agus gníomhaíochtaí eile, mar aon le húsáid leictreachais agus bainistiú dramhaíola. Is mar threoir é an Fardal maidir le hAstaíochtaí Bonnlíne i leith ghníomhartha a dhéantar sna criosanna dícharbónaithe, ar mhaithe le slí mhaireachtála níos glaine, níos inbhuanaithe a bhaint amach.

Forbraíodh an Fardal maidir le hAstaíochtaí Bonnlíne trí mhodheolaíochtaí a úsáid ó roinnt tuarascálacha de chuid Codema [22 & 23], ó threoirlínte náisiúnta do phleananna gníomhaithe na nÚdarás Áitiúil ar son na hAeráide [16] agus ó thacair sonraí tacaíochta. Áirítear sna tacair sonraí bharrthábhachtacha seo: Daonáireamh 2016, Uirlis Taighde Náisiúnta um RFF de chuid SEAI, aschuir mhúnlaithe ón Údarás Náisiúnta Iompair, Córas Faireacháin agus Tuairiscithe de chuid SEAI, aschuir mhúnlaithe ó Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath. Cruthaíodh sraith na léarscáileanna a leagtar amach san alt seo a leanas trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí, foinsí agus tacair sonraí chéanna.

Is as leibhéil 2018 a ghlacann Criosanna Dícharbónaithe a BEI, mar a cheanglaítear i mbeartas náisiúnta aeráide. Trí na sonraí bonnlíne seo a úsáid, (Fíor 6.3) d'fhéadfaí an áit ar féidir na coigiltis charbóin is mó a bhaint amach a shainaithint, agus an bealach is fearr chun an sprioclaghdú 51% ar astaíochtaí GCT faoi 2030 a bhaint amach. Meastar gur ionann na hastaíochtaí go léir agus 109,875 tona de choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin ($tCO_2e$) a thairgeadh i gCrios Dícharbónaithe in 2018. Léirítear i bhFíor 6.4 príomhfhoinsí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin in 2018. Féadfar dul chun cinn a fheiceáil agus measúnú a dhéanamh ar rath gníomhaíochtaí ar son na haeráide sa chrios trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí astaíochtaí 2030 agus an bonnlíne 2018 seo.




*Fíor 6.4: Fardal maidir le hAstaíochtaí Bonnlíne (BEI) do Chriosanna Dícharbónaithe Chluain Dolcáin ag léiriú príomhfhoinsí d'astaíochtaí GCT*

## Astaíochtaí & Próifíl Cónaithe


Tugtar léargas dúinn sna sraith léarscáileanna a leanas - astaíochtaí cónaithe, rátáil fuinnimh foirgnimh agus córas téimh (Fíoracha 6.5, 6.6 agus 6.7 thíos) - ar chineálacha tithe agus córas téimh i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin agus na limistéir a bhfuil an éifeacht is mó ag uasghrádú nó aisfheistiú ar astaíochtaí agus ar cháilíocht an aeir, chomh maith le cineálacha oibre a bheidh riachtanach. Meastar go bhfuil thart ar 10,939 teaghlach lonnaithe laistigh de limistéar an DZ.

Féachtar sna léarscáileanna ar 'Cheantair Bheaga' laistigh den DZ. Is ionann 'Ceantar Beag' agus an miondealú geografach is lú in Éirinn a úsáidtear chun críocha staidrimh agus áirítear i ngach ceantar beag idir 80 agus 120 foirgneamh. I bhFíor 6.5 thíos, léirítear miondealú spáis na n-astaíochtaí cónaithe i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin, in aghaidh an 'Cheantair Bhig', agus béim á cur ar limistéir ina bhfuil an leibhéal astaíochtaí is airde, agus is ísle, ón earnáil chónaithe. Cabhraíonn na dathanna níos dorcha ar an léarscáil leis na ceantair sin a léiriú ina bhféadfadh an tionchar is mó a bheith ag uasghráduithe fuinnimh baile ar laghdú astaíochtaí.


Maidir le Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF), déantar rátáil ar fheidhmíocht fuinnimh baile ar scála ó A go G. Tá na teaghlaigh a bhfuil rátáil A acu ar na cinn a bhfuil an éifeachtúlacht fuinnimh is mó acu, agus tá na teaghlaigh a bhfuil rátáil G acu ar na cinn a bhfuil an éifeachtúlacht fuinnimh is lú acu. I bhFíor 6.6 thíos, léirítear Meánrátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) na dtithe i ngach ceantar beag laistigh de DZ Chluain Dolcáin Tá na RFFanna den chuid is mó sa mheán-raon go dtí an raon íseal, agus léiríonn rátálaithe C3, D1 agus D2 stoc foirgneamh atá ag dul in aois sa cheantar, agus leis sin tugtar aird ar an méid oibre atá ag teastáil chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach maidir le RFF ár stoc foirgneamh a fheabhsú.

I bhFíor 6.7 thíos, léirítear na ceantair ina n-úsáidtear na príomhbhreoslaí téimh – gás, ola, agus leictreachas – sa chrios dícharbónaithe. Is é gás nádúrtha an phríomhfhoinse breosla i gcomhair téamh cónaithe (75%), agus ina dhiaidh sin tá ola (12%) agus leictreachas (9%). Áirítear i measc breoslaí eile gual, adhmad, móin agus Gás Peitriliam Leachtaithe (GPL).


CRIOS DÍCHARBÓNAITHE




*Fíor 6.5: Astaíochtaí cónaithe (tCO2) in aghaidh an Cheantair Bhig i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin*





*Fíor 6.6: Meánrátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) Measta na dtithe i ngach ceantar beag laistigh de DZ Chluain Dolcáin*




*Fíor 6.7: Breoslaí téimh a úsáideadh in aghaidh an cheantair bhig in DZ Chluain Dolcáin, de réir shonraí daonáirimh 2016.*

## Astaíochtaí & Próifíl Tráchtála & na hEarnála Poiblí


Léirítear i bhFíor 6.8 thíos gáis ceaptha teasa ón earnáil tráchtála níos leithne laistigh de Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin. Tá gnóthaí beaga, meánmhéide agus móra san áireamh, ó shiopaí miondíolta na sráide móire agus ollmhargaí go foirgnimh oifige agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha. Tá foirgnimh earnála phoiblí sa áireamh freisin (údaráis áitiúla agus freisin gach uile ní eile a bhaineann leis an earnáil phoiblí). Tá tuiscint ar áiteanna a bhfuil na hastaíochtaí is airde agus is ísle ón earnáil seo cabhrach dúinn ionas go bhféadfaimis tuiscint a shaothrú ar a mbeadh an éifeacht is mó ag laghdú astaíochtaí amach anseo agus ag tionscadail fuinnimh in-athnuaite.





*Fíor 6.8: Astaíochtaí cónaithe (tCO2) in aghaidh an Cheantair Bhig in DZ Chluain Dolcáin*

## Astaíochtaí & Próifíl Iompair

Tagann thart ar 97% d'astaíochtaí iompair ó thurais bhóthair, agus thart ar 3% ó iompar iarnróid, laistigh de Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin. Léirítear i bhFíor 6.9 thíos na bóithre sa chrios dícharbónaithe a bhfuil na hastaíochtaí is airde ag baint leo agus léirítear i bhFíor 10 na bealaí a thaistealaíonn daoine laistigh den chrios dícharbónaithe agus iad ag dul ar obair, scoil nó coláiste. Chun astaíochtaí iompair a laghdú, agus chun cáilíocht an aeir a fheabhsú, ní mór aistriú go taisteal gníomhach agus glacadh feithiclí leictreacha a spreagadh. Léirítear sa chairt seo go bhféadfadh sé go mbeadh deis nach beag ann chun daoine a bhogadh ó thurais chairr, de bharr go raibh 50% de thurais go léir laistigh den chrios dícharbónaithe déanta le carr (bunaithe ar shonraí 2016 ón Phríomh-Oifig Staidrimh(CSO) [24]). Féadfar an fhaisnéis seo a úsáid chun tacú le pleananna nua do roghanna níos inbhuanaithe taistil laistigh den chrios.




*Fíor 6.9: Astaíochtaí ó thrácht ar bhóithre (tCO2) - arna fhorbairt bunaithe ar shonraí samhaltaithe curtha ar fáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA)*




*Fíor 6.10: Turais chuig an obair, chuig an scoil nó chuig an gcoláiste laistigh de chrios Chluain Dolcáin (CSO 2016 [24])*

## RÓL CHOMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Is mar éascaitheoir a fheidhmíonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin go príomha. Chun tacú le plean an Chreasa Dícharbónaithe agus lena chur i gcrích, beidh gá le gníomhú ní amháin ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, ach fairis sin ó eagraíochtaí eile ón earnáil phoiblí, gnólachtaí agus tionscail áitiúla, grúpaí sóisialta agus pobail agus ón bpobal i gcoitinne.

Á aithint é seo, beidh roinnt ról ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus í ag tabhairt tacaíochta do ghníomhú ar son na aeráide i gCluain Dolcáin. Is ionann na róil seo agus:

- Gníomhíocht dhíreach - gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach i réimsí laistigh de smacht díreach an údaráis áitiúil lena n-áirítear a bhfoirgnimh, bonneagar, córais, oibríochtaí, agus baill foirne féin.
- Éascú - gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach trí chomhordú, nascadh agus ceangail a spreagadh i ndaoine eile. D'áireofaí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, forbairt acmhainní, comhpháirtíocht maoiniú, tacaíocht beartais a fhorbairt, i measc gníomhaíochtaí cumasúcháin eile.
- Abhcóideacht – cumarsáid a dhéanamh, tionchar a imirt agus comhfhís an CD a fhorbairt, chomh maith le feasacht a mhúscailt maidir le plean an CD agus gníomhartha molta agus nua a fhorbairt i gcomhar le líonra leathan na bpáirtithe leasmhara áitiúla chun tacaíocht a fháil ón phobal áitiúil.

## CONAIRÍ AERÁIDE

Is ionann conairí aeráide agus bealaí éagsúla nó straitéisí ar féidir leo astaíochtaí a laghdú go mór laistigh den Chrios Dícharbónaithe. Leis na conairí seo leagtar béim ar chuid de na treonna is féidir a ghabháil chun astaíochtaí a laghdú agus taispeántar an éifeachtacht a d'fhéadfadh a bheith iontu. Is é is aidhm dó an plean is fearr a oireann na cúinsí agus acmhainní uathúla laistigh den chrios a chruthú, agus ag an am céanna iad a ailíniú le spriocanna náisiúnta aeráide na hÉireann (i.e., laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030). Trí na conairí aeráide seo a fhiosrú, féadfar dul chun cinn suntasach a bhaint amach sa chrios chun athrú aeráide a chomhrac agus todhchaí atá níos inbhuanaithe agus níos glaine a chruthú.

San alt seo, féachtar ar Chonairí Aeráide ar féidir iad a fhiosrú sna earnálacha cónaithe, tráchtála agus iompair.

## Cónaithe - Conair Aeráide go 2030

I bhFíor 6.11 thíos cuirtear i láthair conair aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann i CD Chluain Dolcáin don earnáil chónaithe. Cuirtear bearta chun laghdú astaíochta i láthair i ndath oráiste agus rangaítear iad de réir a gcost-éifeachtúlachta ó chlé go deas. Is ionann na bearta seo agus: 1)Soláthar leictreachais, 2) Grianfhuinneamh fótavoltach a shuiteáil ar dhíonta cónaithe, agus Uasghráduithe ar Fhuinneamh Baile. Táthar ag súil le méadú 5% ar astaíochtaí i gcás 'gnó mar is ghnáth', rud atá bunaithe ar chásanna a bhaineann le fás daonra agus fás eacnamaíoch a forbraíodh i Máistirphlean Fuinnimh Réigiúnach Bhaile Átha Cliath de chuid Codema [23], a tógadh ó fhoinsí ESRI é.


1. **Soláthar Leictreachais**

   Ciallaíonn dícharbónú na heangaí leictreachais foinsí níos glaine a úsáid amhail an ghaoth agus an ghrian chun leictreachas a ghiniúint chun ár ngnóthaí agus ár dtithe a chumhachtú. Beidh laghdú 28% (9,500 t $CO_2$) ar astaíochtaí i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin (bunaithe ar réamh-mheastacháin a rinne SEAI ón Samhail Bearna go Sprioc). Fágfar leis seo go mbeidh 9,700 t $CO_2$ sa bhreis ar gá don earnáil phoiblí, earnáil tráchtála, earnáil na tionsclaíochta agus don phobal i gcoitinne déileáil leo chun an sprioc go mbeidh laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030.

2. **Grianfhuinneamh Fótavoltach & Uasghráduithe ar Fhuinneamh Baile**

D'fhéadfaí an sprioc maidir leis na 9,700t $CO_2$ eile a bhaint amach trí mheascán de bhealaí:

- Grianphainéil Fhótavoltacha ar Dhíonta.
- Fuinneamh Baile a uasghrádú do thuairim is 5,460 teach a bhfuil RFF idir D1 agus G acu.
- D'fhéadfaí astaíochtaí sa chrios a laghdú thar an sprioc 51% trí uasghráduithe ar fhuinneamh baile a dhéanamh ar na 5,479 teach eile a bhfuil RFF idir C1 agus D1 acu. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le córais téimh inathnuaite, insliú áiléir agus ballaí, aeráil agus bearta aerdhíonachta a shuiteáil chun fuinneamh baile a uasghrádú (nó a aisfheistiú).




*Fíor 6.11: Conair Aeráide Chónaithe DZ Chluain Dolcáin*

## Earnáil Tráchtála agus Phoiblí - Conair Aeráide go 2030

Cuirtear conair astaíochtaí fhéideartha d'astaíochtaí tráchtála laistigh den DZ i láthair i bhFíor 6.12 thíos. Cuirtear na bearta i láthair in ord costais in aghaidh an tona $CO_2$ a choiglítear, ionas go meastar gur mó an luach ar airgead a thugann na bearta ar thaobh chlé na cairte. Tagraíonn an earnáil tráchtála d'fhoirgnimh tráchtála agus d'fhoirgnimh phoiblí (údaráis áitiúla, agus gach uile eagraíocht eile de chuid na hearnála poiblí). Is iad seo a leanas na príomhréimsí le haghaidh laghdú astaíochtaí san earnáil tráchtála: 1) Soláthar Leictreachais agus 2) Dícharbónú Teasa.


1. **Soláthar Leictreachais**

   Cosúil leis an earnáil chónaithe, cuirfidh dícharbónú an eangaigh leictreachais go mór leis an laghdú 51% san earnáil chónaithe a bhaint amach.

2. **Dícharbónú Teasa**

   San earnáil tráchtála agus san earnáil phoiblí, dá gcríochnófaí roinnt de na tionscadail seo a leanas, d'fhéadfaí na spriocanna sa CD a bhaint amach.

   - Tomhaltas teasa an 11 úsáideoir tráchtála is mó a dhícharbónú, lena n-áirítear saoráid athchúrsála, dhá óstán, trí stóras, giomnáisiam, ionad le haghaidh iarrthóirí tearmainn, stór ilrannach agus dhá ollmhargadh.
   - Díriú ar an 80% eile de thomhaltas teasa ón earnáil tráchtála trí dhíriú ar an chéad 79 dtomhaltóirí tráchtála eile, lena n-áirítear 9 siopa miondíolta, 47 láithreán tionsclaíochta, 7 láithreán fáilteachais, 8 n-oifig, 3 fhoirgneamh sláinte, 2 ionad spóirt agus 3 fhoirgneamh ilghnéitheacha.
   - Grianfhuinneamh fótavoltach ar fhoirgnimh tráchtála ar a bhfuil spás dín ar fáil.
   - Uasghráduithe ar shoilsiú don 80% is mó d'úsáideoirí tráchtála.
   - Foirgnimh tosaíochta CCÁCT a dhícharbónú laistigh den chrios (tionscadal DeliveREE).
   - Uasghráduithe ar shoilsiú sráide, bunaithe ar shonraí ón mbliain 2023 maidir le soilsiú poiblí.




*Fíor 6.12: Conair Aeráide Tráchtála DZ Chluain Dolcáin*

## Iompar - Conair Aeráide go 2030

Tá conair astaíochtaí d'astaíochtaí iompair a d'fhéadfadh a bheith sa CD curtha i láthair i bhFíor 6.13 thíos. Cuirtear na bearta i láthair ó na cinn ag a bhfuil an chost-eifeachtúlacht is mó (€ per tonne $CO_2$) ar an taobh clé, go na cinn is daoire (€ per tonne $CO_2$) ar an taobh deas agus san áireamh atá 1) Busanna a Leictriú, 2) Feithiclí earraí éadroma, 3) Feithiclí earraí troma agus 4) úsáid gluaisteáin agus taisteal gníomhach. Tá tuilleadh sonraí faoina gcuimsítear sna bearta seo san áireamh thíos:

**Gnó mar is Ghnáth / Treocht Reatha**

Tugtar le fios le samhail reatha go mbeidh méadú 3% ar astaíochtaí iompair sa chrios seo. Baintear é seo ó shamhail An ÚdaráIs Náisiúnta Iompair (NTA) agus i measc bunchúiseanna atá méadú réamh-mheasta 65% ar astaíochtaí iarnróid agus laghdú 1% ar astaíochtaí ó thrácht ar bhóithre. Áirítear leis an samhail seo tionscadail iompair pleanáilte sna deich mbliana atá romhainn lena n-áirítear an DART a leathnú trí Bhaile Átha Cliath Theas agus isteach i gCill Dara (eilimintí neamh-thollán), Croí-chonairí Bus Gathacha agus bealaí agus seirbhísí leasaithe faoi chlár BusConnects. Níl san áireamh tionchar scéim Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas (CySd) de chuid CCÁCT, Gréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath atá curtha i gcríoch go hiomlán, LUAS Leamhcáin nó bearta bainistithe éilimh a d'fhéadfadh a bheith ar an M50.

1. **Busanna a leictriú**

   Ó thaobh busanna sa CD de, beidh sé riachtanach go leictreofar 70% de na busanna (busanna poiblí agus príobháideacha). Tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair flít bus poiblí uirbeach ar astaíochtaí ísle iomlán faoi 2030 a sheachadadh, ar feithiclí ceallra-leictreacha, feithiclí díosail-hibrideach, agus feithiclí breosla-chille hidrigine iad, chun flít astaíochtaí nialasacha iomlán a bhaint amach faoi 2035. Is dóigh go soláthróidh sé seo an cabhair is mó chun an sprioc 70% a bhaint amach, de bharr go mbeidh sé níos deacra seirbhísí bus réigiúnacha agus príobháideacha a dhícharbónú.

2. **Feithiclí Earraí Éadroma (LGV)**


   Áirítear jípeanna tráchtála, veaineanna agus trucailí atá níos lú (feithiclí poiblí agus príobháideacha) i measc na bhfeithiclí a mheastar gur LGV iad. Chun an sprioc 2030 a bhaint amach ag CD Chluain Dolcáin, bheadh gá le laghdú 5% ar chiliméadair feithicle, ar féidir é sin a chur i gcríoch trí lóistíocht lasta níos fearr, athrú 10% go rothair leictrea-lasta agus athrú 40% go Feithiclí Leictreacha.

3. **Feithiclí Earraí Troma (HGVanna)**

   Áirítear trucailí móra agus trucailí altacha i measc na bhfeithiclí a mheastar gur HGV iad. Chun astaíochtaí laghdaithe i gcomhréir le spriocanna náisiúnta a bhaint amach ag CD Chluain Dolcáin, beidh gá le laghdú 5% ar chiliméadair feithicle agus athrú 20% de HGVanna go Feithiclí Leictreacha agus athrú 5% go lasta iarnróid.

4. **Taisteal i nGluaisteán and Taisteal Gníomhach**

   Beidh sé tábhachtach tús áite a thabhairt do thaisteal gníomhach (siúl, rothaíocht) agus iompar poiblí ar fud CD Chluain Dolcáin chun laghdú 39% ar úsáid gluaisteáin nó líon ciliméadar a thaistealaítear i ngluaisteán laistigh den CD a spreagadh. Chomh maith leis sin, chun spriocanna 2030 a bhaint amach, ní mór 38% de ghluaisteáin a athrú go Feithiclí Leictreacha sa CD.




*Fíor 6.13: Conair Aeráide Iompair DZ Chluain Dolcáin*


## PLEANÁIL SPÁSÚIL & CONAIRÍ AERÁIDE

Tar éis Conairí Aeráide do gach earnáil a mheas, is féidir le pleanáil spásúil cabhrú le bonn eolais a chur faoin dóigh le tosaíocht a thabhairt do thionscadail - agus, rud atá an-tábhachtach, cén áit ar cheart iad a shuíomh. Áirítear san alt seo sampla de bhearta maidir le gníomhú ar son na haeráide, curtha i láthair go spásúil, chun tacú le conairí a sainaithníodh thuas.

Is ionann pleanáil spásúil, i gcomhthéacs an ghníomhaithe ar son na aeráide, agus cur chuige straitéiseach maidir le bainistiú agus forbairt ar úsáid talún. Go bunúsach, is éard atá i gceist ná féachaint ar an gceantar agus cinneadh a dhéanamh ar 'cén rud le cur cén áit' chun an sprioc maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030 a bhaint amach, chun an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus chun todhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn ar son Chluain Dolcáin.

**Cá bhféadfaí Grianfhuinneamh Fótavoltach a shuiteáil?**

Leis an anailís tosaigh atá i bhFíor 6.14, leagtar béim ar an deis fhéideartha maidir le grianchumhacht leictreach i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin i gcomhair grianchumhacht leictreach ar dhíonta, a léiríonn go bhfuil, ag ardleibhéal, roinnt mhaith foirgneamh ann a bhfuil an cumas acu le grianphainéil a bhreithniú i gcomhair leictreachais. Leis an léarscáil seo, léirítear táscaire tosaigh ar an bpoitéinseal atá ann i gcomhair painéil ghréine, ar meastar é trí aicmithe talún a úsáid ó Atlas Uirbeach na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil.[25] Tá gá le breithniú tuilleadh ar chás gach foirgnimh chun fíorphoitéinseal a chinneadh i gcomhair painéil ghréine. I measc na dtosca breise le cur san áireamh tá: scáthú, claonadh dín agus rochtain.





*Fíor 6.14: Deis fhéideartha maidir le grianchumhacht leictreach ar Dhíonta in DZ Chluain Dolcáin*

**Cá bhféadfaí teaschaidéil a shuiteáil?**

Soláthraíonn teaschaidéal d'fhoirgneamh, trí theas ón taobh amuigh a ghabháil agus a bhogadh isteach san fhoirgneamh. Úsáidtear leictreachas chun é seo a dhéanamh; tá an méid teasa a sheachadaítear isteach sa teach, áfach, tuairim agus trí hoiread níos mó ná an méid leictreachais a úsáidtear chun an córas a chumhachtú. Aithnítear teaschaidéil mar bhealach tábhachtach chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú i gcórais téimh.

D'fhéadfadh 1,700 teach i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin a bheith oiriúnach do theaschaidéil gan insliú breise nó bearta breise maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Is dóigh go mbeidh insliú breise agus bearta breise maidir le héifeachtúlacht fuinnimh riachtanach don 9,200 teach eile sula mbeidh siad oiriúnach i gcomhair teaschaidéil a shuiteáil. Léirítear i bhFíor 6.15 céatadán na dteach a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach i gcomhair teaschaidéal in aghaidh an Cheantair Bhig - cabhraíonn na dathanna níos dorcha na háiteanna a bhfuil líon níos mó teach atá oiriúnach a léiriú.




*Fíor 6.15: Acmhainn oiriúnachta teaschaidéal in DZ Chluain Dolcáin*

**Cá bhféadfaí Téamh ceantair a úsáid?**


Is córas é téamh ceantair a bhfuil seantaithí againn air atá comhdhéanta de ghréasán de phíopaí faoi thalamh, a sholáthraíonn seirbhís do phobal iomlán nó thairis sin. In ionad a chóras téimh féin a bheith ag gach foirgneamh, ceanglaíonn siad go léir le gréasán téimh roinnte, amhail an eangach leictreachais.

Is é an chéad chéim chun córas téimh ceantair a chruthú breathnú ar an gceantar agus foinsí teasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá ann cheana féin a shainaithint. D'fhéadfadh an teas seo teacht ón iliomad foinsí: dramhtheas ó fhoinsí amhail lárionaid sonraí, stáisiúin chumhachta agus loscadh dramhaíola; foinsí comhshaoil amhail uisce abhann agus uisce mara; fuinneamh geoiteirmeach, agus teaschaidéil mhóra freisin, i measc nithe eile.

Ansin, déantar an uisce te a chaidéalú trí ghréasán de phíopaí faoi thalamh, atá inslithe go maith, a chuirtear faoi na sráideanna. Seolann na píopaí seo an teas ar fud an cheantair go gach foirgneamh ar leith. Cé go bhfuil na córais seo nua ag Éirinn, tá siad á n-úsáid san Eoraip leis na blianta fada. Aithnítear Téamh Ceantair in Éirinn agus san AE mar bhealach tábhachtach chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú i gcórais téimh.

Leis an léarscáil thíos i bhFíor 6.16, ó Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath de chuid Codema [23], cuirtear costas (€/tonne $CO_2$) na dteaschaidéal i gcomparáid le costas Téimh Ceantair sa chrios dícharbónaithe. Áirítear san anailís seo coigiltis ó astaíochtaí $CO_2$ agus astaíochtaí de choibhéis $CO_2$ araon agus áirítear san anailís seo costais a bhaineann le caiteachas caipitiúil, caiteachas athchuir, agus costais chothabhála. Meastar go bhfuil na háiteanna atá faoi dhath gorm le bheith ar na cinn is oiriúnaí do theaschaidéil agus meastar go bhfuil na háiteanna atá faoi dhath dearg le bheith ar na cinn is oiriúnaí do théamh ceantair.

Leis seo léirítear go bhféadfadh téamh ceantair a bheith ina rogha inmharthana i gCrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin go fadtéarmach, agus gur cheart an réiteach téimh seo a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, shainaithin Staidéar Teasa Náisiúnta de chuid SEAI [26] ceantar Chluain Dolcáin mar 'ceantar is iarrthóir é' i gcomhair téamh ceantair.




*Fíor 6.16: Teaschaidéil agus téamh ceantair in DZ Chluain Dolcáin*

Tá an iliomad buntáistí ag baint le téamh ceantair, lena n-áirítear:

- Neamhdhíobhálach don aeráid - ritheann gréasáin teasa ceantair nua-aimseartha ar fhuinneamh in-athnuaite, rud a laghdaíonn astaíochtaí agus a fheabhsaíonn cáilíocht an aeir.
- Éifeachtúlacht fuinnimh - bíonn téamh ceantair níos éifeachtúla de ghnáth ná córais téimh ar leith.
- Cothabháil níos lú - le téamh ceantair is ar na oibreoirí saoráidí láraithe an fhreagracht as an gcóras téimh a chothabháil, rud a shábhálfadh cónaithigh ar an ualach a bhaineann leis a dtrealamh téimh féin a chothabháil.
- Slán i bhfad na haimsire - níl aon ghá teicneolaíocht i dtithe a athrú amach anseo de bharr go dtarlaíonn sé seo ag an ionad fuinnimh téimh ceantair.
- Stóráil fuinnimh - D'fhéadfadh téamh ceantair 'seirbhísí eangaí' a sholáthar don eangach leictreachais. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chabhair chun an méid fuinnimh inathnuaite a mhéadú san eangach leictreachais trí sholúbthacht maidir le húsáid teasa a sholáthar. Mar shampla, d'fhéadfadh an córas téimh ceantair fuinneamh inathnuaite breise a úsáid, dá mbeadh sé ar fáil, agus é a stóráil in umar uisce teo le haghaidh úsáid níos déanaí sa ghréasán téimh ceantair.

## DEISEANNA CHUN GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE I GCLUAIN DOLCÁIN

**Cineálacha deiseanna**

Bunaithe ar na conairí aeráide a pléadh thuas, san alt seo liostaítear deiseanna i gcomhair gníomhú ar son na haeráide laistigh de Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin ar dhóigh níos mionsonraithe. Tá gá leis an iliomad cineálacha gníomhaithe a bheith ag oibriú le chéile ar dhóigh chomhlántach chun an fhís maidir le Crios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin a fhíorú. Is gá anailís eolaíoch, seachadadh an tionscadail, rannpháirtíocht, réimsí sóisialta agus réimsí an phobail, agus struchtúir rialachais a bheith mar chuid de na gníomhartha seo chun an t-athrú córais a bhaint amach ar gá leis chun go mbeidh Cluain Dolcáin rathúil agus neamhdhíobhálach don aeráid.

Leis na conairí aeráide don earnáil cónaithe, earnáil tráchtála agus earnáil iompair bheadh an acmhainneacht ann chun laghdú astaíochtaí ar mhórscála a sheachadadh. Is féidir deiseanna do ghníomhaíocht spriocdhírithe éifeachtúil a fheabhsú, áfach, trí ghníomhartha maidir le bithéagsúlacht, geilleagar ciorclach, bainistiú dramhaíola agus réitigh dúlrabhunaithe.

Liostaítear i dTábla 6.1 thíos réimse deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhú ar son na haeráide le cur san áireamh mar chuid de Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin. Sainaithnítear ansin ról Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le 'Gníomhaíocht Dhíreach', 'Éascú,' nó 'Abhcóideacht', mar a liostaítear roimhe seo san alt seo. Sonraítear freisin 'comhthairbhí' a d'fhéadfadh a bheith ann trí Dheiseanna a chur chun cinn. Is ionann comhthairbhí agus éifeachtaí dearfacha breise gníomhaithe ar son na haeráide is féidir a réadú thar laghdú astaíochtaí díreach, amhail aer atá níos glaine, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, feabhas ar shláinte agus ar fholláine, méadú ar fhostaíocht, bithéagsúlacht, cáilíocht an uisce, sláinte an éiceachórais, slándáil fuinnimh, laghdú ar leibhéil torainn, carbón chorpraithe, laghdú ar thruailliú/bruscar/dumpáil, cuimsitheacht agus rannpháirtíocht phoiblí/fás comhphobail.

**Clár na nDeiseanna**

Tábla 6.1: Clár na nDeiseanna do Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin

| Limistéar straitéiseach | Deis | Ró(i)l an LA | Comhthairbhí |
|---|---|---|---|
| **Astaíochtaí Cónaithe** | Stoc foirgneamh poiblí a uasghrádú i gcomhair éifeachtúlacht fuinnimh agus córais teasa in-athnuaite. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Cónaithe** | Stoc tithíochta sóisialta a uasghrádú i gcomhair éifeachtúlacht fuinnimh agus córais teasa in-athnuaite. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Cónaithe** | Grianphainéil fhótavoltacha chónaithe ar dhíonta. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Cónaithe** | Téamh ceantair do stoc tithíochta sóisialta. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Cónaithe** | Tacú le forbairt ar chur chuige grúpa nó comharsanachta i gcomhair aisfheistithe cónaithe, téamh inathnuaite agus suiteáil fuinnimh gréine. | Éascú | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Cónaithe** | Dul i ngleic leis an dreasacht deighilte - feasacht a mhúscailt ar dhreasachtaí cánach i gcomhair aisfheistiú airíonna ar cíos, agus ceanglais i gcomhair an RFF is lú d'airíonna ar cíos. | Abhcóideacht | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Uasghrádú fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh tosaíochta CCÁCT sa chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Uasghrádú a dhéanamh ar shoilsiú poiblí laistigh den chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Uasghrádú a dhéanamh ar stoc foirgnimh tráchtála agus poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus córais teasa in-athnuaite. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Grianphainéil fhótavoltacha tráchtála ar dhíonta. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Uasghráduithe soilsithe ar fhoirgnimh tráchtála. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Téamh ceantair don earnáil tráchtála agus phoiblí. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Deiseanna a fhiosrú maidir le dramhtheas a aisghabháil agus a úsáid. | Gníomhaíocht Dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, slándáil fuinnimh, geilleagar ciorclach |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Deiseanna a fhiosrú maidir le rannpháirtíocht leis an earnáil tráchtála - ag feabhsú éifeachtúlacht chórais bhainistíochta fuinnimh i gcomhair foirgneamh. | Éascú | Aer glan, fostaíocht, slándáil fuinnimh |

| Limistéar straitéiseach | Deis | Ró(i)l an LA | Comhthairbhí |
|---|---|---|---|
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Dul i dteagmháil le 'húsáideoirí suntasacha fuinnimh' áitiúla chun deiseanna a fhiosrú maidir le comhoibriú agus sineirgí ar thionscadail dícharbónaithe. | Éascú | Aer glan, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Uirlisí atá leictreach-amháin á fhiosrú ag Roinn Ríochta Poiblí CCÁCT i gcomhair spáis ghlana a chothabháil laistigh den chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte |
| **Astaíochtaí Tráchtála & Poiblí** | Deiseanna a fhiosrú maidir le soláthar glas feabhsaithe do chomhlachtaí na n-údarás áitiúil agus na hearnála poiblí laistigh den chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht Dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Carbón corpraithe |
| **Astaíochtaí Iompair** | Aistriú chuig feithiclí leictreacha – gluaisteán príobháideach, LGV, HGV. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, sláinte, slándáil fuinnimh, torann |
| **Astaíochtaí Iompair** | Deiseanna a fhiosrú maidir le scéimeanna roinnte do ghluaisteáin leictreacha laistigh den chrios dícharbónaithe. | Éascú, Abhcóideacht | Aer glan |
| **Astaíochtaí Iompair** | Busanna a leictriú agus tacú le deiseanna luchtaithe a fhorbairt. | Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, sláinte, slándáil fuinnimh, torann |
| **Astaíochtaí Iompair** | Tacaíocht a thabhairt d'úsáid mhéadaithe an iompair phoiblí. | Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, sláinte, slándáil fuinnimh, torann |
| **Astaíochtaí Iompair** | Deiseanna a fhiosrú maidir le hidirbhealaí nua iompair phoiblí agus idirbhealaí an taistil ghníomhaigh chuig seirbhísí cóngaracha iarnróid. | Éascú | Aer glan, sláinte |
| **Astaíochtaí Iompair** | Taisteal gníomhach - cláir do scoileanna amhail bus siúil, sráideanna scoile, scoileanna glasa, monatóirí cháilíocht an aeir áitiúil | Éascú | Aer glan, sláinte, cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Astaíochtaí Iompair** | Taisteal gníomhach - Deiseanna a fhiosrú maidir le 'leabharlanna rothar' nó scéimeanna 'bain triail as rothar'. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte, cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Astaíochtaí Iompair** | Deiseanna a fhiosrú maidir le láithreacha ar féidir iad a úsáid mar mhoil sheachadta 'an mhíle deiridh.' | Éascú | Aer glan |
| **Astaíochtaí Iompair** | Athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna chun spásanna páirceála poiblí a athdháileadh ar fheidhmeanna taitneamhachta poiblí malartacha. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte |
| **Astaíochtaí Iompair** | Deiseanna comhoibrithe a fhiosrú leis an gclár 'Cycle Right' laistigh den chrios dícharbónaithe, agus deiseanna a fhiosrú chun é seo a leathnú go cineálacha leictrea-shoghluaisteachta. | Éascú | Aer glan, sláinte |
| **Astaíochtaí Iompair** | Deiseanna a fhiosrú maidir le tosaíocht a thabhairt do fhlít CCÁCT atá ag oibriú laistigh den chrios dícharbónaithe lena uasghrádú chuig feithiclí leictreacha. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte, slándáil fuinnimh |
| **Astaíochtaí Iompair** | Scéim breisiú dúiche Bhánóige a sheachadadh, deiseanna siúil agus rothaíochta a fheabhsú. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte |

| Limistéar straitéiseach | Deis | Ró(i)l an LA | Comhthairbhí |
|---|---|---|---|
| **Astaíochtaí Iompair** | Deiseanna a fhiosrú maidir le stóráil dhaingean rothar (buncair rothar). | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte |
| **Astaíochtaí Iompair** | Poitéinseal maidir le tionscadail bhóthair/ chosáin na comhairle a chíoradh laistigh den chrios dícharbónaithe chun ábhair a bhfuil carbón corpraithe níos lú iontu a thástáil. | Gníomhaíocht dhíreach | Carbón corpraithe |
| **Astaíochtaí Iompair** | Roghanna a scrúdú le haghaidh tréscaoilteacht sa limistéar a méadú le scéimeanna taistil ghníomhaigh agus le poitéinseal do limistéir choisithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte |
| **Astaíochtaí Iompair** | Gnéithe an ghréasáin shábháilte rothaíochta 'Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas' a sholáthar laistigh den DZ | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte |
| **Earnáil Leictreachais** | Bonneagar líonra leictreachais nua a éascú sa chás go n-éileoidh oibreoirí an líonra leictreachais é. | Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Earnáil Leictreachais** | Rannpháirtiú le comhlachtaí um fhreagairt don éileamh agus príomhpháirtithe leasmhara laistigh den chrios dícharbónaithe, chun tacú le forbairt na freagartha don éileamh agus le forbairt stórála fuinnimh san earnáil cónaithe, tráchtála agus poiblí. | Gníomhaíocht Dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Rannpháirtíocht** | Plean um rannpháirtíocht áitiúil phobail agus phoiblí a fhorbairt don chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rannpháirtíocht** | Rannpháirtiú le clár Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) de chuid SEAI agus le meantóirí chun tacú le forbairt SECanna, tacú le rannpháirtíocht agus tacú le seachadadh an tionscadail laistigh den chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh, cuimsitheacht |
| **Rannpháirtíocht** | 'Foireann idir-thréimse' a bhunú don CD lena n-áirítear ionadaithe ón phobal áitiúil, earnáil gnó, earnáil iompair, earnáil fuinnimh agus daoine eile chun plean gníomhaithe a chomhchruthú. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rannpháirtíocht** | Rannpháirtiú le comhlachtaí earnála poiblí suite sa chrios dícharbónaithe chun a bpleananna dícharbónaithe a thuiscint agus chun sineirgí agus deiseanna a aimsiú. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Rannpháirtíocht** | 'Clinic fuinnimh' rialta ar féidir leis an pobal bualadh isteach ann a chruthú inar féidir leis an bpobal comhairle a fháil maidir le bealaí a d'fhéadfadh siad gníomhaíochtaí ar son na haeráide a dhéanamh. Naisc fhéideartha le meantóirí Phobail Fuinnimh Inmharthana a fhiosrú. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |

| Limistéar straitéiseach | Deis | Ró(i)l an LA | Comhthairbhí |
|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht** | Tacaí faisnéise nó sraith straitéisí a chruthú do ghnóthaí áitiúla maidir le bealaí lena n-astaíochtaí a laghdú, lena gcuimsítear cláir, tacaíocht in Éirinn agus treoir ar raon feidhme 1, 2 agus 3 astaíochtaí atá ann cheana. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rannpháirtíocht** | Poitéinseal a fhiosrú chun foirgnimh an údaráis áitiúil a úsáid mar spásanna pobail do ghrúpaí atá rannpháirteach i dtionscadail creasa dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rannpháirtíocht** | Rannpháirtiú le comhair chreidmheasa agus le bainc áitiúla chun deiseanna atá ar fáil maidir le hiasachtaí ar ús íseal do thionscadail gníomhaíochta aeráide san earnáil cónaithe a chinneadh. | Éascú | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Rannpháirtíocht** | Deiseanna a fhiosrú maidir le comhoibriú le clár na 'Scoileanna Glasa', agus maidir le rannpháirtíocht níos leithne le scoileanna i leith thionscadail an chreasa dícharbónaithe. | Éascú | Aer glan, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh, cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an éiceachórais, geilleagar ciorclach |
| **Rannpháirtíocht** | Deiseanna a fhiosrú maidir le clár feabhsaithe um fheidhmiú céimneach agus rannpháirtíocht i gcomhair 'Phacáistí um Choigilte Fuinnimh Baile', lena n-áirítear forbairt 'Phacáistí um Choigilte Fuinnimh Baile' dírithe ar pháistí a reáchtáil ar bhonn píolótach, lena gcur i bhfeidhm i scoileanna ionas go dtabharfaidh na páistí abhaile leo iad. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rannpháirtíocht** | Deiseanna comhoibrithe a fhiosrú le hOifigeach Sláintecare i gCluain Dolcáin. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, bochtaineacht fuinnimh, sláinte, fostaíocht, slándáil fuinnimh |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Creat rialachais agus plean forfheidhme a fhorbairt don chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Tionscadal bailithe sonraí & monatóireachta maidir leis an CD a fhorbairt chun fiosrúchán a dhéanamh ar bhealaí breise comhlántacha le hastaíochtaí a rianú agus le dul chun cinn a thuairisciú. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Suíomh idirlín a bhunú don tionscadal 'Crios dícharbónaithe Chluain Dolcáin'. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Rannpháirtiú le soláthraithe sonraí chun rochtain ar anailísíocht iompair a fhiosrú ionas go ndéanfaidh sé sin eolas do bhailiú sonraí agus do mhonatóireacht maidir leis an tionscadal. Rannpháirtiú le soláthraithe sonraí chun méadrachtaí gníomhaíochta i leith crios miondíola le measúnú a dhéanamh ar éifeacht na mbeart iompair. | Gníomhaíocht dhíreach | - |

| Limistéar straitéiseach | Deis | Ró(i)l an LA | Comhthairbhí |
|---|---|---|---|
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Deiseanna a fhiosrú i gcomhair monatóireacht fheabhsaithe ar aistriú córa iompair ar phríomhbhealaí. | Gníomhaíocht dhíreach | - |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Suirbhéireacht taistil gníomhaigh agus iompair a dhéanamh laistigh den chrios dícharbónaithe, ag cur leis na 'Staidéir Gluaiseachta Inbhuanaithe' agus ag obair le próiseas phlean ceantair áitiúil Chluain Dolcáin agus leis an bplean iompair áitiúil comhlachaithe. | Gníomhaíocht dhíreach | - |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Monatóireacht chliste silteáin a fhiosrú chun tacú le hathléimneacht tuilte. | Gníomhaíocht dhíreach | Sláinte an éiceachórais |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Fiosrú a dhéanamh maidir le huirlis a fhorbairt a chabhródh leis an bpobal tionchar na mbeart éagsúil aeráide a mheas. | Gníomhaíocht dhíreach | Cuimsitheacht, rannpháirtíocht an phobail |
| **Rialachas & Tacaíocht Chórais** | Deiseanna a fhiosrú chun an Plean Ceantair Áitiúil atá beartaithe do Chluain Dolcáin agus an DZ a ailíniú lena áirithiú go n-uasmhéadaíonn soláthar beartais deiseanna dícharbónaithe agus rochtain ar shásraí maoinithe. | Gníomhaíocht dhíreach | - |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú a fheabhasóidh bithéagsúlacht sa chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an éiceachórais, geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú maidir le réitigh nádúrbhunaithe sa chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an éiceachórais, geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú maidir le geilleagar ciorclach a chur chun cinn sa chrios dícharbónaithe. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú, Abhcóideacht | Aer glan, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an éiceachórais, geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú maidir le tionscnaimh fheabhsaithe plandaithe sa réimse poiblí. | Gníomhaíocht dhíreach | Aer glan, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an éiceachórais, geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú maidir le gairdíní báistí, locháin ghairdín, díonta glasa agus gorma ar thailte príobháideacha. | Éascú | Aer glan, cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an éiceachórais, geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Laghdú na dramhaíola bia a mholadh agus tacú leis - feasacht ar chláir agus aipeanna atá ann cheana. | Abhcóideacht | Geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú maidir le cáilíocht an uisce a fheabhsú nó deiseanna chun 'dí-lintéar' a dhéanamh. | Gníomhaíocht dhíreach | Cáilíocht an uisce, sláinte an éiceachórais |

| Limistéar straitéiseach | Deis | Ró(i)l an LA | Comhthairbhí |
|---|---|---|---|
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Deiseanna a fhiosrú maidir le boscaí athchúrsála a chur i spásanna poiblí ar bhonn píolótach. | Gníomhaíocht dhíreach | Geilleagar ciorclach |
| **Bithéagsúlacht, Geilleagar Ciorclach, & Réitigh Nádúrbhunaithe** | Roghanna a fhiosrú maidir le 'leabharlann rudaí' (e.g., uirlisí DFÉ agus earraí tí úsáideacha) a fhorbairt chun geilleagar comhroinnte a chur chun cinn. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú | Geilleagar ciorclach |
| **Aistriú Cóir** | Deiseanna maidir le haistriú cóir a fhiosrú agus a fhorbairt sa DZ amhail oiliúint i scileanna, agus bearta laghdaithe um bochtaineacht fuinnimh. | Gníomhaíocht dhíreach, Éascú | Cuimsitheacht, Rannpháirtíocht an Phobail |

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Is í an chéad chéim eile do Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin, ná plean forfheidhme um chrios dícharbónaithe a chomhchruthú, i gcomhairle leis an bpobal áitiúil, agus le páirtithe leasmhara áitiúla. Áirítear leis seo:

- Plean rannpháirtíochta don phobal áitiúil agus don phobal i gcoitinne a chruthú.
- Meitheal de pháirtithe leasmhara áitiúla a bhunú ina bhfuil ionadaithe ón bpobal áitiúil, ón ngnó, ó earnáil an iompair, ón earnáil fuinnimh, agus eile.
- Rannpháirtíocht phoiblí le cónaithigh agus leis an bpobal i gCluain Dolcáin, i gcomhréir le forbairt Phlean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin agus le rannpháirtíocht ann.
- Liosta gníomhartha tosaíochta a chomhchruthú, agus idirghabhálacha straitéiseacha agus clár na ndeiseanna a leagtar amach sa chaibidil seo a leathnú.
- Creat rialachais don chrios dícharbónaithe a fhorbairt.
- Tacú le seachadadh an phlean fhorfheidhme chun fís an chreasa dícharbónaithe do 2030 a bhaint amach.

## CEISTEANNA TIMPEALLACHTA COMHTHÁITE

Ullmhaíodh Clár na nDeiseanna don Chrios Dícharbónaithe. Tá na deiseanna seo leathan, neamhshonrach agus ar ardleibhéal, agus sainaithníonn siad idirghabhálacha straitéiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá le fiosrú chun laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach laistigh den chrios dícharbónaithe. Tar éis tréimhse rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara forbróidh na deiseanna seo ina riar gníomhaíochtaí sonracha ar féidir leo iad a chur chun feidhme faoi phlean don Chrios Dícharbónaithe a bheidh faoi réir a phróiseas SEA agus AA féin.

Beidh na deiseanna curtha chun cinn i gcomhréir leis na ceisteanna maidir le cosaint timpeallachta comhtháite agus feabhsaithe seo a leanas:

- Leis na deiseanna curtha chun cinn, agus le gníomhaíochtaí agus forbairt ar bith atá gaolmhar, tabharfar aird chuí ar an ngá le gnéithe íogaire den chomhshaol glactha a chosaint, lena n-áirítear gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, gnéithe oidhreachta, déanmhais chosanta agus an comhthéacs ina bhfuil siad suite, agus an timpeallacht glactha uisce, ithreach agus cáilíochta aeir áitiúil.
- Le deiseanna ar bith atá curtha chun cinn a bhfuil forbairt ar fhuinneamh inathnuaite mar thoradh orthu, amhail forbairt tuirbíní gaoithe nó forbairt grianphainéal, tabharfar aird chuí ar an ghá le gnéithe íogaire den chomhshaol a chosaint ar éifeachtaí tipiciúla na forbartha sin, lena n-áirítear éifeachtaí avifauna nó éifeachtaí tírdhreacha agus éifeachtaí radhairc, drithlí agus dallrú san áireamh.
- Déanfaidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas abhcóideacht agus imreoidh an chomhairle a tionchar chun áirithiú nach mbeidh pleanáil ábhartha agus critéir cosanta comhshaoil á sárú ag na deiseanna curtha chun cinn a bhfuil forbairt ar bhonneagar gréasáin leictreachais breise mar thoradh orthu, lena n-áirítear forbairt ar bhonneagar cábla línigh ag oibreoirí an ghréasáin leictreachais agus nach mbeidh éifeachtaí diúltacha timpeallachta mar thoradh orthu.
- Le deiseanna ar bith atá curtha chun cinn a lena dtugtar tacaíocht do shoilsiú poiblí a uasghrádú, tabharfar aird chuí ar an ghá le háirithiú go gcoimeádfar nó go laghdófar/rialófar an leibhéal lúmáin agus an raon speictreach chun éifeachtaí ar bhithéagsúlacht a sheachaint.

# 7. CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ



## PLEANÁIL I GCOMHAIR FORFHEIDHME

Cuirfidh gach roinn CCÁCT An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun feidhme, agus tá an Plean faoin úinéireacht Stiúrthóireacht Comhshaoil, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC).

Faoi Stiúrthóireacht EWCC, bunaíodh Foireann Ghníomhaithe CCÁCT ar son na hAeráide lena n-áirítear Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus tacaíocht ó Oifigeach Feasachta Aeráide. Is é is ról na foirne seo príomhshrutha a chuimsiú isteach i ngníomhaíochtaí na Comhairle, gníomhaíochtaí ar leith a sheachadadh, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha ar fud CCÁCT, agus tuairisciú agus measúnú an Phlean a chomhordú, tar éis do na Baill Tofa é a fhormheas.

Tugann sé Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide tacaíocht don Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide a bunaíodh chun gníomhaíochtaí leanúnacha na Comhairle ar son na haeráide a bhainistiú agus a sholáthar. Tá na foirne seo ag teacht le Réimsí Gnímh sa Phlean agus beidh ionadaithe ó na rannta ábhartha agus 'Úinéirí Gnímh' san fhoireann. Bunófar an seachtú Foireann um Ghníomhú as an nua chun cur chun feidhme Crios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin a éascú.

### Foirne um Ghníomhú CCÁCT

1. **Fuinneamh agus Foirgnimh**
2. **Iompar**
3. **Athléimneacht Tuilte**
4. **Réitigh Nádúrbhunaithe**
5. **Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní**
6. **Rannpháirtíocht an Phobail**
7. **Crios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin (le bunú)**

Is dúshlán trasteorann é Athrú Aeráide; ní stadann sé ag teorainn pholaitiúla nó gheografacha. Leanfaidh an CCÁCT ag obair go chomhoibríoch agus i gcomhpháirtíocht le réimse páirtithe leasmhara chun tacú le seachadadh an phlean seo, lena n-áirítear údaráis áitiúla comharsanachta, Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (CARO), Codema (Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath), comhpháirtithe réigiúnacha, agus eagraíochtaí áitiúla. Go sonrach, tá na ceithre Údarás Áitiúla tar éis comhaontú a dhéanamh, trínar féidir leo comhoibriú li ndlúthchomhar chun a bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi seach a chur i bhfeidhm. Leis na comhpháirtíochtaí seo, soláthraítear deiseanna le dul i ndlúthchomhair ar thionscadail, foghlaim roinnte, tacaíocht theicniúil agus deiseanna cistithe a ghiaráil le linn dóibh an Plean a chur chun feidhme.

Leanfaidh CCÁCT, mar aon le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath eile, le thionscadail a shaothrú atá incháilithe do cistiú ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, ó chistí Eorpacha agus ó fhoinsí eile. Leanfaidh Codema agus CARO le taighde a dhéanamh ar dheiseanna cistithe agus ar chomhpháirtíochtaí le forais tríú leibhéal a d'fhéadfadh a bheith ar fáil. Tá comhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach tábhachtach freisin chun réitigh ísealcharbóin a fhíorú agus spreagfaidh agus éascófar é seo más féidir.

Le linn fhorbairt an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide seo, tá tús curtha le straitéisí a ullmhú chun na gnímh seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear amlínte ríthábhachtacha, spleáchais agus Úinéirí Gnímh a bhunú. Tar éis fhormheas an phlean, déanfar forbairt bhreise ar Straitéis Cur chun Feidhme le plean seachadta gach gnímh a mhionsonrú.

## DUL CHUN CINN A RIANÚ TRÍ PHRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPIanna)

Beartas um ghníomhú ar son na haeráide a neartú ar leibhéal náisiúnta, rud a spreagfaidh freagairt agus gealltanas diongbháilte ón rialtas áitiúil, mar earnáil. Leagtar amach an gealltanas seo sa straitéis a foilsíodh Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach (CCMA) ar son rialtas áitiúil dar teideal 'Delivering Effective Climate Action 2030' (DECA 2021).

Is é cuntasacht atá mar phríomhrud atá le cur san áireamh don earnáil rialtais áitiúil i dtaobh leis an ról neartaithe maidir le gníomhaíocht aeráide, agus go sonrach don chumas dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sheachadadh ar leibhéal an údaráis áitiúil agus leibhéal na hearnála araon. I dtaca leis sin de, beidh ról tábhachtach ag KPIanna i gcónaí.

Leanfar d'fheidhmíocht CCÁCT maidir le seachadadh astaíochtaí laghdaithe agus feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaineann le bonneagar, agus leanfar de shócmhainní na Comhairle a rianú trí Chóras Faireacháin agus Tuairiscithe (M&R) atá á bhainistiú ag SEAI. Maidir le gnímh lasmuigh den chóras faireacháin agus tuairiscithe, amhail sonraí taistil gnó, leanfaidh an Comhairle de bheith ag tuairisciú go bliantúil do SEAI, de réir mar a cheanglófar.

Ar bhonn bliantúil, bailíonn CAROanna, mar aon leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), sonraí a bhaineann le réimse téamaí lena n-áirítear:

- Acmhainní do ghníomhú ar son na aeráide
- Oiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide d'fhoireann an údaráis áitiúil agus do bhaill tofa.
- Gníomhartha a soláthraíodh
- Tacaíocht d'fhiontar
- Éifeachtúlacht fuinnimh
- Laghdú ar astaíochtaí
- Bearta maidir le taisteal gníomhach
- Freagairt ar dhrochaimsir

Cuirfidh an earnáil tuilleadh KPIanna isteach de réir mar is gá agus soláthróidh CCÁCT faisnéis ábhartha de réir mar is gá, chun cabhair le haird a thabhairt ar dhul chun cinn earnáil an rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Laistigh den Chomhairle, cuireann an Fhoireann Ghníomhaithe ar son na hAeráide tuarascáil ar fáil go míosúil ar dhá KPI, faisnéis a chuirtear in iúl i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

## CEANGLAIS TUAIRISCITHE AGUS SOCRUITHE

Tá gníomhú ar son na aeráide sainordaithe do húdaráis áitiúla mar chuid d'iarrachtaí comhbheartaithe agus bearta freagartha níos leithne go náisiúnta chun spriocanna 2030 a bhaint amach agus gach iarracht a dhéanamh chun sochaí aeráid-díonach agus glan-nialasach faoin mbliain 2050 a bhaint amach. Tá creataí tuairiscithe agus faireacháin neartaithe anois mar chuid den chóras chun cuntas a thabhairt ar na bealaí a bhfuil údaráis áitiúla ag tacú le gníomhú ar son na haeráide agus ag éirí leo gníomhú ar son na aeráide a bhaint amach, maidir le sprioc náisiúnta aeráide a chur i gcrích. Chun dul chun cinn ar sheachadadh ghnímh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur in iúil, beidh an Comhairle ag plé leis na bealaí tuairiscithe seo a leanas:




*Fíor 7.1: Struchtúr Tuairiscithe Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas maidir le Gníomhú ar son na hAeráide*

## Tuairisciú Inmheánach

Déanfaidh an Comhairle dul chun cinn a nuashonrú agus thuairisciú maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha thar Réimsí Gnímh go léir an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tarlóidh sé seo trína struchtúir ábhartha rialachais agus tuairiscithe agus trína gcainéil chumarsáide, mar a léirítear san fhíor thuas.

Tá Grúpa Stiúrtha Gníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm ón mbliain 2019. Tá ról an ghrúpa stiúrtha ilfheidhmeach, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh: ailíniú le reachtaíocht a áirithiú, gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú ar fud CCÁCT, agus comhlíonadh ceanglas maidir le meastóireacht agus maidir le tuairisciú aeráide a áirithiú. Tuairisceoidh Cathaoirleach ar gach ceann de na seacht bhfoireann gníomhaithe (lena n-áirítear an foghrúpa maidir le Crios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin atá le teacht) faoi dhul chun cinn gníomhaithe, le taobh bearta rianúcháin bunaithe, don Ghrúpa Stiúrtha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

Tuairisceoimid don Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) maidir leis an gComhshaol, an Réimse Poiblí agus Gníomhú ar son na hAeráide dhá uair sa bhliain ar a laghad, nó de réir mar is gá, agus cuirfear tuarascáil dheireadh na bliana ar fáil go bliantúil.

Cuirfear dul chun cinn maidir le gníomhartha ar son na haeráide a chur i bhfeidhme in iúl trínár Suíomh Gréasáin maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (www.southdublinclimate.ie).

## Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide

Tuairisceoidh CCÁCT, i gcomhréir le cuid 3(w) de Chairt um Gníomhú Aeráide an Údaráis Áitiúla, don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil mar chuid de sholáthar na sprice náisiúnta aeráide. Tuairisceofar dul chun cinn ar na gnímh go léir trí uirlis tuairiscithe a d'fhorbair CARO.

## An Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)

Tuairiscíonn CCÁCT don Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC), a dhéanann dianscrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil le taobh táscairí ábhartha, mar chuid dá bhfeidhmeanna reachtúla. Tuairiscíonn an Chomhairle ar roinnt táscairí maidir le réimse gnímh ar son na aeráide agus tá na torthaí san áireamh i dTuairisc um Tháscaire Feidhmíochta Bliantúil.

## Feidhmíocht Earnála

Tuairisceoidh CCÁCT go bliantúil ar a bhfeidhmíocht ar ghníomhú ar son na haeráide trí KPIanna a úsáid chun eolas do fheidhmíocht earnáil an rialtais áitiúil a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na aeráide, mar chuid den straitéis 'Delivering Effective Climate Action (DECA) 2030'.

## Córas Faireacháin agus Tuairiscithe (M&R)

Leanfar le feidhmíocht CCÁCT maidir le seachadadh astaíochtaí laghdaithe agus feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaineann le bonneagar agus sócmhainní na Comhairle a rianú trí Chóras Faireacháin agus Tuairiscithe (M&R) atá á bhainistiú ag SEAI.

Covenant of Mayors
for Climate & Energy

## Cúnant na Méaraí

Déanfaidh an Chomhairle idirchaidreamh. i gcás inar féidir, le Cúnant na Méaraí um Aeráid agus Fuinneamh agus líonraí bunaithe eile de chathracha agus de chomhlachais Eorpacha, ionas go bhféadfaí cleachtais idirnáisiúnta is fearr a ionchorpú i ngnímh ábhartha.

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Cuireann na gníomhaíochtaí agus spriocanna a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide le dul chun cinn freisin ar ghealltanais na hÉireann chun Clár Oibre um Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 a bhaint amach, ar 'phlean gníomhaíochta ar mhaithe le daoine, an pláinéad agus an rathúnas' é agus soláthraíonn an Clár Oibre creat atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta ina bhfuil 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) chun gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil d'fhorbairt inbhuanaithe a chothromú.

Leis An Dara Plean Náisiúnta Cur chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024, tá sé beartaithe ag Éirinn cur le ról rialtais áitiúil in Éirinn agus glactar isteach sa phlean gníomhaíochtaí sonracha chun é sin a dhéanamh, lena n-áirítear:

i. Tionscnaimh atá ann cheana a chur i láthair, a roinnt agus a fhorbairt
ii. Cumas a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt
iii. SFIanna a leabú i gcreat rialachais agus tuairiscithe
iv. SFIanna a ionchorprú laistigh de chreataí pleanála áitiúil
v. Rannphairtíocht an Phobail

Tugtar aitheantas d'údaráis áitiúla mar cheann de na naoi 'Mórghrúpa' i gClár Oibre 2030, a ghlacann le ról ríthábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe, agus le Clár Oibre 2030 cuirtear béim ar ról suntasach an údaráis áitiúil agus ról suntasach an phobail maidir le forbairt uirbeach inbhuanaithe.

I gcomhlíonadh sprice SFI 17.14, chun Comhleanúnachas Beartais um Fhorbairt Inbhuanaithe níos fearr a bhaint amach, rinneadh gach gníomh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide seo a ailíniú le SFIanna. Léirítear an t-ailíniú ar bhealach níos mionsonraithe in Aguisíní an Phlean seo.




## RIALACHAS COMHSHAOIL

Is é is cuspóir an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide gníomhaíochtaí aeráide a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí fheabhsuithe próisis, rannpháirtíocht an phobail, forbairt chomhleanúnach agus próisis foghlama chomhtháite, nithe a bheith beachtaithe ar feadh shaolré an phlean. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go bhfuil éascú na gcomhthairbhí do chúinsí aeráide agus do chúinsí eile comhshaoil mar chuid lárnach de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Chun go dtarlóidh siad, ní mór na tionscadail a áirítear sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide nó arna tacú ag an bPlean cloí le reachtaíocht éagsúil, beartais, pleananna agus cláir (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí íos-sraithe, Measúnacht Tionchair Chomhshaoil agus ceanglais cheadúnúcháin eile mar is iomchuí) atá mar chuid lárnach den chreat um thoiliú a dheonú agus den chreat um chinnteoireacht reachtúil, nach cuid den Phlean iad agus nach gcuireann an Plean leo.

Áirítear sa cheisteanna seo An Treoir Réime maidir le hUisce, creat an Aontais Eorpaigh a leagann síos caighdeáin maidir le cosaint agus bainistiú an uisce. Tá pleananna bainistithe maidir le habhantracha ríthábhachtach chun spriocanna na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach, de bharr go soláthraíonn siad straitéisí ar bhealach mionsonraithe chun stádas maith uisce a bhaint amach agus chun truailliú a chosc ar fud na habhantraí ar fad. Cabhraíonn na pleananna le hiarrachtaí a chomhordú i measc páirtithe leasmhara éagsúla, amhail rialtais, comhphobail agus tionscail, chun bainistiú uisce comhtháite agus cosaint an chomhshaoil a bhaint amach, chun comhlíontacht le spriocanna na Treorach a áirithiú.

Mar chur chuige comhtháite lena sainaithnítear cleachtais inbhuanaithe maidir le húsáid talún, bainistiú an uisce níos fearr, agus caomhnú an éiceachórais, déanann an plean iarracht tionchar ar acmhainní uisce a bhaineann le hathrú aeráide a mhaolú. Leis an cur chuige comhtháite seo, léirítear gealltanas na hÉireann chun spriocanna aeráide a bhaint amach le linn di a bheith ag cur comhshaol nádúrtha atá níos sláintiúla agus níos athléimní chun cinn.

Chomh maith leis na bearta dírithe ar an aeráid a shonraítear ar fud an phlean le comhthairbhí agus nótaí comhshaoil chun comhthéacs a sholáthar ina mbeidh an gníomh curtha chun cinn, tá roinnt prionsabail rialachais maidir leis an gcomhshaol a stiúrfaidh oibreacha atá le teacht amach anseo (féach thíos).

| | |
|---|---|
| **RC1** | Tionscadail um Ghníomhú ar son na hAeráide a uasmhéadfaidh comhthairbhí an chomhshaoil a chur chun cinn, amhail tionscadail a bhaineann le cosaint agus feabhsú bithéagsúlachta; feabhas ar cháilíocht an aeir, an uisce, nó na hithreach; feabhas ar luach áineasa, taitneamhachta, agus oidhreachta cultúrtha, chun áirithiú go mbainfear tairbhí a shásódh an dá thaobh amach. |
| **RC2** | Tionscadail atá bainteach le gníomhú ar son na haeráide a éascú nó tacaíocht a thabhairt dóibh, ar tionscadail iad a dhéanann iarracht chun feabhas a chur ar struchtúr, bainistiú agus sláinte na hithreach trí charbón orgánach na hithreach a mhéadú, rud a chruthóidh comhthairbhí an chomhshaoil atá in athléimneacht tuilte a fheabhsú, rud is féidir a dhéanamh trí dhúilíocht uisce na hithreach a fheabhsú agus leibhéal de cheapadh gás ceaptha teasa a bhaineann le húsáid talún a mhéadú. |
| **RC3** | Áirithiú go mbeidh gach forbairt arna tacú ag gníomhú ar son na haeráide á pleanáil agus á chur chun feidhme ar bhealach go measfar poitéinseal le haghaidh comhthairbhí an chomhshaoil, éifeachtaí ar an gcomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil. Ní thacófar le haon tionscadal forbartha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar dhócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach aige ar an chomhshaol glactha. |
| **RC4** | Déanfar tionscadail chosanta tuilte agus cósta, nó oibreacha cothabhála gaolmhara, ar bhealach a chuireann comhthairbhí bithéagsúlachta a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide chun cinn, agus tabharfar aird chuí leo ar chosaint agus ar chothú ghnáthóga agus speicis atá neamhchoitianta, cosanta nó tábhachtacha. |
| **RC5** | Déan cinnte de go ndéanfar tionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach a chuireann comhthairbhí oidhreachta cultúrtha mar a bhaineann siad le gníomhú ar son na haeráide chun cinn, agus nach ndéantar damáiste neamhúdaraithe fisiciúil ar ghnéithe cultúrtha, seandálaíochta nó ailtireachta dá mbarr, nó athrú neamhúdaraithe nó míchuí ar chomhthéacs ghnéithe oidhreachta cultúrtha íogaire. |
| **RC6** | Cinntigho ndéanfar tionscadail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar bhealach a chuireann comhthairbhí do cháilíocht uisce mar a bhaineann siad le gníomhú ar son na haeráide chun cinn agus atá i gcomhréir le forálacha na Treorach Réime maidir le hUisce agus an Plean Bainistithe Abhantraí ábhartha. |

*Tábla 7.1: Prionsabail rialachais chomhshaoil le bheith comhtháite le gníomhartha/gníomhaíochtaí a eascraíonn ó chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Aeráide.*

Le fanacht cothrom le dáta maidir le gníomhú ar son na haeráide in Átha Cliath Theas, breathnaigh ar shuíomh gréasáin tiomnaithe Chomhairle Chontae Átha Cliath Theas maidir le gníomhú ar son na haeráide ag **www.southdublinclimate.ie**

# AGUISÍNÍ

- Aguisín I: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Aguisín II: Tagairtí
- Aguisín III: Liosta Fíoracha agus Táblaí
- Aguisín IV: Giorrúcháin

# AGUISÍN I: SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE




Leagtar amach san alt seo, sna táblaí seo a leanas, conas a ailíonaíonn gach ceann de na gníomhartha sa phlean seo le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA.

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **Bainistíocht Fuinnimh Eagraíochta agus Nuálaíocht** | | | |
| **F1** | Córas bainistíochta foirgneamh/ fuinnimh eagraíochtúil a neadú in CCÁCT, ag cinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin, dualgais agus riachtanais thuairiscithe ábhartha, d'fhonn ISO50,001 a bhaint amach. | Líon Chruinnithe an Choiste Fuinnimh a reáchtáladh | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F2** | Mar chuid de Bhainistíocht Fuinnimh CCÁCT, oibriú leis na hÚsáideoirí Suntasacha Fuinnimh agus gach Rannóg, chun CCÁCT a dhéanamh chomh héifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus is féidir. | Ídiú fuinnimh do gach Úsáideoir Suntasach Fuinnimh | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F3** | Críochnaigh an Clár Uasghrádú ar Shoilsiú Poiblí SOX, chun soilse LED tíosach ar fhuinneamh a chur in ionad gach SOX (lampaí sóidiam ísealbhrú). | Líon na soilse SOX a uasghrádaíodh;<br>% na soilse LED sa stoc iomlán | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F4** | Clár Soilsiú Poiblí a Uasghrádú go SON a dhéanamh, chun LEDanna atá tíosach ar fhuinneamh a chur in áit gach SON (lampaí gás díluchtaithe ard). | Líon na soilse SON a uasghrádaíodh;<br>% na soilse LED atá sa stoc iomlán | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe |
| **F5** | Modh, próiseas, nó uirlis a fhorbairt, a d'fhéadfadh CCÁCT a úsáid chun Anailís Shaolré iomlán (LCA) foirgneamh agus bonneagair a mheas le tuiscint a shaothrú ar an tionchar iomlán le linn a saolré. | Feidhmiú céimneach na huirlise;<br>Líon na dtionscadal atá ag úsáid na huirlise | SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach |
| **F6** | Uirlis a fhorbairt, nó a fháil, lena húsáid i gcomhair mheasúnuithe ardleibhéil ar charbón corpraithe i dtionscadail CCÁCT ag céim an deartha agus chun togra beartais a dhearadh go dtógfar gach foirgneamh nua atá maoinithe ag an gComhairle de réir caighdeáin atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de. | Feidhmiú céimneach na huirlise;<br>Líon na dtionscadal atá ag úsáid na huirlise | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F7** | Dícharbónaigh, nuair is féidir, gléasra agus uirlisí láimhe. | % nó líon gléasra a dícharbónaíodh;<br>Tonaí astaíochtaí $CO_2$ a laghdaíodh | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú i bhFoirgnimh CCÁCT.** | | | |
| **F8** | Conarthaí Dhul Chun Cinn Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar d'fhoirgnimh CCÁCT le húsáid shuntasach fuinnimh, lena n-áirítear na hIonaid Fhóillíochta, Halla agus Leabharlann an Chontae agus Oifigí na Cathrach, Cluain Dolcáin. | EPC a bronnadh;<br>Tomhas agus fíorú coigiltis | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F9** | Oibreacha dul chun cinn éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear iarfheistithe, i bhfoirgnimh de chuid na Comhairle a bhfuil an Chomhairle ina mbun, mar shampla Leabharlanna agus Ionaid Phobail, nach mbaineann le conradh EPC féideartha. | Líon na dtionscadal iarfheistithe / feabhsaithe | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F10** | Iarfheistiú stoc tithíochta na Comhairle, ag tabhairt tosaíochta d'uasgráduithe éifeachtúlachta fuinnimh i gceantair arna sainaithint mar cheantair atá bocht ó thaobh fuinneamh de sa Mháistirphlean Fuinnimh Réigiún Bhaile Átha Cliath. | % de stoc tithíochta foriomlán atá uasgrádaithe;<br>Líon na n-aonad tithíochta atá uasgrádaithe chun Rátáil RFF B2 ar a laghad a bhaint amach;<br>Líon na gcaidéal teasa atá suiteáilte | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **F11** | Forbair sraith straitéisí i gcomhair fheasacht fuinnimh tionóntaí chun feasacht aeráide/fuinnimh agus oiliúint ar conas na córais fuinnimh nua atá suiteáilte a oibriú a chur ar fáil. | Sraith straitéisí a forbraíodh; Líon na dtionóntaí dár tugadh leideanna maidir le coigilt fuinnimh | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F12** | Forbair iarfheistiú ar dhéanmhais chosanta/stairiúla atá íogair trasna Baile Átha Cliath Theas agus é mar aidhm aige sin éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus athléimneacht aeráide a fhorbairt. | Líon na láithreacha a iarfheistíodh mar chuid d'aon uasghráduithe ar Dhéanmhais Chosanta faoi úinéireacht na Comhairle | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F13** | Aithin agus cuir deiseanna chun cinn chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú i Staid Thamhlachta agus ar thailte spóirt CCÁCT le tuilsoilse taobh amuigh. | Laghdú ar thomhaltas fuinnimh | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F14** | Deiseanna chun leas a bhaint as foinsí maoinithe a uasmhéadú, chun tacú le raon tionscadal um ghníomhú ar son na haeráide ar fud an Chontae, lena n-áirítear sruthanna maoinithe an Aontais Eorpaigh (AE). | Méid an mhaoinithe a fuarthas. | SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **Foinsí Fuinnimh Malartacha; Cur le hacmhainneacht giniúna fuinnimh in-athnuaite CCÁCT** | | | |
| **F15** | Suiteáil Grianfhuinneamh Fótavoltach ar fhoirgnimh oiriúnacha faoi úinéireacht CCÁCT, ag díriú ar Ionaid Phobail agus ar Leabharlanna, agus scrúdaigh an acmhainneacht atá ann lena shuiteáil ar shócmhainní eile. | Líon na bhfoirgneamh ar bhfuil grianfhuinneamh fótavoltach suiteáilte; kWh leictreachais a gineadh | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F16** | Fiosraigh deiseanna chun grianphainéil a shuiteáil i stórais (díonta / carrfoirt ghréine srl), d'fhonn fuinneamh in-athnuaite a sholáthar chun an méadú ar thomhaltas atá tuartha mar gheall ar an dícharbónú ar an bhflít atá beartaithe agus an luchtú EV abhaineann leis sin a chúiteamh. | Líon na bhfoirgneamh ar bhfuil Grianfhuinneamh Fótavoltach suiteáilte; kWh leictreachais a gineadh | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F17** | Coimeád ar siúl cur i bhfeidhm agus monatóireacht Scéim Téamh Ceantair Thamhlachta, agus cuir chun cinn leathadh breise ar Scéim Teasa Ceantair Thamhlachta. | Tonaí $CO_2$ sábháilte; Fuinneamh teirmeach easpórtáilte ón Scéim Teasa Ceantair | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F18** | Moltaí a fhorbairt le haghaidh tuilleadh scéimeanna teasa ceantair, lena n-áirítear Cluain Buiríosa agus Caisleán na Gráinsí. | Moltaí forbartha; Plean forfheidhme forbartha | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F19** | Cuir Tionscadal PV Gréine Láithreán Líonadh Talún Bhaile Artúir i gcrích chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint le húsáid ar an láthair. | Soláthar an Tionscadail; Laghdú ar astaíochtaí carbóin % den fhuinneamh iomlán ar fhuinneamh in-athnuaite é | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |

# FUINNEAMH & FOIRGNIMH

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **F20** | Imscrúdú a dhéanamh ar an indéantacht planda PV Gréine ar scála tráchtála a fhorbairt ar Láithreán Líonadh Talún Bhaile Artúir agus déan iarracht aon mholtaí indéanta a chur chun cinn. | Soláthar an Staidéir; Moltaí a cuireadh chun cinn | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **F21** | Suíomhanna nó deiseanna a shainaithint chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a thriail, lena n-áirítear stóráil gréine, stóráil gaoithe, hidreastóráil agus stóráil phumpáilte ach gan a bheith teoranta dóibh. (Féach Nóta L thíos.) | An chéad staidéar indéantachta curtha ar fáil agus iarstaidéar curtha ar fáil gach dhá bhliain ina dhiaidh sin | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Réitigh aeráid-díonacha a phríomhshruthú ar fud CCÁCT trí Rialachas** | | | |
| **RIALTAS1** | Tacú leis na Baill Tofa agus le Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ina ról ceannaireachta maidir le gníomhú ar son na haeráide. Glac agus úsáid nótaí ó Iompar | Líon na gcruinnithe faisnéise/na n-imeachtaí a bhaineann leis an aeráid a cuireadh ar fáil | SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **RIALTAS2** | Cinntigh go bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SGP) á chur i bhfeidhm i ngach tairiscint de chuid CCÁCT mar chuid den mheasúnú cáilíochta marcáilte, d'fhonn earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar aeráide agus comhshaoil laghdaithe a fháil, le tús áite tugtha d'earraí, seirbhísí agus oibreacha ag a bhfuil tionchar neodrach aeráide agus comhshaoil acu. Cuir oiliúint SGP ábhartha ar fáil don fhoireann | Líon na dtionscnamh a bhaineann leis an aeráid a cuireadh ar fáil | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **RIALTAS3** | Cinntigh go ndéanfar measúnú ar gach tionscadal nua CCÁCT an bhféadfaí gníomhaíochtaí agus beartais aeráide a chur san áireamh ann, ag díriú ar fhuinneamh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, SuDS nádúrbhunaithe, Bonneagar Glas a fheabhsú agus a choimeád, iompar inbhuanaithe agus aistriú córa iompair, luchtú EV agus cosaint an chomhshaoil agus na comhthairbhí. | Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair SuDS / ghníomhartha ar son na haeráide; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair roghanna GI; Líon na dtionscadal a díonadh i gcomhair taisteal gníomhach | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **RIALTAS4** | Cinntigh go ndíonfar beartais agus straitéisí uilig CCÁCT maidir leis an aeráid, lena n-áirítear nuashonruithe trí idirchaidreamh leis an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide | Líon na mbeartas / straitéisí a díonadh maidir leis an aeráid | SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **RIALTAS5** | Modh, próiseas nó uirlis a fhorbairt le gur féidir an carbón corpraithe laistigh d'fhoirgnimh nua atá beartaithe a chur san áireamh, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt ar fud an Chontae. | Modh, Próiseas nó Uirlis an Fheidhmithe Chéimnigh; Líon na dtionscadal a úsáideann Modh, Próiseas nó Uirlis | SDG 7: Fuinneamh Glan agus Inacmhainne<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **RIALTAS6** | Uirlis a fhorbairt, nó a fháil, lena húsáid chun astaíochtaí Raon Feidhme 3 a ríomh i ngníomhaíochtaí uile CCÁCT. | Feidhmiú Céimneach na hUirlise; Líon na dtionscadal a úsáideann an Uirli | SDG11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **Iompar Poiblí i mBaile Átha Cliath Theas** | | | |
| **I1** | Éascaigh gníomhaireachtaí náisiúnta, tacaigh leo agus déan iad a threorú maidir le feabhsúcháin mhóra a chur i gcrích ar an líonra iompair poiblí, go háirithe Bus Connects, DART+, toilleadh Luas agus stáisiúin iarnróid nua fheabhsaithe. | Líon scéimeanna ar glacadh páirt iontu | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **I2** | Comhoibrigh le NTI agus TII chun eolas maidir le hathruithe sa chion módach a ghiniúint le béim ar an aistriú córa iompair chuig iompar poiblí agus taisteal gníomhach, agus cuir an t-eolas seo in iúl don phobal go héifeachtúil. | Céatadán an chion mhódaigh d'Iompar Poiblí: Taisteal Gníomhach: Turais mhótariompair a gineadh inár gContae | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I3** | Soláthar na n-áiseanna Páirceála agus Taistil a éascú i láithreacha oiriúnacha ag nóid iompair agus feadh conairí iompair straitéiseacha de réir Straitéis NTA, agus forfheidhmiú pointí luchtaithe EV agus páirceála rothair a spreagadh. | Líon scéimeanna ar glacadh páirt iontu | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Taisteal Gníomhach a Chur Chun Cinn i mBaile Átha Cliath Theas** | | | |
| **I4** | Líonra sábháilte um thaisteal gníomhach a chur ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta, agus ar gach leibhéal cumais, trí chur i bhfeidhm an chláir Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear bealaí ar bhóthar, easbhóthair agus glasbhealaí. | Líon na méadar líneach a cuireadh leis | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I5** | An taisteal gníomhach a chur chun cinn i gcónaí, do réimse leathan aoiseanna, cumas agus cineálacha turais, ag úsáid suíomh gréasáin CCÁCT um thaisteal gníomhach, na meán sóisialta agus ócáidí amhail ríomh-Ardán promóisin don taisteal gníomhach. | Líon na n-uasghráduithe rialta a dhéantar ar ár suíomh gréasáin um thaisteal gníomhach trí mheáin shóisialta CCÁCT. | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I6** | Coinnigh ardchaighdeán bealaí don taisteal gníomhach trína áirithiú go nglantar go rialta iad agus go ndéantar cothabháil orthu go bliantúil chun úsáid leanúnach na mbealach a spreagadh. | Líon na méadar a glanadh;<br>Líon na méadar a ndearnadh cothabháil orthu | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I7** | Ag obair leis na ceithre Údarás i mBaile Átha Cliath, sainaithin deiseanna d'fhorfheidhmiú comharscéimeanna poiblí rothar, agus modh iompair cumhachtaithe phearsanta, le hoibritheoirí tacaíochta príobháideacha i mBaile Átha Cliath Theas. | Líon na rothar poiblí a suiteáladh | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir leis na Spriocanna |
| **I8** | Soláthair líonra páirceála sábháilte do rothair phoiblí agus do mhodhanna iompair cumhachtaithe pearsanta, chun freastal ar chineálacha éagsúla rothar ar fud an Chontae, lena n-áirítear ag scoileanna, i bpáirceanna, in áiteanna súgartha, i mbailte agus, i sráidbhailte. | Líon na láithreacha páirceála nua a suiteáladh | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 10: Neamhionannais laghdaithe<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I9** | Cuir forbairt feabhsúcháin do choisithe chun cinn go leanúnach, á n-ailíniú le haon Phleananna Feabhsúcháin do Choisithe a forbraítear do Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. | Líon na bhfeabhsúchán a cuireadh i bhfeidhm | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 10: Neamhionannais Laghdaithe<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **An tAistriú Córa Iompair a Leabú inár bPobail, agus an tSábháilteacht & Inrochtaineacht** | | | |
| **I10** | Sainaithin bóithre agus sráideanna a bheadh oiriúnach d'ath-leithroinnt spáis bóithre agus cuir scéimeanna oiriúnacha chun cinn. | Líon na n-ath-leithroinnte spáis bóithre a sainaithníodh;<br>Líon na n-ath-leithroinnte spáis bóithre a cuireadh i gcrích; | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| I11 | Chomh maith leis na comhairliúcháin reachtúla agus neamhreachtúla, nuair a sheolfar scéim nua um thaisteal gníomhach atá beartaithe, nuair is cuí agus de réir mar is gá, tionólfar cruinnithe poiblí agus dáilfear bileoga eolais sna ceantair ina gcuirfear gach cónaitheoir ar an eolas faoi shonraí agus faoi thairbhí na scéimeanna sin. | Líon na gcónaitheoirí / dteaghlach lena ndearnadh teagmháil. | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 4: Oideachas ar Ardchaighdeán<br>SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| I12 | Cuir an Clár um Bhealaí Sábháilte chun na Scoile i bhfeidhm agus cuir an Tionscnamh Sráideanna Scoile i bhfeidhm agus lena áirithiú go ndéantar pleananna cumarsáide aonair a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do gach tionscadal um Bhealaí Sábháilte chun na Scoile. D'fhéadfadh cumarsáid le cónaitheoirí áitiúla agus le pobal na scoile a bheith san áireamh sna pleananna seo, i gcomhairle leis an Taisce agus de réir mar is cuí agus mar is gá, sula seachadfar iad, le linn an tseachadta agus tar éis an tseachadta. (Féach Nóta G thíos). | Líon na mBealaí Sábháilte chun na Scoile / na gcriosanna scoile;<br>Líon na scoileanna atá rannpháirteach sa Tionscnamh Sráideanna Scoile | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| I13 | Cuir an clár oiliúna bunscoile um rothaíocht i gcrích. | Líon na scoileanna atá rannpháirteach;<br>Líon na bpáistí atá rannpháirteach | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| I14 | Cinntigh go ndéanann scéimeanna agus tionscnaimh an taistil ghníomhaigh an siúl agus an rothaíocht níos inrochtana do gach úsáideoir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, iad siúd a bhfuil míchumas orthu agus daoine aosta, chun deiseanna a chur chun cinn d'aistriú córa iompair níos inbhuanaithe a mhéadú. Mar shampla Cycling Without Age. | Líon na scéimeanna ar a ndearnadh measúnú riosca;<br>Líon na dtionscnamh;<br>Líon na n-áirithintí Cycling Without Age / Líon na bpaisinéirí ar tugadh anonn is anall iad / Líon km a taistealaíodh | SDG 3: Deá-shláinte agus Folláine<br>SDG 10: Neamhionannais laghdaithe<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| I15 | Dul i dteagmháil le hoibritheoirí scéimeanna roinnte gluaisteán chun líon na bhfeithiclí roinnte atá ar fáil sa Chontae a mhéadú, le béim ar sholáthar feithiclí leictreacha. | Líon na láithreacha | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir leis na Spriocanna |
| I16 | Trialacha a dhéanamh ar ghluaiseacht tráchta lena n-áirítear dúnadh sráideanna, córais aontreo, atreoruithe agus comharsanachtaí ísealtráchta chun an ghluaiseacht tráchta a laghdú i gceantair ar leith. | Líon na dtrialacha a moladh;<br>Líon na dtrialacha a cuireadh chun cinn | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Flít CCÁCT agus Soghluaisteacht Foirne chuig an obair, ón obair, agus le linn na hoibre** | | | |
| I17 | Cuir Straitéis Aistrithe Flít na Comhairle i bhfeidhm chun éifeachtúlachtaí a shainaithint agus chun an gá le feithiclí CCÁCT a chuíchóiriú, agus chun feithiclí CCÁCT a dhícharbónú - arna threorú ag an gcur chuige Seachain-Athraigh-Feabhsaigh. | Líon na bhfeithiclí faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (ICE) ar cuireadh feithiclí leictreacha ina n-ionad le taobh an laghdú ar $CO_2e$ a bhaineann leis. | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| I18 | Fiosraigh an acmhainneacht chun breoslaí malartacha a úsáid i bhfeithiclí níos mó, roimh bhliain 5 den Straitéis Aistrithe Flít, ag léiriú meas cuí ar thionchar saolré agus ar inbhuanaitheacht na roghanna malartacha breosla. | Tuairisc ar na roghanna | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| I19 | Cuir clár oideachais leanúnach do thiománaí ar fáil don fhoireann chun iompraíochtaí tiomána éifeachtúla a chur chun cinn. | % na foirne ábhartha a bhfuil an oiliúint curtha i gcrích acu | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe |

# IOMPAR

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **I20** | Iarracht a dhéanamh na ciliméadair a thaistealaíonn feithiclí príobháideacha ICE laistigh d'uaireanta oibre a laghdú agus modhanna cosúil leis an rothaíocht, feithiclí leictreacha a spreagadh. | Líon na gciliméadar a laghdaíodh | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I21** | Mol Soghluaisteachta CCÁCT a bhunú don fhoireann ag a bhfuil roghanna feithiclí dícharbónaithe chun úsáid feithiclí ICE a laghdú. | Mol soghluaisteachta bunaithe | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Glan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I22** | Measúnú a dhéanamh ar phátrúin chomaitéireachta foirne agus deiseanna chun taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a chur chun cinn chuig an, agus ón, obair. | Suirbhé foirne déanta agus clár deiseanna forbartha | SDG 3: Dea-shláinte agus Folláine<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Luchtú na bhFeithiclí Leictreacha (EVanna)** | | | |
| **I23** | An Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm, (á hailíniú leis an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025). | Líon na bpointí luchtaithe poiblí a suiteáladh | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **I24** | Do phointí luchtaithe EV atá faoi úinéireacht phríobháideach, cruthaigh Treoir maidir le Polasaí & Caighdeáin CCÁCT do shuiteáil na bpointí luchtaithe feithiclí leictreacha sa réimse poiblí. | Treoir a cuireadh ar fáil;<br>Líon na n-iarratas ar a ndearnadh measúnú | SDG 7: Fuinneamh Inacmhainne, Gllan<br>SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Tógáil Bóithre, Cothabháil, & Bonneagar** | | | |
| **I25** | I dtionscadail tógála bóithre, íoslaghdaigh úsáid na n-óghábhar agus cuir úsáid na pábhála asfailt athshlánaithe (RAP), nó roghanna malartacha ísealcharbóin, chun cinn. | Tonaí óghábhair ar cuireadh ábhair eile ina n-ionad;<br>% ábhair ar cuireadh ábhair eile ina n-ionad | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I26** | Athbhreithnigh an Próiseas Cothabhála Bóithre agus na hábhair do thionchar féideartha an laghdaithe ar charbón. | Nuashonrú bliantúil | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I27** | Uasmhéadaigh úsáid an fhuinnimh in-athnuaite do bhonneagar bóithre lena n-áirítear soilse, comharthaí agus troscán sráide. Cinntigh go n-úsáidtear an méid is mó fuinnimh in-athnuaite agus is féidir do bhonneagar bóithre lena n-áirítear soilse, comharthaí agus troscán sráide. | Líon na n-aonad a cuireadh ar fáil | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I28** | Cuir úsáid na gcóras malartach chun cinn do chóireáil na mbóithre le linn na haimsire fuaire. | Tonaí carbóin | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I29** | Tabhair isteach éifeachtúlachtaí/solúbthacht próisis i gcóireáil na mbóithre le linn na haimsire fuaire chun líon na nglaoch amach a bhfuil gá leo a laghdú. | Laghdú ar líon na gciliméadar a taistealaíodh | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **I30** | Agus suirbhéireacht á déanamh ar an mbonneagar bóithre atá ann cheana, cuimhnigh ar leochaileacht aeráide a shainaithint, amhail tuilte agus iarmhairt teasoileáin uirbigh. | Líon na gceisteanna a sainaithníodh | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |

# ATHLÉIMNEACHT TUILTE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **Oiriúnú d'Eachtraí Méadaithe Tuilte (Cosaint ar Thuilte, Monatóireacht, Freagairt ar Thuilte)** | | | |
| **AT1** | Athbhreithnigh agus uasdátaigh Pleananna Bainistíochta Móréigeandála, beartais CCÁCT nó Nósanna ábhartha Imeachta Oibríochta (SOPs), i gcomhréir le Reachtaíocht náisiúnta agus rialacháin maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus bainistíocht tuilte, de réir mar is gá / go bliantúil. | Pleananna suas chun dáta | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **AT2** | Cinntigh go dtaifeadfar eachtraí tuilte (abhann agus báistiúla) agus móreachtraí aeráide, ag baint úsáid as córas atá bunaithe ar CFG, chun suíomhanna, tionchair, acmhainní freagartha, costais etc., a ghabháil, ar mhaithe le forbairt bhearta athraithe aeráide a éascú. | Feidhmiú céimneach iomlán den AIP WIRE ar Innealtóirí agus Cigirí CCÁCT agus ar bhaill foirne eile a bhfuil suim acu inti;<br>Líon na n-úsáideoirí;<br>Líon na dTuarascálacha | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh |
| **AT3** | Cinntigh go n-uasdátófar go bliantúil na rioscaí sonracha do sholáthar seirbhísí i ngach rannóg CCÁCT a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag Athrú Aeráide orthu, ag cur le Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide a forbraíodh do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. | Athbhreithniú riosca bliantúil | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **AT4** | Téigh i dteagmháil go rialta le hÚdaráis Áitiúla in aice láimhe agus le heagraíochtaí ábhartha eile, maidir le saincheisteanna bainistíochta tuilte réigiúnacha, chun tacú le cur chun feidhme leanúnach de chórais réamhaisnéise tuilte. | Líon na gCruinnithe Ábhartha | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **AT5** | Cuir Scéimeanna um Maolú Tuilte (FAS) chun cinn i gcomhar leis an OPW - lena n-áirítear FAS an Phoitéil, FAS na Camóige agus FAS Shruthán an Teampaill Ghil. | Líon na réadmhaoine atá cosanta;<br>Dul chun cinn / críochnú an chláir | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **AT6** | Scéimeanna mionoibreacha a shainaithint agus a chur chun cinn chun fadhbanna tuilte a tharlaíonn arís agus arís eile a réiteach, nuair is féidir, ag áirithiú go gcuimsítear Córais Draenála Inbhuanaithe (SUDS) / réitigh nádúrbhunaithe / cosaint na bithéagsúlachta agus seachaint an scoiltte gnáthóige i ndearadh na scéimeanna agus ina gcur i bhfeidhm. | Líon na scéimeanna a cuireadh chun cinn | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh |
| **AT7** | Conairí bruachánacha a fhorbairt, a chosaint agus a chothabháil, de réir Phlean Forbartha an Chontae agus Staidéar Draenála Straitéisí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDSDS) (Greater Dublin Strategic Drainage Study), ag cur le ceangal na gconairí bruachánacha nuair is féidir, agus mar a chéile do thuilemhánna thart ar aibhneacha agus sruthchúrsaí ina dtarlaíonn tuilte. | Líon na n-iarratas pleanála a ceadaíodh i gcrios tuilte A agus i gcrios tuilte B;<br>Lion na n-iarratas pleanála a ceadaíodh sna bruach-chonairí;<br>Méadair líneacha bruach-chonairí a feabhsaíodh le plandaí dúchasacha;<br>Líon na bhforbraíochtaí a ceadaíodh dóibh teacht thar an gcrios maolánach 15m atá ceadaithe i GDSDS | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **Cur i bhFeidhm Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) / Bhainistíocht Uisce Dromchla i mBaile Átha Cliath Theas** | | | |
| **AT8** | Cur i bhfeidhm SuDS i dtionscadail mhóra CCÁCT a spreagadh, lena n-áirítear forbraíocht nua, iarfheistithe etc, agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an chur i bhfeidhm. | Líon na dtionscadal;<br>méadair chearnacha de phábháil thréscaoilteach;<br>% d'achar dhromchlaí crua ar a ndearnadh iarfheistiú | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |

# ATHLÉIMNEACHT TUILTE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **AT9** | Cuir chun cinn agus spreag rannpháirtíocht an phobail in iarfheistiú SuDS nó chun bearta bainistíochta tuilte a fhorbairt, i dtithíocht atá ann cheana / i bhforbraíochtaí / i gceantair áitiúla. | Líon na n-ócáidí rannpháirtíochta (postálacha ar na meáin shóisialta, ailt, ócáidí) ina aghaidh na bliana | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **F10** | Sainaithin 4 shuíomh taispeántais nó scéimeanna píolóta chun monatóireachta a dhéanamh ar thionscadail SuDs éagsúla, ag léiriú conas a nasctar SuDs/scéimeanna maolaithe tuilte le húsáidí talún atá ann cheana. | Láithreacha aitheanta agus monatóireacht déanta orthu ar feadh bliain amháin ar a laghad | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **AT11** | Cuir chun cinn agus spreag cur chun feidhme SuDs d'fhorbróirí seachtracha - cinntigh go gcuirtear SuDs i bhfeidhm in iarratais phleanála i gcomhréir le treoir CCÁCT maidir le SuDs. | Líon ghníomhartha Fhachtóirí an Spáis Ghlais a cuireadh i bhfeidhm a raibh SuDs mar chuid díobh, mar % | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **Cothabháil Fheabhsaithe SuDS agus Cothabháil Fheabhsaithe na Líonraí Uisce Stoirme, Uisce Dromchla, agus Silteán Bóthair** | | | |
| **AT12** | An plean cothabhála ginearálta don líonra uisce stoirme agus uisce dhromchla a fheabhsú, d'fhonn nascadh leis na réamhaisnéis eachtraí tuilte agus sonraí a ionchorprú ann le suíomhanna na bhfadhbanna atá ar eolas againn. | Fad an líonra a ghlantar/as an mbaintear Siolta in aghaidh na bliana; Líon na síothlán a ghlantar in aghaidh na bliana | SDG 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide |
| **AT13** | Déan athbhreithniú ar phlean cothabhála na silteán agus ar oibríochtaí feabhsúcháin, ag féachaint ar cheantair a bhfuil fadhbanna arís is arís eile iontu agus ar dheiseanna maidir teicneolaíocht chliste | Líon na silteán a ghlantar in aghaidh na bliana | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **AT14** | Plean cothabhála níos fearr a fhorbairt do shócmhainní SuDS a nglacann CCÁCT ceannas orthu, ag áirithiú a n-oibríochta leanúnaí. | Plean forbartha | SDG 9: Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar<br>SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **AT15** | Lochanna agus bogaigh a chothabháil chun acmhainn stórála a mhéadú le linn eachtraí adhaimsire, de réir mar is gá. | Méid ábhair a baineadh | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |

# RÉITIGH NÁDÚRBHUNAITHE

| Tag. | Gníomh | Beart Rianaithe | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|---|
| **Ag Leithlisiú Carbóin** | | | |
| **RN1** | Ár sonraí mapála crann agus a chinntiú go bhfuil cothabháil ár gcórais bainistíochta crann chun sonraí maidir le leithlisiú carbóin a bhaineann le crainn i mBaile Átha Cliath Theas a mheasúnú, agus deiseanna breise a fhiosrú maidir le leithlisiú carbóin indéanta. | Meastachán ar fhéidearthacht leithlisithe carbóin a mheas bunaithe ar shonraí mapála crann. | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
| **Ag Tacú le Bonneagar Glas** | | | |
| **RN2** | Féach le móinéir nádúrtha a chothabháil agus a mhéadú, más cuí, ar fud an chontae. | Líon na heicteár a cuireadh mar mhóinéar nádúrtha leis an mbonnlíne;<br>Tomhas a dhéanamh ar cineálacha éagsúla ghnáthóga móinéir | SDG 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe<br>SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide<br>SDG 15: Beathra ar Talamh<br>SDG 17: Comhpháirtíocht maidir le Spriocanna |
